John Cloonan
Galway.

Seanmóirí Muiġe Nuaḋad,

. . tógṫa . .

Ar na láiṁsgríḃinniḃ i Leaḃarlann
ṁór an Choláisde:

Iar n-a n-aiṫsgríoḃaḋ agus a gcur i n-eagar ag na
macaiḃ-léiġinn do Chonnraḋ Chuilm Naoṁṫa.

An Céad Imleabar.

“Do ċum glóire Dé agus onóra na hÉireann.”

Áṫ-Cliaṫ:
Muinntir Bhrúin agus Nuallláin, Sráid Naraḋ.
1906.

Nihil Obstat:

P. SEXTON, D.D.,
Censor Theol. Deput.

Imprimi Potest:

✠ GULIELMUS,
Archiep. Dublin.
Hiberniae Primas.

Toirḃeirtear

an leaḃar so

i ndíl-ċuiṁne

ar an Aṫair Eoġan Ua Graṁnaiġ,

an sagart diaḋa

do ċéad-ṁúscail misneaċ

muinntire na hÉireann,

agus

do ċaiṫ a ṡaoġal

ag oibriuġaḋ

go díċeallaċ agus go dúṫraċtaċ

ar son

teangan ársa na nGaeḋeal.

na hEagarṫóirí.

Clár an Leaḃair.

		Leaṫanaċ
Seanmóir	I.—Ar an Sgannail - -	1
„	II.—Cionnas Sliġe an Tiġearna d'ullṁuġaḋ - -	9
„	III.—An Ḃeaṫa Ṡíorraiḋe - -	26
„	IV.—Ar an gCaṫuġaḋ - -	45
„	V.—Beaṫa Naoiṁ Ṗádraig - -	60
„	VI.—Eiséirġe Íosa Ċríost - -	86
„	VII.—Íoḋbairt an Aifrinn - -	111
„	VIII.—Ar Ifrionn - - -	121
„	IX.—Ar an Leóir-ġníoṁ - -	129
„	X.—Ar an bPeacaḋ - -	142
„	XI.—Ar an bPeacaḋ Marḃṫaċ -	155
„	XII.—Ar an ḃFaoisdin - -	172
„	XIII.—Ar an gCeaṫraṁaḋ hAiṫne -	184
„	XIV.—Beaṫa, Páis agus Bás ár Slánuiġṫeóra - - -	195

RÉAṀ-RÁḊ.

Seo díḃ anois, a ċáirde ionṁuine, na Seanmóirí ġeallamar díḃ bliaḋan go leiṫ ó ṡoin. Do deineaḋ moill orra, aċt ní raiḃ leiġeas againn air. Ċeapamar ar dtúis, go mbéaḋ siad ullaṁ againn i gcoṁair an tsaṁraiḋ seo ġaḃ ṫarainn, aċt níor éiriġ linn do réir mar a ḃí leagṫa amaċ againn. Tá an leaḃar ċoṁ fada soin dá ullṁuġaḋ, go n-abróċaḋ éinne naċ féidir loċt nó dearmad a ḃeiṫ ann anois. Is baoġlaċ, áṁṫaċ, naċ mar sin atá. Níor ċeapamar ar dtúis go mbéaḋ an eagarṫóireaċt súinn féin, gé gur ṁar sin do ṫuit amaċ i ndeireaḋ na dála. Ḃí an oiread sin moille déanta ar an leaḃar annsain, go raiḃ sé d'ḟiaċaiḃ orainn é ċur ċum críċe ar ár lán-díċeall. Tá rudaí sa leaḃar fós ná taiṫneann linn, agus rudaí eile, go mór-ṁór i Seanmóir a hOċt, ná fuil so-ṫuigse, aċt níor ḟeudamar iad d'aṫaruġaḋ ar eagla go méadóċaiḋe costas an leaḃair tar ṁeaḋón. Aċt d'aiṁḋeóin pé loċtaí atá ann, tá súil againn go ndéanfaiḋ sé tairḃe dóiḃ seo go ḃfuil sé d'ḟonn orra focal Dé do ċraoḃscaoileaḋ as Gaeḋilge.

Ċeapamar nár ḃ'ḟiú linn foclóir do ċur leis an leaḃar, mar is beag focal ann ná faiġfear i ḃfoclóir an Aṫar Pádraig Ua Duinnín.

Tá Seanmóirí eile níos fearr ná cuid díoḃ so againn fós, agus le congnaṁ Dé cuirfimíd i gclóḋ gan ṁoill iad.

Níl le déanaṁ againn anois aċt ár mbuiḋeaċas ó ċroiḋe do ṫaḃairt do sna cáirdiḃ a ċuidiġ linn, agus ṫug an t-airgead dúinn ċum an leaḃair so do ċur amaċ. Go gcúitiġiḋ Dia a ḃféile agus a ḃfairsingeaċt leó!

Na hEagarṫóirí.

Coláiste Muiġe Nuaḋad,
Doṁnaċ na Pailme, 1906.

SEANMÓIRÍ MUIĠE NUAḊAD.

SEANMÓIR A hAON.

AR AN SGANNAIL.[1]

(Do'n Dara Doṁnaċ do'n Aidḃint.)

Beatus qui non fuerit scandalizatus in me.

Is beannuiġṫe an té naċ nglacfaiḋ sgannail uaim-se.

—Maṫa xi. 6.

INNSEANN an Soisgéal dúinn, an uair ḃí Eóin Baistiḋ fá ġlas ag Ioruaiḋ i dtaoḃ a ḃeaṫaḋ scannalaiġe do ċur i ḃfáiṫ air, gur ċuir sé teaċtaireaċt go nuige ár Slánuiġṫeóir ag fiafruiġe ḋe, ar ḃ'é féin an Messias cóir. Ní heaḋ go raiḃ éan-aṁras ar Eóin Baistiḋ ann, aċt ċum go ḃfuiġḃeaḋ a ḋeisciobail cruṫuġaḋ agus radarc a súl féin ar an ḃfírinne. Ar ḟeicsint bríġe agus meaḋóin an loirgṫe nó an ḟiafruiġṫe seo dár Slánuiġṫeóir, d'ḟreagair sé do na teaċtairíḃ[2] ag ráḋ: 'imṫiġiḋ agus innsiḋ d'Eóin na neiṫe do-ċonnacaḃar agus do-ċualaḃar; tá a radarc ag na dallaiḃ agus a siuḃal ag na bacaċaiḃ; tá na loḃair leiġiste; cluiniḋ na boḋair agus éiriġiḋ na mairḃ, agus tá an Soisgéal dá ċraoḃsgaoileaḋ do na boċtaiḃ, agus

---

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 223-234.

[2] 'Do na teaċtaiḃ' 'sa MS.

is beannuiġṫe an té naċ nglacfaiḋ sgannail uaim-se' (Maṫa xi. 5, 6). Do ḃuaiḋ ár Slánuiġṫeóir le sompla na ngníoṁarṫa míorḃaileaċ so ar ġliocas agus ar ṁailís a náṁad. Fuair deisciob-ail Eóin naċ raiḃ éan-ċúis formaid ná sgannala aca; agus dá mb'ḟéidir súile mailíseaċa na nGiúdaċ d'ḟosgailt, do-ċífidís nár ċúis íslıġṫe céasaḋ ár Slánuiġṫeóra, agus nár ċóir do na cineaḋaċaiḃ é d'áireaṁ 'n-a ḋíṫ céille.

Fóiríor, an ní do ṫuit amaċ i n-aġaiḋ Chríost 'n-a ṫaoḃ féin, tuiteann amaċ fós i dtaoḃ a ṡeirḃ-íseaċ, óir tá iomad ar ḟeilḃ ḃeiṫ 'n-a gcríostaiḋṫiḃ, ag a ḃfuil cealg agus mailís na nGiúdaċ ag siuḃal leó, ag faire gaċ uain ċum neaṁḋaċt[1] do ṁasluġaḋ, ċum droċ-ḟocail do ċur ar ḋeiġ-ġníoṁarṫaiḃ, agus sgannail do ġlacaḋ ó níḋ, dá mbéarfaidís mar as cóir é, 'n-ar ċeart dóiḃ deaġ-ṡompla do ḃaint as. Is fínnéiḋ é seo ar iomċar an leaṫ-ċatoiliciġ naċ gcuirfeaḋ spéis, dá sásóċaḋ sé cuideaċta, coṁarṫa na croise do ṫréigean, agus mórán deas-ġnás eile do ġráḋann an teampall do ḋaoraḋ, nó iompoḋ i leiṫ sgige fá ḋúṫraċt agus urnuiġṫe an ċréatúra do ḃéaḋ, mar do ḃíoḋ i dtúis an teampaill, taḃarṫa do leaḃar nó do ṗaidrín.

Is díreaċ gur féidir agus gur ceart a ráḋ leó so mar aduḃairt Críost leis na Fairisíniġiḃ: *Sinite illos; caeci sunt* .i. 'Leig dóiḃ, táid dall' (Maṫa xv. 14). Táid go díoṁaoin; óir, mar aduḃairt Tertullianus i dtúis an teampaill, ní ṫugann neiṫe fóġanta ċoiḋċe ócáid sgannail aċt do'n té atá fíor-ṁailíseaċ, agus is olc ṫar bárr an té do-ċí olc i níḋ fóġanta. Aċt ní

[1] 'Neaṁṫeaċt' 'sa MS.

ar an sgannail ġlacann duine as mian liom tráċt, aċt ar an sgannail ṫugann duine uaiḋ an uair a ḋéanann nó an uair a labrann sé éan-ruḋ mío-rúnaċ, ċum díoġḃála éan-duine eile.

Óir is é míniuġaḋ ṫugann San Tomás dúinn, .i. Aingeal na Sgoile, ar sgannail, ná focal nó gníoṁ mí-ċeart do ġluaiseann duine eile ċum peacaiḋ. Dá mbéaḋ do ṁí-ġníoṁ i bfolaċ ó'n saoġal, is aṁlaiḋ baḋ lúġaide an t-olc agus baḋ ḟaoire an aiṫriġe, mar do ḃéaḋ do ċoir ag baint leat féin aṁáin; aċt an uair ṫarraingir daoine eile ċum an ṗeacaiḋ leo' ḋroċ-ṡompla, annsin bíonn do ċoir, ar nós na pláġa, galraċ díoġḃálaċ do-leiġiste. 'Créad do-rignis,' ars' an Fáiḋ Nátan le Dáiṫ Rí; 'do ṫuit tú i gcoir, ṫug sgannail dod' ċuallaċt agus cúis ṁasluġaḋ nó naoṁ-aiṫise do náiṁdiḃ ár dTiġearna?" (II. Ríoġ xii. 14). Agus naċ móide do ḋaoiniḃ againn-ne do ṫuilleann an ċasaoid ċéadna? Naċ minic rug tásg do ḋroiċ-iomċuir tríd an bparróiste agus tríd na bailte, ag galruġaḋ gaċ cluaise dá gcluineann é, ag tarrang daoine lag ċum peacaiḋ, agus ag déanaṁ díoġḃála, b'ḟéidir, do'n té naċ rugaḋ fós.

Is fada ó ṫug Síomon Mágus scannail uaiḋ le ceannaċ tioḋlaicṫe an Spioraid Naoiṁ, 7 do lean daoine a ṡompla. Is fada ó ṫug Absalom sgannail uaiḋ, mí-ómós dá aṫair, agus is iomḋa mac mí-áġṁaraċ neaṁ-urramaċ do lean a ṡompla ó ṡin anuas. Is fada ó ṫug Iúdás sgannail ag braiṫ agus ag díol ár Slánuiġṫeóra, agus is iomḋa duine do-rigne aiṫris air, ag tabairt allais[1] ar ḃeart na

---

[1] 'alas' 'sa MS.

sainnte. Is fada ó ṫug Lúṫair agus Cailḃín sgannail uaṫa, ag cur cogaiḋ ar ċreideaṁ Chríost, agus is iomḋa duine do-rigne aiṫris orra, ag iarraiḋ baint ó'n teampall, agus an sean-ċreideaṁ do ṡracaḋ.

Chíonn tú, ar an áḋḃar sin, gur galraċ tógḃálaċ an aicíd é an sgannail a ṫugair uait; agus, dar ndóiġ, níl teóra le n-a ḋíoġḃáil, óir is é congnaṁ as treise ag an aiḋḃeirseóir é ċum pobail Chríost do ró-ṡlad.

Glaoḋtar ar an aiḋḃeirseóir dúnṁarḃṫóir 'san Sgrioptúir, mar do ḃí ó ṫúis agus atá fós ag taḃairt amas marḃṫaċ ar anmannaiḃ na ndaoine.

Is é an geárán céadna do ṫuilleann fear na scannlaċ, mar déanann sé le n-a ċlaoin-imirt, le n-a ṁealltóireaċt agus le niṁ a ḋroċ-ṡompla, an t-anam úd do ṡaor Críost do ḋaoraḋ, agus róbaí na ngrás, le n-a raiḃ sé éaduiġṫe, do stollaḋ ḋe.

Do ṫuirling ár Slánuiġṫeóir ó ċaṫaoir na ngrás nó na glóire ċum aṫnuaḋċain do ḋéanaṁ ar aġaiḋ na talṁan, agus sgaipeaḋ agus díbirt do ċur ar ríoġaċt an ṗeacaiḋ. Do ṫógaiḃ sé a ṫeampall, gan sal gan spota, ar ċosaṁlaċt Ierusalem na ḃFlaiṫeas, do tasaḋ le buaiḋ i n-aġaiḋ cuṁaċta na Saesar agus gaċ tíoránaiġ eile do ḃí go díoṁaoin ag iarraiḋ a leagaḋ.

Anois déanann an peacaḋ sgannalaċ an obair seo go léir do loṫ, ag slad agus ag dío-láiṫriuġaḋ trócaire an Tiġearna. Cuireann sé síol an uilc go fairsing. Fágḃann rian a ḋroċ-ṡompla agus lorg gránda ar sgéiṁ an teampaill, agus piast niṁeaṁail ar aġaiḋ na tíre. Téiḋeann a niṁ níos sia 'ná claiḋeaṁ na Saesar, óir sgarann a ċlaiḋeaṁ

ó annsaċt, an ċlann do ṫogair an Eaglais, dá fágḃáil 'n-a máṫair ḋubrónaiġ, ar nós Ráchel ag lorg a clainne agus gan iad le fagḃáil, ag sileaḋ na ndeór os cionn a gcaillte. Ní blanndar ná foir-leaṫnuġaḋ an ċainnt seo. Is é sin raḋarc ár súl féin, agus sgéal gaċ lae é.

Ná tairṫear trasta[1] go minic ar óglaoċ an antláis agus an ṁacnais, cad é mar ċaiṫeann a ṡaoġal agus a ṡláinte ag déanaṁ obair an dorċadais, lán do spioraid na hantola, ag imṫeaċt timċeall ag féaċaint cia ġeóḃaḋ sé do ṡlad? Ar uairiḃ buaḋann le hinntleaċt ar ṡimpliḋeaċt agus ar lagaċar aindeiseóra. Arís tionnsglann beartaiḋeaċt éigin eile ċum an doċair. Agus, fá ḋeireaḋ, má's é as treise, ní héanruḋ leis páġ an ṗeacaiḋ; agus, 'n-a ḋiaiḋ-sin, i n-áit aiṫriġe, is é a ḋéanann ná maoiḋeaṁ as gaisgeaḋ an ṗeacaiḋ. Ó a Ṫiġearna, créad do ḋéanfaiḋ an t-óglaoċ so lá na breiṫe, nuair éileóċaiḋ tú an uair úd air luaċ do ċuid fola. 'Cá ḃfuil an t-anam do ċeannuiġ mise?' adéarfaiḋ Íosa leis. 'Do-rignis deaṁain do na naoṁaiḃ, duḃ do'n ġeal, neiṁní dom' ṗáis agus dom' ṡacramaintiḃ. Ba ṁeasa dom' ṫeampall tú 'ná tíoránaċ eiriciġ, agus, leis sin, bíoḋ m'ḟearg ort go bráṫ.'

Cluinfear arís ar an dtaoḃ eile mallaċt na muinntire do ċaill Críost mar ġeall ort-sa: 'Ó, a ṁalluiġṫeóir, is tú as cionntaċ lem' ḋamaint; mo ṫruaġ mar do-ċonnaic mo ṡúile riaṁ ṫú; is tú do ṫarraing mé go dtí an droiċ-ċríoċ so—árus na bpian."

Sin forḟógra ag an té a ṁilleann agus ag an té

---

[1] 'Tras' 'sa MS.

a ṁealltar; ag an uġdar, nó an óglaoċ ar uġdar leis an scannail, agus ag an páirtiḋe; agus an uair béid 'san úir, béiḋ sé déiḋeanaċ aca cuiṁniuġaḋ ar na ráiḋtiḃ seo. Aċt ní taoḃ le héantṡompla aṁáin atá an saoġal i dtaoḃ scannail dírig, is é sin, i dtaoḃ daoine do ṫarrang d'éanuaim[1] agus ceann ar aġaiḋ ċum uilc agus peacaiḋ. Agus cá ṁéid cuirpṫeóir aosta, sean-ḟoġlumṫa i gcleaċtaḋ an uilc, d'iompuiġeaḋ i n'easbol ḟallsa ag sgéiṫ niṁe agus pláġa, ag seanmóir urċóide dóiḃ sin naċ raiḃ aois aca, agus ag cur líonta 'n-ar ṗeacadar an ḃuige agus an ġarsúnaċt.

Agus daoine eile do ċaiṫeann arán an díoṁaointis ag maireaċtain ar sgéiṁ Chríost, agus ag taḃairt scannlaċ uaṫa i n-aġaiḋ gaċ uaire i n-a mbuailid cluain ar an mac nó ar an seirḃíseaċ, ċum subsṫaint an aṫar nó an ṁaiġistir do róġoid nó do ḟlad.

Agus ní táire é dóiḃ-sean gurab é a gcéard ḃeiṫ ag corraiġe buaiḋearṫa agus mí-ċumainn i measg a gcoṁursan agus a luċt muinntearḋa, le measgaḋ fuair-scéalta bréagaċa bíodánaċa tré n-a ċéile.

Níl insan aicme seo—ní ḟeadar naċ díoḃ arís go leór ban aosta—aċt naṫraċa niṁe imris i mbaile nó i mbrasóirste, 'n-ar ċeart séala mío-ċlú scannlaċ do ċur orra.

Bíd arís cionntaċ, is eaḋ agus daoine eile, do-ġní le n-a slimideóireaċt cainnte mear folaṁ taiḋḃreaċ air féin d'oibriuġaḋ ar éan-duine, agus do ḃeaṫ-

[1] daonoġam 'sa MS.

uiġeann[1] le n-a molaḋ agus le n-a mbladar ċáir, glóire ḋíoṁaoin agus mórḋáil; óir tá an duine ó n-a nádúir féin taḃarṫa do ċlaonaiḃ fuara do'n tṡórt so; agus an té dár díon leis, ní ḃíonn gan cionnta.

Fá ḋeireaḋ, ní féidir iad so do ṡaoraḋ ar ċur sgannlaċ do ḋéanann 'n-a dtiġ féin nó i dtiġ an táḃairne, le suirġe[2] agus bréag-ṁuinntearḋas, an iomad óil do ċur ar an duine muinntearḋa nó ar an gcoṁursain, agus, 'n-a ḋiaiḋ sin, déanann gáire fá 'n-a ṁóruġaḋ mearḃaill. Is orra so, adeir Solaṁ mac Dáiḃí, go mbíonn luṫġáir i dtaoḃ uilc agus compórd i dtaoḃ malluiġṫeaċta. (Seanráiḋte ii. 14).

Agus go fírinneaċ is ainḟrianta an gníoṁ pléirsiúir do ġlacaḋ i n-ócáid díṫ céille, mar déanann leiṫsgige agus fonaṁaid go minic mailís agus gráin an ṗeacaiḋ do ċeilt nó do laiġdiuġaḋ, do cuirfeaḋ fuaṫ agus sgannraḋ ort dá laḃarfaiḋe dá ríriḃ.

I n-éan-ḟocal, is peacaṫaṁail an ní ḃeiṫ ag spaisdeóireaċt le naoṁṫaċt ná malluiġṫeaċt, mar déantar neiṁníḋ do gaċ cion, mar adéarfainn, agus, leis sin, clóḋ bréige do ċur ar an olc.

As an mbeagán somplaí seo tuigtear créad ċoṁ fairsing díoġḃálaċ do-leiġiste atá peacaḋ na sgannlaċ, óir tugann mí-áġ síorraiḋe ar an té ṫuiteann dá ḋeargaiḃ, agus damnann seaċt n-uaire an té as úġdar leis. Ar so d'ḟógair ár Slánuiġṫeóir brón os cionn bróin ar an bpeacaḋ so. 'Ní fuláir,' adeir sé—'s é sin ag tagairt do ṁí-riaġaltas an tṡaoġail—"go dtagaiḋ sgannail, aċt brón ar an ḃfear úd do ṫugann uaiḋ í. Má ṫugann éan-duine sgannail d'éin-

[1] beiṫion 'sa MS.

[2] Siorruiġe 'sa MS.

ċeann do na ceannaiḃ beaga so do ċreideann ionnam-sa, do b'ḟeárr dó bró ṁuilinn do ḃeiṫ fá n-a ṁuinéal, agus a ḃeiṫ iar n-a ċaiṫeaṁ amaċ 'san ḃfairrge.' (Maṫa xviii. 6, 7; Lúcás, xvii. 1, 2).

I n-éagṁuis na scannlaċ so ar ar ṫráċtas do ġluaiseann go díreaċ ó ḋroiċ-intinn, tá iomad gníoṁarṫa agus bréiṫre eile ró-urċóideaċa scannalaċa ar an saoġal, gé naċ dóiġ le daoine iad do ḃeiṫ aṁlaiḋ; agus, leis, ní ċuirid, fóirior, leaṫ-suim ionnta.

Ní mór d'olc déantar go forsailte naċ mbaineann roinn dá niṁ le daoine eile do ṁalairt an uġdair; óir tá an duine ó n-a nádúir féin claon ċum aiṫrise, agus, dá réir sin, pé aca sgáṫán an uilc nó an ṁaiṫeasa ḃíos os a ċoṁair, is gnáṫaċ gurab é sin cló ḋo ḃíos air, ag a aigneaḋ is ag a ġníoṁarṫa; agus, dá ċionn sin, an níḋ ḃíonn coitċeann bíonn neaṁ-scannarṫa, neiṁ-ċionntaċ;[1] agus, leis sin, ní ḃíonn leaṫ-náire air siúd an rud do-rigne tú roiṁe, do ḋéanaṁ id' ḋiaiḋ.

[Ní dóċa go ḃfuil iomḟlán an tseanmóra so againn annso.]

Míċeál Ua Longáin,
fear an aiṫsgríoḃṫa, A.D. 1818.

---

[1] 'Neamċainnteaċ' (neaṁċáinteaċ?) 'sa MS.

Seanmóir a Dó.

Cionnas sliġe an Tiġearna d'ullṁuġaḋ.[1]

(Ceaṫraṁaḋ Doṁnaċ na hAidḃinte.)

Parate viam Domini; rectas facite semitas ejus.

Ullṁuiġiḋ sliġe an Tiġearna: déanaiḋ a ċasáin díreaċ.

—Briaṫra léiġmid ag N. Lúcás iii. 4.

Ag sin, a ċoṁluadair ċríostaṁail, an teagasg naoṁṫa do ṁúineann an Eaglais Chatoiliceaċ dúinn 'san aimsir ró-ḃeannuiġṫe so ċum, sinn-ne d'ullṁuġaḋ fá ċoṁair breiṫ agus teaċt ár Slánuiġṫeóra Íosa Críost ar an saoġal so. 'Ullṁuiġiḋ,' ar sí le n-a cloinn uile, 'sliġe an Tiġearna, atá ag tuirling anuas ó sna flaiṫeasaiḃ ag fiosruġaḋ a ṗobail agus dá sgaoileaḋ go lán-trócaireaċ ó ḋaoirse an ṗeacaiḋ. Déanaiḋ a ċasáin díreaċ; bíoḋ na gleannta árduiġṫe; na sléiḃte agus na cnocáin ísliġṫe; na bealaiġ cama díreaċ agus na garḃ-ċoṁangair miniġṫe ar éin-rian: 's é sin le ráḋ, ullṁuiġiḋ siḃ féin ċum toraḋ ionċolnuiġṫe Íosa Chríost do ḃaint daoiḃ féin le huṁlaiḋeaċt, le moḋṁaile is le measar-ḋaċt, le fíréantaċt aignid agus le deaġ-ṡompla beaṫaḋ, ag caṫuġaḋ go cróḋa cosantaċ i n-aġaiḋ earcáirde fógarṫa ḃur n-anam—an diaḃal, an saoġal agus an ċolann.' Tá sé oireaṁnaċ daṁ-sa, mar an gcéadna, an t-oideaċas soin d'aṫnuaḋaċain daoiḃ ar na laeṫeantaiḃ so, i n-a ḃfuil siḃ ar tí ḃur gcoguḃais do ġlanaḋ

[1] O'Renehan MSS., vol. 76, pp. 69-79.

is do sgiaṁraḋ ó gaċ gné ṗeacaiḋ le Sacraimint na hAiṫriġe, ċum Coirp Naoṁṫa an tSlánuiġṫeóra do ġlacaḋ fá ḃur mbroinn mar as dual 's as tairḃeaċ do ċríostaiḋṫiḃ é. Ullṁuiġiḋ sliġe an Tiġearna, óir tá sé cinnte gurab é glacaḋ Chuirp Chríost an gníoṁ as naoṁṫa agus as uaisle dár gcreideaṁ. Is é ceann-tobar agus préaṁ móráin ġrásta agus áird-tioḋlaiceaḋ, ar ṁoḋ gur cóir ḋaoiḃ gaċ uile imṡníoṁ agus aireaċas do ḃeiṫ oraiḃ ċum triall ċuige, agus gan na taḃartaisí mór-luaiġ atá agaiḃ le faġḃáil as do ċailleaṁaint tré n-ḃur ḃfaillíġe ná tré n-ḃur neaṁ-ṁoṫuġaḋ féin. *Parate viam, etc.* (Lúcás iii. 4.)

Leis an gComaoine Naoṁṫa beirṫear agus geinṫear Íosa Críost i n-ár gcroiḋṫiḃ. Aċt dá mbéarṫaoi go coṁ-ionann i gcroiḋṫiḃ gaċ n-aon do ġlacas é, ní ḃéaḋ eidir-ḋealuġaḋ ar biṫ le taḃairt fá ndeara idir an ḃfíréan agus an peacṫaċ; idir an té do ċaiṫeann go ceanaṁail Corp Naoṁṫa an Tiġearna, agus an té ṫruaillíġeann a ċuid feóla agus do ġlacann é mar gaċ biaḋ coitċeann. Ná meallaiḋ siḃ féin, a ċáirde; muna mbéarṫar Íosa Críost i n-ḃur gcroiḋṫiḃ leis an gComaoine, básóċṫar ionnta gan éan-ċontaḃairt é; muna ndéanfaiḋ an Chomaoine rann-ṗáirteaċ siḃ dá spioraḋ agus dá ġrásaiḃ, is fíor ná béiḋ ann aċt daoir-ḃreiṫeaṁnas báis agus anacra síorraiḋe ḋaoiḃ. Tar a ċeann sain, ní cóir cur suas uaiḋ, óir go fírinneaċ, is é an t-arán do roinntear ann oileaṁain follán ḃur n-anma—neart na láidir, coṫuġaḋ na lag agus na ḃfoiríseal, sólás na n-ocraċ, agus geall deiṁniġṫeaċ na beaṫaḋ síorraiḋe. Do-ċímid, ar an áḋḃar soin; créad é ċoṁ díoġḃálaċ dár n-anmannaiḃ agus sgaraṁaint le cirte ċoṁ mór-luaiġ sin ná staonaḋ suas uaiḋ; giḋeaḋ, is baoġlaiġe 'ná soin, é

do ġlacaḋ fá n-ár mbroinn gan an t-ullṁuġaḋ riaċtanaċ do ċur roiṁe; agus, dá ṫaoḃ soin, aḃraim liḃ anois an aṫ-uair, mar aon leis an Eaglais i Soisgéal an lae indiu—Ullṁuiġiḋ sliġe an Tiġearna! Díbriḋ as bur gcroiḋṫiḃ gaċ níḋ naċ taiṫneaṁaċ agus naċ ionṁain leis! Foġlaimiġiḋ gan mearḃall na coinġill riaċtanaċa ċum é do ġlacaḋ mar as dual, agus déanaiḋ bur ndíċeall ċum a mbeiṫ agaiḃ! I n-a n-éaġmais sin, níl meaḋón eile le faġbáil agaiḃ ċum bur Slánuiġṫeóir Íosa Críost do ḟealḃuġaḋ, agus ċum Comaoine ṫoirḃeartaċ do ḋéanaṁ. Is é an teagasg lán-tairbeaċ so as meaḃair liom do ċur i n-uṁail daoiḃ, agus do-ġníonn uile ḃríġ agus eagar mo ċoṁráiḋ. Taisbeánfaiḋ mé ar dtúis, cionnus as cóir ḋaoiḃ coir ċoṁ mór le truailliuġaḋ Fola agus Feóla ionaḋarṫa Mhic Dé do ḟeaċaint; agus n-a ḋiaiḋ sin, cionnus do ṫiocfaiḋ liḃ mórán grásta agus tioḋlaiceaḋ do ḟaoṫruġaḋ ḋaoiḃ féin leis an gComaoine, ag craoḃsgaoileaḋ ḋaoiḃ 'san am céadna na coinġill riaċtanaċa ċum an gníoṁ lán-tairḃeaċ so do ḋéanaṁ. Aċt ar dtúis iarramaois go dúṫraċtaċ cráiḃṫeaċ congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré impiḋe ċuṁaċtaċ na Maiġdine Muire, ag ráḋ ó ċroiḋe an Beannaċaḋ Muire—*Ave Maria, etc.*

An Chéad Roinn.

Is é Corp Chríost an manna foluiġṫe: is é feóil agus bríoġṁaireaċt na n-anam láidir é; is é geall buan-ṫseasṁaċ ar ġráḋ agus ar ḋian-annsaċt Íosa Chríost é, agus coiṁlíonaḋ a ṗáise naoṁṫa ċum an an cineaḋ daonda d'ḟuasgailt. Ar an áḋḃar sin, tá sé riaċtanaċ é d'eidir-ḋealuġaḋ ó gaċ oileaṁain eile coitċeann, d'eagla easonóir do ṫaḃairt dó: *non*

dijudicans Corpus Domini (1 Cor. xi. 29). Is é coṫuġaḋ na n-anam láidir é. Is cóir dúinn, dá ḃríġ sin, sinn féin do léar-sgrúdaḋ sul do leóṁfaimís oileaṁain ċoṁ ḃríoġṁar leis do ċaiṫeaṁ: *probet autem seipsum homo* (I Cor. xi. 28). Is geall dearḃṫa gráḋa agus dian-annsaċta Íosa Chríost orainn é. Ḃaḋ cóir mar sin é 'ġlacaḋ le híomad ceana is macnais. Agus, fá ḋeóiḋ, ó's é coiṁlíonaḋ a ṗáise ċum an cineaḋ daonda d'ḟuasgailt, tá sé ró-ċeart a ḃás do ċraoḃsgaoileaḋ gaċ uair is tráṫ dá mbéimíd rann-ṗáirteaċ leis, agus é d'ionnsaiḋe le sríoraḋ na croiḋe céasta: *Quotiescunque manducabitis panem hunc, et calicem bibetis, mortem Domini annuntiabitis donec veniat* (1 Cor. xi. 26). Le creideaṁ ómóis agus urrama neartóċṫar sinn ċum é d'eidir-ḋealuġaḋ ó gaċ oileaṁain eile. Le creideaṁ eagna agus gliocais déanfamuid ár gcoguḃas do léar-sgrúdaḋ. Le creideaṁ tear-ġráḋa do-ḃéarfamuid gráḋ agus annsaċt dó. Le creideaṁ féile is le flaiṫeaṁlaċt aigniḋ déanfamuid íoḋbairt dínn féin dó.

A ḋearḃráiṫeaċa mo ċroiḋe, is creideaṁ ómósaċ do neartuiġeann gaċ críostaiḋe ċum Corp Naoṁṫa an Tiġearna do ṫaḃairt fá ndeara, agus é d'eidir-ḋealuġad ó gaċ oileaṁain eile insan gComaoine Ḃeannuiġṫe: 's é sin le ráḋ, creideaṁ láidir beó, do ṫreiġdeann gaċ néal dorċadais ḃíos timċeall an Uain Trócairiġ; creideaṁ bríoġṁar do ḋearcann suas ar a ġnúis ġléigil (ní i sgáil ná tré ġloine, aċt aġaiḋ ar aġaiḋ agus fá mar atá sé ann féin), agus do-ḃeir fá ndeara a ġlóire is a ṁórḋaċt d'aiṁḋeóin an ḃrait le n-a ḃfoluiġṫear é; creideaṁ uasal, naċ ngaḃann do láiṁ a ġlóire do ċuimsiuġaḋ le híomarca dásaċta, agus, tar 'éis sin, ḃíonn líonta do

lonnraċt a ġné, do-ċíonn aingil ḟlaiṫeaṁnais dá ndíonaḋ féin le n-a sgiaṫánaiḃ, agus árd-ċolaṁain neiṁe ar ċriṫ-eagla roiṁe; an creideaṁ úd, adeirim, do ḃíonn lán d'ainṁian[1] ċráḃaiḋ agus diaḋaṁlaċta, ag druidim láiṁ leis an altóir ḃeannuiġṫe, go díreaċ mar Ṁaoise nuair do ḋruid sé láiṁ leis an sgeiċ 'n-a raiḃ aingeal an Tiġearna, nó cosṁail le clannaiḃ Israel nuair ṫángadar i n-iomḟogus sléiḃe na tóirniġe agus na lasraċ, 'n-a dtug Dia amaċ a reaċt do Ṁhaoise. Is é an creideaṁ so, gan éan-aṁras, ná géilleann do ċlaontaiḃ na gcéadfaḋ gcorparḋa, agus do-ḃeir dúinn le ráḋ tré spiorad uṁlaiḋeaċta agus droiċ-ṁeasa orainn féin, mar aon le Naoṁ Peadar,— 'A Thiġearna, ná tar im' ġaor, óir níl ionnam aċt peaċtaċ'—*Exi a me, quia homo peccator sum* (Lúcás v. 8),—ar ċor, ó'n dtráṫ 'n-a dtugann sé Íosa Críost fá ndeara idir láṁaiḃ an tṡagairt, go moṫuiġeann sé an oiread sin lonnraiḋ agus mórḋaċta, go nglacann fanntais is mío-ṫapaḋ é, d'eagla ná dearna an t-ullṁuġaḋ oireaṁnaċ ċum é do ġlacaḋ. Ag sin go fírinneaċ an creideaṁ d'iarrann an tEaspol orainn ċum Corp Naoṁṫa an Tiġearna do ċaiṫeaṁ. Giḋeaḋ, a Shlánuiġṫeóir ġléigil, cá ḃfuil an creideaṁ sin le faġḃáil anois ar talaṁ? Ní heaḋ aṁáin naċ ḃfuil sé ag an gcoitċeanntaċt, aċt, fóiríor ḃrónaċ! níl sé i measg do ḋeisciobal féin. Nuair do ṫiocfaiḋ tú lá an ḃreiṫeaṁnais ḋéiḋeanaiġ ins na spéarṫaiḃ, id 'ṡuiḋe go molaḋċroṫaċ ar néal lonnraċ glórṁar, glacfaiḋ an cineaḋ daonda sgannraḋ agus sgeiṁle trid; béiḋ na mall-uiġṫeóirí dá gcur féin i ḃfolaċ ins na cuasánaiḃ ar doiṁne 's ar uaigniġe le faġḃáil, agus ag éiġeaṁ go

[1] In MS. anḃóin.

hárd, agus ag iarraiḋ ar na cnocaiḃ agus ar na sléiḃtiḃ tuitim anuas orra. Aċt, a Thiġearna, tá tú anois ċoṁ fírinneaċ ar an altóir agus béiḋ tú id' ċaṫaoir ḃreiṫeaṁnais lá an ḃreiṫeaṁnais do láṫair ciniḋeaċ agus pobail an doṁain. Dar ndóiġ, ní féidir ná tuirlingid na haingil anuas ó sna flaiṫeasaiḃ ċum friotálaṁ agus ċum ullṁuġaḋ ḋuit, gaċ uair dá n-abrann an sagart focail coisrigṫe na haḃlainne. An n-eaḋ ná tugann tú breiṫ báis agus beaṫaḋ annso ins an gcaṫaoir ḃreiṫeaṁnais so atá i ḃfolaċ ó ṡúiliḃ na ndaoine? An n-eaḋ ná sgríoḃann tú ar m'éadan féin cáiliḋeaċt do ġráḋa agus do ċeanaṁlaċta orm, nó mo ḋaoirse is mo ḋamaint ṡíorruiḋe? Uċ! a Shlánuiġṫeóir do b'ḟéidir gurab é uair 'n-a ndaorann tú mé, do láṁuiġim druideaṁain suas leat, agus an uair 'n-a dteilgeann tú uait mé, d'ionnsaiġim tú le mór-ḋásaċt; an tráṫ, b'ḟéidir, go ḃfuil ifrionn dá osgailt mar ionad coṁnuiġṫe ḋam, is é sin an uair do leóṁaim teaċt ċum tú 'ġlacaḋ, agus nuair naċ ḃfuil ionnam aċt mac díḃfeirge, go gcuirim mé féin i measg do ċloinne toġṫa, ionnas naċ ḃfuil in do ċuid fola bríoġṁaire, ná in do ċuid feóla uaisle, aċt fuil agus feóil ṗeacaiḋ ḋaṁ-sa;—naċ ḃfuil 'san Uan gan teiṁeal, do ḃris seaċt séala leaḃair an ḃáis ċum fuasgailt orainn, aċt an séala deireannaċ ċum mo ċoirṫeaċa do ċoiṁlíonaḋ, agus an té gur ċóir dó ḃeiṫ 'n-a Shlánuiġṫeóir agam, gurab é féin cúis mío-áġa agus damanta síorruiḋe ḋam.

Níor b'ḟéidir, a ċríostaiḋṫe, Dia d'ḟeicsint 'san tSean-Reaċt gan bás obann anabaiḋ d'ḟaġḃáil dá ċionn. Do-rigneaḋ léirsgrios ar ċineaḋ iomṡlán na mBeitsimíteaċ i dtaoḃ amarc isteaċ go glinn le n-a súiliḃ ar Airc an Reaċta.

Do líonaḋ corp Eilíodórus do ċneaḋaiḃ tinne is do ġontaiḃ fuaṫṁara i dtaoḃ dul isteaċ 'san ionad naoṁṫa, naċ raiḃ ceadaiġṫeaċ d'éinneaċ aċt do na sagartaiḃ i nIerusalem. Ní raiḃ sé ceadaiġṫeaċ do ċlannaiḃ Israel insan ḃfásaċ teaċt láiṁ leis an sliaḃ i n-a dtug Dia an dliġeaḋ do Ṁhaoise. Do ċoisgeadar tóirneaċ agus lasraċa ar an bpobal teaċt i n-iomḟogus dó; agus, dar ndóiġ, do b'é an bás féin ḃíoḋ ag imṫeaċt roiṁ Dia Ábraim ar feaḋ a mór-aisdir trí ṫíorṫaiḃ na geallaṁna agus na hÉigipte. Aċt anois, nuair naċ ḃfuilid teinteaċa dearg-lasraċa ag éirġe suas ó'n altóir ḃeannuiġṫe ċum na malluiġṫe-óirí agus luċt' masluiġṫe Chuirp Naoṁṫa an Tiġearna do smaċtuġaḋ, níl crit-eagla ná ómós againn roiṁe. Ó, mo náire! a ċríostaiḋṫe lag-spioradaċa, 'gá ḃfuil an oiread soin uaċdaránaċt ag na céadfaḋaiḃ corparḋa oraiḃ, naċ mbéiḋ cráḃaḋ ná caon-dúṫraċt agaiḃ, aċt nuair do-ċíonn siḃ ḃur nDia lán d'ḟeirg liḃ? Fiafruiġim daoiḃ anois—dá dtugaḋ siḃ fá ndeara Corp Naoṁṫa an Tiġearna le n-ḃur súiliḃ corparḋa, agus dá ndéanaḋ ḃur gcreideaṁ insan tSacraimint ár Slánuiġṫeóir Íosa Críost do ṫaisbeánaḋ ċoṁ soiléir agus dá ḃfeicimís do láṫair é, ar ḃ'ḟéidir go dtiocfaḋ siḃ ċoṁ neaṁ-ṁoṫuiġṫe sin ċum é 'ġlacaḋ? Ó, a ċríostaiḋṫe, níor ḋóiġ liḃ an uair sin gur leór daoiḃ ḃeiṫ fásta le beagán urnaiġṫe; le ḃeiṫ leaṫ-uair ar ḃur nglúiniḃ; nó le roinn na maidne do ċaiṫeaṁ i n-uaigneas mar ullṁuġaḋ roiṁe. Níor ḃ'ḟuláir mí nó sé seaċtṁaine, an ċuid baḋ lúġa ḋe, ċum maċtnaṁ air roiṁ-ré; agus do b' iad na laeṫe ba ġiorra do'n téarma so na laeṫe trosgaiḋ, tréaḋanais agus urnaiġṫe. Do ḃéaḋ an smuaineaḋ so cuimisgṫe le n-ḃur ngnóṫaiḃ saoġalta, i n-ḃur gcaiṫeaṁ

aimsire agus i n-ḃur ainṁeóntaiḃ,[1] i n-ḃur ndúsaċt, agus i n-ḃur gcodlaḋ féin. Níor ḃ'ḟéidir le n-ḃur n-anamaiḃ, líonta suas do'n ċreideaṁ láidir seo, do sgaraṁaint i n-éin-ionad leis. Ní ḃéaḋ ins an doṁan mór, agus a ċompórd agus a ḟult curṫa le ċéile, aċt sgáil ḃréige, ionnus gurab é an íoṁáiġ so go haonracánta do ṫógfaḋ suas an uile aireaċas agus foirlíontaċt ḃur n-anam.

Tar 'éis sin, tá a ḟáir-ḟios agam go mbíonn buaiḋreaṁ mór aigniḋ ar an saoġaltánaċ féin le haġaiḋ Cásga is Nodlag, nuair as gnáṫaċ le críos-taiḋṫiḃ, do réir dliġiḋ na n-uaċtarán, teaċt ċum Comaoine. Giḋeaḋ, a Thiġearna, ó's tusa do-ċíonn rún an ċroiḋe 'n-a geintear an buaiḋreaṁ sin; an buaiḋreaṁ cráḃaiḋ agus caon-dúṫraċta é, fá mar baḋ ḋual do ċréatúir ċum teaċt i láṫair a Chruṫuiġṫeóra? Ní heaḋ go fírinneaċ; aċt is cosṁail é le duairceas an ḃioránaiġ úd 'san Soisgéal, dár aiṫin tú a raċtmas saoġalta do ṫréigean, agus tú do leanṁain. Bíonn fuaṫ aca do na laeṫiḃ beannuiġṫe seo, ċoṁ maiṫ agus dá mbaḋ laeṫeanta dobróin agus mío-áġa ḋóiḃ iad, ⁊ gaḃann déistean iad um an gcóisir uasal so do Chuirp Naoṁṫa, ar ċor naċ dtagaid id' ġoire aċt go díreaċ mar na daill agus na bacaiġ úd 'san Sois-géal; 'sé sin le ráḋ, naċ fuláir go gcuirfid dliġṫe na hEaglaise d'ḟiaċaiḃ orra teaċt as na háitiḃ coitċeanna, ó ċaiṫeaṁ-aimsire, ó ḋíoṁaoineas agus ó leaṫan-ḃealaċ a gcailleaṁna ḟiorraiḋe, ċum ċuidiu-ġaḋ dod' ḟéasda. Giḋeaḋ, do-ċíonn tusa na hanamna díċreideaṁaċa sin ag iarraiḋ meaḋaċain idir a ndu-algasa agus a ndroċ-ċlaonta, ag lorg an oide

---

[1] aniṁiantaiḃ: in MS. anḃóntaiḃ.

aimsire agus i n-bur ainṁeóntaiḃ,[1] i n-bur ndúsaċt, agus i n-bur gcodlaḋ féin. Níor ḃ'ḟéidir le n-bur n-anamaiḃ, líonta suas do'n ċreideaṁ láidir seo, do sgaraṁaint i n-éin-ionad leis. Ní ḃéaḋ ins an doṁan mór, agus a ċompórd agus a ḟult curṫa le ċéile, aċt sgáil ḃréige, ionnus gurab é an ioṁáiġ so go haonracánta do ṫógsaḋ suas an uile aireaċas agus foirlíontaċt ḃur n-anam.

Tar 'éis sin, tá a ḟáir-ḟios agam go mbíonn buaiḋreaṁ mór aigniḋ ar an saoġaltánaċ féin le haġaiḋ Cásga is Nodlag, nuair as gnáṫaċ le críostaiḋṫiḃ, do réir dliġiḋ na n-uaċtarán, teaċt ċum Comaoine. Giḋeaḋ, a Thiġearna, ó's tusa do-ċíonn rún an ċroiḋe 'n-a geintear an buaiḋreaṁ sin; an buaiḋreaṁ cráḃaiḋ agus caon-ḋúṫracta é, fá mar baḋ ḋual do ċréatúir ċum teaċt i láṫair a Chruṫuiġṫeóra? Ní heaḋ go fírinneaċ; aċt is cosṁail é le duairceas an ḃiorónaiġ úd 'san Soisgéal, dár aiṫin tú a raċtmas saoġalta do ṫréigean, agus tú do leanṁain. Bíonn fuaṫ aca do na laeṫiḃ beannuiġṫe seo, ċoṁ maiṫ agus dá mbaḋ laeṫeanta dobróin agus mío-áġa ḋóiḃ iad, 7 gaḃann déistean iad um an gcóisir uasal so do Chuirp Naoṁṫa, ar ċor naċ dtagaid id' ġoire aċt go díreaċ mar na daill agus na bacaiġ úd 'san Soisgéal; 'sé sin le ráḋ, naċ fuláir go gcuirfid dliġṫe na hEaglaise d'ḟiaċaiḃ orra teaċt as na háitiḃ coitċeanna, ó ċaiṫeaṁ-aimsire, ó ḋíoṁaoineas agus ó leaṫan-ḃealaċ a gcailleaṁna ḟíorraiḋe, ċum ċuidiuġaḋ dod' ḟéasda. Giḋeaḋ, do-ċíonn tusa na hanamna díċreideaṁaċa sin ag iarraiḋ meaḋaċain idir a ndu-algasa agus a ndroċ-ċlaonta, ag lorg an oide

---

[1] anṁiantaiḃ; in MS. anḃóntaiḃ.

ḟaoisdine as réiḋe agus as neaṁ-ċruaḋálaiġe, agus 'n-a ḋiaiḋ sin, dod' ionnsaiġe leis an oiread faic-ċis agus dá mbaḋ eascara ḋóiḃ tú. Is fíor go dteilgeann tú go foluiġṫeaċ uait iad 'n-a n-íoḋbarta-ċaiḃ daora damanta, mar naċ ionṁain leat-sa aċt croiḋe toilteanaċ áṫasaċ, agus ní roinneann tú do ṁilseaċt ḋo-innste le luċt an díombuiḋeaċais. Agus dá mbéiṫeá inneaṁail ins an tSacraimint Naoṁṫa so ċum na hosnaiḋe céadna do ṫarrang mar do-rigne tú i n-allód ós cionn uaiġe Lásarus, is iomḋa osnaḋ aṫ-ṫruaġaċ ċráiḋte do ṫairngeóċṫá anois, ag dul isteaċ ḋuit ins na béalaiḃ neaṁ-ġlana, dia-ṁasluiġ-ṫeaċa úd naċ mío-ċosṁail iad le huaiġiḃ osgailte ċum bréantas agus malluiġṫeaċt do leaṫaḋ, mar aduḃairt an Fáiḋ Ríoġaṁail—*Sepulcrum patens est guttur eorum* (Rom. iii. 13 ⁊ Sailm. v. 11).

Adṁuiġmís, ar an áḋḃar sin, a ċríostaiḋe, ár ḃfailliġe agus ár neiṁ-ḟiúntaċt. Is ró-ḟánaċ ḃíonn an creideaṁ ómósaċ soin againn le n-a dtugamuid fá ndeara Corp Naoṁṫa an Tiġearna. Is é creideaṁ as gnáṫaiġe againn, creideaṁ lag foirimleaċ do-ḃeir éiṫeaċ dó féin nuair do cuirtear i ngníoṁ é; 'n-ar ḋóiġ linn, naċ n-iarrann níḋ eile orainn aċt adṁáil osgailte do ḋéanaṁ, agus gan éimeaċtain gurab é Corp Naoṁṫa an Tiġearna ḃíos i láṁaiḃ an tsag-airt, le n-a gcaillimid ár n-urraim 's ár n-ómós dó le hiomarcaiḋ taiṫiġe ⁊ dlúṫ-ṁuinnteardais, nó ár ngreann is ár n-annsaċt le hiomad failliġe; i n-éan-ḟocal, creideaṁ seasgair tuataiḋe ḃíonn againn, gan ḃríġ, gan ḃeóḋaċt, agus mar sin, neiṁ-ḟiúntaċ do'n Dia uile-ċuṁaċtaċ do ṫaisbeánann sé ḋúinn. Is é ní ċialluiġeas do Ċorp d'eidir-ḋealuġaḋ, a Shlánuiġṫeóir, níos mó ceana agus

macnais do ḃeiṫ againn ar an lón neaṁḋa so 'ná ar ḟeóil is méiṫreas na hÉigipte, dá ḋeag-ḃlasda, is a ċur i n-aiṫne dúinn, gurab é féin ár sólás aonracánta insan ngleann so na ndeór, milseaċt agus laiġdiuġaḋ ar ár bpiantaiḃ, leiġeas follán ar ár gcneaḋaiḃ, agus dúil ġnáṫaċ na n-anam ḃfíréanta. Is ann féin do-ġeóḃmuis, gan éin-ṁearḃall, síoċáin 'n-ár mbuaiḋreaṁ, fuiṫin agus díon láidir 'n-ár n-anró agus 'n-ár ngéir-leanaṁnaiḃ; sgiaṫ dín agus clogaid coṁraic ċum sinn do ċosaint ar ionnsaiḋiḃ an ṁic ṁallaċtain; furtaċt ċumasaċ i n-aġaiḋ saiġde niṁneaċ na colna cuirpṫe; agus áird-ṁian ċum ár gcráḃaḋ agus ár gcaon-dúṫraċt do leasuġaḋ agus d'aṫnuaḋċain. Go fírinneaċ, a Thiġearna, ċum do Chorp Naoṁṫa d'eidir-ḋealuġaḋ, ní mór níos mó aireaċais agus imṡníṁ do ḃeiṫ orainn 'ná ċum éan-saoṫair eile dár mbeaṫaiḋ; ómós do ḃeiṫ againn do'n teampall i n-a dtugtar onóir agus mór-ṁolaḋ ḋuit: do na sagartaiḃ coisrigṫe do ḃíonn ag friṫálaṁ ḋuit, agus dár gcolainn féin do ġlacann agus do ḟealḃuiġeann go fírinneaċ ṫú.

'San dara háit, déanamuis léar-sgrúdaḋ ar ár gcog-cuḃas, ag maċtnaṁ ar naoṁṫaċt na Sacraiminte seo, agus ar ár malluiġṫeaċt féin, fá mar do ṁúineann an tEaspol dúinn,—*Probet autem seipsum homo* (I Cor. xi. 28),—óir is é, gan éan-aṁras, feóil Íosa Chríost é, arán na n-aingeal, agus an tUan gan teiṁeal, le naċ ionṁain aċt na daoine nár ṫruaillig iad féin fós leis an bpeacaḋ ṁarḃṫaċ, nó an ṁuinntear, tar éis tuitim ann, d'ionnlaiḋ iad féin i ḃfuil na haiṫriġe, agus do ḃíos ag sír-ċleaċtaḋ na suḃailcí ó ṡoin ale. Aċt fiafruiġim díot anois, a ċríostaiḋe atá ag triall ċum Comaoine leis an oireaḋ soin neaṁ-ṁoṫuġaḋ, an dtu-

gann tú leat ċuige banaṁlaċt, measarḋaċt, cneastaċt, agus neiṁ-ċiontaċt? An n-eaḋ naċ ḃfuil uaċtaránaċt agaḋ 'ḋroċ-ċlaontaiḃ agus ag do ḟaoḃ-nósaiḃ fós ar do ċroiḋe meaṫta? Nó an ḃfuil éin-ionad dod' ċolainn, nó ball dod' ḃallaiḃ slán folláin gan coṁarṫaí mal-luiġṫeaċta air? Agus, dá ḃríġ sin, cá ḃfuiġiḋ tú ionad oireaṁnaċ ċum Corp Naoṁṫa an Uain trócairiġ do ṡuiḋeaċan? Ní féidir gurab ar do ṫeangain do ċuirfeá é, atá coṁ truaillġṫe sin le salaċar agus bréantas, le bréig agus le héiṫeaċ, le díoġaltas, le gearrṫóireaċt agus le monabar i gcoinne na coṁarsan? Agus dar ndóiġ, ní leóṁfá é 'ċur ar do ċroiḋe atá coṁ lom-lán do ḋúiliḃ mío-ḃanaṁla, do ṁiangasaiḃ brúideaṁla náireaċa, do ṫnúṫ, do ḟormad, do ḟainnt agus do ḋíomas. Ní féidir go gcuirfeá an Corp Naoṁṫa úd, do céasaḋ ar do ṡon, i lár na mbeaṫaiḋeaċ éigciallta gráineaṁail san, ná ionad coṁnuiḋṫe do réiḋtiuġaḋ ḋó 'n-a measg.

Gíḋeaḋ, is gnáṫaċ le críostaiḋe a ráḋ: do-rinne mé léar-sgrúdaḋ ar mo ċogcuḃas, agus níor ġlacas Corp Naoṁṫa mo Shlánuiġṫeóra gan faoisdin do ḋéanaṁ roiṁ-ré. Bíoḋ go ndeárnaiḋ tú soin, cionnas ṫiocfaiḋ tú ċum é 'ġlacaḋ leis an mbéal ċeudna as ar ṫeilg tú, níl nóimeant ó ṡoin, an oiread soin coirṫeaċ gráineaṁail, agus le croiḋe atá ar aḋaint fós le míle droċ-ċlaonta nár múċaḋ, agus do ḃéiḋ i mbáireaċ nó um a n-oirṫear, aṫ-aḋanta arís coṁ dona agus coṁ tu-bairteaċ agus do ḃíodar riaṁ; agus, tar éis sin, níl náire ná mántaċt ort teaċt go hurraḋasaċ ċum na hal-tóra, agus beiṫ rann-ṗáirteaċ ins an tSacraimint seo, atá geárrṫa amaċ ċum coṫuġaḋ agus oileaṁain spiora-dálta na ḃfíréan: 's é sin le ráḋ, ag éirġe suas dod' ġlúiniḃ ḋuit ód' oide faoisdine, is é an Chomaoine do

ḋéanann ionad aiṫriġe ḋuit, go ngluaiseann tú d'éin-riṫ ó'n bpeacaḋ gus an altóir; agus i n-ionad deóra troma flúirseaċa do ṡileaḋ i measg luċt' na haiṫriġe fíre, tagann tú ċum compóird an Tiġearna do ḃlaiseaḋ i ḃfoċair na Naoṁ agus na ndaoine mbeannuiġṫe: i n-ionad tú d'oileaṁain le harán na duaiḋnéise agus an ċruaḋtain, riṫeann tú suas ċum na cóisre flaiṫeaṁla seo: i n-éan-ḟocal, i n-ionad seasaṁ siar go foirísiol ag dorus an teampaill mar an puibliocánaċ, ní mór ḋuit ḃeiṫ ċoṁ dána agus dul isteaċ 'san Ionad Naoṁṫa féin.

I dtosaċ na hEaglaise, agus ar feaḋ mórán aimsire 'n-a ḋiaiḋ, ní raiḃ sé ceaduiġṫeaċ ag na haiṫriġiġiḃ Corp Naoṁṫa an Tiġearna do ġlacaḋ aċt tar éis bliaḋanta foirlíonta do ċaiṫeaṁ i n-urnaiġṫiḃ, i dtrosgaḋ agus i dtréaḋanas. D'ionnlaidís a bpeacaiḋe le n-a ndeóra; agus do b'é an Chomaoine, mar sin, an t-arán beannuiġṫe do ċosain mórán duaiḋ agus allais do'n ṗeacṫaċ. Aċt indiu, is dóiġ leis an bpeacṫaċ go ndéantar leór-ṡásaṁ do Dhia 'n-a ṗeacaiḋiḃ, má ġníonn faoisdin ionnta; measann sé go dtugann an absolóid croiḋe-ḃruġaḋ uaiḋ féin dó, agus naċ n-iarrann an ġlaineaċt as dual do ḃeiṫ aige ċum Corp Naoṁṫa an Tiġearna do ċaiṫeaṁ, aċt aḋmáil ḟírinneaċ ar loḃṫaċt agus ar ḃréantas a ċneaḋ.

Ná meallaiḋ siḃ féin, a ċríostaiḋṫe. Comaoine gan ḃríġ gan tairḃe a leiṫéid sin: iṫeann agus ólann siḃ ḃur ndaoir-ḃreiṫeaṁnas féin. Níor múċaḋ ḃur mioscais ná ḃur ndíoġaltas fós. Tá siḃ ag coimeád an droċ-ċoṁluadair ċéadna ṫug fá ndeara. . . .

[Tá cuid do'n láiṁ-sgríḃinn ar iarraiḋ annso.]

An Dara Roinn.

. . . . tSacramaint seo, mar is ann do-rigne Íosa Críost íoḋbairt de féin do'n Aṫair Shíorruiḋe, ag sgaramaint go rúindiaṁrach a ċuid fola agus feóla. Aċt is é ceaċt éifeaċtaṁail as féidir linn d'ḟoġluim as, gur cóir dúinn ḃeiṫ ag colaṁain na h-altóra ċoṁ maiṫ is dá mbéimís ag bun na croise, go díreaċ mar na deisciobail agus mar ṁná Caṫraċ Ierusalem, do ḃí ag feiṫeaṁ le hosnaiḋe déiḋeanaċa Íosa Chríost do ċloistin, agus d'ḟan do láṫair, nó go ḃfeacadar íoḋbairt ḟolaṁail na croise dá coiṁlíonaḋ. Aċt tá sé soiléir créad é méad an ġráin agus an fuaṫ do ḃí aca ar luċt básuiġṫe a Maiġistir, agus créad é ċoṁ doiṁin agus do ġaḃ gaċ easmail, gaċ peannaid, agus gaċ doċar dár ḟuiling sé trí n-a gcroiḋṫiḃ anonn, ionnus go n-abraidís leis an Aṫair Uile-ċuṁaċtaċ— 'Buail, a Thiġearna, buail sinn-ne atá cionntaċ, aċt coigil ár Maiġistir atá neiṁ-ċionntaċ.' Ar an áḋḃar soin, a ċáirde, dalta do ḋéanaṁ fós do'n tsaoġal so, náire ḃeiṫ oraiḃ mar ġeall ar an gcroiċ céasta, gan ḃur Slánuiġṫeóir d'aḋṁáil go hosgailte gan sgleáḋċas i láṫair na ndaoine, agus, tar 'éis sin, ḃeiṫ i n-ḃur ndlúṫ-ċoṁnaiḋe[1] leis ins an gComaoine, níl ann aċt an t-éiṫeaċ lom-noċtuiġṫe do ṫaḃairt daoiḃ féin. Do ḃuaiḋ ár Maiġistir-ne ar an saoġal so: do ḃásuiġ sé a loċta agus do ċeangail do'n ċrois iad. Dá ḃríġ sin, tá sé d'ḟiaċaiḃ orainn-ne aiṫris do ḋéanaṁ air ins an gComaoine; cuiṁneaṁ ar an gcoscair agus ar an nglan-ḃuaḋ rug sé; agus má ṁaireann an saoġal fós i n-ár gcroiḋṫiḃ, é do ṫeil-

[1] dlúṫ-ċoṁnáṁuiġṫe 'sa MS.: *forsitan* congnaṁaiḋṫe.

gean uainn gan ṁoill, d'eagla toraḋ mór-éadálaċ a ḃáis do ċailleaṁaint, nó a ṗáis d'aṫnuaḋḋan i n-ionad é 'ċraoḃsgaoileaḋ.

Fá ḋeóiḋ, aiṫrismíd báis Íosa Chríost leis an gComaoine, mar is é coiṁlíonaḋ ioḋḃarta na croiċe céasta é, agus ġeiḃmíd toraḋ agus tairḃe na hioḋḃarta sin ann. Aċt is é ní do-ḃeir ceart dlisteanaċ ḋúinn ċum toraḋ na croiċe céasta, agus mar sin ċum Comaoine, trosgaḋ agus tréaḋanas do ḋéanaṁ go ró-ṁinic; annró agus boċtaineaċt d'ḟulang go foiġideaċ; gaċ easonóir dá ḃfaġam do ṁaiteaṁ ó ċroiḋe, agus beaṫa inṁeaḋónaċ aiṫriġeaċ do ċleaċtaḋ. Fiafruiġim daoiḃ, créad é an ċóir ná an ceart atá ag an té ṁaireas i lár sáiṁe agus seasgaireaċta, lán do ṁórċúis agus d'uaḃar, agus é coṫuiġṫe le biaḋ agus le deoċ dá ḟeaḃas, é féin d'oileaṁain le feóil do céasaḋ ar ċrann scannalaċ na croise? A ċríostaiḋṫe, ċum siḃ féin d'oileaṁain go tairḃeaċ le feóil Íosa Chríost, ní mór d'ḃur mballaiḃ ḃeiṫ n-a mballaiḃ oireaṁnaċa ḋó-san; ní mór d'ḃur gcolnaiḃ ḃeiṫ cosṁail le n-a ċolainn sin. Aċt is colann ċéasta colann Mhic Dé, agus ní raiḃ ball dá ḃallaiḃ gan pianta niṁneaċa d'ḟulang. Dá ḃríġ sin, má ċuireann beagán anacra ná droċ-aṁantar saoġalta buaiḋreaṁ fós oraiḃ, muna dtréigiḋ siḃ ḃur ndroċ-ċoṁluadar, agus muna ndeanaiḋ siḃ mórán oibreaċ smaċtuiġṫe na colna, ní ṫiocfaiḋ liḃ ḃur gcuid fola agus feóla do ċoṁ-aontuġaḋ le feóil ṁasluiġṫe an Tiġearna, óir níl sé ceadaiġṫeaċ ag éinneaċ é féin d'oileaṁain le méiṫreas na talṁan so agus leis an arán neaṁḋa úd i n-éinḟeaċt, go díreaċ mar ċlann Israel, ag nár ṫúisge do ḃlaiseadar torṫa na talṁan tar éis teaċt ṫar teórainn tíre Chanaan dóiḃ, 'ná níor ṫuit an manna ċúca ní ba ṁó, agus ní

ḟuaradar an oileaṁain neaṁḋa sin ní ba ṡia: *defecitque manna postquam comederunt de frugibus terrae* (Iosua v. 12).

An Críoċnuġaḋ.

Ó, a Shlánuiġṫeóir ró-ṁilis, tá toraḋ na Comaoine Beannuiġṫe, nuair do-ġníṫear mar as cóir é, ċoṁ haoiḃinn, ċoṁ hiomadaṁail sin, naċ cás é do ṁoṫuġaḋ ná d'aiṫint do'n ċéad amas! Bíonn an t-anam do ġlacann tú mar as dual ċoṁ sgéiṁeaṁail, ċoṁ foirlíonta suas do ġrásaiḃ agus dod' ṁór-ṫioḋlaicṫiḃ, ar ċor, dá mbéimís gan éan-ċoṁarṫa eile againn ar olcas agus ar neiṁ-ḟiúntaċt ár gComaoine, aċt naċ mbraiṫimíd aṫarruġaḋ iomċair na beaṫaḋ dá ḟaoṫruġaḋ uaiḋ, nár beag dúinn é ċum náire, ċum criṫ-eagla do ḃeiṫ orainn. Nuair iṫimíd do ċuid feóla neartṁaire mar as dual do'n ḟíréan, bímíd 'n-ár gcoṁnaiḋe ionnat, agus tusa id' ċoṁnaiḋe ionainn: 'sé sin le ráḋ, go ḃfágḃann do ċuid Fola ró-uaisle, atá ag sileaḋ síos 'n-a sruṫánaiḃ sonais trí n-ár ḃféiṫeannaiḃ, na dúile céadna, an ċneasteaċt ċéadna, agus an aigneaḋ céadna ḃí agat féin ionainn, ionnas naċ mbíonn ionainn aċt do ṁacsaṁail féin, gur ró-ċosṁail sinn le ríoġ-ṫánaistíḃ, nó le hoiġriḋiḃ na fola ríoġḋa, 'n-ar ċóir go ḃfeicfiḋe 'n-ár ngnúis agus 'n-ár n-éadan íoġair[1] mórḋaċta, ag craoḃsgaoileaḋ ár n-uaisleaċta agus ár ndlúṫ-ċoṁḟogais leat; dá ḃríġ sin, go ḃfuil sé lán-oireaṁnaċ aigneaḋ uasal neaṁḋa do ḃeiṫ againn, agus gaċ aigneaḋ spadánta talṁaiḋe do ṫeilgean uainn, agus gan ár gcroiḋṫe ḃeiṫ fós dár dtarrang tríd an lataiġ, aċt iad d'árduġaḋ go móir-intinneaċ misneaṁail os cionn na gcréatúirí.

---

[1] aoir 'sa MS.

Nuair iċimíd do ċuid feóla mar as dual, múineann tú ḋúinn cionnas do ṁairfimís ar do ṡon, agus cionnus a ṁairfimíd tríot go síorraiḋe. Giḋeaḋ, tar 'éis sin uile, créad é an ċiall go mairimíd níos mó do'n tṡaoġal cailleaṁnaċ so, dá réim agus dá raċtmas, d'aoibneas agus d' ollṁaiṫeas na beaṫaḋ, ar son ár gcloinne, ár ndaoine muinnteardha, agus ár gclann-ṁaicne, agus gan fiú na leaṫ-uaire 'san ló do ċaiṫeaṁ ar do ṡon-sa?

Aċt fiafruiġim díot mar sin, a Thiġearna, cad as cóir ḋúinn do ḋéanaṁ? An é druideaṁaint siar ód' Chorp Naoṁṫa, milseaċt na beaṫaḋ críostaṁla do ṫréigean, agus gan lón marṫannaċ na gcompórd doi-ċríoċnuiġṫe do ḃlaiseaḋ feasta arís? Ó! ní heaḋ go fírinneaċ a Íosa! Ní hé sin do ċoṁairle ḋam. Ní hé sin ba ṁeaḃair leat, nuair do ċeap tú do Chorp Naoṁṫa mar Shacramaint, agus mar Aifrionn coṁnuiġṫeaċ ag d'eaglais. Níor ṁeaḃair leat, go dtréigfimís mar sin tú, aċt ba ṁaiṫ leat go n-ullṁuiġmís sinn féin ċum tú 'ġlacaḋ. Níor ṁeaḃair leat arán do ċlainne toġṫa d'éimeaċtain orainn, aċt ba ṁaiṫ leat, naċ gcuirfeaḋ ár malluiġṫeaċt d'ḟiaċaiḃ ort damaint ḟíorraiḋe do ṡíneaḋ ċuġainn id' ionad féin.

Ullṁuiġ, a Thiġearna, dá ḃríġ sin, ullṁuiġ i meaḋón ár gcroiḋṫe ionad coṁnuiġṫe ḋuit féin; míniġ na hárdáin; díriġ na caim-ḃealaiġ; cóiriġ ár miangasa; smaċtuiġ ár ndroċ-ċlaonta; agus cruṫuiġ ionainn smuainte nua. Agus, ó's tusa aṁáin le n-ar féidir sliġe sonais d'ullṁuġaḋ roṁat féin, deónuiġ beiṫ id' réiṁ-ṫeaċtaire agat féin, agus líon suas ár n-anamna dod' Spiorad agus dod' ġrásaiḃ, do-ċum go mb'ḟiú sinn do Chorp Naoṁṫa do ġlacaḋ, agus

maireaċtain id' ḟoċair ins na flaiṫeasaiḃ i gcoṁluadar na Naoṁ is na nAingeal le saoġal na saoġal!—beannaċt ṁarṫannaċ iarraim daoiḃ-se is dam féin i n-Ainm an Aṫar agus an Mhic agus an Spioraid Naoiṁ. Amen.

An ficeaḋ lá do ṁís xber, 'san mbliaḋain 1767,
⁊ an C aṫraṁaḋ Doṁnaċ do'n Aiobint.

Seaġan Ó Connaire.

Seanmóir a Trí.

An bheaṫa shíorraiḋe.[1]

(Soisgéal do'n Ḋoṁnaċ tar éis Lá na dTrí Ríġṫe.)

Quid est quod me quaerebatis? Nesciebatis quia in his quae patris mei sunt, oportet me esse?

Créad an fáṫ 'n-ar loirgeaḃar mé? Naċ raiḃ 'ḟios agaiḃ gurab éigean dom ḃeiṫ cúramaċ timċeall gnóṫa m'aṫar? (Briaṫra léiġmid ag Naoṁ Lúcás Soisgéalaiḋe, an dara caibidil, agus an naoṁaḋ rann tar éis an dá ḟiċid).

CRÉAD an ḟoġlaim í sin ar ar laḃair Íosa Críost indiu i measg doċtúirí an dliġiḋ? An n-í foġlaim riaġaluiġṫeóirí glioca amaraċ an tsaoġail seo, do ċuireas bréigrioċt ar an uile níḋ ċum a n-intinn agus a miana neiṁ-ḋlisteanaċa do ṫaḃairt ċum críċe? Ní hí, a ḋearḃráiṫreaċa, óir deiṁniġeann an Slánuiġṫeóir gráḋṁar dúinn, muna dtigmid ċum ḃeiṫ bog simpliḋe, ar nós na leanḃ, naċ n-áitreóḃamuid go bráṫ ríoġaċt na ḃflaiṫeas. An n-í foġlaim, nó ealaḋa, sinn féin do ḋéanaṁ saiḋbir 'san tsaoġal so? Ní hí, óir ní aḋmálann Íosa Críost do ṡaiḋḃreas 'san tsaoġal so aċt na grása agus an ġlóir ṡíorraiḋe. An n-í foġlaim sinn féin d'árduġaḋ ċum onóra agus áird-ċéime, ċum ár n-ainṁiana do ṡásaṁ? Ní hí, óir is é roinn ḋeisciobail Íosa Chríost an uṁlaċt fá leiṫ. Leis sin, créad í an ḟoġlaim ar ar laḃair sé i measg na ndoċtúirí? Atá, a ḋearḃráiṫreaċa, foġlaim na Naoṁ, réir Ḋé do ḋéanaṁ ċum áird-ċéime 'ṫuilleaṁ 'sa ḃflaiṫeas. Seo í an ḟoġlaim atá d'ualaċ ar ḟeirḃís-eaċaiḃ an Teampaill do ṫeagasg do na fíréanaiḃ, nó

---

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 147-68.

do na críostaiḋiḃ ċum aiṫeanta Íosa Chríost do ċoiṁlíonaḋ. Is í an ḟoġlaim seo an ṁór-obair le n-a raiḃ a intinn féin líonta ó n-a ċliaḃán, mar is soiléir so-ṫuigse ó'n ḃfreagra ṫug sé ar a Mháṫair Bheannuiġṫe, agus do ġníḋeas príoṁ-áḋḃar an teagaisg seo.

Ní raiḃ 'n-a ḃás agus 'n-a ḃeaṫaiḋ aċt an uile ṁeaḋón ċum sláinte ṡíorraiḋe an ċiniḋ daonda do ḟaoṫruġaḋ. Ag seo an níḋ céadna ar ar mian liom tráċt liḃ i dteagasg an lae indiu: 's é sin le ráḋ, gurab í an ḃeaṫa ṡíorraiḋe do ḟaoṫruġaḋ an obair is táḃaċtaiġe agus is suimeaṁla 'san doṁan, ar a dtráċtfad 'san gcéad roinn dom' ċoṁráḋ. 'San dara háit, naċ ḃfuil obair 'san doṁan, ag laḃairt go coitċeann, is mó curṫa i ḃfailliġe 'ná í. Leis seo cuirfiḋ mé síos so-ṁeaḋóin ċum mór-oibre na sláinte síorraiḋe do ḟaoṫruġaḋ: sin iad na neiṫe ar a dtráċtfad 'san dara roinn. Aċt ċum go mb'ḟéairrde ṫiocfaḋ liom an teagasg so do ċur i gcéill daoiḃ, agus ċum gur móide raċaḋ sé ċum glóire Dé agus leasa anma gaċ n-aon dá ḃfuil do láṫair, guiḋeamaoid caḃair an Spioraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Glórṁaire Muire ag ráḋ Fáilte an Aingil, ⁊rl.

An Chéad Roinn.

Tá dá ċáiliḋeaċt ann go prionnsapálta do ṫaisbeánas táḃaċt agus suimeaṁlaċt éin-níḋ .i. a riaċtanas agus a ṁaiṫeas; agus seo an dá ċáiliḋeaċt oireas go hiomḟlán d'obair na sláinte síorraiḋe, óir ní heaḋ aṁáin gurab í an tṡláinte ṡíorraiḋe obair is riaċtanaṁla is féidir le duine do ḃeiṫ aige, aċt fós gurab í an éan-obair is riaċtanaċ í.

Múineann Íosa Críost féin an níḋ seo ḋúinn ar ṁoḋ ró-ċorruiġṫeaċ. D'imṫiġ sé tráṫ go teaġlaċ an dias deirḃṡeaṫraċ .i. Marta agus Madailéin. Do ḃí intinn agus aigneaḋ Mhadailéin go hiomḟlán ar ċoṁráḋ le n-a Maiġistir Naoṁṫa, agus ar éisteaċt le n-a ḃriaṫra agus le n-a ġuṫ ḃeannuiġṫe, an feaḋ do ḃí a deirḃṡiúr cúramaċ ag gléas féasda do'n té do-rigne d'onóir ḋi teaċt dá fiosruġaḋ. Ní raiḃ ó Mhadailéin, mar adeir San Aiḃistín linn, aċt í féin d'oileaṁaint leis an arán .i. leis an mbeaṫaiḋ neaṁḋa do roinn sé go fairsing fiúnta, an áit naċ raiḃ ó n-a deirḃṡiúir aċt beaṫa ⁊ oileaṁain ċorporḋa do ṫaḃairt do'n té ḃeireas oileaṁain agus beaṫa do ċréatúiriḃ an doṁain le ċéile. Nuair do-ċonnaic Marta an duaḋ agus an trioblóid do ḃí uirri féin ag ullṁuġaḋ beaṫaḋ dá deóraiḋe, do ġearán sí naċ raiḃ a deirḃ-ṡiúr ag taḃairt congnaiṁ ar biṫ ḋi, agus gur ḟág sí an duaḋ go hiomḟlán uirri féin.

An deóraiḋe .i. Íosa Críost, a ḃfad ó n-a páirt do ġlacaḋ, d'ḟreagair í ins na briaṫraiḃ iongantaċa so, nár ċeart dúinn do ḋearmad go bráṫ: 'A Mharta, a Mharta (ar sé) do-ḃeir tú an iomarca duaiḋ ⁊ trioblóide ḋuit féin i mórán neiṫe; giḋeaḋ, bíoḋ 'ḟios agat naċ ḃfuil aċt éin-níḋ aṁáin riaċtanaċ. Rug do ḋeirḃṡiúr Madailéin, ar a ḃfuilir ag gearán ⁊ ag taḃairt milleáin, an roġa as fearr—roġa naċ gcaill fiḋ sí agus naċ mbainfear ḋi go bráṫ.' (Lúcás x 41, 42).

Cad is dóiġ liḃ, a ḋearḃráiṫreaċa, do'n ḃreiṫeaṁnas soin an tSlánuiġṫeóra, nó cad é an breiṫeaṁnas do-ḃéarfaḋ siḃ ar a leiṫéid d'ócáid? Nár ḋóiġ le duine go raiḃ iomċur Mhadailéin mí-ḃéasaċ, neaṁ-ṁúinte; ar an dtaoiḃ eile, go raiḃ iomċur Mharta

ionnraic oireaṁnaċ, ag déanaṁ na hoibre as mó ar an talaṁ .i. ag déanaṁ a díċill ar Shlánuiġṫeóir an doṁain do ġlacaḋ 'n-a teaġlaċ mar ba ċuiḃe? Ar a ḟon soin, ṫug Íosa malairt breiṫeaṁnais ar an níḋ. Ní ḋéanann Críost aċt neiṁníḋ do ġníoṁarṫaiḃ fóir-imeallaċa saoġalta i gcomparáid d'éan-nóiméad aṁáin i n-obair na sláinte síorraiḋe.

Ní raiḃ 'n-a nduḃairt an Slánuiġṫeóir beannuiġṫe an uair sin, aċt sír-leanṁaint a ḃeaṫaḋ agus a ṁian ċum sláinte síorraiḋe an ċiniḋ daonda. Ar an uile ócáid ṫigeas 'n-a ḟliġiḋ, taisbeánann sé gurab í sin an éan-obair as riaċtanaċ. Má iarrann an diaḃal air, na cloċa d'iompoḋ 'n-a n-arán ċum ocrais do ṡásaṁ, mar a léiġmid ag Maṫa Soisgéalaiḋe, an ceaṫraṁaḋ caibidil (3 rann), freagrann é, naċ é an t-arán aṁáin beaṫa an duine, aċt focail ḃeannuiġṫe Dé. Má iarraid a ḋeisciobail air, oileaṁaint do ġlacaḋ tar éis riain ḟada, mar a léiġmid 'san gceaṫraṁaḋ caibidil do Naoṁ Eóin Soisgéalaiḋe (31 rann), freagrann iad go ḃfuil beaṫa eile ró-neaṁ-ċosṁail leis an mbeaṫaiḋ sin do ṫaisgid dó .i. toil a Aṫar do ċoiṁlíonaḋ, ag oibriuġaḋ sláinte síorraiḋe an ċiniḋ daonda. Do b'é sin bun agus críoċ a ṡaoġail uile, agus ċuige sin do ṫuirling sé ó na Flaiṫis. Is ċuige sin do ġlac sé colann daonda air. Má ġníonn teagasg, má ġníonn míorḃail, má ġníonn trosgaḋ, má ġníonn urnaiġṫe, má imṫiġeann ar feaḋ an doṁain ag craoḃsgaoileaḋ an tSoisgéil, is ċum na críċe céadna é. Is ċuige sin, adeirim, d'ḟulaing sé páis ⁊ bás, ionnus go raiḃ a oideas nó a ṫeagasg agus a ġníoṁarṫa d'éan-náḋúir. Ar uairiḃ adeir sé naċ ḃfuil maiṫeas do'n duine an doṁan uile do ḃuaḋċan má ċailleann sé a anam féin, mar a léiġmid ag Maṫa Soisgéalaiḋe 'san seiseaḋ

caibidil déag: "*Quid enim prodest homini si mundum universum lucretur, animae vero suae detrimentum patiatur?*" ⁊rl. (r. 26).

Ar uairiḃ eile coṁairliġeann a ḋeisciobail, agus na fíréin uile 'n-a bpearsain, fíoċ nó coiṁéigean do ḋéanaṁ orra féin ċum ríoġaċt na ḃflaiṫeas do ṫuilleaṁ. Gríosann iad, spreagann iad, déanann an uile níḋ ċum a ċur d'ualaċ orra íoḋbairt do ḋéanaṁ dá gcuid do'n tṡaoġal, dá saiḋḃreas, dá n-aoiḃneas, dá sláinte agus dá ngradam, i n-éan-focal dá mbeaṫaiḋ, ċum na mór-oibre sin na sláinte. Seo an níḋ ċialluiġeas na somplaí nó na cosaṁlaċtaí 'n-a ḃfuil an Soisgéal tuilte, agus an t-ionnṁas foluiġṫe; seo, adeirim, níḋ nać fuláir a ċeannaċ ar ċostas a ḃfuil againn 'san tṡaoġal, dá ċeanaṁlaċt.

Do ṫuigeadar na Naoiṁ go sár-ṁaiṫ intinn an árd-riaġluiġṫeóra agus do leanadar a ṡompla. Créad nać ndearnadar ċum an aoiḃnis agus na háird-céime 'n-a ḃfuil siad indiu do ṫuilleaṁ agus do ṡaoṫruġaḋ dóiḃ féin? Chum a ċur i dtuigsint daoiḃ mar baḋ ċóir, níor ḃ'ḟuláir a ngníoṁarṫa iongantaċa do ċur os ḃur gcoṁair, mar atá a gcaṫaiḋe, a mbuaiḋreaṁ, a n-aiṫriġe, a dtrosgaḋ agus a dtréaḋanas, a neaṁ-ṡuim 'san tṡaoġal, a ndiúltaḋ iomṡlán do'n uile níḋ ċuirfeaḋ compórd orra 'san tṡaoġal so, mar atá onóir, aiteas, saiḋḃreas; agus, níos mó 'ná sin go léir, an céasaḋ inṁeaḋónaċ agus an diúltaḋ ṫugaḋ dóiḃ féin, an buaḋ iomṡlán rugadar ar ainṁianaiḃ na colna agus na nádúire.

Do ċaiṫ cuid aca a mbeaṫa ar nós na ndaoine ḃfiaḋain, agus do ċoṁnuiġeadar trí fiċid bliaḋan 'san ḃfásaċ i measg na mbeaṫaiḋeaċ n-éigciallta—agus sin go léir ċum a gCruṫuiġṫeóra do ṡealḃuġaḋ lá eile. Do ṫréigeadar an ṁuinnter so a maoin, a

saiḋḃreas, a n-óir-ċiste, agus a ngrianáin ró-áilne, ró-ṁaiseaṁla. Do ḋiúltuiġeadar coróineaċa agus riaġluġaḋ críoċ. Do ṫréigeadar an raċtmas do b'aoirde agus do b'onóraiġe. Cuid eile ṫug suas iad féin do na pionósaiḃ agus do na peannaidiḃ ba ġonta agus do b'uaṫḃársaiġe. D'ḟuilingeadar go buain-ṫseasṁaċ an uile sórt báis ⁊ páise, dá ċruaḋálaiġe agus dá uaṫḃársaiġe, ċum coróin na síorraiḋeaċta do ḟaoṫruġaḋ agus do ṫuilleaṁ. Cad ċuige ar ḟulaing Naoṁ Laḃrás é féin do ḋóġaḋ nó do losgaḋ ar ġreidil le laig-ṫeine? Cad ċuige ar ḟulaing Naoṁ Parṫolán an croiceann do ḃuaint de 'n-a ḃeaṫaiḋ? Naċ ċum na beaṫaḋ síorraiḋe do ḋeiṁniuġaḋ dóiḃ féin? Ní ḋearnadar aċt neiṁníḋ d'olc agus do ṁaiṫeas an tsaoġail seo i gcomóraḋ d'olc agus do ṁaiṫeas na síorraiḋeaċta.

Indiu féin, cá ṁéad fear agus bean ḋruideas iad féin suas i mainistreaċaiḃ agus i dtiġṫiḃ riaġalta ċum na colna do smaċtuġaḋ? Ag trosgaḋ gaċ uile lá, ag obair gan sosaḋ, ag ráḋ agus ag seinm na hOifige Beannuiġṫe do ló ⁊ d'oiḋċe; i n-éan-ḟocal, ag fulang agus ag gaḃáil tré gaċ cruaḋáil, dá ṁéid agus dá ṫrioblóidiġe. O! a ṁuinntir úd do ċaiṫeas sólás agus aiteas an tsaoġail seo, cionnas ar dóiġ liḃ an luaċ saoṫair céadna d'ḟaġḃáil, do-ġeiḃid na seirḃísiġ seo an Tiġearna do ċuireas síor-ċogaḋ orra féin, an feaḋ ḃíonn siḃ-se ag lorg agus ag caiṫeaṁ an uile níḋe ċum sásaiṁ agus compóird do ċur oraiḃ, agus ag séanaḋ agus ag seaċaint gaċ uile ċruaḋála agus trioblóide, dá laiġead.

Ní beag dúinn ciall nádúrṫa agus gnáiṫ-eólas ċum a ċur 'n-a luiġe orainn féin cad é ċom riaċtanaċ agus atá obair na sláinte síorraiḋe. Naċ ḃfuil 'fios againn

uile, agus naċ ḃfeicmiḋ gaċ éan-lá, naċ ḃfuil i ngnóṫaiḋe an doṁain le ċéile aċt neiṁníḋ i gcomparáid do'n obair sin ar slánuiġṫe? Bíoḋ go dtiocfaḋ duine ċum an ḟortúin as aoirde, agus ċum na honóra agus ċum na caiṫréime as mó 'san doṁan; bíoḋ go dtiocfaḋ duine ċum a ḃeiṫ 'n-a ṗápa, 'n-a impire, nó 'n-a ríġ; bíoḋ, adeirim, go dtaḃarfaḋ an saoġal urraim agus ḟómós dó; fós, go n-aḋraidís é mar ḋia ar an talaṁ; bíoḋ, leis sin go léir, go ḃfuil an tsláinte as fearr 'san doṁan aige, créad 'n-a gcríoċnuiġeann soin uile? Críoċnuiġeann 'san uaiġ.

A ċríostaiḋṫe, tiocfaiḋ an ceann céadna d'iomċar, nó ar a ḃfuil an ċoróin ríoġḋa ċum a ḃeiṫ 'n-a áitreaḃ ṗiast. Tiocfaiḋ an ċolann ċéadna tugaḋ suas ċoṁ hiomarcaċ ċoṁ galánta soin, ċum a ḃeiṫ n-a ḃeaṫaiḋ do ṗiastaiḃ aḋḟuaṫṁara gráineaṁla. Cá ṁéad duine ċonnacamar dá n-iomlait féin a saiḋḃreas, agus ó nár ṫeastuiġ ní ar doṁan ċum a saoġail agus a mbeaṫaḋ do ċaiṫeaṁ go sólásaċ? Naċ ḃfuaradar uile bás? Nár ḟágḃadar a saiḋḃreas ag daoiniḃ eile dá ndéis? Éiriġ agus tósdáil, nó féaċ an tuamba nó an uaiġ 'n-ar cuireaḋ iad. Cad do-ġeiḃeann tú ann, aċt piasta agus dreóiḋteaċt agus bréantas? Tá drong daoine ann naċ ḃfuil 'n-a mbeaṫaiḋ aċt aiteas, aoiḃneas, agus caiṫeaṁ aimsire. Aċt cionnas soin go léir? Críoċnuiġeann mar seo, a ḋearḃráiṫreaċa; tiocfaiḋ an galar agus an t-éagcruas i ndiaiḋ na deaġ-ṡláinte; an trom-aois agus an ásraċt i ndiaiḋ na mire agus na hóige; golán, osnaí ⁊ dobrón i ndiaiḋ an aitis agus na meanman; pianós ⁊ pianta i ndiaiḋ an ċaiṫeaṁ aimsire.

Do ċaiṫ a lán do'n tṡaoġal mórán do'n tsaoġal ar ḃainsiḃ ⁊ ar ṗórtaiḃ le hiliomad aitis ⁊ aoiḃnis,

agus cad do ḃí dá ḃárr aca lá ar n-a ḃáireaċ? Cad a ḃéas aca, adeirim, lá a mbáis do ḃárr na bpléasúr ⁊ na gcaiṫeaṁ aimsire mí-riaġalta cionntaċ dá dtugadar iad féin ar feaḋ a mbeaṫaḋ, muna mbéaḋ doilġeas ró-ṁór, sgrupail ionganta coguḃais, nó, do b'ḟéidir, éadóċas iomlán uaṫḃásaċ? Abramaoid arís le hÍosa Críost: 'cad é an tairḃe do'n duine, an doṁan uile do ḟealḃuġaḋ agus 'ainṁiana do ṡásaṁ ar feaḋ beagáin aimsire, má ċailleann sé a anam féin, agus má ċíonn sé é féin daorṫa ċum pianta ifrinn d'ḟulang ar feaḋ na síorraiḋeaċta.'

Créad é an tairḃe do'n duine ḟaiḋḃir, ar a léiġmid 'san séaṁaḋ caibidil déag do Naoṁ Lúcás, feaḃas an bíḋ agus na diġe do ḃí aige i riṫ beagáin aimsire 'san tsaoġal so, agus go mbéiḋ ag fulang tarta ⁊ ocrais an luċt damanta ar feaḋ na síorraiḋeaċta? Créad an maiṫeas do ṁórán daoine an saiḋḃreas agus an fortún do-rigneadar ar ċostas a gcoguḃais, na hoiġriḋe sonaiḋe sásta d'ḟágadar 'n-a ndiaiḋ, ó tá siad féin caillte gan gairm tar a n-ais? Cad é an maiṫeas dúinn a nglacamaoid orainn 'san tsaoġal so do ġnóṫaiḃ agus do ċúram, do ḋuaḋ agus do ṫrioblóidiḃ, ó's éigin dúinn iad uile d'ḟágḃáil 'n-ar ndiaiḋ i ḃfír-ḃeagán aimsire ċum imṫeaċt go hionad ár mbuan-ċoṁnaiḋe? Is cuma ḋúinn ar feaḋ ár n-aimsire 'san tsaoġal so, cia aca a ḃéiḋmid boċt nó saiḋḃir, lag nó láidir, go maiṫ nó ar ḋíṫ sláinte, ó's éigin dúinn fá ḋeireaḋ ár gcoinġeall d'aisṫriuġaḋ, agus fanaṁaint go bráṫ 'san gcoinġeall 'n-a mbéiḋmid ar an móiment déiḋeanaċ dár saoġal; 'sé sin le ráḋ, sáḃálta nó damanta. Bíoḋ gur ṁair duine céad bliaḋan, go raiḃ a raċtmas buain-tsearṁaċ mar aon le n-a ċáirdiḃ uile agus le n-a ġaoltaiḃ; bíoḋ go

ḃfaca a ċlann i ngradam ⁊ i n-onóir, cionnas d'ḟéaċfaḋ sé orra so go léir ar leabaiḋ a ḃáis agus ar an mbuille ċum an ṗuiṫ ḋéiḋeanaiġ do ċur amaċ? Ar so, a ḋearḃráiṫreaċa, is follus naċ ḃfuil 'san tṡaoġal so aċt suaraċas agus buaiḋreaḋ aigniḋ, do réir agaill an Spioraid Naoiṁ, agus naċ ḃfuil aċt éin-niḋ aṁáin riaċtanaċ ⁊ do ṫuilleas ár n-aire ⁊ ár n-imṡníoṁ; 's é sin obair na sláinte síorraiḋe, do ḃríġ gurab í an tṡláinte ṡíorraiḋe gan comóraḋ obair as mó 'san doṁan.

Tá dá ṁoḋ ċum luaċ éan-tṡaoṫair d'ḟaġḃáil amaċ, 's é sin, an meas nó an breiṫeaṁnas a ḃíos ag luċt 'aiṫeanta air, agus na fiaċa do ċuirid siad 'n-a ċeann; óir ċum luaċ nó fiaċa earraiḋ ar doṁan d'ḟaġḃáil amaċ, ní fuláir coṁairle d'iarraiḋ ar luċt 'aiṫeanta agus a ṫuigseana. Cuir péarla cloċ-luaċṁar i measg blúireaċ criostail nó gloine do'n ḟuirm agus naċ mór do'n daiṫ ċéadna, agus taḃair a roġa do ḋuine naċ ḃfaca riaṁ roiṁe sin a leiṫéidí. Bhéarfaiḋ roġa ar nós an daill. Tógfaiḋ sé blúire do'n ġloine naċ fiú piġinnín ċoṁ luaṫ leis an bpéarla as fiú míle púnt. Mar an gcéadna do'n tṡaoġal i dtaoiḃ oibre na sláinte síorraiḋe, an péarla sin an tSoisgéil naċ féidir fiaċa do ċur 'n-a ċeann.

Leis sin, a ḋearḃráiṫreaċa, iarramaoid coṁairle ar Íosa Críost agus ar na naoṁaiḃ i dtaoiḃ luaċ ⁊ fiaċa na sláinte síorraiḋe. Fiafruiġmíd créad aduḃradar air. Léiġeamaoid an Soisgéal agus sgríḃinn na nAiṫreaċ Naoṁṫa; ⁊ 'n-a ḋiaiḋ sin, féaċamaoid cionnas mar ċeannuiġeadar an ġlóir agus an t-aoiḃneas 'n-a ḃfuilid indiu, agus cad ṫugadar uaṫa 'n-a n-áit. Thug an taoiseaċ .i. Íosa Críost, é féin suas ċum báis, agus do ḋoirt an braon déiḋeanaċ dá ċuid

fola ċum sláinte ṡíorraiḋe na n-anam do ḟaoṫruġaḋ. Ṫugadar na Naoiṁ uaṫa, mar an gcéadna, a raiḃ aca; do-rigneadar iodḃairt díoḃ féin ċum na críċe céadna do ṫuilleaṁ ḋóiḃ féin.

Anois, a ċríostaiḋṫe, do ḃríġ go ndearna Íosa Críost an oiread soin ċum ár sláinuiġṫe ⁊ ár sáḃála, cad nár ċóir ḋúinn do ḋéanaṁ 'n-ár gcúis féin, agus ċum ár maiṫeasa féin? Aċt ċum go mb'ḟeáirrde ṫiocfamaois ċum ár sláinte ṡíorraiḋe do ḟaoṫruġaḋ, cuirimíd í go fóill le gnóṫaiḋe eile an tṡaoġail seo. Créad do ḋéinid na daoine ar an saoġal so? Múineann, a ḋearḃráiṫreaċa, an Fáiḋ Ísaias dúinn é 'san naoṁaḋ caibidil déag tar éis an dá-fiċid (r. 5), mar a n-abair sé: *Telas araneae texuerunt* .i. 'Ní ḋéinid aċt sranga nó neadraċa daḃáin-alla,' 's é sin le ráḋ, neiṁní ⁊ suaraċas. Créad í críoċ taisdil imiġcéiniġ ar ḟairrge, tráċdáil ceannaiḋṫe, alluis luċt' oibre ⁊ ceárdaiḋṫe? Atá neadraċa daḃáin-alla do ḋéanaṁ. Créad í críoċ an raċtmais ar aoirde, na bpósaḋ ar áġṁaraiġe? Ní'l aċt neada daḃáin-alla 'ḋéanaṁ. Leis sin, a ċríostaiḋṫe, gaḃamaoid do láiṁ an obair ṫairḃeaċ ḃuain-ṫseasṁaċ úd ná téiḋ ar gcúl go bráṫ. Cruinniġmíd lón ⁊ saiḋḃreas i gcoṁair na síorraiḋeaċta, do réir oidis ⁊ coṁairle Íosa Ċríost 'san seaṁaḋ caibidil do Ṁaṫa Soisgéalaiḋe (r. 20), mar a n-abair: "*Thesaurizate autem vobis thesauros in coelo; ubi neque aerugo, neque tinea demolitur,*" ⁊rl. Seo é, a ċríostaiḋṫe, an óir-ċisde agus an saiḋḃreas naċ n-iṫeann an ṁeirg ⁊ naċ féidir le buaċaillíḃ díoṁaoine do ḃreiṫ leó, nó ċum siuḃail. Dá ḃríġ sin, a ḋearḃráiṫreaċa, tugamaoid dí-ṁeas agus tarcuisne do neiṫiḃ suaraċa díombuana an tṡaoġail seo. Smuaineamaoid naċ ḃfuil ionnta aċt sgáṫ; ná déanamaois aiṫris ar

na daoinib mí-ḟortúnaċa mí-áġṁaraċa so d'ḟéaċas ar obair a sláinte síorraiḋe mar an obair ḋéiḋeanaċ, ní ar ar ġeallas tráċt 'san dara roinn.

An Dara Roinn.

Chum a ċruṫuġaḋ agus a ċur i gcéill daoiḃ gan contaḃairt, naċ ḃfuil ní ar an saoġal as mó curṫa i ḃfaillíġe ná obair na sláinte síorraiḋe, nó fós, gurab í an éan-obair cuirtear i ḃfaillíġe í, ní ḟuil agaiḃ, a ḋearḃráiṫreaċa, aċt féaċaint ar iomċur na ndaoine; óir cuarduiġiḋ an uile aois agus an uile ċineál, idir ḟear ⁊ ṁnaoi, an uile ċoinġeall agus sliġe ḃeaṫaḋ, do-ċífiḋ siḃ go mbéiḋ uaṫḃás ⁊ iongantas oraiḃ tríd an neaṁ-ṡuim do-ḃeirid siad i n-obair a slánuiġṫe, agus an déine ⁊ an dúṫraċt le n-a ndéanaid siad a ngnóṫaí eile go léir.

Fiafruiġim daoiḃ an ḃfuil éan-duine i n-ḃur measg, le n-a mb'ḟéidir a ráḋ le fírinne, go ndearna sé dá anam féin i gcoṁair oiġreaċta na ḃflaiṫeas, an ċéadṁaḋ ċuid dá ndearna sé dá ċolainn ⁊ dá ṁaoin saoġalta. Ḃun-os-cionn leis sin, fóiríor! atá mórán agaiḃ, do ġlac oraiḃ féin an oiread, nó b'ḟéidir níos mó duaiḋ, cúraim agus trioblóide i dtaoiḃ neiṫe ndíombuan an tsaoġail seo, 'ná do ġlacadar na Naoiṁ as mó orra ċum iad féin do ḋeiṁniuġaḋ do ċisde ⁊ do ṁaiṫeas bioṫ-ḃuan na síorraiḋeaċta.

Ag sin dá níḋ as fonn liom do ċruṫuġaḋ ḋaoiḃ go diongṁálta; agus ċum a suiḋeaċan daoiḃ, ní iarrfaiḋ mé mar ḟiaḋnaise aċt ḃur gcoguḃas, ḃur dtuigsint agus ḃur ngnáiṫ-eólas féin. Féaċamaois anois créad do-rigneamar ⁊ créad do-ġníd daoine gaċ éan-lá i dtaoiḃ a ngnóṫaiḋe saoġalta. Áirṁiġmíd an aimsir do ċaiṫ daoine ar obair ḋuail ṁarḃṫaiġ; an t-imṡníoṁ ⁊ an

cúram do ġlacaid siad orra féin ċum cúis dliġiḋ do ḃuaḋċan, ċum a saiḋḃris do ṁéaduġaḋ ⁊ ċum dul ar a n-aġaiḋ ins gaċ níḋ ċuirid siad rómpa, bíoḋ sé ceart nó ainċeart; an gliocas náireaċ ⁊ an teilgean beart do ḋéanaid siad ċum iad féin do ṡaoraḋ, nó do ṫarraing fá ṁaise, ó ḋroiċ-ġníoṁ éigin i n-a raḃadar cionntaċ. Agus mar sin, i n-éan-ḟocal, cia ḟéadfaḋ cuiṁneaṁ ar a ndéinid agus ar a ḃfuilingid siad mar ġeall ar ḟeaḃraod nó ar neiṁníḋ, ar ḋorn créafóige, ar ġal beag onóra, ⁊ mar ġeall ar neiṫiḃ eile meall-taċa díombuana an tṡaoġail seo?

Ar an dtaoḃ eile, a ḋearḃráiṫreaċa, féaċaiḋ créad do-rigneaḃar féin, ⁊ créad do ḋéanfas urṁór an doṁain ċum na mór-oibre sin na síorraiḋeaċta. B'ḟéidir go ndéarfaiḋ siḃ liom go n-abarṫaoi ḃur n-urnaiġṫe ag luiġe ⁊ ag éirġe ḋaoiḃ, go n-éisteann siḃ Aifreann Doṁnaiġ ⁊ lae saoire, go ndéanann siḃ so-laeṫeanta trosgaiḋ; go ndéintí déirc ⁊ deaġ-oibreaċa eile. B'ḟéidir go ḃfuil sin fíor; ar a ṡon soin, tá 'ḟios agaiḃ ċoṁ maiṫ liom-sa go ḃfuil mórán críostaiḋṫe naċ ndéanann éin-níḋ ḋíoḃ so go léir. Bíoḋ go ḃfuil cuid do na fíréanaiḃ do ċoiṁlíonas na dualgais seo. 'S í an ċeist, cionnas do ċoiṁlíonaid iad, óir naċ milltear urṁór na n-urnaiġṫe le buaiḋreaḋ ⁊ le mearuġaḋ intinne? Ná masluiġṫear ⁊ ná truailliġṫear Sacraimint Ḃeannuiġṫe agus tobar na ngrás? Naċ dtugaid na hoibreaċa as beannuiġṫe ⁊ as fearr ionnta féin ċum ḃeiṫ díoṁaoin mar ġeall ar an droiċ-intinn le n-a ndéantar iad? Agus dá sgrúdfaiḋe iad go fírinneaċ, cá ṁéad aca do ṫuill an ḃeaṫa ṡíorraiḋe? Aċt adéarfaiḋ siḃ fós liom, naċ í toil Dé ḋéanas duine ⁊, dá ḃríġ sin, obair a ṡlánuiġṫe, nuair a ḃeireas aire dá ġnóṫaiḃ

saoġalta ⁊ do ċoiṁlíonas go dúṫraċtaċ dualgais a ḟliġeaḋ ḃeaṫaḋ? Tá soin fírinneaċ, agus múineann an tEaspal, Naoṁ Pól, dúinn é i mbriaṫraiḃ fuinneaṁla 'n-a ċéad litir ċum na gCoirintíneaċ, an deaċṁaḋ caibidil (r. 31): *Sive ergo manducatis, sive bibitis, sive aliud quid facitis: omnia in gloriam Dei facite* .i. 'má's ag iṫe ḋaoiḃ, má's ag ól daoiḃ, má's ag obair ar biṫ eile ḋaoiḃ: déanaiḋ na huile do-ċum glóire ⁊ onóra Dé, agus tuillfiḋ siḃ luaċ d'ḟaġḃáil,'—coinġeall atá ċoṁ riaċtanaċ soin, a ḋearḃráiṫreaċa, naċ ḃfuil aċt neiṁníḋ ⁊ díoṁaoineas i ngnóṫaiḃ an doṁain i n'iongnais.

Féaċaiḋ, a ċríostaiḋṫe, ar ḃ'é so bun ⁊ críoċ ḃur n-oibreaċ. Munar ḃ'é, ní raiḃ aċt díoṁaoineas 'n-ḃur meaḃair. Féaċaiḋ ar loċtaiḃ ḃur mbeaṫaḋ d'imṫiġ ṫaraiḃ, cá liaċt uair do ḃriseaḃar dliġe Dé? Cá liaċt uair do ċuireaḃar i ḃfailliġe na hoibliogáidí ba ṁó ⁊ ba riaċtanasaṁla? Cá liaċt smuaineaḋ, focal ⁊ gníoṁ coirṫeaċ mí-riaġalta 'n-a raḃaḃar ciontaċ? Cá ṁéad lá ⁊ uair do ċaiṫeaḃar go holc agus i n-oibreaċaiḃ an dorċadais? I n-éan-ḟocal, áirṁiġiḋ ṫaraiḃ, má's féidir liḃ, gaċ uile ṁóimeant dá ḃur mbeaṫaiḋ, ⁊ féaċaiḋ cá ṁéad do ċaiṫeaḃar ḋí i n-obair ḃur slánuiġṫe? Do ċaiṫeaḃar cuid di i gcodlaḋ neiṁ-riaċtanaċ. Do ṫógḃadar an caiṫeaṁ aimsire díoṁaoin ⁊ na droiċ-ġníoṁarṫa suas cuid di. Do ṫógḃadar ḃur ngnóṫaiḋe saoġalta, do-rigneaḃar, adeirim, le droiċ-intinn agus gan na coinġill eile riaċtanaċa suas naċ mór an ċuid eile go léir, ar ṁoḋ naċ féidir liḃ a ráḋ, go raiḃ agaiḃ aċt tamaill ḃeaga do ċaiṫeaḃar ar oibreaċaiḃ do ḃí go maiṫ i gcoraṁlaċt. Giḋeaḋ, b'ḟéidir ná rigneaḋ iad leis na coinġill atá riaċtanaċ ċum an luaċ saoṫair do ṫuilleaṁain, atá geallta gearrṫa amaċ do'n ṁuinntir ḋéanfas

a n-uile obair ⁊ a n-uile ġnó ċum glóire Dé. Dá ḃríġ sin, a ḋearḃráiṫreaċa, aḋmuiġiḋ go fírinneaċ naċ ndearna siḃ go dtí seo naċ mór éin-níḋ ċum na hoibre sin na síorraiḋeaċta, agus fós, go ḃfuil mórán nár ṫosnuiġ fós.

Taisbeánfaiḋ mé ḋaoiḃ 'san dara háit, gur mó an t-imṡníoṁ ⁊ an cúram do ġlacaid daoine orra i dtaoiḃ neiṫe ⁊ gnóṫa an tṡaoġail seo 'ná do ġlacadar na Naoiṁ ba ṁó orra féin i dtaoiḃ mór-oibre na sláinte síorraiḋe. Is fíor go raiḃ daoine ann do ṡéan a ndúiṫċe, do ṫréig a n-aiṫreaċa ⁊ a máiṫreaċa, a ndaoine muintearḋa ⁊ an saoġal go hiomlán ċum Íosa Críost do leanaṁaint. Giḋeaḋ, ná tréigid ceannaiḋṫe ⁊ luċt tráċtála do ġráḋ fáġḃáltais, a ndúiṫċe, a mná ⁊ a gclann? Naċ riṫid siad dainnséar na ḃfairrgí gcoiṁṫiġeaċ? Naċ ndéanaid ioḋbairt dá sláinte ⁊ dá suaiṁneas? Naċ gcuirid i gcontaḃairt gaċ níḋ, dá ċeanaṁlaċt, dá ḃfuil aca ar an saoġal, agus a mbeaṫa nó a saoġal féin ċum saiḋḃris do ḋéanaṁ, naċ ḃfuilid deiṁneaċ do ṡealḃuġaḋ éan-lá aṁáin, ⁊ naċ fuláir ḋóiḃ do ṫréigean ar uair a mbáis? Do connacṫas, gan aṁras, aiṫrisiġ ḃeannuiġṫe ag masluġaḋ ⁊ ag truailliuġaḋ a gcolna le trosgaḋ, ⁊ le tréaḋanas ró-iongantaċ. Giḋeaḋ, naċ ndéanaid daoine an oiread, nó, b'ḟéidir, níos mó, ċum an tṡaoġail seo do ṡásaṁ? Cá ṁéad sgláḃuiḋe boċt do ṫraoċas ⁊ do ṁarḃas é féin mar ġeall ar luaċ saoṫair feaḃraoḋaċ éigin? Naċ mó duaḋ ⁊ trioblóid ceárdaiḋṫe boċta 'ná an aiṫriġe as géire ⁊ as cruaḋálaiġe? Thugadar na mairtírig iad féin suas ċum báis mar ġeall ar a gcreideaṁ; aċt naċ ndéanann saiġdiúirí ⁊ luċt airm nó cogaiḋ an oiread mar ġeall ar ṗuinnte onóra? Ní ḟaġḃaid na mairtírig bás aċt aon uair

aṁáin. Ġiḋeaḋ, naċ féidir a ráḋ go ḃfaġḃaid an drong eile bás ċoṁ minic is ṫéid ċum coṁraic? Do ḃí an céad drong an-áiriṫe luaċ saoṫair síorraiḋe d'ḟaġḃáil. Dá réir sin, cad é an luaċ saoṫair naċ dtuillfeaḋ luċt cogaiḋ, dá ndéanfaidís an uile obair ⁊ an uile ḋualgas nó ḋiúitéiḋ ċum glóire Dé? Níor ḟuilingeadar na mairtírig aċt beagán uaireanta, nó an ċuid as mó ḋe, beagán laeṫeanta. Ġiḋeaḋ, fiafruiġ de ṡaiġdiúir do ċaiṫ deiċ mbliaḋanta fiċead nó dá-ḟiċid bliaḋan 'san arm cad d'ḟuiling sé, ⁊ ní féidir liḃ a ċlos gan criṫ-eagla ⁊ uaṫḃás.

Is mór do laḃraid daoine ar ċruaḋálaiḋeaċt na ḃeaṫaḋ do ċaiṫid fir ⁊ mná riaġalta. Ġiḋeaḋ, naċ cruaḋálaiġe go mór an ḃeaṫa do ċaiṫid sgláḃaiḋṫe boċta ⁊ ceárdaiḋṫe, óir ins na tiġṫiḃ as cruaḋálaiġe bíonn, an ċuid as luġa ḋe, gaċ uile níḋ as riaċtanaċ aca i n-aimsir gearrṫa amaċ ċum búird agus leabṫa. Ġiḋeaḋ, naċ mbíonn luċt oibre nó sgláḃaiḋṫe agus ceárdaiḋṫe 'n-a seasaṁ ar a gcosaiḃ do ló ⁊ d'oiḋċe, ⁊, 'n-a ḋeóiḋ sin, ar ḋroċ-ḃeaṫaiḋ, ar ḋroiċ-leabṫain, agus noċtuiġṫe le gaċ sín? Níḋ as uaṫḃásaiġe 'ná soin go léir, cad é an duaḋ ⁊ an trioblóid ná gaḃaid tríd ċum a n-ainṁiana do ṡásaṁ, ċum díoġaltais do ḋéanaṁ ar a náiṁdiḃ, nó, ċum laḃairt níos cinnte, ċum iad féin do ṫeilgean go fíor-íoċtar ifrinn. Cad é duaḋ ⁊ trioblóid luċt fiaḋaiġ ⁊ sealgaireaċta, ag imṫeaċt tré ċoillte agus tré ḃogaċa, tré ċnoca ⁊ tré ṡléiḃte, tré ṫeas ⁊ tré ḟuaċt, go ró-ṁinic fá ṫart ⁊ fá ocras—agus míle sompla eile do'n tsórt so naċ ḃfuil aimsir agam d'aiṫris ná do noċtaḋ ḋaoiḃ.

Ó, a ṗeacaċa earráideaċa, is féidir a ráḋ le fírinne, gur ṡracaḃar siḃ féin i sliġiḋ ⁊ i n-oḃair na malluiġṫeaċta, ⁊ gur mó do ċosain ḃur ndamaint daoiḃ

'ná do ċosain an ġlóir ṡíorraiḋe do na Naoṁaiḃ. Adeirid na hAiṫreaċa Naoṁṫa, ag feicsint an iomċuir seo na saoġaltánaċ, gurab ag magaḋ ⁊ ag fonoṁaid atá siad fá n-a sláinte síorraiḋe, nuair a ḋéanaid íoḋbairt dá gcuid do'n tsaoġal ċum a n-ainṁiana brúideaṁla do ṡásaṁ. Nár ṫaisbeánaḃar go follus an mí-ṁeas do ḃí agaiḃ ar an mór-obair sin ḃur sláinte nuair ṫugaḃar ḃur n-aire ⁊ ḃur n-intinn go hiomḟlán do neiṫiḃ ċoṁ tarcaisneaċ, ċoṁ dí-ṁeasta soin? Nár imreaḃar céad uair, nó b'ḟéidir míle uair, ḃur sláinte síorraiḋe i gcoinne feaḃraod.

D'imreaḃar ḃur n-anam, d'imreaḃar ḃur gcuid d'oiġreaċt na ḃflaiṫeas ⁊ an ċoróin neaṁḋa do ḃí ceapṫa ḋaoiḃ ann. 'S é an diaḃal do-rigne connraḋ liḃ, do ċuir an spioraid ṁalluiġṫe sin ḃur gcoinne,—fo-ġráinneaċa luaiṫreaṁáin nó créafóige, sólás beag mío-ċlúḋaċ nóimint na huaire, díoġaltas agus sásaṁ suaraċ, gal beag onóra, agus mar sin. Do ċuireaḃar dá ḃur dtaoḃ féin óir-ċisde ⁊ saiḋḃreas do-ċoimsiġṫe, do-ċríoċnuiġṫe na ḃflaiṫeas. D'imir, adeirim, an spioraid ṁalluiġṫe sin an dorċadas liḃ; agus le neiṁníḋ rug uaiḃ aiteas is aoiḃneas na ḃflaiṫeas ⁊ an ṗórta ṡíorraiḋe. Ō a imirt ṁalluiġṫe ḋiablaiḋe, 'n-a gcailleann duine a ċuid do'n tsaoġal, aiteas ⁊ sólás síorraiḋe, ⁊ in naċ mbeireann sé aċt pianta síorraiḋe! Ag so an níḋ, a ḋearḃráiṫreaċa, ar a raiḃ fios ró-ṁaiṫ ag ríġ áiriṫe ar leabaiḋ a ḃáis; aċt, faraor! ró-ḋéiḋeanaċ, mar a léiġmid 'na ḃeaṫaiḋ .i. an t-oċtṁaḋ Annraoi, Rí Sacsan.

Ar mbeiṫ do'n ṗrionnsa ṁalluiġṫe sin ar na puintiḃ déiḋeanaċa, agus ag cuiṁneaṁ ar na coirṫiḃ do-rigne sé, na sganlaċa ṫug sé dá ḟómósaiḋṫiḃ, nó dá ṁuinntir—ar an díoġḃáil doi-leiġiste do-rigne

sé do'n Teampall nó do'n Eaglais, agus ag feicsint uaisle a ċúirte 'n-a timċeall ba ḃun ⁊ ba ċúis le n-a ḋroiċ-ġníoṁarṫa go huile, d'ḟéaċ orra go dólásaċ truaiġṁéileaċ ⁊ aduḃairt: 'A ċáirde, do ċaiṫeamar an t-iomlán; d'imreamar ár n-anmanna, ár gcoguḃas, ⁊ ár sláinte ṡíorraiḋe; d'imreamar ár ndaoine, ár ríoġaċt ⁊ ár gcreideaṁ, ⁊ do ċailleamar an t-iomlán ⁊ Ríoġaċt na ḃFlaiṫeas. Do ḃíomar cionntaċ i gcailleaṁaint na mílte anmann neiṁ-ċionntaċ; do ċailleamar grása Dé, ⁊ an tsíorraiḋeaċt ṁarṫannaċ.' Ag laḃairt na ḃfocal ndéiḋeanaċ sin dó, ṫug suas a anam mí-áġṁaraċ.

Anois, a ċríostaiḋṫe, fiafróċaiḋ siḃ ḋíom, gan aṁras, cad as éigean do ḋéanaṁ ċum na héan-oibre móire sin na sláinte síorraiḋe do ṡaoṫruġaḋ. Aiṫris-eóċaiḋ mé ḋaoiḃ cad aduḃairt Íosa Críost féin ar an ócáid sin 'san deaċṁaḋ caibidil do Naoṁ Lúcás (r. 25), mar a n-abair sé: "Má's maiṫ liḃ an ḃeaṫa ṡíorraiḋe d'ḟaġḃáil, coiṁlíonaiḋ go fírinneaċ dliġeaḋ ⁊ aiṫeanta Dé." As so, a ḋearḃráiṫreaċa, taisbeánfaiḋ mé trí meaḋóin daoiḃ do stiúrfas siḃ gan contaḃairt ċum na glóire síorraiḋe, má ḋéanann siḃ úsáid díoḃ mar as cóir.

'Sé an céad ṁeaḋón, ḃeiṫ ag maċtnaṁ do ġnáṫ ar ḟírinníḃ an ċreidiṁ; an dara meaḋón, seasaṁ amaċ go meisneaṁail cróḋa i n-aġaiḋ ḃur gclaonta ⁊ ḃur n-ainṁian meallṫaċ; an tríoṁaḋ meaḋón, ḃeiṫ buain-ṫseasṁaċ pointeállta ag coiṁlíonaḋ oibliogáidí ḃur sliġeaḋ ḃeaṫaḋ.

An céad ṁeaḋón, adeirim, ċum sinn féin do ṡáḃáil, síor-ṁaċtnaṁ do ḋéanaṁ ar ḟírinníḃ an ċreidiṁ, óir cad é an tiobraid ó n-a dtigeann na coirṫe ⁊ an ṁalluiġṫeaċt dá ḃfuil an talaṁ tuilte? Innseann

an Spiorad Naoṁ ḋaoiḃ é le béal an Fháiḋ Ieremias. 'Tigid as so,' ar sé, 'mar naċ nḋéanaid maċtnaṁ ar doṁan ar ḟírinníḃ an ċreidiṁ. Ní smuainigid aċt ar a n-uireasbaḋaiḃ ⁊ ar a ngnóṫaíḃ saoġalta, ⁊ dearmadaid a sláinte ṡíorraiḋe.'

An dara meaḋón ċum na beaṫaḋ síorraiḋe do ṡaoṫruġaḋ ⁊ do ṫuilleaṁ, seasaṁ amaċ go meisneaṁail cróḋa i n-aġaiḋ ḃur gclaonta ⁊ ḃur n-ainṁian, óir ní fuláir do ḋuine troid ⁊ coṁrac gan sosaḋ; ní fuláir ḋó a ċros d'iomċur, ⁊ ní fuláir do ḋuine buaḋċan air féin.

An tríoṁaḋ meaḋón, ḃeiṫ pointeállta ag coiṁlíonaḋ oiblioġáidí nó dualgas a ṡliġeaḋ beaṫaḋ. Ná cuireaḋ aon duine i n-iúl ḋó féin gurab éigean ḋó gníoṁarṫa ⁊ oibreaċa iongantaċa aiḋḃseaċa do ḋéanaṁ ċum a sláinte síorraiḋe do ṡaoṫruġaḋ, óir is ar ċoiṁlíonaḋ ár ndualgas atá ár sáḃáil. Níl aimsear agam seasaṁ níos sia ar an mórḋáltaċt so.

Leis sin, a ḋearḃráiṫreaċa, tosnuiġmíd ċum na héan-oibre móire seo ár sláinte síorraiḋe do ṡaoṫruġaḋ. Saoṫruiġmíd í, adeirim, as láṫair go héasgaiḋ, go dúṫraċtaċ ⁊ go buain-ṡeasmaċ. Tosnuiġmíd í ar an nóimeant seo, ⁊ nuair a ċuirfimid ár láṁa éan-uair aṁáin 'san obair, ná glacaḋ tuirse ná díoṁaoineas sinn. Leanamaoid di go meisneaṁail, do-ċlaoiḋte. Má ḃíonn sé do ṁí-áġ orainn failliġe do ṫaḃairt innti, tá an t-iomlán caillte.

Is uaṫḃásaċ an ní é so, a ċríostaiḋṫe. An ḃfuil éan-duine 'san gCríostaṁlaċt uile do ṫaḃarfaḋ suas mar soin, dá ṫoil féin, an t-ionad atá ceapṫa gearrṫa amaċ ḋó ins na flaiṫis ó aimsir a ḃaistiḋ? An ḃfuil éan-duine 'san gCríostaṁlaċt, adeirim, d'aontóċaḋ é féin do ċailleaṁaint, agus pianta síorraiḋe ifrinn d'ḟulang? Níl meaḋón ar doṁan

eatorra; ní ḟuil aċt sáḃáil síorraiḋe nó damaint síorraiḋe; aċt sólás síorraiḋe nó pionós síorraiḋe. Ná léigiḋ go bráṫ as bur gcuiṁne ná as bur raḋarc na smuainte seo, ⁊ abraiḋ liḃ féin gaċ uile lá; Muna mbéimid i bḟlaiṫeaṁnas ar feaḋ na síorraiḋeaċta, béimid i n-ifrionn. Seo an tsliġe ċum na bḟlaiṫeas do ḟaoṫruġaḋ ⁊ do ḟealḃuġaḋ: níḋ d'iarraim-se ḋaoiḃ-se ⁊ dam féin—i nAinm an Aṫar ⁊ an Mhic ⁊ an Spioraid Naoiṁ. Amen.

[Ar n-a aiṫsgríoḃaḋ le S. Ua hÚġḃair,
1817.

Seanmóir a Ceaṫair.

AR AN gCAṪUĠAḊ.[1]

(Do'n ċéad Doṁnaċ do'n Charġas.)

Ductus est Jesus in desertum a Spiritu ut tentaretur a diabolo.

Do seólaḋ ár Slánuiġṫeóir Íosa Críost leis an spioraid gus an ḃfásaċ ċum an diaḃail do ċur caṫuġaḋ air.

(Briaṫra léiġtear ag Naoṁ Mata, Soisgéalaiḋe, ins an gceaṫraṁaḋ caibidil, agus 'san gcéad rann.)

DO b'aon do na príṁ-réasúin fá ndeara do na Iúdaiḋṫiḃ i n-allód rí d'iarraiḋ, an ṁuiniġin do ḃí aca go mbéaḋ sé 'n-a ċeann orra, go ndéanfaḋ cogaḋ ḋóiḃ, agus go seasóċaḋ féin na céad ġoraiḋe 'san gcaṫ: *Et egredietur ante nos, et pugnabit bella nostra pro nobis* (1 Ríoġ viii. 20).

Má ḃaineann sé le riaġluġaḋ críoċ agus le tairḃe na puiblíḋeaċta gan a riaġaltóirí do noċtaḋ le guais nó dainnséar coṁ mór sin, b'é toil le mór-eolas agus le trócaire Dé, rí agus Dia 'ṫaḃairt dúinn-ne ar an gcoinġeall sin; rí agus Dia, adeirim, le naċ leór sinn d'ḟeicsint ó sna flaiṫeasaiḃ ag coṁrac ar an saoġal so, aċt do ṫuirlingeas i bpearsain ar an dtalaṁ ċum sinn do spreagaḋ ċum caṫa, ag taḃairt sompla ḋúinn; an tí ḃíos i láṫair gaċ caṫa ċuireas an diaḃal orainn; an tí noċtas dúinn a ċealg agus a ċleasa; an tí, fá ḋeóiḋ, d'ḟuilingeas agus ḃuaḋas ar a ċaṫaiḋe i bpearsain, ċum na sliġeaḋ do réiḋteaċ agus do ṫaisbeáint dúinn-ne buaḋċan orra ar aiṫris. Taisbeánann Soisgéal an lae indiu ḋúinn é ar an moḋ so; 's é sin, gur seólaḋ do'n ḟásaċ é,—*ductus est Jesus in desertum.* Ní ḟuil iongnaḋ orm tríd, a ḋearḃráiṫreaċa

---

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 89-104.

—óir do ġráḋuiġ sé riaṁ na háiteaċa uaigneaċa diaṁaire,—gur seóladh ann é leis an Spiorad naoṁṫa. Is lúġa 'ná sin m'iongnaḋ, do ḃríġ nár ḃ'ḟéidir leis malairt na spioraide ḃeiṫ mar ṫreóraiḋe aige—*a spiritu*. Aċt gur seóladh ann é leis an spiorad ḃeannuiġṫe seo ċum caṫuġaḋ do ċur air, seo an ní nár ḃ'ḟéidir liom a ṫuigsint ná do ċur i meaḃair, muna mbéaḋ gur aiṫris Mata dúinn é i mbriaṫraiḃ so-ṫuigseana—*ut tentaretur a diabolo.*

Atá dá ní agam le taisbeánaḋ ḋaoiḃ as an móir-ḟírinne seo do ḋéanfar suas suim mo ċoṁráiḋ. An ċéad ní : naċ fuláir an caṫuġaḋ d'ḟulang, ar ar mian liom tráċt ins an gcéad roinn dom' ċoṁráḋ. An dara ní; naċ fuláir eagla ḃeiṫ roiṁe, agus buaiḋ do ḃreiṫ air, ar a dtráċtfad ins an dara roinn. Ní fuláir a ḟulang, mar tá sé urċóideaċ cealgaċ, agus buaiḋ ḃreiṫ air, ċum ár nglóire síorraiḋe féin.

Cá ḃfuil sompla ná cruṫuġaḋ againn leis? Atá i bpearsain Íosa Chríost ; agus ag leanaṁain ár Soisgéil, is deiṁin go dtaisbeánfaiḋ beiṫ Chríost féin noċtuiġṫe le gaċ gné caṫuiġṫe agus ag breiṫ buaḋa air, a ċealg agus a urċóid dúinn, agus taisbeánfaiḋ an tsliġe dúinn ċum buaḋa 'ḃreiṫ air mar an gcéadna. Aċt do ḃríġ naċ leór sinn féin go haonaránaċ ċum an teagaisg seo do ċruṫuġaḋ mar is cuiḃe, guiḋmíd congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Glórṁaire Muire ag ráḋ ḃeannaċaḋ an Aingil, ⁊c.

An Chéad Roinn.

Baḋ ḋeacair linn a ċreideaṁain gur ḃ'é toil Chríost an diaḃal do ċur caṫuġaḋ air, muna mbéaḋ a ḟios againn gur aontuiġ sé, ar mbeiṫ i n-a ċeann

orainn agus i n-a ṗátrún againn, ár gclóḋ do ġlacaḋ air, ċum a ṫabairt le tuigsin dúinn, tar éis é féin d'ḟulang caṫuġaḋ ár náṁad, an diaḃal, nár ḃ'ḟéidir linn-ne, cibé ar biṫ coinġeall i n-a mbéimís, sinn féin do ḟaoraḋ uaiḋ. Atámuid-ne déanta d'ḟuil agus d'ḟeóil. Do b'é toil Chríost fuil agus feóil do ġlacaḋ mar aon linn-ne ċum cuṁaċta agus ain-treise an náṁad, an diaḃal, do ċlaoiḋe agus do ċur ar neiṁníḋ. Ní leór soin. Tá an fuil agus an ḟeóil i n-a n-áḋbar buaiḋriṁ agus gleó againn, agus do ġlac air iad, mar an gcéadna, ċum an diaḃail do ṫarraing ċum caṫa agus coṁraic leis: *unde debuit per omnia fratribus similari, ut misericors fieret* (Eaḃ. ii. 17). Is ar an áḋbar soin ḃí d'ualaċ ar Chríost é féin do ċur i gcosaṁlaċt le n-a ḋaoine ins an uile níḋ; is ar an áḋbar soin, gan ṗeacaḋ, gan ainḃfios, ba ṫoil leis tré n-a ṫrócaire neaṁ-ċuimsiġṫe, ḃeiṫ rann-ṗáirteaċ leó i n-a gclaontaiḃ agus i n-a dtriob-lóidiḃ. Cuirtear caṫuġaḋ orra, agus is é a ṫoil é. D'ḟulaing masla agus tarcuisne ó'n diaḃal; agus do b'é a ṫoil é, ar an áḋbar soin, mar adeir Naoṁ Pól linn i n-a litir ċum na nEaḃraċ, gur cuireaḋ caṫuġaḋ air féin. Ins gaċ uile níḋ d'ḟulaing sé go toilteanaċ deiġ-intinneaċ ar ár son: *In eo enim, in quo passus est ipse et tentatus* (Eaḃ. ii. 18).

Aċt créad an uair ar cuireaḋ caṫuġaḋ ar Chríost? Do cuireaḋ é, adeir Naoṁ Mata, tar éis é 'ġlacaḋ baistiḋ ó láiṁ Eóin, tar éis a Aṫar ḟíorraiḋe dá ḋeiṁniuġaḋ gur ḃ'é a Mhac é, agus tar éis é 'ḋul do'n ḟásaċ. Ó na gnéiṫe iongantaċa so ṫaisbeánas dúinn, adeir Naoṁ Gréagóir, gurab éigean do'n uile ḋuine aontuġaḋ an caṫuġaḋ d'iomċur, do ḃríġ go ḃfuil sé riaċtanaċ dúinn, ní heaḋ aṁáin i gcáiliḋeaċt

créatúirí, aċt fós i gcáiliḋeaċt críostaiḋe, agus go prionsapálta ar aistriuġaḋ ár mbeaṫaḋ dúinn, agus ar ár n-ionnlaḋ i n-uisgiḃ na haiṫriġe, fíoġarṫa le huisgiḃ Iordan, nó an tan do ḋéanamaoid coṁnaiḋe ar biṫ ins na suḃailciḋiḃ, agus do sgaramaoid sinn féin ó ġnóṫaiḋiḃ an tsaoġail seo. Nuair ċuireas duine roiṁe cur suas do'n ṗeacaḋ, druim a láṁa do ṫaḃairt do'n tsaoġal, na cuideaċtain nó an coṁluadar do ṡeaċnaḋ le n-a raiḃ ceangal taiṫneaṁaċ, giḋ cinneaṁnaċ, roiṁe sin aige, Ó a Ṫiġearna Ḋia! cad é an t-uaṫḃás, na stoirmeaċa agus na triobloidí ċuireas an diaḃal air, an tráṫ sin. Sin an uair ċuireas i ngníoṁ a ċealg agus a ċleasa go huile ċum an deaġ-smuaineaṁ sin do ḃí aige, do ċiorrḃuġaḋ agus do ḋíbirt uaiḋ. Is uime sin do ċuireas i gcuiṁne ḋó dócaṁal na haiṫriġe, na haċrainn, an duaḋ agus an triobloid ḃíos i n-úraid agus i dtaiṫiġe na suḃailciḋe, an t-aiteas agus an t-aoiḃneas ḃíos i gcoṁluadar agus i mórán do ṡuḃailciḋiḃ eile an tsaoġail seo. I n-a ḋiaiḋ sin, laḃrann leis ar an moḋ so. 'Créad ṁeasas tú do ḋéanaṁ, nó cad é an rioċt i n-ar fonn leat tú féin do ċur? An measann tú faillíġe do ṫaḃairt 'san tsaoġal ṫug taiṫneaṁ ċoṁ mór soin duit, id' ḋaoiniḃ muinntearḋa do ḋéanann mórán maiṫeasa agus caradais duit. Is éagsaṁlaċ an t-iomċur é seo! Ná feiceann tú go mbéiḋ aiṫreaċas ort ar ball, do ċionn daoine do ṫréigean tré ċráḃaḋ díorrairs, le naċ féidir ṫú 'ḟóġnaṁ as san suas? Má's fonn leat do ḃeaṫa d'aistriuġaḋ, fan fós beagán bliaḋanta, glac aimsir ċum ná déanfá éin-ní go díorrairs nár ḃ'ḟéidir leat a ġairm ṫar n-ais. Smuainiġ go ḃfuilir ag cur suas do ṡólás agus d'aoiḃneas láiṫreaċ, ċum tréaḋanais agus cráḃaiḋ, do

b'ḟéidir neaṁ-ṫairḃeaċ, do ġlacaḋ ort. Smuainiġ go ḃfuilir ag imṫeaċt ar tír ró-áluinn ċum dul i dtír nó i mball do ḟloiġeas agus do ṁúċas an méid ċoṁnuiġeas nó a lonnuiġeas innte.'

Is fánaċ duine, a ḋearḃráiṫreaċa, ná taisbeánann agus ná breacann an diaḃal na neiṫe seo ḋó. Atáim fós deiṁneaċ go ndéanann úsáid do na meaḋóin ċéadna do-rigneadar an ṁuinntir do cuireaḋ d'ḟoillsiuġaḋ Ṫalaiṁ na Geallaṁna, ar dteaċt tar n-ais ḋóiḃ tar éis a ḃreaṫnuiġṫe agus a léir-ṁeas. Do ċuireadar gairm ar na hIsraelítiġiḃ i gceann a ċéile ar éan-láṫair, agus ċum iad do ċur do'n ṁian agus do'n aigneaḋ ḃí aca dul ċum coṁnuiġṫe ann, d'innseadar ḋóiḃ go mba tír í i nár ḃ'ḟéidir coṁnaiḋe 'ḋéanaṁ agus i n-a ḃfaiġidís, an méad do ḋéanfaḋ ar biṫ í, bás. Déineann an diaḃal, adeirim, úsáid do na meaḋóin ċéadna, ċum brionglóide agus buaiḋriṁ do ḋéanaṁ d'anam an duine, nuair ċuireas roiṁe aiṫriġe do ḋéanaṁ. Agus má ċuireann roiṁe, a intinn do ċoiṁlíonaḋ d'aiṁḋeóin na n-aċrann mbréagaċ so ċuireas an diaḃal i n-a ḟliġiḋ, ní túisge glantar i n-uisgiḃ na haiṫriġe é 'ná d'ionnsuiġeann an diaḃal é, mar d'ionnsuiġ sé Iosa Críost, ar n-éirġe ḋó as sruṫ Iordan: *et accedens tentator, etc.* (Maṫa iv. 3).

Méaduiġeann an ḃeaṫa nua sin fearg agus cuṫaċ an diaḃail; agus mar do ṁéaduiġ Pharao trioblóidí na nIúduiḋeaċ nuair do ṫuig sé go raiḃ dúil aca a ḟlaiṫeas agus a ċuṁaċta do ċroṫaḋ díoḃ, méaduiġeann an sprioraid ṁalluiġṫe, mar an gcéadna, pianta agus trioblóidí na ndaoine ḃíos ar aigneaḋ scaraṁain leis, nó, tar éis scarṫa leis, ag cur caṫaiḋe orra níos gnáṫaiġe agus níos millṫiġe 'ná roiṁe sin. Má ḋéinid fós coṁnaiḋe ar biṫ ins na subailciḋiḃ, is éigean dóiḃ iad

féin d'ullṁuġaḋ ċum caṫaiḋe as mó agus as urċóidiġe d'ḟulang. Ní ċuirfeaḋ an diaḃal caṫuġaḋ go bráṫ ar Chríost dá mbéaḋ sé deiṁneaċ gur ḃ'é Dia é; agus nuair do-ċonnaic sé go raiḃ mór-luaċta agus suḃailciḋe iongantaċa aige, agus ná féadfaḋ duine gan comaoine éigin ó sna flaiṫis, trosgaḋ dá-ḟiċid lá do ḋéanaṁ, ag sin an ní d'árduiġ níos mó a ḟearg agus a urċóid. Is leis sin do-ċímíd, nuair do ċuir sé an céad ċaṫuġaḋ air, ag ráḋ, má's tú Mac Dé abair leis na cloċaiḃ sin iompoḋ 'n-a n-arán, ná raiḃ sé an uair sin deiṁneaċ do ḋiaḋaċt Chríost; aċt do ḃí sé deiṁneaċ dá ḟuḃailciḋiḃ oirḋearca, agus ní móide a stad ó ċur caṫuġaḋ air. Ag so na neiṫe éagsaṁlaċa ḃeirear le tuigsint dúinn, dá ṁéid buain-ṫseasaiṁ ḋéanamaoid i mbeaṫaiḋ spioradálta, gurab móide atámuid noċ-tuiġṫe le caṫaiḋiḃ an diaḃail. Aontuiġeann an Tiġearna na caṫaiḋe seo 'ḃeiṫ, ċum a ḋeisciobal d'uṁluġaḋ agus do ċur ar a n-aireaċas do ṡíor; óir ní féidir ná go n-uṁluiġeann an caṫuġaḋ iad ar aṁarc a gclaonta féin agus gráineaṁlaċt na bpeacaiḋe le n-a gcaṫuiġeann, nó n-a n-ionnsuiġeann an diaḃal iad, do ḃíos, ar nós an leóṁain ċuṫaiġ, ag riṫ mágcu-aird, nó timċeall éadála, ċum a sloigṫe.

Ar an áḋḃar sin, gairmṫear an caṫuġaḋ, 'san Sgríḃinn Diaḋa, buille ar an gcluais agus dealg; buille ar an gcluais, mar ná fuil ní as mó d'uṁluiġeas duine 'ná cur suas leis; dealg, mar naċ ḃfuil ní as mó ċoisgeas trom-aigneaḋ agus daille intinne; buille ar an gcluais, adeirim, mar ná fuil ní as mó ċuireas mío-ṡástaċt ar ḋuine uaiḃreaċ ṗoimpeaṁail; agus dealg, mar ná fuil ní as mó ṁúsglas an aigneaḋ.

Criṫiḋ, a luċt an ṗeacaiḋ, criṫiḋ a ṁuinntear úd ná moṫuiġeann, mar adeireann siḃ féin, caṫuġaḋ

ar biṫ, agus ag naċ ḃfuil a ḟios créad é an ní caṫuġaḋ. Mo nuar! a ċríostaiḋṫe, do'n uile rioċt i n-a mb'ḟéidir anam do ḃeiṫ, seo é ar truaiġṁéiliġe, do ḃríġ naċ ḃfuil tinneas ar contaḃartaiġe 'ná an tinneas ná moṫuiġṫear agus i n-ar dóiġ le duine a ḃeiṫ i n-a ṡláinte, ar nós ná fuil truaġ ar mó 'ná duine ag a mbíonn sluaġ buaċaillí díoṁaoine neaṁ-ṫrócaireaċ neaṁ-ṫruaiġṁéileaċ i n-a ṫimċeall, agus gur dóiġ leis a ḃeiṫ sábálta uaṫa.

Deireann siḃ ná fuil a ḟios agaiḃ créad é an ní caṫuġaḋ, agus go ḃfuil a ḟios ag na Naoiṁ ar mó, go ḃfuil a ḟios ag an muinntir ar neiṁ-ċionntaiġe agus ar mó ġníos smaċtuġaḋ agus feól-ṁarḃaḋ orra féin. Abraiḋ, mar an gcéadna, ná fuil éan-diaḃail ann, nó má tá, gur ċailleadar a n-urċóid agus a gcuṫaċ. Abraiḋ arís le Naoṁ Gréagóir gurab iad bur gcáirde iad, bur ndíonuiġṫeóirí; i n-éan-ḟocal, go rigneaḃar muinntearḋas iomlán leó, ionnas ná fuil dúil ar biṫ aca díoġḃáil do ḋéanaṁ ḋaoiḃ: nuair do-ċíd go mbíonn fonn ar ḋuine sleaċtaḋ uaṫa agus dul fá ċoimirce Dé, ní féidir leó a ḟoiġidneaṁ; agus ins an gcuṫaċ atá orra ċum na n-anmann do ṁilleaḋ, ní ḟuil cos ná cleas, ní ḟuil caṫuġaḋ ná buaiḋreaṁ, ná cuirid i ngníoṁ, ċum nua-luit do ḋéanaṁ ins na croiḋṫiḃ do ṡealḃuiġeadar roiṁe sin go síoṫċánta: *ut tentationum jacula intorquendo confodiant cor quod dudum quieto jure possidebant* (San Gréagóir).

Nuair do-ċíd duine uaiḋ féin tugṫa do'n ṗeacaḋ agus a ḃfad ó ġearán ar a n-árd-smaċt os a ċionn, duine ná smuainiġeann aṁáin ar é féin do ṫarrang uaṫa; nuair do-ċíd go gcaiṫeann duine é féin go toilteanaċ dá dtaoḃ, go dtuiteann tré ṁailís iomlán ins an bpeacaḋ, ná fuil eagla níos mó air, ná fós scrupall

cogcuḃair ar biṫ, créad an riaċtanas atá aca caṫuġaḋ do ċur ar anmannaiḃ atá ċoṁ ionnraic sin dóiḃ, ná mío-ḟuaiṁnear do ċur ar ḋaoiniḃ do-rigne an oiread sin seirḃíse ḋóiḃ, do ḃí sásta le milseaċt ċinneaṁnaiġ a n-árd-smaċt? Bun-os-cionn leis sin, ní ṫairgid dóiḃ aċt gradam agus saiḋḃreas, aitear agus aoiḃneas, agus is é a n-aire go hiomḟlán gaċ uile ní do ḋíbirt uaṫa ċuirfeaḋ mío-ḟuaiṁnear orra ins an trom-ḟuan ṁarḃṫaċ i n-a ḃfuilid. 'Ná déiniḋ aṁras de, a ḋearḃráiṫreaċa,' ar Naoṁ Aiḃistín, 'cibé coinġeall i n-a mbéaḋ an duine, gurab éigean dó an caṫuġaḋ d'ḟulang, agus gurab é caṫuġaḋ as mó, gan caṫuġaḋ ar biṫ do ḃeiṫ air. Do cuireaḋ caṫuġaḋ ar Íosa Críost; cuirfear ar an uile ċríostaiḋe é.' Ag sin an riaċtanas. Aċt d'ḟulaing Críost an uile ġné caṫuiġṫe. Ag sin an urċóid. Fá ḋeóiḋ, ní fuláir eagla ḃeiṫ roiṁe ċum buaḋċan air, an ní ġeallas tráċt air ins an dara roinn dom' ċoṁráḋ.

An Dara Roinn.

Is cóir eagla ḃeiṫ i gcoṁnaiḋe roiṁ an diabal ins na caṫaiḋiḃ ċuireas orainn, óir is spiorad fírinneaċ é, is spiorad neaṁ-ṫuirseaċ é atá coṁ-ċeangailte le hiomadaṁlaċt spioraidí eile. Is spiorad ainḟrianta é ná tuiteann coiḋċe i n-éadóċas. Is iongantaċ na cáiliḋeaċta iad-so do-ḃeir an Scríbinn Diaḋa do'n spioraid ṁalluiġṫe, agus baḋ cóir go gcuirfeaḋ criṫeagla i n-ár gcroiḋṫiḃ roiṁe. Is spioraid neaṁ-ṫuirseaċ é, adeirim, óir ní ḟuil náṁaid aċt eisean, ná moṫuiġeann a neart ag dul i laiġead tré ḃuaine an ċaṫa agus tré ċosnaṁ na náṁad le n-a gcaṫuiġeann. Ní ṁoṫuiġeann coiḋċe luige, ná laiġoiuġaḋ ar a neart. Atá sé tuilleaḋ agus ceiṫre ṁíle

bliaḋan ag cur caṫaiḋe orainn gan tuirse ḋá ḃualaḋ. Caṫuiġeann sinn do ló agus d'oiḋċe; caṫuiġeann sinn i gcoṁluadar agus i n-uaigneas; caṫuiġeann sinn ag obair agus ar ḃeiṫ i n-ár gcoṁnaiḋe ḋúinn, agus sin gan tuirse ḋá ġlacaḋ. Is spiorad é coiṁ-ċeanġlas le hiomadaṁlaċt do spioraidiḃ eile, óir léiġmíd 'san Soisgéal go nduḃairt sé féin go gcasann do'n tiġ i n-ar briseaḋ agus ó n-ar díbreaḋ é, agus go mbeireann leis seaċt spioraidí eile do b'urcóidiġe agus ba ṁeasa 'ná é féin. Agus má ċreidimid Origenes air, is mó atá do ḋeaṁnaiḃ ar an saoġal so agus i n-ifreann 'ná do ḋuḃradánaiḃ 'san aer, agus 'ná do ḃraonaiḃ uisge 'sa' ḃfairrge.

Is spioraid ainḟrianta ceann-dána é ná glacann coiḋċe droiċ-ṁisneaċ. Muna n-éiriġeann an céad ċaṫ leis, cuireann an dara caṫ; muna n-éiriġeann sin leis, cuireann an tríoṁaḋ ceann; i n-éan-ḟocal, ní mó as féidir leis síoṫċáin do ḋéanaṁ leis an nduine, 'ná is féidir leis urcóid a nádúire do ċroṫaḋ ḋe. Ó, a ċríostaiḋe! cad í an eagla ba ċóir ḋúinn do ḃeiṫ roiṁ a ċleasaiḃ go huile! Agus cad é feaḃas an réasúin do ḃí ag Íosa Críost ag ráḋ linn, na grásta d'iarraiḋ ar a Aṫair gaċ uile am agus gaċ uile ṫráṫ, gan géilleaḋ ná luiġe fá n-a ċaṫuġaḋ, agus sinn do ṡaoraḋ ó'n spiorad ṁalluiġṫe ainḟrianta sin!

Féaċamaoid, i gcaṫuġaḋ Íosa Chríost féin, ar ċleasaiḃ agus ar urċóid an diaḃail, náṁaid coiṫċeann ár sábála agus ár sláinte síorraiḋe. Tar éis Mhic Dé do ṫrosgaḋ dá-ḟiċid lá agus dá-ḟiċid oiḋċe, fá ḋeóiḋ d'aontuiġ a ḋaonnaċt do ṁío-ċoṁgair an ocrais. Ó'n am sin do ḃí an diaḃal ag dlúṫuġaḋ agus ag druidim i n-a ċoinniḃ, agus aduḃairt leis—'do-ċím go ḃfuil ocras ort, aċt

má's tú Mac Dé, déin míorḃail ná cosnóċaiḋ mórán duit, agus is furus duit é 'ḋéanaṁ tré ċuṁaċta d'Aṫar. Abair leis na cloċaiḃ sin os do ċoṁair iompoḋ 'n-a n-arán' (Maṫa iv. 3). Nuair nár éiriġ an céad ċaṫuġaḋ nó an céad tiomptáiriun sin leis, do ċuir sé an dara ceann ar Chríost. Rug leis é go mullaċ an teampaill, agus aduḃairt leis—'Má's tú Mac Dé, teilg tú féin síos; gan aṁras do-ḃéarfaiḋ Dia aireaċas duit, agus cuirfiḋ a aingil ċugat do ċoingḃeóċas suas tú ar do ṫuitim agus ná leigfiḋ do ṫuitim ná do ṁarḃaḋ' (Maṫa iv. 6). Aċt nuair nár éiriġ leis an dara huair aċt mar an gcéad uair, d'ionnsuiġ an tríoṁaḋ huair é ar an moḋ so. Rug leis é ar ṡliaḃ árd, agus aduḃairt leis—'do-ċím ná fuilir ró-ṡaiḋḃir; féaċ id' ṫimċeall; an ḃfeiceann tú na tíorṫa agus an mór-ṡaiḋḃreas soin ar gaċ taoḃ díot? Tá sé id' ċuṁaċta féin anois ḃeiṫ id' ṁaiġistir orra le ċéile; caiṫ tú féin aṁáin ag mo ċosaiḃ agus aḋair mé, agus ḃéarfad duit iad uile' (Maṫa iv. 8, 9). Sin a dtaisbeánann Maṫa dúinn i n-a Shoiscéal ar ċaṫuġaḋ Íosa Chríost. Ag maċtnaṁ ar an níḋ seo, a ḋearḃráiṫreaċa, breaṫnuiġim trí neiṫe noċtas agus do ṫaisbeánas daoiḃ gliocas agus urċóid ċaṫaiḋe an diaḃail, agus, dá ḃríġ sin, do ṫaisbeánas daoiḃ créad é an eagla baḋ ċóir do ḃeiṫ rómpa. Breaṫnuiġim, ar dtúis, gliocas agus urċóid an diaḃail i n-órduġaḋ na gcaṫuġaḋ ċuireas orainn. Nuair ṫionnsgnann caṫ do ċur ar éinneaċ, tosnuiġeann leis na coirṫe as lúġa do ċur i n-aigneaḋ agus do ḃreaċaḋ ḋó, agus mar adeir Tertullianus, má ṫeangḃas cogcuḃas scrupalaċ aireaċ leis, ní ċuireann é ar ċoirṫe do ḋéanaṁ d'éan-toisg, d'eagla go gcuirfeaḋ a ngráineaṁlaċt anfaḋ nó uaṫḃás air; mar ṡompla, nuair as mian leis breiseóir nó fear onncamais, fear robála

nó buaċaill díoṁaoin do ḋéanaṁ do ḋuine, ní abrann leis i n-éinfeaċt gaċ uile ní do ġoid agus d'ḟuadaċ dá dtiocfaḋ 'n-a líon, cruaiḋ-ḃreaṫ do ṫaḃairt ar éinneaċ, ná gaċ éan-ċontaḃairt do riṫ ċum é féin do neartuġaḋ agus do ḋéanaṁ saiḋḃir. Aċt cuireann i n-uṁail dó méad a ṁuirir, buaine a aṁgair agus a riaċtanais; adeir leis, 'tá an aimsear go holc, ní ḟuil díol ná ceannaċ ar éin-níḋ'; ag ráḋ, 'seo cuideaċta ró-ṫairḃeaċ ró-ḟonaiḋe lé'r féidir leat coiṁ-ċeangal. Is iomḋa duine ba ḃoiċte agus do b'uireasbaiġe 'ná tusa do rinne saiḋḃreas 'n-a ḃfoċair. Ceangail leó. Ná bíoḋ eagla ort. Ní ḟuil scrupall coinsiais ar biṫ ḋuit ann.' Créad éiriġeas annsin dó? Mar d'éiriġ do Iúdás, ar a dtugann an Scríḃinn Diaḋa foġlaiḋe ró-ṁór: níor smuain ar níḋ ar biṫ as soin suas aċt ar ċruinniuġaḋ na cartannaċta, nó na déirce tugṫaiḋe do Mhac Dé.

Is annsin do cuireaḋ caṫuġaḋ beag éadtrom air. Ar dtúis, rug feóirling leis; an dara huair, ḋá feóirling; an tréas uair, trí cinn, ionnus, fá ḋeóiḋ, gur ġéill ċoṁ truailleánta, ċoṁ spadánta sin do'n ċaṫuġaḋ, gur ḋíol a Mhaiġistir agus gur ċuir le n-a ġadaiḋeaċt dia-ṁarḃaḋ nó dia-ṁasluġaḋ air. Do-ċíonn siḃ as soin cad é gliocas agus urċóid an diaḃail nuair is mian leis duine do ṫarrang 'n-a líon.

Ag seo an tríoṁaḋ maċtnaṁ ar ár Soisgéal: baḋ ċóir go gcuirfiḋe crit-eagla orainn roiṁ ċaṫaiḋe an diaḃail; 's é sin le ráḋ, go leigeann dúinn ar uairiḃ i suaiṁneas agus i sioṫċáin ċum teaċt orainn le níos mó treise agus nirt.

Adeir Naoṁ Maṫa linn gur ṫeiċ an diaḃal ó Chríost tar éis trí sóirt caṫuġaḋ nó tiomptáisiun do ċur air: *reliquit eum diabolus* (Maṫa iv. 11). Aċt deir Naoṁ Ierom linn, do ċuireas an áit sin do'n Sgríḃinn

Diaḋa i n-oireaṁain do na caṫaiḋiḃ ċuireas an spioraid ṁalluiġṫe sin orainn, ná teiċeann sé aċt ar feaḋ tamaill, go nḋéineann moill d'éan-ġnó ċum uain is feárr d'ḟaire, ċum intinn a urċóide do ċoiṁlíonaḋ agus do ċur i ngníoṁ: *tentationem magis differens quam auferens* (S. Ierom). Coṁarluiġeann sé, ar uairiḃ, maiṫ do ḋéanaṁ, ag réiṁ-ḟeicsint go dtiocfaiḋ olc as, agus iompuiġeann duine ó olc nó ó ċoir áiriġṫe ċum a ṫuitim i gcoir as mó. Mar ṡompla: ag so buaċaill óg ró-ṁear ró-luaṫ-aigeantaċ do-rigne coirḃeag éigin do ċuir an-ḟuaṫ ar a aṫair agus ar a ṁáṫair. Créad ḋéanfas an diaḃal ar an ócáid sin? Cuireann i n'aigneaḋ dul i n-Órd éigin riaġalta, ag réiṁ-ḟeicsint, nuair ṫiocfas ċum caoinis nó síoṫċána le n-a aṫair agus le n-a ṁáṫair, go sleaṁnóċaiḋ ó'n Órd agus go gcaiṫfiḋ ḋe an aibíd. Sompla eile: ag seo óigḃean ar a raiḃ buaiḋirt aigniḋ agus mío-ṡásaṁ tré ṁío-ċlú éigin fuair a haṫair, nó do b'ḟéidir tré nuaċair éigin le n-ar ṡanntaiġ sí ceangal, do ċur suas di. Créad do-ġní an diaḃal iar sin? Déineann tairḃe do'n ócáid sin ċum a ċur i n-a ceann dul i mainistir éigin riaġalta. Tigeann sí ann d'éan-toisg, agus tar éis gnóṫaiḋe a haṫar do ḃeiṫ arís socair, ionnas go mb'ḟéidir léi ṫaisbeánaḋ mór do ḋéanaṁ 'san tsaoġal, bíonn sí ag láiṁseáil agus ag ceasaċt ar an sliġiḋ sin i n-ar ṫeilg sí í féin go díorraisg: 'a inġean,' do ráiḋ a haṫair, 'is é an diaḃal do ċuir caṫuġaḋ ort agus do ċóṁarlaiġ ḋuit maiṫ do ḋéanaṁ do ṡúil go dtiocfaḋ olc as.'

Aċt fiafróċaiḋ siḃ díom, ná fuil leiġeas ná meaḋóin ar biṫ ċum buaḋa do ḃreiṫ ar ċleasaiḃ agus ar urċóidiḃ an diaḃail. Atá, a ḋearḃḃráiṫreaċa, mórán do ṁeaḋóin so-ḋéanta so-leanaṁna. Ag so an céad

ṁeaḋón nó leiġeas ar aiṫris Chríost féin—an diaḃal do ḋíbirt agus an caṫuġaḋ do ruagaḋ, ag ráḋ mar aon le Críost: *vade Satana*: 'imṫiġ leat féin, a ḋiaḃail' (Mata iv. 10). Creidiḋ mé, a ḋearḃráiṫre-aċa, ná fuil éin-ní le buaḋċan i gcoṁair nó i ḃfoċair an diaḃail. Nuair do ċuirfeas caṫuġaḋ ar biṫ oraiḃ ná haontuiġiḋ leis, ná déiniḋ aiġneas ar biṫ leis, óir má ḋéineann siḃ, is baoġlaċ, luaṫ nó mall, go dtreasg-róċaiḋ sé siḃ.

Tá trí neiṫe 'san gcaṫuġaḋ naċ fuláir dúinn do ṫaḃairt fá ndeara. An céad ṁoṫuġaḋ, taiṫneaṁ do ṫaḃairt dó, agus toil do ṫaḃairt dó. Ní ḟuil éifeaċt 'san gcéad ṁoṫuġaḋ, óir d'ḟulaing Críost féin é, agus d'aontuiġ sé é ḃeiṫ ċum ár maiṫeasa, do ḃríġ go mb'ḟéidir é do ḃeiṫ i n'áḋḃar buaḋa againn. Atá ní éigin i dtaiṫneaṁ do ṫaḃairt dó, óir má ċoṁnui-ġeann duine tamall ann, is baoġlaċ go dtiocfaiḋ ċum a ḃeiṫ 'n-a ṗeacaḋ ṁarḃṫaċ. Aċt cuireann an toil deireaḋ leis; agus do ḃríġ naċ ḃfuil idir-ḋealuġaḋ ró-ṁór idir an taiṫneaṁ agus an toil, is é an t-éin-ṁea-ḋón é, díbirt ar an gcéad ṁoṫuġaḋ, agus a ráḋ le Íosa Críost: *vade Satana*: 'bí ar siuḃal, a ḋiaḃail.'

An dara meaḋón ċum buaḋċan orra, siocraċa nó ócáidí an ṗeacaiḋ do ṡeaċnaḋ agus gan taiṫiġe ná dánaċt do ḋéanaṁ air. Do-ġeóḃaiḋ duine grása do ṡábálfas é ar ṫuitim ann. 'Teilg tú féin síos do ṁullaċ an teampaill,' ars' an diaḃal le Íosa Críost, mar adeir linne gaċ aon lá: *mitte te deorsum* (Mata iv. 6). 'Thug Dia órduġaḋ dá aingil tú 'coiṁéad suas ċum ná marḃoċtá tú féin.' Aċt cad é an freagra ṫug Críost air? D'ḟreagair é ar an moḋ so. "Atá sé sgríoḃṫa: 'ní ċuirfir caṫuġaḋ ar do ṫiġearna Dia':" *non tentabis Dominum Deum tuum* (Mata iv. 7), 's é sin

le ráḋ, do réir mar ċruṫuiġid na hAiṫreaċa Naoṁṫa dúinn é, ní loirgeóċair agus ní ṫaiṫeóċair siocair nó ócáidí an ṗeacaiḋ; ní ċeangalóċair le neiṫe ar biṫ do ċuirfeaḋ toirmeasg ort, do ḋualgas nó do ḋiúitéiḋ do ḋéanaṁ mar is cóir, óir ag ceangal leó, caiṫeóċaiḋ tú i n-aġaiḋ Dé; agus ag síor-riṫ 'san dainnséar, éagfair ann.

An tríoṁaḋ meaḋón ċum buaḋa do ḃreiṫ orra: ar aiṫris Chríost, táṫuġaḋ go fírinneaċ le dliġeaḋ agus le haiṫeanta Dé, óir atá sé sgríoḃṫa—ag so an dliġeaḋ, ag so d'oifig agus do ḋualgas; 'ag so' adeir Naoṁ Aiḃirtín, 'do ċlogad agus do sgiaṫ, ag so do ṫearmann agus do ċoimirce ó'n uile ṡórt caṫuġaḋ.' Má ċuirtear caṫuġaḋ ort craos do ḋéanaṁ i gcaiṫeaṁ biḋ nó diġe, nó éagcóir do ḋéanaṁ ar an gcoṁarsain, nó beiṫ cionntaċ i ndrúiseaṁlaċt nó i ngadaiḋeaċt, abair leis an diaḃal: 'tá sé scríoḃṫa ná sealḃó-ċaiḋ go bráṫ luċt meisge ná póite, luċt biṫeaṁnais ná struapaċais, ríoġaċt na ḃflaiṫeas': *regnum Dei non possidebunt* (1 Cor. vi. 9). Má ċuirtear caṫuġaḋ sainnte ort, abair: 'tá sé scríoḃṫa—"créad a ḃuaḋas duine leis an doṁan uile do ċur fá smaċt, má ċail-leann go mío-ḟortúnaċ a anam féin?" (Mata xvi. 26). Má ċuirtear caṫuġaḋ mórḋála, uaḃair nó glóire dío-ṁaoine ort, abair: 'tá sé sgríoḃṫa—*subter te sternetur tinea, et operimentum tuum erunt vermes*' (Isaias xiv. 11). Baḋ ṁian leat taisbeánaḋ mór do ḋéanaṁ 'san tsao-ġal, baḋ ṁian leat tú féin do ḋéanaṁ ainmneaṁail leo' rabairne agus leo' ainṁiana. Aċt, mo nuar! béiḋ do ċolann truailliġte i gceann bliaḋna, i gceann míosa, nó b'ḟéidir i gceann trí lá, iaḋta suas i n-uaiġ talṁan mar a mbéiḋ ag loḃaḋ agus 'n-a beaṫaiḋ ag piastaiḃ.

Déiniḋ úsáid, a ċríostaiḋṫe, do na leiġeasaiḃ agus do na meaḋónaiḃ táḃaċtaċa tairḃeaċa so do ṫaisbeánas daoiḃ, ċum ḃur gclaonta agus ḃúr n-ainṁianta féin do smaċtuġaḋ do réir an ṁór-ṡompla san ṫug Críost daoiḃ. Do ṡeirḃeálaḋar na haingil é tar éis é 'ḃreiṫ buaḋa ar an diaḃal; béid ag seirḃeáil agus ag frioṫálaṁ oraiḃ-se mar aon leis, tar éis ḃeiṫ ionnraic buain-tṡeasṁaċ i n-a ġrásaiḃ, ag mór-ḃainis na glóire, atá ḋá ullṁuġaḋ ḋaoiḃ-se, ní d'iarraim-se ḋaoiḃ agus dam féin, i nAinm an Aṫar agus an Ṁic agus an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Ar n-a sgríoḃaḋ le Seaġan Ua hÚġḃair,
1816.

Seanmóir a Cúig.

AR BHEAṪAIḊ, AR MHIORḂAILIḂ ⁊ AR GHEINEALAIĠIḂ PHÁDRAIG .i. EASPOL NA hÉIREANN.[1]

(Lá-ḟéile Phádraig.)

Ecce sacerdos magnus qui in diebus suis placuit Deo.

Ag so an sagart mór do ṫaiṫniġ le Dia 'n-a laeṫeantaiḃ.

(An Leaḃar dá ngoirṫear Ecclésiasticus, xliv. 16.)

IS mór-ṁór ġoillear orm im' ċoinsias, a ċáirde, an neaṁ-ṫáḃaċt agus laiġead an iompáiḋ, fuaire agus failliġe na caon-dúṫraċta nó na hurraime, do-ċím nó ċloisim dár naoṁ-ṗátrún, Pádraig, do ċuir iliomad comaoine orainn, ag tógḃáil, ag tarrang, agus ag iompoḋ ár Sinnsear roṁainn ó ḋorċadas na págántaċta, an droiċ-ċreidiṁ agus na geintliḋeaċta diablaiḋe ċum solais an éin-ċreidiṁ ḟírinniġ ċatoiliciġ Róṁánaiġ, do ṡealḃamar agus do ċoiṁéadamar timċeall, ar fuaireamair, diaiḋ i ndiaiḋ, ó aimsir go haimsir, ó na sinnsearaiḃ sin go dtí an lá indiu; agus, mar an gcéadna, go ḃfuil ár bpátrún naoṁṫa go glórṁar do láṫair na Tríonóide do ṡíor, ag síor-ġuiḋe ar ár son fá n-ár gcoṫuġaḋ 'san éin-tslíġiḋ ḟíre sin ár slánuiġṫe, ċum glóire síorraiḋe flaiṫeaṁnais d'ḟaġḃáil. Ar son na mór-ċomaoine sin do ċuir sé orainn, agus na dtioḋlaiceaḋ ró-ṡuḃailceaċ as mó do b'ḟéidir linn d'ḟaġḃáil ar talaṁ, d'ḟaġḃáil dúinn, sílim gur cóir dúinn buiḋeaċas do ḃreiṫ leis an té fuair dúinn iad, ḃeiṫ 'gá ṁolaḋ go diaḋa dúṫraċtaċ,

---

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 265-84.

agus 'ġá ġuiḋe go minic 'n-ár n-urnaiġṫiḃ, fá n'impiḋe do ḃeiṫ go síorraiḋe ċum na Tríonóide ar ár son. Dá ḃur mbrostuġaḋ agus dá ḃur ngríosuġaḋ ċuige seo do ḋéanaṁ, glacaim an cúram so orm indiu. Ionnas go dtiocfaḋ liom sin do ḋéanaṁ agus do ċríoċnuġaḋ go hiomċuḃaiḋ, agus liḃ-se aire is éisteaċt do ṫaḃairt dom, do ṁéaduġaḋ glóire Dé agus d'onóruġaḋ agus do ṁolaḋ ár naoṁ-ṗátrúin, Pádraig, agus ċum ḃur maiṫeasa spioradálta féin, guiḋmíd an t-éan Dia uile-ċuṁaċtaċ maille le himpiḋe A Ṁáṫar ró-ḃeannuiġṫe Muire, ag ráḋ an Beannaċaḋ Muire go dúṫraċtaċ 'n-a honóir.

Ecce Sacerdos Magnus, etc. Féaċ an sagart mór ⁊c. Baineann leis an gcúram so do ġlacas orm annso, a ḟoillsiuġaḋ agus fios do ṫaḃairt daoiḃ, cia'r ḃ'é ár naoṁ-ṗátrún, Pádraig, agus cionnas ṫáinig ċum ḃeiṫ 'n-a ṡagart ṁór. Má's cóir Éireannaċ do ṫaḃairt ar an té ag ar ċaiṫeadar a ṁuinntear roiṁe, nó a ṡinnsir, dá ḃliaḋain is ceiṫre fiċid is trí ċéad i gcumas nó i gceannas na hÉireann, dá háitreaḃ agus dá ċoṫuġaḋ, is féidir a ráḋ gurab Éireannaċ ár naoṁ-ṗátrún, Pádraig; giḋeaḋ, ní i nÉirinn ruġaḋ é, fá mar inneósad daoiḃ mar leanas.

Treaḃ ḋaoine do ḃí 'san nGréig Ṁóir do ḃí ċoṁ raṫṁar, ċoṁ líonṁar, ċoṁ cumasaċ sin gur ġlac faitċeas agus eagla ṁór Rí Gréige go n-éireóċaidís i gceannas na Gréige, ṫar toil an Ríoġ nó dá aiṁḋeóin; agus is é foirċoiṁéad do-rigneaḋ air sin, daoirse sgláḃaiḋeaċta do ċur orra go léir, ag tarrang cruaḋ i mbolgaiḃ agus i málaiḃ leaṫair air a slinneánaiḃ, agus dá leaṫaḋ sin ar sgreallaċaiḃ is ar ċairrgiḃ cloċ ċum talaiṁ dílis agus ċum úir ṫorṫaṁail do ḋéanaṁ ḋe os cionn na gcloċ soin; agus

de sin do lean Firbolg mar ainm díoḃ. Do ġaiḃ tuirse agus dubrón mór iad, ar ḃeiṫ ḋóiḃ fá'n mbroid agus fá'n ndaoirse sgláḃaiḋeaċta do ḃí orra. Do ġaḃadar féin uile a ċéile, agus d'ḟágḃadar d'éantoil an ríoġaċt soin na Gréige; agus is é uaċtarán nó prionnsa do ḃí orra, Neiṁeaḋ. Thángadar go hÉirinn, agus do ṡealḃadar agus do ċoṫuiġeadar í ceiṫre ficid, ceiṫre céad agus dá ḃliaḋain; agus do ḃí ceaṫrar clainne ag Neiṁeaḋ so .i. Starn, Iarḃoinéal, Ainninn agus Feargus.[1] Do ḃí mac ag Feargus so dár ḃ'ainm, Briotán Maol. Do ċuaiḋ sé le páirtiḋṫe armála do'n Fhrainnc, agus do ċuir an cúigeaḋ as goire ḋúinn do'n Fhrainnc fá n-a smaċt agus fá n-a ċumas féin, agus is uaiḋ ainmniġṫear í .i. an Bhriotain; agus is as a ṡlioċt sin ṫáinig ár naoṁ-ṗátrún, Páḋraig, agus do b'é an cúigeaḋ glún déag uaiḋ é—mar as follas i seanċas na droinge sin. Calprann .i. Coḃlaċ mic Potaide, ainm aṫar Pháḋraig, agus Coinċeas, ainm a ṁáṫar—siúr ġairid do Mhártan Naoṁṫa .i. Easbog Tours 'san ḃFrainnc. Ba lánaṁa ḋiaḋa ḋeiġ-ḃéasaċ iad so. Do ḃí triúr ingean aca, Lupaid, Tigris, agus Dairearca.[2] Do ḃíodar an ḟaid sin d'aimsir gan cloinn, aċt an triúr ingean sin, go ndeaċadar i n-éadóċas tuilleaḋ cloinne do ḃeiṫ aca. Giḋeaḋ, do ċuir aingeal ó Dhia a suim do Choḃlaċ go mbéaḋ mac aige le Coinċeas, agus go mbéarfaḋ

[1] Sorbandus, *Jotus*, *Soarnus* (*Starnus*?) ⁊ Feargus atá 'sa MS., aċt ní ṫig seo le cunntas Seaṫrúin Céitinn.

[2] *Corkesia*, *Lupida*, *Tripida* ⁊ *Doreca* ata 'sa MS. Dearmaid ċleite iad so, aċt aṁáin *Lupida*. *Conchessa* tugtar 'sa laidin ar Choinċeas, máṫair Pháḋraig, ⁊ *Tigridia* is *Dorerca* an Thigris ⁊ Dairearca, a ḋeirḃṡeaṫraċa. Deir cuid do na sean-uġdaraib go raiḃ ḋá ḋeirḃṡiúr eile ag Easbol na nGaeḋeal .i. Liamáin, ⁊ Riċeann nó Riċeall. Tugtar ainmneaċa eile ar ṁáṫair Pháḋraig go minic, mar atá Coċmais, ⁊ Onnḃáin nó Gonnḃáin.

é 'san mbaile sin 'n-a raḃadar .i. Neaṁtor, i mBreatain na Frainnce. Fá'n am sin, ḃí duine diaḋa neaṁurċóideaċ 'san mbaile sin d'innseaḋ mórán do neiṫiḃ roiṁ ré go puiblíḋe follas, do ṫiocfaḋ ċum críċe mar adeireaḋ; agus aduḃairt go mbéarṫaoi mac i Neaṁtor go grod, do ḃéaḋ 'n-a uġdar ar neiṫiḃ ró-oirḋearca; go mbéaḋ 'n-a ġlóire dá náisiún, agus 'n-a ornáid do ḋúṫaiġiḃ imċiana.

An t-am ba ċlos sin do'n ṗrionnsa do ḃí i n-árd-ḟlaiṫeas an ḃaile agus na dúiṫċe sin, fuair go raiḃ a ḃean féin torṫaċ; agus, i ndóċas gurab ar an dtorṫaċas sin do ḃí aici do ḟíorḋóċṫaiḋe an ḟáirtine sin, do ḋíbir an méad do b'ḟollas dó do ṁnáiḃ do ḃeiṫ torṫaċ i Neaṁtor airti, aċt a ḃean féin. Níor smuain ar Choinċeas. Giḋeaḋ, leis an aimsir sin, do b'ḟollas a ḃeiṫ torṫaċ. Agus ar eagla gurab uirri do ṫuitfeaḋ toraḋ na fáirtine sin, do ċuir an ḃain-ṗrionnsa deoċ niṁe dá tabairt do Choinċeas. Giḋeaḋ, do ḃríġ gur díoṁaoin do ḋuine le n-a ċumas ná le n-inntleaċt daonda cur i gcoinniḃ nó conntráil air na neiṫiḃ d'órduiġeas Dia, ní ḋearna an deoċ niṁe doċar nó díoġbáil do'n ṁáṫair nó do'n leanḃ. Ar an áḋḃar soin, nuair ṫáinig an leanḃ ar an saoġal, fríṫ 'n-a láiṁ an niṁ 'n-a cloiċ ċruaiḋ, agus a ṁéara beaga dúnta 'n-a timċeall. An leanḃ soin do ṫosnuiġ i mbroinn a ṁáṫar ar ṁíorḃailiḃ do ḋéanaṁ, féaċ créad do-rigne an t-am ṫáinig ar fuaid an tsaoġail.

Aois Chríost ar mbreiṫ Pháḋraig, 372. Ar ṫeaċt ċum talaiṁ ḋó, an ċloċ ḟlim réiḋ ar ar tuismeaḋ é, ṫáinig ċum ḃeiṫ ainmneaṁail, ionnas duine air biṫ do-ḃéarfaḋ móid ḃréige maille léiṫi, go gcuirfeaḋ sí allas fola go so-ḟeicseana ḋi, agus mar sin go dtugaḋ cloċ Pháḋraig mar ainm uirri.

As-san go ndearnaḋ sagart de, is iomḋa trioblóid d'ḟulaing, agus míorḃail do ṫaisbeáin Dia maille leis, mar is follas do luċt léiġte a ḃeaṫaḋ. Aċt laḃróċad-sa air ṁórán do neiṫiḃ do-rigneaḋ leis ó do-rigneaḋ sagart de, do ḃríġ gur mar sin do ṫos-nuiġ mo ṫéacs: *Ecce sacerdos magnus, etc.*

Is annsoin do ċonnaic sé i n'ógánaċ, leinḃ na hÉireann dá ġairm 'n-a ainm féin, agus dá iarraiḋ air teaċt agus iad féin do ḃaisteaḋ 'san gcreideaṁ Ċatoiliceaċ; so an t-am do ḃí sé deiċ mbliaḋna fiċead d'aois. Do ċuaiḋ sé go dtí an t-easbog naoṁṫa, Gearmán Antissiodórensis. Do ġlac an t-easbog go carṫannaċ ceanaṁail é. Thug ró-ġráḋ agus taiṫneaṁ dó. Do-rigne an t-easbog sagart de, agus ṫug Magónius mar ainm air, do ḃríġ gur taisbeánaḋ dó, go mbéaḋ sé 'n-a ḋuine ġlic eagnaiḋ foġlumṫa deiġ-ḃeaṫaċ.

Ecce sacerdos magnus, etc. Féaċ anois, taisbeánfad daoiḃ go raiḃ 'n-a ṡagart ṁór. Do ġluais sé as-san, is do ċuaiḋ go dtí a ḋuine gaoil .i. an t-easbog naoṁṫa, Mártan, agus do ċoṁnuiġ i n'ḟoċair ceiṫre bliaḋna ag déanaṁ báir-ḟoġlumṫa 'san diaḋaċt. As-san do ċuaiḋ ar an ḃfásaċ i ḃfoċair na ndiṫreaḃaċ, agus ṫug suas é féin 'n-a riaġail oċt mbliaḋna. I n-iomad tréaḋanais agus trosgaiḋ, agus tré ṁéad an ocrais do ḃí air, do ġlac fonn feóla d'iṫe é, agus do ḟóláċair píosa feóla muice agus do ċuir i ḃfolaċ é, ionnas go n-íosfaḋ é a gan-ḟios do ċáċ ná hiṫeaḋ feóil ar éan-ċor. Gideaḋ, nuair ḃí sé ag iṫe do ṫaisbeáin fíoġair aġaiḋ ḋuine é féin dó, agus súil i gclár a éadain agus súil i gcúl a ċinn aige. Do ċuir a radarc an oireaḋ soin do ṁoṫuġaḋ agus d'uaṫḃás air sul do ḃlais sé an ḟeóil, gur

ḟiafruiġ cad é a ċoir. 'Atáim,' ar sé 'leis an súil seo i gcúl mo ċinn ag féaċaint ar an manaċ atá ag foluġaḋ feóla 'n-a ṫubán ċum sásuiġṫe a ainṁian'; agus le n-a ċois sin, d'imṫiġ go do-ḟeicseana uaiḋ, agus do ġaḃ an oiread sin d'uaṁan 7 d'eagla é, gur ḃuail a ċeann faoi, agus gur ġoil go dóláraċ aiṫriġeaċ; agus air n-éirġe 'n-a ḟearaṁ ḋó, ṫáinig an tAingeal Victor ċuige, agus aduḃairt go raiḃ sin maiṫte aige. Agus iar sin, ní heaḋ aṁáin gur ċaiṫ uaiḋ an ḟeóil sin, aċt as soin suas do-rigne tréaḋanas ó ḟeóil go bráṫ. Agus ar ḟuráileaṁ an aingil do ṫóg an ḟeóil 'n-a láiṁ agus do ċaiṫ 'san uisge í, agus d'iompuiġ ar an áit sin ċum ḃeiṫ 'n-a hiasg.

D'ḟill tar 'ais ar an easbog réaṁ-ráiḋte, Gearmán naoṁṫa; agus do réir mar aduḃairt an t-aingeal leis, d'innis do'n easbog gur ḃ'ḟonn leis dul do'n Róiṁ. Do ṁol an t-easbog soin leis, agus do leig Eigidius,[1] sagart maiṫ deiġ-ḃéasaċ leis mar ċuideaċ tain 'san tṡliġiḋ. Tharla sé i n-oileán do ḃí i ḃfairrge na Rúsa 'san Iodáil; agus do ḃí beaṫaḋaċ uaṫḃásaċ roiṁe 'san oileán. Nuair do ḃídís ag tóg-ḃáil uisge a héan-tobar dá raiḃ ann, do ṁarḃaḋ an beaṫaḋaċ réaṁ-ráiḋte na daoine do ḃíoḋ 'san oileán ag tógḃáil an uisge ċéadna. Agus do ċuaḋadar i n-impiḋe ċum Phádraig, Dia do ġuiḋe fá'n bpéist sin do ḋíbirt agus do ċosg díoḃ. Do ġuiḋ Pádraig Dia mar d'iarradar air; agus ṫáinig de sin, gur imṫiġ an ṗiast uaṫa, agus níor ḟill sí orra ó ṡoin ale.

Tháinig ċuige duine do ḃí ann dár ḃ'ainm Iústas, agus ṫug ċuige maide ḃreaġ agus leaḃar 'n-a raḃadar na Soisgéil go hiomṡlán, agus d'innis dó gur ḃ'é Íosa

[1] Sergetius 'sa MS.

Críost féin ṫug dó iad, ċum a dtabarṫa do Mhagónius, agus is é maide Íosa do b'ainm do'n ṁaide. Labrann San Barnárd air an maide so i mBeaṫaiḋ Mhaolṁaeḋog[1] Naoṁṫa, Éireannaċ agus Príoṁ-ḟáiḋ na hÉireann. Adeir Barnárd Naoṁṫa, 'n-a aimsir féin, go raiḃ an ṁaide seo deaġ-órḋa, agus é cóiriġṫe lán do ṗéarlaíḃ uaisle.

Do ġluais roiṁe as-san do'n Róiṁ, agus 's é ba Pápa ann an uair sin .i. Celestínus, an cúigeaḋ Pápa air ḟiċid tar éis Pheadair. Do ṫosnuiġ an ḃliaḋain d'aois an Tiġearna 432, agus an t-am do ṫuig is dob' aiṫne ḋó naoṁṫaċt aigniḋ agus acfuinn Mhagónius, do ṁeas gur ṁaiṫ aige é le n-a ċur ċum creideaṁ do ṁúnaḋ i nÉirinn. Giḋeaḋ, cionnas do ċuir ann é, inneósad féin sin daoiḃ.

Torannán .i. Árd-airċinneaċ[2] do ḃí ag an bPápa so, do-rigne easbog de, agus do ċuir go hÉirinn é le cuideaċtain do ċléir ḋiaḋa ċráiḃṫiġ, agus d'iarr air na hÉireannaiġ d'iompoḋ ċum an ċreidiṁ ċatoiliciġ. Giḋeaḋ, ní ṫáinig sin leis; agus nuair naċ dtáinig, do ċuaiḋ go Breatain na Sacsan agus do-rigne trí teampaill innti. Agus fuair féin bás ann, agus do fágḃaḋ os cionn na dteampall ceaṫrar do na compánaiḃ sin ṫáinig leis ó'n Róiṁ go hÉirinn .i. Aiḃistín, Bennett, Siluister, agus Solómus. Agus nuair ba ċlos do'n Phápa bás Torannáin, do ċuir fios ar Phádraig agus do ḃain é ċum dul go hÉirinn. Annsin do ṁalartaiġ a ainm ó Mhagónius, agus ṫug Pádraig mar ainm air. Do ḃí an t-ainm sin go hoir-

---

[1] *Mallachias* 'sa MS.

[2] Pairrisíneaċ atá 'sa MS., aċt is dóċa gur dearmad ċleite é sin. Bhí Torannán .i. Palladius 'n-a Árd-airċinneaċ ag an bPápa sul a ndearnaḋ a ċoisreaga n'-n-a easbog, ⁊ a ċur go hÉirinn.

ḋearc 'sa Róiṁ ó aimsir Romullus .i. céad rí na Rómánaċ, d'órduig is do ċuir an céad seanaide nó coṁairleaċ os cionn an Mhaiṫeasa Phuiblíḋe; agus Patres .i. Aiṫreaċa do goirtiḋe ḋíoḃ, agus Paitrianaí, nó Paitrisians, dá sliocht 'n-a ndiaiḋ. Agus dá ḃríġ sin, tugaḋ mar ainm ar Pháḋraig é, ionnas go mbéaḋ sé 'n-a aṫair sprioradálta ag mórán puibleaċ. Annsin do-rigne an Pápa a léagáid féin i nÉirinn de; agus ar ḃeiṫ ḋó buaḋarṫa i n'aigneaḋ roiṁ an mór-ċúram sin do ċuir an Pápa air, ṫáinig an tAingeal Uictor ċuige agus aduḃairt leis intinn ṁaiṫ do ḃeiṫ aige, ag dul ar aġaiḋ. Agus do ḃríġ go ḃfaca go raiḃ docaṁlaċt 'n-a intinn, rug leis é air ṡliaḃ Morócó, láiṁ le fairrge na Rúsa; agus annsin do ṫaisbeán ár dTiġearna, Íosa Críost, é féin dó, do ḃeannuiġ é, agus aduḃairt go mbéaḋ féin 'n-a ċaḃair 'san uile ġáḃaḋ is guasaċt aige.

Ecce sacerdos magnus, etc. 'Ag so an sagart mór,' ⁊c. Do neartuiġeaḋ annsin é, ⁊ do ġlac a ċoṁṁór sin do luṫġáir é ó ċoṁráḋ an Aingil leis, gur ḋearmaid an uile ní dá raiḃ roiṁe sin air. Agus do ġluais roiṁe ó'n Róiṁ go n-a ḟiċid duine foġlumṫa do leig an Pápa leis; agus do ċuaiḋ go dtí an t-easbog naoṁṫa, Gearmán, go hAntissiodórum,[1] agus fuair annsin cailís, agus do ġlac eideaḋ Sagairt agus Leaḃar Aifrinn ó Ghearmán Naoṁṫa. Iar sin do ġluais, agus níor stad go dtáinig ċum cuain: agus is annsin ṫárla leis Brogán, Broċaid, Magenóg, ⁊ Lomán, clann Tigris, a ḋeirḃṡiúr, agus Mel, Moirioc nó Riḋeóg, ⁊ Muinis triúr mac a ḋeirḃṡiúra eile .i. Dairearca. Ba ḃreaġ an mór-ḟeirear soin ṫárla ann,

[1] Auxerre: Antisodore 'sa MS., aċt ní ceart é sin.

óir ṫángadar ċum ḃeiṫ 'n-a n-easbogaiḃ agus 'n-a naoṁaiḃ uile.[1]

Do ċuireadar a dtrosgán agus iad féin ar ḃórd luinge; agus tar éis ḃeiṫ istiġ dóiḃ do ḃí duine lán do loḃra air an dtráiġ, agus d'iarr go truaiġṁéileaċ a ṫógḃáil agus a ḃreiṫ go hÉirinn. Níor ḃ'áil leis an ḃfuirinn an t-arraċtaiḋe gránda do leigint isteaċ. Do ġlac truaġ dó Pádraig, agus do ċaiṫ ċuige iomaltóir mór ṫrom marmuir ṫug an Pápa dó mar ṫaḃartas, agus aduḃairt leis dóċas maiṫ do ḃeiṫ aige i nDia, suiḋe suas ar an gcloiċ, agus go mbéarfaḋ léi go hÉirinn é. Do-rigne an loḃar mar aduḃairt Pádraig leis, agus níor luaiṫe lúṫṁaire an long soin do ḃí déanta d'aḋmad tirm 'ná an carraig ċruaiḋ ċloiċe sin go hÉirinn, agus an loḃar soin slán glan uirri.

Agus nuair do ḃí an long i radarc an talaiṁ, ṫángadar a lán do ḋeaṁnaiḃ roimpe, ag cur stuirme ar an ḃfairrge go mór, ionnas ná leigfidís an ċuallaċt ḃeannuiġṫe isteaċ go hÉirinn. Ṫógaiḃ Pádraig a láṁ ḃeannuiġṫe suas, do-rigne Ḟíoġair na Croiċe, agus do sgaoileaḋ agus do sgannraḋ an diaḃlaiḋeaċt sin uile ċum neiṁníḋe, agus annsoin ṫáinig isteaċ i gCúigeaḋ Laiġean, i gcríoċ Cuallan, i gcuan Inḃir nDé.

Iar dteaċt go hÉirinn dó, do ḃí trí hurċóideaċa ró-ṁóra innte .i. draoiṫe, luċt feasa agus piseóg,

---

[1] na hainmneaċa Laidne, *Brocanus* (.i. Brogán), *Brocadius* (.i. Broċaid), *Magenocus* (.i. Magenóg), *Cumanus* (*Lomanus* 'sa gceart .i. Lomán), *Mellerocus* (.i. Mel ⁊ Moirioc táiḋte 'n-a n-éan-ḟocal ó ḋearmad ċleite) ⁊ *Mumius* (*Munius* 'sa gceart .i. Muinis), atá 'sa MS. Do réir a láin do ṡean-uġdaraiḃ na nGaeḋeal ḃí mórán mac eile ag Tigris, deirḃṡiúr Pháḋraig, ⁊ an t-iomṡlán 'n-a n-easbogaiḃ, mar atá Maolċú, Mioḋna, Lurán, ⁊c. Tá cunntais na sean-uġdar ag baint leis na neiṫe seo, conntrárḋa le ċéile ṫar fóir.

agus deaṁain diabluiḋe aeir, do ḃíoḋ ag congḃáil na ndaoine i ndorċadas is i mbrágántaċt ċoṁnuiġṫiġ. Agus nuair ṫáinig i dtír mar sin i nInḃear nDé go n-a ṁór-ḟeisear ar ḟiċid do ċléir ḟoġlamṫa ḋiaḋa, do ḃíodar iasgairí ag tógḃáil éisg go hiomaḋaṁail ann; agus do ḃríġ go raḃadar an ċléir ocraċ, d'iarradar cuid do'n iasg ċum a sásuiġṫe; agus do ḋiúltuiġeadar na hiasgairí é. Do ṁalluiġ Pádruig an cuan móir-iasgaċ soin; agus, dá ḃríġ sin, níor ḟríṫ éin-ġreim éisg ann ó ṡoin suas.

Do ġluais as-san go dtí an baile ba ġoire do'n ċuan. D'iarr aoiḋeaċt na hoiḋċe sin orra. Do ḋiúltuiġeadar é, agus iar-san do riṫ orra an fairrge amaċ, agus do ṁúċ an talaṁ, air ṁoḋ gur ḟan mar sin báiḋte gan toraḋ gan tairḃe do ṫaḃairt uaiḋ ó ṡoin. Táilgean ainm an ḃaile. Aċt do ḃí duine ann dár ḃ'ainm Sinéall Mac Fionnċaḋa, ṫáinig agus do ġlac an naoṁ go luṫġáireaċ, agus do ġlac baisteaḋ uaiḋ, air ṁoḋ gur ḟan a ṫalaṁ gan báṫaḋ aige. Agus is é sin céad duine do ḃí 'n-a ṁac spiora-dálta ag Pádraig i nÉirinn.

Do ġluais as-san roiṁe, agus níor stad go dtáinig go hInḃear na mBarc agus ṫáinig go teaċ Seisgneáin[1] do ġlac le ró-ġráḋ é, agus do ġlacadar a ṁuinntear creideaṁ agus baisteaḋ. Agus ḃí mac aige ar a dtugaidís Bineán nó Bineann; agus ar n-a ḃeiṫ do Phádraig ag an dteinid, do ḃíoḋ an leanḃ 'n-a ḟoċair 'n-a ṡuiḋe, agus a ḋá láiṁ timċeall a ċoise; agus níor ḃ'áil leis gan codlaḋ taoḃ le Pádraig an oiḋċe sin, agus ar 'n-a ḃáireaċ ní ḟan-faḋ uaiḋ. Dá ḃríġ sin, do ġlac Pádraig go cean-

[1] Finnteaḋ atá 'sa MS., aċt Seisgneán do b'eaḋ ainm aṫar Bhineáin do réir na sean-uġdar i gcoitċinne.

aṁail é, agus ṫug Stiaḃna mar ainm air, agus le n-a ḟáiṁe ṫug Benignus mar ḟorainm air. Agus d'innis Pádraig go mbéaḋ sé 'n-a árd-ḟlaiṫ 'san Eaglais; agus b'ḟíor ḋó soin. Ar an áḋḃar soin, is é céad Áird-easbog do ḃí i nÁrdṁaċa i ndiaiḋ Pháḋraig é.

Do ġluais roiṁe go hInḃear Sláinge, agus do ṁúin buaċaill muc ṫárla leis an tsliġe ḋó go teaġlaċ a ṁaiġistir .i. an Prionnsa Díoċú mac Treiċim. An uair do ċonnaic Díoċú na críostaiḋṫe ċuige, do ġlac olc mór ċúċa é, agus do sgaoil agus do ġríosuiġ na coin .i. Olc, Arc agus Éigean .i. *Perversitas, Voracitas* ⁊ *Violentia,* trí madraiḋe confaiḋ do ḃí aige, agus do riṫeadar ċum a gciorrḃuiġṫe do láṫair. D'iarr Pádraig ar Dhia a gcosg ó'n gcléir do ḃí gan éin-ṗrioca arm aca, agus gan ṁoill go mín ceannsa do luṫġáireadar na coin rómpa. Annsoin do ċuir Díoċú láṁ ċum a ċlaiḋiṁ. Giḋeaḋ, ní ṫáinig leis, agus ní raiḃ cumas a ċorruiġṫe aige as an áit 'n-a raiḃ, ionnas gur iarr párdún agus gur iompuiġ ċum an ċreidiṁ, é féin agus a ḋúṫaiġ uile. Agus do ḃronn do Pháḋraig an baile, Saḃall; agus, i n-a ḋiaiḋ sin, tugaḋ Gráinseaċ Pháḋraig mar ainm ar an áit sin. Agus do-rigneaḋ mainistear manaċ ann, agus do ċuir Pádraig an naoṁ, Duinis,[1] mar Abb uirri. Agus do ḃeannuiġ Díoċoin is na briaṫraiḃ seo: *Sidere Didit Dichonem Olimphii, qui mihi savoram manere Grata Dedit* .i. Beannaċt Dé ar Dhíoċoin do raḋ dam an Saḃall; béiḋ aige-sean dá éis seo neiṁṫeaċ gleise glan-oll.[2] Ar mbeiṫ do Pháḋraig ann

---

[1] Dúnruis sa MS. Ní ceart é seo, áṁ, mar is é *Dunnius* tugtar ar an naoṁ so ag na hUġdaraiḃ 'sa Laidin.

[2] Tá an MS. go han-loċtaċ annso. Ag so mar atá: "ro ḃa é sin treise naoṁṫaċt geise glannóil." Aċt na sean-sgríḃne do ḃeiṫ

ag ráḋ Aifrinn, do ḃí draoi ar marcuiġeaċt ag gaḃáil tar an ḃfuinneóig. Do ċaiṫ maide do ḃí 'n-a láiṁ aige leis an gcailís ḃeannuiġṫe, agus do leag ar a taoḃ í ar an Altóir. Do ḟloig an talaṁ 'n-a ḟeasaṁ go hifrionn é .i. an draoi. Do ṫóg Pádraig an ċailís, agus níor doirteaḋ éan-ḃraon di.

Do ġluais roiṁe go Miolċú,[1] prionnsa dá raiḃ Pádraig seaċt mbliaḋna 'n-a óige 'n-a ṗríosúnaċ aige, agus é 'n-a ṁuiciḋe muc aige. Agus 's é sin aimsear d'ḟoġlaim sé an Ghaeḋilg do ḃí aige go maiṫ. Agus do ḃain Miolċú so mar ḟuasclaḋ as, tona óir fuair Pádraig i dtoċar muice maille le faisnéis an Aingil. Agus tar éis Pádraig d'imṫeaċt agus an prionnsa do ġlacaḋ an óir, do ċuir sé lorgaireaċt air Pháḋraig do ċum a ċongḃála. Giḋeaḋ, ní heaḋ amáin gur imṫiġ Pádraig agus an long ṫug an t-aingeal dó; aċt ar ḟilleaḋ follaṁ ḋóiḃ, ní ḟuair an prionnsa éin-ṗinginn do'n ór aige féin. Nuair do ṫuig anois go raiḃ Pádraig ag teaċt an aṫ-uair ċuige do ċuaiḋ trí n-a ċéile agus aduḃairt leis féin: 'ní ḃéiḋ le ráḋ go n-uṁlóċainn dom' ṁuiciḋe féin, agus ní ḃuailfead fá réasúntaċt leis, ar eagla

---

againn, níor ḃ'éidir a ċeartuġaḋ. I gceann do na sean-sgríbniḃ ag so mar léiġtear:—

Bendaċt Dé for Díċuin
  Dorat damsa in Saball
Rombi esum darhéiri
  Nemṫeċ ngleise nglanóll,

⁊ i gceann eile ag so mar léiġtear:—

Bendaċt Dé do Díċoin romfóir imon saball
Ro-n-bia-sum dia éssi in noemteċ nglesed nglanoll.

—(*Trip. Life*, Stokes, vol. i. p. 36, and vol. ii. p. 450.)

[1] Is iomadaṁail Miliuc dá ṫabairt ag na sean-uġdaraiḃ ar an ḃfear so.

go n-imṫeóċaḋ orm mar d'imṫiġ ar Dhíoċoin. Agus iar soin an ṁéad do ḃí aige, do ċruinniġ i ḃfoċair a ċéile iad; agus do ṡuiḋ féin ar a lár anuas. Agus nuair do ṫuig go raiḃ an naoṁ ċuige, ag teaċt ċum raḋairc an ḃaile, ṫug teine dóiḃ agus dó féin. Agus nuair do-ċonnaic Pádraig an deataċ, d'innis dá ṁuinntir gur cailleaḋ an droċ-ḋuine ċum ifrinn. Agus do ḃrostuiġ Pádraig ċum an ḃaile, is do ṡáḃáil a ḋias inġean agus do ḃaistiġ iad. Agus is 'n-a mban-naoṁaiḃ fuaradar bás; agus do haḋlacaḋ iad i gCluain Ḃró.

Fá'n am soin, Laoġaire Mac Néill, rí do ḃí 'n-a ḋuine ḃorb, do ġlac olc is fearg ṁór ċum Díoċon é ar son iompoḋa ċum an ċreidiṁ. Ba ċlos do Phádraig sin. Giḋeaḋ, fuair ó Dhíoċoin dul i dteaċtaireaċt uaiḋ go nuige Laoġaire, agus d'innis dó gur iarr Pádraig cead seanmóra agus creideaṁ do ṁúnaḋ air. Do ġaḃ Laoġaire é féin agus a ċompánaċ, dá gcur i bpríosún, agus biaḋ guirt gan deoċ do ṫaḃairt dóiḃ mar ḃeaṫa. D'ḟuasgail Dia iad. D'imṫiġeadar san oiḋċe agus a leaṫ-ġlas féin ar gaċ aon díoḃ, agus rugadar do'n dún iad, agus as san ṫugadar 'Dún dá Leaṫ-ġlas' mar ainm air. Rug Pádraig buiḋeaċas le Díoċoin ar son a uṁlaiḋeaċta. D'ḟág slán aige, agus níor stad go Droiċeaḋ Áṫa. D'ḟág a long ag Lomán, mac a ḋeirḃḟeaṫraċ .i. Tigris; agus aduḃairt leis fuireaċ dá-ḟiċid lá. Agus d'ḟan seisean ceiṫre fiċid lá; agus nuair naċ dtáinig Pádraig ċuige, do ġluais roiṁe ag déanaṁ maiṫeasa i ḃfíonúir an Tiġearna.

Dála Phádraig, ṫárla go maċaire mór os coṁair Teaṁraċ, Dia-Saṫairn; agus lá ar n-a ṁáireaċ do ḃí féasta an peaċta aca-san, agus níor ḋliġṫeaċ do

ḋuine air biṫ i raḋarc Teaṁraċ teine do lasaḋ roiṁ ṫeiniḋ an ríoġ i dTeaṁraiġ. Ní raiḃ fios nóis a dtíre ag Pádraig gur ċuir teine ṁór dá lasaḋ. Do-ċonnaic an rí an teine, agus d'ḟiafruiġ cia do ḃris an reaċt. D'innis Lucad Maol agus Loċra,[1] ḋá ḋraoi do ḃí aige, gurab é Pádraig do-rigne sin i dtar-caisne a ḟógarṫa-san; agus aduḃairt naċ raiḃ breiṫ ar ṫoirmeasg do ḋéanaṁ ḋó, gan é d'ionnsaiḋe an oiḋċe sin féin, agus gan é 'ċiorrḃaḋ gan ṁoill. Do ġléas an rí agus a ṁuinntear seaċt mbaiġíní nó seaċt gcarbaid fiċead, agus ṫángadar i ngar do'n teiniḋ. Do ċuir na draoiṫe i gcéill do'n ríġ gan dul go Pádraig, d'eagla go dtuigfeaḋ gur mar ċion air do raċaḋ féin ann. Agus aduḃradar saiġdiúirí do ċur dá ṫaḃairt i láṫair an ríoġ; agus aduḃradar leis an luċt feiṫṁe gan éan-duine aca d'éirġe 'n-a ṡeasaṁ nuair do ṫiocfaḋ Pádraig i láṫair.

Ṫáinig an naoṁ; agus d'éiriġ Earc Mac Deaġa, is do leig é féin ar a ġlúiniḃ, is ġlac baisteaḋ, is ṫáinig fá ḋeireaḋ ċum a ḃeiṫ 'n-a easbog naoṁṫa i Sláinge. D'ḟiafruiġ an rí do Ṗádraig créad é a ṫoisg. Agus tar éis Pádraig d'innsint a ċúise, agus a ṫaisbeánaḋ ḋó cia hé an t-Éin-Dia uile-ċuṁaċtaċ, i dteangain ṁaiṫ Ġhaeḋilge, do ċuir sé iongantas mór ar ċáċ uile. Do ḃí an draoi réaṁ-ráiḋte, Loċra, lán do niṁ, ag mallaġaḋ Dé agus a naoṁ; agus, le n-a ċois sin, tógḃaḋ os cionn talaiṁ é, agus do caiṫeaḋ tar 'ais anuas é ar ċarraig ċruaiḋ ċloiċe, ionnas gur leigeaḋ a inċinn amaċ as an gceann. Annsoin d'ḟógair an rí, déanaṁ ar Ṗádraig agus a ṁarḃaḋ; agus do noċt gaċ aon aca-san a arm. Agus

[1] Lúċás Maol ⁊ Lúċraiḋe 'sa MS., aċt tá sé i múġa.

ṫáinig an oiread sin dorċadais ann, naċ ḃfacadar an naoṁ, gur ġaḃadar féin ag marḃaḋ a ċéile, ionnas gur ṫuiteadar naoi ndaoine déag ar ḟiċid díoḃ marḃ ar an láṫair sin. Do ġaḃ na heiċ ar siuḃal i ḃfiaḋain go ndeaċadar ar ḟliaḃ Moġ-ḋuirn. Do ċuaiḋ an rí agus a ḃainríoġan dá ríoġ-ċúigeaḋ, agus ceaṫrar eile i mboṫóig. Agus do sáḃálaḋ ann iad. Tángadar ar a nglúiniḃ ċum Phádraig. D'iarr an rí párdún, agus aduḃairt leis teaċt lá ar n-a ḃáireaċ go Teaṁair; agus i láṫair na Párlamuide, go nglacfaḋ féin an creideaṁ.

Giḋeaḋ, ní raiḃ aċt calaois aige lá ar n-a ḃáir-eaċ. Do ċuir an rí naoi luiġeaċáin roiṁ Phádraig agus a ṁóir-ḟeisear sagart agus a leanḃ, Bineán. Agus do ġaḃadar tar na luiġeaċánaiḃ gan baint leó. Agus is é connarcṫas do na luiġeaċánaiḃ sin, oċt n-eilte agus laoġ ag imṫeaċt ṫarsa. Agus ar ḃeiṫ do'n ríġ agus dá ċóisir ar ḃórdaiḃ, ag teaċt tar an uaṫḃás do ċonnarcadar, agus na geataí dúnta go daingean orṫa, do ḟeas Pádraig go n-a oċtar sagart ar lár an halla. Do ġlac iongantas các uile. Tar a ċionn sin, aduḃradar leis suiḋe. D'iḃ an rí deoċ ar Phádraig; agus do líon an draoi Luċad Maol an cupán nó an corn, agus do ċuir, le hórduġaḋ an ríoġ, niṁ go leór ċuige ann. Do ġlac Pádraig an corn. Do-rigne Fíoġair na Croise air. Do ḋoirt an niṁ ċuige ar a ḃais, agus í ionntuiġṫe ċum ḃeiṫ 'n-a leic oiḋre. D'iḃ deoċ do'n ḟíon agus ṫug an corn dá ṁuinntir, le hiongantas mór an ríoġ agus na cúirte uile.

Agus tar éis bíḋ, do ġluais an rí ċum an Oir-eaċtais. Agus do laḃair le coisiḋe,—Crinnliaṫ a ainm,—agus aduḃairt leis a ċeann do leigean ar

ċloiċ, agus a lán fola do ḃeiṫ 'n-a ṫimċeall, agus a leigean air go mbéaḋ marḃ. Do-rigneaḋ mar sin; agus nuair ṫángadar gus an áit 'n-a raiḃ sé, do noċt an rí an ċúis, agus d'iarr ar Pháḋraig féaċaint ċuige. Do ḃí 'ḟios ag Páḋraig cionnas mar do ḃí an ċúis, agus aduḃairt: 'Is dóiġ leat-sa naċ ḃfuil sé marḃ. Giḋeaḋ, atá a ḋearḃ agam-sa go ḃfuil marḃ ar son a ṁagaiḋ.' Agus do ḃí marḃ gan aṁras.

Do ċuaḋadar fá'n maċaire mór mar a raiḃ an t-Oireaċtas. Do ḃí Páḋraig ag teagasg. Do ċuir an rí agus a ḋraoi toirmeasg air, agus aduḃairt: 'Déanfamaoid-ne míorḃailí puiblíḋe.' Agus, le n-a ċois sin, do ḃuail ar ḃeiṫ ag ráḋ mórán do ḃriaṫraiḃ do-ṫuigseana, ag gairm caḃra an aiḋḃeir-seóra, agus gan ṁoill do ḃí sneaċta ró-iongantaċ ann. Aduḃairt Páḋraig leis, a ċur tar 'ais; agus aduḃairt sé nár ḃ'ḟéidir leis sin go dtí lá ar n-a ḃáireaċ. Thóg Páḋraig a láṁ ḃeannuiġṫe suas, is do-rigne Ḟíoġair na Croise naoṁṫa; agus d'imṫiġ an sneaċta leis sin. Do ḃuail an draoi ar ealaḋain arís, agus ṫug dorċadas iongantaċ ann do ċuir uaṫḃás mór ar an Oireaċtas. Aduḃairt Páḋraig leis, a ċur ar 'ais; agus nuair naċ ndearna, do ġuiḋ féin Dia go dúṫraċtaċ, agus d'imṫiġ sin uile ċum neiṁníḋe; agus do ḃí grian ró-ḟólasaċ ar an aer, do ċuir luṫġáir mór air ċáċ uile. Annsin aduḃairt an rí leó a leaḃair do ċur 'san uisge, agus cibé leaḃar do ṫiocfaḋ slán, a ċreideaṁ-san do ġlacaḋ. Ba toil le Páḋraig sin. Aċt do ḋiúltuiġ an draoi ḋó, dá ráḋ gurab é an t-uisge ba Dhia do Pháḋruig, do ḃríġ gur leis do-ġníoḋ an Baisteaḋ. Aduḃairt an rí: 'Maiseaḋ, cuiriḋ ḃur leaḃair 'san teiniḋ.' Do ḋiúltuiġ sin, do ḃríġ gur aḋair Páḋraig

uisge agus teine. ‘Ní aḋraim-se na dúile,’ ar Pádraig, ‘aċt aḋraim Dia do ċum agus do ċruṫuiġ na dúile; agus ċum naċ mbéimíd i n-impeas a ḃfad, déantar teaċ annso, agus cuirtear dair láidir ġlas ’n-a leaṫ agus aḋmad tirim críon ’san leaṫ eile ḋe. Éiriġ-se ’san leaṫ ġlas ḋe agus mo ċóta-sa ort. Cuirfead-sa mo ḃuaċaill óg ’san éadan ċríon ḋe agus do ċóta-sa air. Ceangaltar a láṁa agus a gcosa, agus cuirtear teine i n-éinḟeaċt i ḋá ċeann an tiġe, agus cibé agaiḃ ṫiocfas slán, aḋarṫar a Dhia sin.’ Do-rigneaḋ aṁlaiḋ sin; agus do-rigneaḋ luaiṫreaḋ do’n draoi, agus níor ḃain an teine le cóta Pháḋraig do ḃí air an draoi, agus do b’é cóta bán é. Dála an ḃuaċalla, do dóiġeaḋ cóta an draoi do ḃí uime. Giḋeaḋ, tar éis an tiġe do ḋóġaḋ, do gairmeaḋ amaċ é, agus ṫáinig sé ag siuḃal amaċ, aṁail do ṁúsglóċaḋ as a ċodlaḋ an tráṫ sin. Ḃenignus nó Ḃineán do ḃí ann, agus tugaḋ as soin mar ainm Ḃeirċeart naoṁṫa air.

Do ṁeasfaḋ duine go mbaḋ leór mar ṁíorḃailíḃ iad so féin amáin ċum Laoġaire d’iompoḋ ċum an ċreidiṁ. Aċt do ḃí d’urċóid ann, gurab é ní do-rigne, maille le coṁairle na coda ba ṁó ḋíoḃ, bás d’ḟaġḃáil do’n Naoṁ, maille leis an sluaġ do ḃrostuġaḋ ċuige le n-a n-armaiḃ. Ní mór gur ṫúirse le n-a ḟaṁlaoid ’ná, le criṫniuġaḋ talṁan ṫáinig d’urċar, gur sloigeaḋ cúig céad déag fear i n-a ndeiġ-ḃeaṫaiḋ ar an áit sin i dtalaṁ ḋíoḃ.

Annsin d’uṁluiġ Laoġaire go calaoiseaċ, agus aduḃairt go nglacfaḋ an creideaṁ agus go n-aḋarfaḋ Críost. Aċt do leig an ḃainríoġan í féin ar a glúiniḃ ar an láṫair air leic ċloiċe, agus do ġlac baisteaḋ; agus tugaḋ Leac na Ríoġna mar ainm air

an leic sin. Agus do baisteaḋ mar aon léi an lá soin dá ṁíle déag fear agus ban. Thug an rí láin-ċead ċum teagaisg gan buaiḋirt ó éan-duine do Phádraig, agus ṫug dó féin agus do'n Eaglais ró-iomad tabartas, agus deir Próbus Solínus gur ġlac féin baisteaḋ; giḋeaḋ, táid úġdair eile con-trárḋa dó. Aċt is follas go ndearna Pádraig do ṫairngireaċt naċ mbéaḋ éan-duine dá ṡlioċt ċoiḋċe 'n-a ríġ i nÉirinn, aċt an ġein do ḃí an uair sin i mbroinn na bainríoġna. Agus do b'é Luġaiḋ do ḃí 'n-a broinn, agus is é do ḃí 'n-a ríġ i ndiaiḋ Laoġaire. Agus ar soin suas do leiġeadar na droiċ-ċreideaṁaiġ ḋíoḃ dánaċt do ḋéanaṁ ċoṁ mór soin ar ḃás an naoiṁ d'iarraiḋ.

Ecce sacerdos magnus. Féaċ an sagart mór. D'innsear daoiḃ, iar dteaċt go hÉirinn do'n naoṁ, go raḃadar trí urċóideaċa innti ag milleaḋ na ndaoine go ró-ḋíoġḃáileaċ i dtaoiḃ anma agus cuirp .i. draoiṫe diablaiḋe, luċt piseóg agus feasa, beaṫa-ḋaiġ niṁeaṁla agus deaṁain ṁalluiġṫe aeir. Do ġlac truaġ ró-ṁór Pádraig do na daoiniḃ, agus do ġuiḋ Dia go dúṫraċtaċ ar a son fá n-a ndíbirt uaṫa. Tháinig an t-aingeal ċuige agus aduḃairt leis an maide réaṁ-ráiḋte do ḃí aige do ṫógḃáil suas agus a ḟógraḋ ḋóiḃ a gcruinniuġaḋ uile air éan-láṫair. Do-rigne sé sin; agus d'ḟógair ḋóiḃ uile do ċruinniuġaḋ in Ainm an Tiġearna Dia, air ṡliaḃ Cruaċáin Aiġle,[1] i n-Iarṫar Chúigiḋ Chonnaċt, os cionn na fairrge. Do ċruinniġeadar go hiomḟlán annsoin, agus ṫóg sé suas a ṁaide, agus d'ḟógair ḋóiḃ i nAinm Iosa a gcinn do ḃualaḋ fúṫa 'san

[1] Cruaiċe ó eallaḋ 'sa MS.

bḟairrge. Do-rigneadar sin, agus ní facaṫas éin-ċeann díoḃ-san i nÉirinn ó ṡoin beó. Ag so suiḋiuġaḋ nó áiteaṁ air seo i sean-leaḃar Aifrinn, sgríoḃṫa i litir láiṁe: *Virosa reptilia prece congregata pellit ab Hibernia*, agus sean-leaḃar eile adeir; *per orbis spatia fidem disseminat et ab Hibernia virus exterminat.*

Ní heaḋ amáin gur ċuir Pádraig iad uile as Éirinn, aċt fós fuair d'impiḋe ó Dhia gan éin-ċeann díoḃ do ġeineaṁain innti ċoiḋċe. Agus adeir Beda: 'maiḋe nó slat nó píosa dá luiġeaḋ dá fíoḋḃaiḋ nó dá créiḋ, má ḃeirṫear i dtalaṁ 'n-a mbéiḋ piasta nó beaṫaḋaiġ niṁeaṁla é, naċ túisge ḃainid leó 'ná tuitid marḃ fá lár. Ní hé so amáin, aċt duilleóga leaḃar do ṫiocfaḋ ó Éirinn, gan aċt iad do ṁaoṫuġaḋ agus do leigint i n-uisge, agus iad do ṫaḃairt le n' ól do'n té do cailgfiḋe le péist niṁe i dtíorṫaiḃ coigcríċe, do leiġeasfaiḋe é, agus fós tar éis ait.' Adeir fós, mar an gcéadna, Giraldus Cambrensis, i n-a aimsir féin, go raiḃ 'san taoḃ ṫuaiḋ do Shacsanaiḃ ógánaċ do'n náisiún ċéadna, agus ar a ḃeiṫ ḋó 'n-a ċodlaḋ agus a ḃéal osgailte, go ndeaċaiḋ naṫair niṁe 'n-a ḃéal agus as soin 'n-a ċorp, agus nuair do ṁúsgail gur ṁoṫuiġ ag corraiġe 'n-a ċorp í. D'iarr leiġeas spioradálta agus tiomporálta ar feaḋ Sacsan, agus ní ḋearnadar maiṫ ḋó—go mór-ṁór nuair do ḃéaḋ a ġoile folaṁ, do ḃíoḋ síor-ḃuaiḋreaḋ troblóideaċ aige. Do ċuaiḋ ar ċoṁairle deaġ-ḋuine go hÉirinn. D'iḃ cuid d'uisge na hÉireann, agus gan ṁoill fuair é féin slán; agus ṫáinig sise marḃ uaiḋ gan díoġḃáil do ḋéanaṁ ḋó. Deirtear fós dá mbéaḋ Éireannaċ i maċaire coigcríċe, agus compás do ṫarrang tim-

ċeall air le maide ó Éirinn, naċ raċaḋ sise tar an líne sin, agus ó ḃaint leis an líne go ḃfuiġḃtear marḃ í.

I mBúrdus, sgoláire Éireannaċ cosnoċtta do ṫat-ail air naṫair niṁe, agus í ag preabaḋ timċeall a ċoise, do ṁarḃ í gan díoġḃáil. I Sacsanaiḃ ar mbeiṫ d'Éireannaċ agus do Shacsanaċ i ḃfoċair a ċéile 'n-a gcodlaḋ fá'n aer, d'ionnsuiġ naṫair iad, agus do ṁarḃ sí an Sacsanaċ, agus do ċuaiḋ i muinéal an Éireannaiġ gan díoġḃáil do ḋéanaṁ dó: d'ḟan sí ar ċroċaḋ as a ṁuinéal, agus í marḃ.

Tar éis iad so do ċlaoiḋe agus na piasta niṁ-eaṁla do ḋíbirt, do ḃí ann an tréas urċóid .i. na deaṁain aeir go ró-ṁío-ċoṫramaċ díoġḃáileaċ ag mil-leaḋ na ndaoine do ló is d'oiḋċe. Do ċuaiḋ Pádraig ar an gCruaiċ, agus do ṫroisg dá-ḟiċid lá ann gan biaḋ gan deoċ, ag guiḋe Dia fá iad-san do ḋíbirt a hÉirinn.

I ndeireaḋ an Charġais, is boċt an aoide do-ḃeir-idís air i n-aimsir Aifrinn agus urnuiġṫe. Do ḃíoḋ seisean go hárd binn ag canaḋ na salm, ⁊ iad-san i reaċtaiḃ éan mór nduḃ n-úrġránda ag timpreaċt os a ċionn agus ag gáir-ḃéiceaḋ. Annsin nuair nár ḃ'ḟéidir leis a gcur ċum siuḃail, do ṁalluiġ iad agus do ḃain a ċlog orra, agus níor ḃfearrde dó. Annsoin do ġoil sé le ró-ḋoilġeas ó ċroiḋe, air ṁoḋ naċ aṁáin rian na ndeór do ḃeiṫ ar a leicniḃ, aċt fós do ḃíoḋ tosaċ a ġruaḋna agus a ġúna ró-ḟliuċ uaṫa. Agus annsin do ġluaiseadar siar ċum na fairrge, agus atá pruaċlais ró-ġránda iongantaċ ann, agus deirtear go ndeaċadar annsin. Agus atá 'Poll na nDeaṁan' mar ainm dó ó ṡoin; agus mar sin d'ḟágḃadar Éire slán saor glan uaṫa féin.

Adeir Eoġan Mac Craiṫ, file Éireannaċ, go raiḃ trí ċéad míle do ṁíltiḃ ann díoḃ; agus iad fá ṫrí captaonaiḃ, Fearbonn, Fearboġa ⁊ Feargaḃála .i. *Corniger*, *Arcitenens* agus *Tridentifer*: mar adeir an rann so:—

As an gcruaiċ do cuireaḋ liḃ trí ċéad míle do ṁíltiḃ,
Is cinn feaḋna orra-san, ealḃa dorċa do ḋeaṁnaiḃ
Fearboġa fós agus Fearbonn, do b'é ainmne na n-árd-deaṁan
Is Feargaḃála nár ġlan fioḋ, is ál na healḃa do hairgeaḋ.

Agus mar sin do ṡaor Éire an uair sin uaṫa.

Is iomḋa leaḃrán maiṫ do sgríoḃ Pádraig, agus adeirtear gur sgríoḃ tríoċaid díoḃ. Do-rigne cúig is ceiṫre fiċid agus trí ċéad eaglais. Do-rigne coisreagan ar ċaogaid agus trí ċéad easbog, agus do-rigne sé míle sagart. Do ḃaist sé féin agus a ḋeisgiobail céad míle agus dá-ḟiċid fear agus ban. Do ċuaiḋ do'n Róiṁ do ṫaḃairt ċunntais do'n Phápa 'san gcúram sin do ċuir sé air. Thug an Pápa glóire do Dhia agus buiḋeaċas do Phádraig air n-éisteaċt a ċunntais, agus do ċuir go hÉirinn arís é. Agus do-rigne a léagáid féin agus príoṁ-ḟáiḋ na hÉireann de.

Iar dteaċt go hÉirinn dó aṫa fada aimsire 'n-a ḋiaiḋ, táinig an t-aingeal Uictor ċuige, agus aduḃairt leis gur ṁiṫid le Dia é do ġlacaḋ a ṡuaiṁnis. Agus, dá ḃríġ sin, do ṫriall roiṁe go hÁrdmaċa. Aċt táinig an t-aingeal céadna ċuige, agus aduḃairt leis imṫeaċt go Saḃall, is gurab ann do-ġeóḃaḋ bás; agus tar éis a ḃáis, a ċorp do ċur i gcarbad

nó i gcarra air ḋá ḃoin, agus é d'aḋlacaḋ mar a mbéarfaidís é. Do ġluais go Saḃall, agus ṫáinig aicíd an ḃáis air ann. Do ḃí an ṁaiġdean naoṁṫa, Bríġid, ann, agus do taisbeánaḋ ḋi an uair do-ġeóḃaḋ Pádraig bás. Agus, dá ḃríġ sin, do ċuaiḋ go dtí a mainistear féin ag iarraiḋ brat líne do ḟníoṁaḋ agus d'ḟiġe léi féin fá ċoṁair cuirp Phádraig. Do-rigne díċeall mór ċum fillte. Aċt do connarctar do Phádraig an ní d'imṫiġ uirri, agus do ċuir fá deara cúig ḃaigíní do ċur 'n-a coinniḃ. Tháinig sí, agus do ḃeannuiġ seisean í, agus do ċuir fios air Araċ, easbog agus deisgiobal dó féin; agus do-rigne a ḟaoisdin leis, agus do ġlac a Thiġearna agus an ola ḋéiḋeanaċ ċoisreagṫa uaiḋ. Agus aduḃairt a ċorp do ċur i gcarra i ndiaiḋ ċórais bó, agus leigean dóiḃ gluaiseaċt ar a dtoil féin; agus mar a mbéarfaidís é, a ċorp d'aḋlacaḋ ins an eaglais sin.

D'ḟéaċ suas ar neaṁ agus do-ċonnarc a Thiġearna go glórṁar ann, agus rug buiḋeaċas leis, agus do ċuir na hÉireannaiġ ar a ċoṁairce; agus annsin fuair bás an seaċtṁaḋ lá déag dá éagcruas, agus an dara bliaḋain fiċead ar ċéad dá aois, an ḃliaḋain d'aois ár dTiġearna ceiṫre ċéad agus ceiṫre bliaḋna déag agus ceiṫre fiċid. Agus dá ḃliaḋain déag ar ḟiċid do ḃí 'n-a Easbog i nÉirinn. Dhá lá déag do ḃí sé gan aḋlacan gan truailliuġaḋ tré ċeannairc do ḃí idir Árdmaċa agus an Dún ag féaċaint cia aca 'gá mbéaḋ a ċorp.

Aċt do cuireaḋ an corp ar an gcarra; agus nuair ṫáinig na ba ar an sliġiḋ do ḃí ag triall ċum an Dúna, do ġluaiseadar go luaṫ láidir rómpa,

agus do leanadar muinntear Árdmaċa iad. Giḋeaḋ, d'ḟill orra an carra, agus ṁeasadar gurab eisean do ḃí aca. Agus mar sin do ġluaiseadar rómpa tar a n-ais go dtángadar go hAḃainn Choncoine. Agus nuair do ḃíodar ag glacaḋ suaiṁnis, ar n-éirġe 'n-a seasaṁ dóiḃ, ní raiḃ bó ná carra aca, ná fios cár ġaḃadar uaṫa. Aċt d'imṫiġ an naoṁ-ċorp soin do'n nDún, agus d'aḋlacaḋ annsin é, mar as follas 'san ḃfeart-laoiḋ do ċum file muinntearḋa dó os a ċionn. Eiséirġe Phádraig i nÁrdmaċa, mar aduḃairt an file:

Atáid triúr ann, atáid triúr
D'aḋras go follas Rí na nDúl,
Bríġid, Pádraig agus Colm caoṁ,
Taoḃ le taoḃ ins an Dún.

Féaċaiḋ féin, a ċáirde agus a ċlann ċaoṁ spioradálta Phádraig, iomadaṁlaċt na mór-ṁiorḃail so do ċualaḃar uaim-se indiu; agus níos mó go mór 'ná fiċe oiread ar feaḋ an náisúin seo do-rigne Dia air impiḋe Phádraig Naoṁṫa an uair seo, ag tógḃáil agus ag iompoḋ ár sinnsear roṁainn ċum an éin-ċreidiṁ ċatoilicig Róṁánaiġ. Congḃaiḋ go daingean do-scarṫa ceanaṁail é. Ná cailliḋ go bráṫ é, ag iarraiḋ faḃar nó onóra, bríġe díoṁaoine, nó breise socaṁla nó saoire nó saiḋḃris dá ḃur gcorpaiḃ, mar do-rigneadar, fóiríor! mórán dár ndaoiniḃ roṁainn. Cailliḋ a mbéiḋ do'n tsaoġal agaiḃ, agus ní hé sin aṁáin aċt ḃur gcorp leis, má's riaċtanas é, d'ḟonn ḃur n-anam do ḟáḃáil níos túisge 'ná caillfear é. Bíḋiḋ deiṁneaċ gurab é an creideaṁ d'ḟág ár Slánuiġṫeóir, Íosa Críost, ag a Easbolaiḃ agus ag an dá ḟear déag agus trí fiċid do ṡagartaiḃ do ṫoiġ sé féin le teagasg agus le seanmóir ar feaḋ

an doṁain, ṫug Pádraig ċuġaiḃ. Taḃraiḋ míle molaḋ agus glóir dá ḃur nDia do-rigne na mór-ġrása so oraiḃ ag cur an ċreidiṁ ċuġaiḃ, do ṡlánuġaḋ ḃur n-anam; agus onóir agus buiḋeaċas dá ḃur mbráṫrún naoṁṫa, Pádraig, dá iompáḋ, dá ṁolaḋ i n-ḃur n-urnaiġṫiḃ ar son na mór-ċomaoine do ċuir oraiḃ, agus atá anois go síorraiḋe dá cur oraiḃ do láṫair na Tríonóide, ag guiḋe ar ḃur son. Agus dá ḃur ngríosuġaḋ ċuige sin do ḋéanaṁ, do ġlacas féin an cúram so.

Bíoḋ foiġid agaiḃ anois beagán eile aimsire go laḃróċad dá ḟocal nó trí ar na neiṫiḃ atá riaċtanaċ do'n té ċoiṁéadas an creideaṁ so, dá ġnáṫuġaḋ ċum glóire ḟlaiṫeaṁnais d'ḟaġḃáil.

Fides sine operibus mortua est.—'Is ní marḃ é an creideaṁ gan deaġ-oibreaċa' (Séam. ii. 26). Is indéanta do'n té ċoiṁéadas an creideaṁ so, aiṫeanta Dé agus na hEaglaise do ċoiṁéad, agus trosgaḋ déirc agus urnaiġṫe do ḋéanaṁ. Leigim ṫarm anois tráċt ar ċoiṁéad na n-aiṫeanta sin, agus laḃróċad beagán ar na trí neiṫiḃ seo mar atá trosgaḋ, déirc, agus urnaiġṫe.

I dtaoḃ an trosgaiḋ, adeirim gurab é trosgaḋ as cóir do'n tí ḃíos ins an gcreideaṁ so do ḋéanaṁ .i. an carġas; na caṫaoireaċa timpire, ceiṫre huaire 'san mbliaḋain, mar atá, trí lá 'san ráṫa; trosgaḋ Mhuire; ḃigleaċa na nEasbol; agus gaċ trosgaḋ eile leiṫleaṫaċ órduiġeas an Eaglais. Adeir duine agaiḃ: 'duine dealḃ díoṁaoin mé, níl biaḋ ná am áirite agam, agus glacaim mar a ḃfaġḃaim é.' Adeir duine eile: 'Fear mór-ṡaoṫair mé féin do-ġeiḃ beaṫa ar allas mo ṁallaí.' Adeir an ḃean: 'bím féin im' ṁnaoi ṫorṫaiġ nó im' ḃanaltrain do ṡíor; ní ḟulan-

gaim trosgaḋ do ḋéanaṁ;' mar sin daoine aicídeaċa agus daoine os cionn aoise. Aḋṁuiġim go saorann an Eaglais ó ġéarṁaraċt trosgaiḋ ċorparḋa na dronga so uile aduḃramar. Giḋeaḋ, órduiġeann sí ḋóiḃ trosgaḋ spioradálta do ḋéanaṁ insa haimsiriḃ seo aduḃramar, i n-íoc an trosgaiḋ eile. Créad é sin mar trosgaḋ? Fanaṁaint ó ṗeacaiḋiḃ do ḋéanaṁ an lá sin, gan móide móra do ṫaḃairt, gan easgaine ná malluġaḋ do ḋéanaṁ ar ċréatúir ar biṫ, gan ceannairc nó impeas diḃfeargaċ do ḋéanaṁ, gan craos do ḋéanaṁ ar ḋiġ, ná éin-ṗeacaḋ eile marḃṫaċ do ḋéanaṁ, agus breis urnaiġṫe do ḋéanaṁ i n-aimsir an trosgaiḋ ná déantar i n-aimsir eile. Créad iad na hurnaiġṫe as oireaṁnaiġe do ḋéanaṁ i n-aimsir an trosgaiḋ? Má's aimsear an Charġais ḃíos agat, agus naċ léiġṫeóir urnaiġṫe ṫú, smuain ar ṗáis Chríost, is abair cúig Paidre déag i síoṫċáin a Pháise, agus an Choróin Íosa. Má's trosgaḋ Mhuire ḃíos agat abair an Choróin Mhuire agus cúig Paidre i síoṫċáin na gcúig gcás ar mó 'n-a raiḃ sí timċeall páise is báis a hÉin-Mhic ġráḋaiġ. Má's trosgaḋ Easbuil ḃíos agat abair ḋá Phaidir déag agus Cré, ag molaḋ Dé agus an dá Easbol déag, agus an Choróin Mhuire; agus dá réir sin, i laeṫeantaiḃ eile trosgaiḋ.

I dtaoḃ na déirce: *Date eleemosynam et omnia munda sunt vobis.*—'Déan an déirc agus béiḋ an uile ní glan agaiḃ' (Lúcás xi. 41). Adeir duine agaiḃ: 'níl déirc agam do ḋéanfainn.' Muna ḃfuil déirc ċorparḋa agat do ḋéanfá, déan déirc spioradálta. Bí truaġaċ carṫannaċ ceannsa leis na boċta. Baill ár Slánuiġṫeóra iad. Féaċ cad adeir sé féin: *quamdiu fecistis uni ex his fratribus meis*

minimis, mihi fecistis.—'Gaċ níḋ rigneaḃar dom' boċtaiḃ, dam féin do-rigneaḃar é' (Mata xxv. 40). Múin an Phaidir, an Chré, agus Aiṫeanta Dé agus na hEaglaise, fios na Sacramuínt, agus na seaċt bpeacaiḋe marḃṫaċ, agus rúindiaṁra na Tríonóide do'n aos óg boċt do-ġeóḃair 'n-a n-easbaiḋ. Ná déan agus ná fulaing, dod' ḋeóin, éagcóir nó leaṫtrom air ḃaintreaḃaiġ nó ar ḋíleaċtaíḃ. Coisg fá do ḋiċeall gaċ n-aon do-ġeóḃair ag taḃairt mionna mór nó ag déanaṁ éin-ṗeacaiḋ eile ṁarḃṫaiġ. Agus is í seo déirc ar fearr do ḋéanaṁ. Cibé agaiḃ 'n-a mbéiḋ déirc ċorparḋa do ḋéanaṁ, déan go neaṁṁaoiḋteaċ agus go discréideaċ air son Dé í. Mar adeir ár Slánuiġṫeóir: *Te faciente eleemosynam nesciat sinistra tua quid faciat dextera.*—'An uair bíos tú ag déanaṁ déirce, ná bíoḋ 'ḟios ag do láiṁ ċlí créad a ḋéanann do láṁ ḋeas' (Mata vi. 3). Adeir duine: 'ní naoiḋe déirce é'; is naoiḋe déirce Críost, agus is 'n-a ainm iarras í, agus is ar do-ḃeir tú í. Mar aduḃart ceana, má's duine é ḃíos 'n-a ṡláinte, coṁairliġ ḋó a ḃeaṫa do ṫuilleaṁ agus gan ḃeiṫ ag iarraiḋ déirce, as beaṫa do na daoiniḃ ná bíonn ionnta a mbeaṫa do ṫuilleaċtain. Go dtugaiḋ Dia do ġrásaiḃ ḋaoiḃ, méadúġaḋ go fonnṁar leis na deaġ-oibreaċa is an gcreideaṁ gcatoiliceaċ Róṁánaċ, maille le himpiḋe ár naoṁ-ṗátrúin, Pádraig: beannaċaḋ Dé uile-ċuṁaċtaiġ, an Aṫar, an Mhic, agus an Spioraid Naoiṁ do ṫuirlicean agus d'ḟanaṁaint go síorraiḋe orainn. Amen.

Sagart foġlamṫa eagnaiḋ do sgríoḃ. Ar n-a aiṫsgríoḃaḋ le Seaġan Ua Muláin, 1817.

Seanmóir a Sé.

Eiséirġe Íosa Chríost.[1]

(Doṁnaċ Cásga.)

Traditus est propter delicta nostra, et resurrexit propter justificationem nostram.

Do toirḃreaḋ suas é i dtaoḃ ár gcionnta, agus d'eiséiriġ sé ċum ár slánuiġṫe.—Rómánaiġ iv. 25.

IS fíor, a ḋearḃráiṫreaċa mo ċroiḋe, gur le ró-ċeart d'ḟéaċ an Eaglais Chatoiliceaċ ó úr-ṫosaċ an ċreidiṁ ar an lá indiu mar aon do laeṫiḃ na bliaḋna as áġṁaraiġe agus as tairbiġe do'n ċineaḋ daonda, ar ċor go n-onórṫar é le hiomad ceileaḃarṫa agus sollaṁantaċta. 'S é an lá indiu, go deiṁin, an lá grianṁar i n-a n-adṁuiġid cáċ glóire agus uaisleaċt na Croiċe Céasda; i n-a gcríoċnuiġṫear rúindiaṁra foir-ísleaċta Íosa Chríost; agus i n-a n-árd-ṁoltar dorċadas a ṗáise is a ḃáis ḋiaċraiġ ar ċrann na Croise mar aon le fírinne a réaṁ-ḟaisnéise do ċur i n-uṁail do láṫair ilċineaḋaċ na talṁan. 'S é an lá indiu an lá ceannaṁail i n-a d-tugtar uġdarṫás is móir-ṁeas dá ḋliġeaḋ ḃeannuiġṫe; i n-a gcoiṁlíontar a ṁíorḃaile is a ṁóir-ḟearta; i n-a dtugtar urraim agus ómós d'a leaṫan-ċuṁaċtaiḃ agus i n-a gcuirtear coróin ġlórṁar ar an gcuid eile d'á naoṁ-oibreaċaiḃ. Is ins an lá aoibinn seo do ċoiṁ-neartuiġṫear gaċ laig-ḋeisciobal

---

[1] O'Renehan MSS., vol. 76, pp. 1-17.

'n-a ċreideaṁ; i n-a gcuirtear d'ḟiaċaiḃ ar an dí-ċreideaṁ géilleaḋ fá sról-ḃrataċaiḃ áilne an tSlánuiġṫeóra, agus i n-a ndéantar ruagaḋ is léirsgrios go bruinne an ḃráṫa ar gaċ droċ-aṁras i bruinncaiḃ cráḃaiḋ tré iomad lonnraċta na fírinne. Is é an lá indiu, gan éan-ċontaḃairt, an lá soillseaċ ċum náire agus síor-ṁaslaḋ do ṫaḃairt do'n earráid is do'n eiriceaċt; i n-a ḃfuil an Eaglais ag éirġe suas go cosgaraċ as an uaiġ mar aon le fuasgaltóir an ċiniḋ daonda, an Teagasg Críostaiḋe ag breiṫ uaċtaránaċta os cionn ċlaon-ḟallsaċta na bréagánaċ agus luċta toirmisgṫe, agus gaċ spiorad cruaḋ-ṁuinéalaċ doi-ċeannsa dá ċionntuġaḋ do ṁealltóireaċt is do ḃréigiḃ. I n-éan-ḟocal, a ċríostaiḋṫe, is in san lá ġlórṁar so atá eiséirġe na colna dá áiteaṁ le huġdarṫás, síorraiḋeaċt an anma dá suiḋiuġaḋ gan éin-sgleáḋċas, agus geallaṁain ḃunaḋasaċ againn ċum fuasgailt obann d'ḟaġḃáil as braiġdeanas an aiḋḃeirseóra mar aon le beaṫaiḋ spioradálta ċum soċair agus ċum sólása pobail na gCríostaiḋṫe.

Fuair Íosa Críost bás ċum an sean-duine do léirsgrios mar aon le n-a oibreaċaiḃ; ⁊ d'eiséirig sé ċum ríoġaċt an duine nua do ċur n-a seasaṁ. D'ḟulaing bás ċum a sgláḃuiḋṫe do léar-ḟuasglaḋ as braiġdeanas an diaḃail; d'eiséirig sé ċum saoirse foir-líonta do ṡaoṫruġaḋ dá ċlannaiḃ toġṫa. D'ḟulaing bás ċum ár ḃfiaċa do ḋíol; d'eiséirig ċum sinn d'úir-líonaḋ suas dá ṡaor-ġrásaiḃ. D'ḟulaing bás ċum dóirse ifrinn do ḋúnaḋ suas; d'eiséirig ċum dóirse Parrṫais d'ḟosglaḋ ḋúinn. D'ḟulaing sé bás, fá ḋeóiḋ, i dtaoḃ ár gcionnta agus d'eiséirig sé ó ṁarḃaiḃ do-ċum ár slánuiġṫe: *Traditus est propter*

delicta nostra, et resurrexit propter justificationem nostram.

Déanamaois maċtnaṁ ar feaḋ tamaill ar ċéill agus ar éifeaċt na mbréiṫre ndéiḋeanaċ so an Easbail; agus ó is iad ár gcionnta ba ċúis d'ár Slánuiġṫeóir Íosa Críost ċum bás scannalaċ na Croiċe d'fulang ar ár son, tugamaois fá ndeara indiu gur ċum slánuġaḋ is ċum naoṁuġaḋ ár n-anam do-rigne sé an t-eis-éirġe; an ċéad uair, ar an áḋbar naċ ḃfuil éin-ṁeaḋón le faġḃáil is cumasaiġe ná eiséirġe Íosa Chríost ċum a ṁíniuġaḋ ḋúinn gur cóir ḋúinn seasaṁ amaċ is na grásaiḃ fuaramar ó Dhia; agus, 'san dara h-áit, do ḃríġ go múineann sé ḋúinn an tsliġe ḋíreaċ ċum seasaṁ amaċ ionnta. I n-éan-ḟocal, spreagann agus dúisiġeann Eiséirġe Chríost ár gcroiḋṫe suas ċum buan-ċosnaiṁ is na grásaiḃ fuaramar uaiḋ: ag sin céad roinn mo ċoṁráiḋ. Noċtfaiḋ mé ḋaoiḃ, 'san dara roinn, go dtaisbeánann Eiséirġe an tSlánuiġṫeóra na meaḋóin baḋ ḋual dúinn do leanaṁaint ċum buan-ċosnaiṁ is na grásaiḃ so.

Aċt ċum gur feirrde do ṫiocfaḋ liom an ḟírinne ró-éifeaċtaṁail sin do ṗréaṁuġaḋ i n-bur g-croiḋṫiḃ, sirimíd uile go dúṫraċtaċ congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré naoiṁ-impiḋe ċuṁaċtaċ na Maiġdine Muire, ag ráḋ—*Ave Maria, etc.* Dia do ḃeaṫa, a Mhuire, ⁊c.

An Chéad Roinn.

Do-ġeiḃmid amaċ go ḃfuilid dá níḋ ann as ṗréaṁa ró-ġnáṫaċa do ḋíombuanaċt an ċríostaiḋe i mbealaċaiḃ a ṡlánuiġṫe, mar atá, laiġdiuġaḋ is fanntais creidiṁ tré n-a gcailleann sé glan-

raḋarc ar an tsliġiḋ ḋíriġ ḃaḋ ḋual ḋó leanaṁaint, nó fós, moilleaċt ḋóċais is muiniġine daingne i nDia, do-ḃeir fá ndeara air gan dearcaḋ go glinn ar ṁórḋaċt agus ar oirḋearcas na glóire atá geallta fá n-a ċoṁair, ar ċor naċ músglann suas a ṁiangasa níos mó ċum na beaṫaḋ síorraiḋe do ḟealḃuġaḋ. Aċt do-ḃeir Eiséirġe Chríost leiġeas cumasaċ d'anam an ċríostaiḋe i n-aġaiḋ an dá ċarraig ḃaoġlaċ soin a ḟlánuiġṫe, mar aon le meaḋóin ró-neartṁara ċum buan-ċosnaiṁ i ngrásaiḃ Dé. Óir, má tá iomarca droċ-aṁrais agus dí-ċreidiṁ againn ar ḟírinne Rúindiaṁra an tSlánuiġṫeóra i meaḋón ár gcroiḋṫeaċ, dar ndóiġ, ní féidir naċ leiġeas éifeaċtaṁail air, Eiséirġe Íosa Chríost ó ṁarḃaiḃ, ar an áḋḃar naċ eaḋ aṁáin go dtáṫuiġeann agus go n-oileann agus go neartuiġeann sé i n-ár g-creideaṁ sinn, aċt fós, go dtugann sé breis deiṁniġṫeaċta ḋúinn ar gaċ n-aon eile do ṗuncaiḃ an Teagaisg Chríostaiḋe. Is uime so adeir an tEasbol ag sgríoḃaḋ ċum pobail ċaṫraċ Chorainc —'Munar eiséiriġ Críost tá ár Soisgéal gan tairḃe agus níl i n-ḃur gcreideaṁ aċt suaraċas.'—*Si autem Christus non resurrexit, inanis est ergo praedicatio nostra, inanis est et fides vestra* (I. Cor. xv. 14).

Giḋeaḋ, má rigne seisean go fírinneaċ an t-eiséirġe, ní fuláir gurab ó ḟlaiṫeaṁnas atá ár miniostrálaċt. Táid a ġealleaṁna-san coiṁlíonta agus na neiṫe atáimid ag craoḃsgaoileaḋ ḋaoiḃ gan éan-aṁras. Munar eiséiriġ Íosa Críost, ní raiḃ is an dá Easpol déag, tar éis beiṫ toġṫa le Críost féin, aċt meall-tóirí agus luċt bréige, agus níor ċraoḃsgaoil siad d'uile ċineaḋaċaiḃ an doṁain ṁóir aċt Soisgéal bréagaċ, muna ndearna an Slánuiġṫeóir an t-eiséirġe. Aċt ní féidir a leiṫéid sin do ḋía-ṁaslaḋ agus do

naoṁ-aiṫis do ḋéanaṁ le huġdarṫás ar biṫ i n-aġaiḋ Ṁhic ionṁain Dé Ḃí, i n-aġaiḋ an dá Easbol déag agus na ndeisciobal. Dá ḃríġ sin, ó tá Eiséirġe Fuasgaltóra an ċiniḋ daonda ċoṁ háitiġṫe sin, créad é an fáṫ aṁrais ḋúinn ar aon eile do rúindiaṁraiḃ ár gcreidiṁ, mar deiṁniġeann San Aiḃistín beannuiġṫe ḋúinn naċ gáḃaḋ cruṫuġaḋ ar biṫ do ṫaḃairt orra uile, ó's fíor gur eiséiriġ Críost: *Surrexit Christus, absoluta res est.*

Atá Eiséirġe Íosa Chríost go dian-áitiġṫe, a ċáirde, óir is iomḋa soluiġid ḃunaḋasaċ do b'ḟéidir liom do ṫaisbeánaḋ ḋaoiḃ air. An n-eaḋ naċ ḃfuil a ḟios againn, gur ḟéaċadar na Iúdaiḋṫe malluiġṫe gaċ meaḋón dá raiḃ i n-a gcuṁaċtaiḃ ċum a ṫoirmisgṫe agus a ċlaoċlóḋa? Do ḋúnadar suas, agus do ḟéaladar go daingean doċaraċ an tuamba i n-ar aḋlacaḋ a ċorp onóraċ le carraig ṁóir ċloiċe. Do ċuireadar saiġdiúirí dá ḟaire do ló agus d'oiḋċe, d'eagla go dtiocfaidís na hEasbuil dá árduġaḋ leó go foluiġṫeaċ. Tar éis sin, d'aiṁḋeóin a ndíċill, d'eiséiriġ an tUan trócaireaċ, maidin an treas lae, ar ċor nár ḟan tuairisg aca ar a ċolainn ins an tuamba. Tá fós dian-áiteaṁ eile againn ar ḟírinne an Eiséirġe, óir do ṫaisbeán sé é féin go fírinneaċ do Ṁháire Madailéan, do'n dá Easbol déag go minic, agus do ċúig céad do na creidṁeaċaiḃ i n-éinḟeaċt, mar do ḋeiṁniġeas an tEasbol réaṁráiḋte: *Deinde visus est plusquam quingentis fratribus simul* (I. Cor. xv. 6).

Do-rigne coṁluadar leis na hEasbola i n-éinionad. Do ċaiṫ biaḋ ar éan-ḃórd leó. D'ḟulaing a ċorp agus a ċneaḋa uaisle le moṫuġaḋ ḋóiḃ, agus do ṫeagaisg iad ins an ċreideaṁ ċríostaiḋe agus i

rúndiamraiḃ a ṗáise agus a Eiséirġe ó ṁarḃaiḃ ċum glóire ḟlaiṫeaṁnais. Do ṫaisbeán é féin dóiḃ, ní fá ġné ċoiṁṫiġiġ ná coigcríċe, ní mar sgáil bréige ċum a súile do ḋallaḋ, aċt fá n-a ċolainn ċirt féin, mar aon leis na cneaḋa agus leis na géar-ġonta do ċuir an ċoróin deilgneaċ spíne, an gaḋ gontaċ líoṁṫa agus na tairngí cruaḋa géara i n-a ċorp ion-aḋarṫa.

Giḋeaḋ, aḋṁuiġim naċ gáḃaḋ ḋam fírinne ċoṁ dian-áitiġṫe le hEiséirġe Mhic Dé do ċruṫuġaḋ ḋaoiḃ go ró-iomarcaċ. Dá ḃríġ sin, tugaiḋ fá ndeara gurab aṁlaiḋ so oileann agus coṫuiġeann sé creideaṁ an ċríostaiḋe. Óir ó'n tráṫ 'n-a n-aḋṁuiġeann an críostaiḋe Eiséirġe a Shlánuiġṫeóra, glacann greann agus urraim é do'n ċreideaṁ go hiomlán. Bíonn luṫġáir ṁór agus ur-ġáirdeaċas air ag coiṁéad gaċ trosgaiḋ, gaċ tréaḋanais agus gaċ ní as peannaideaṁla 's ar foirḃṫe d'órduiġeas an Eaglais, agus tugann molaḋ agus mór-uṁla dá caon-dúṫraċt mar aon le greann marṫannaċ ar na riaġlaċaiḃ do ṫeagasgann sí. Ó'n uair 'n-a gcreidimíd 'san Eiséirġe níl ní ar biṫ as ceanaṁla linn 'ná na suḃailcí beannuiġṫe agus na deaġ-oibreaċa. Bíonn fuaṫ agus droiċ-ṁeas againn ar gaċ níḋ eile, agus ní ḃíonn sólás orainn aċt 'san ṁéid do-ċímíd neiṁ-ċiontaċt agus naoṁṫaċt beaṫaḋ dá gcleaċtaḋ, agus gráḋ agus eagla Dé dá bpréaṁuġaḋ i gcroiḋṫiḃ na ḃfiréan. Ó'n uair 'n-a n-aḋṁuiġmid Eiséirġe Chríost atá ár g-cráḃaḋ go láidir buan-ṫseasṁaċ; atá ár slánuġaḋ cruṫuiġṫe; atá ár gcaon-dúṫraċt soiléir uġdarṫásaċ; is é an Soisgéal ár ndliġeaḋ, a ṫeagasg ár riaġalaċa agus a ṡompla ár sliġe ḃeaṫaḋ. Ó'n uair 'n-a gcuirimíd os coṁair ár súl Íosa Críost ag eis-

éirġe as an uaiġ, ní féidir linn ní ar biṫ d'ḟu-lang i n-aġaiḋ dliġiḋ is aiṫeanta Dé. Ní ḃíonn i ḃfonoṁaid na malluiġṫeóirí aċt naoṁ-aiṫis; i socraċt ḟallsa 's i gclaon-ḟáiṁe na bpeacṫaċ aċt ceann-dánaċt is amaideaċt; i n-a muiniġin aċt éadóċas; i moilleaċt a n-iompuiġṫe ar Dhia aċt cur suas do Ríoġaċt Ḟhlaiṫeaṁnais; i n-a n-aṫ-ṫuitim 'san ṗeacaḋ aċt cáiliḋeaċt díograise do'n droing ṁalluiġṫe.

Fiafruiġim daoiḃ, a ċáirde, an ḃfuil ní ar biṫ ċoṁ oireaṁnaċ leis an ḃfírinne sin ċum leiġeas cumasaċ do ṫaḃairt d'anam an ċríostaiḋe i n-aġaiḋ díombuanaċta i mbealaċaiḃ a ḟlánuiġṫe agus ċum é 'ċoṫuġaḋ suas go buan-ṫḟearṁaċ i ngrásaiḃ Dé. Roiṁ an Eiséirġe do ḃí deisciobail Mhic Dé féin go fanntaiseaċ laig-ċreidiṁ, aċt tar éis a mbeiṫ 'n-a ḃfiaḋnaiḋṫiḃ ar an Eiséirġe, do neartuiġeaḋ ċoṁ mór sin iad nár éimeadar an Slánuiġṫeóir ní ba ḟia. Prionnsa na nEasbal, Peadar Naoṁṫa féin, an ċarraig ḋo-sgaoilte úd ar ná buaiḋfiḋ dóirse ifrinn go bráṫ (Maṫa xvi. 18), tar éis a ḃeiṫ ċoṁ fanntaiseaċ soin agus a Shlánuiġṫeóir ró-ċeannsa do ṡéanaḋ trí huaire i dtaoḃ coṁráiḋ ḟuaraiġ cailín ḃoiċt aimsire, ó'n uair 'n-a ḃfeaca sé Íosa Críost i ndiaiḋ an Eiséirġe, do ġaḃ an oiread soin cróḋaċta agus foirtileaċta é, ag cosaint rúindiaṁra ró-uaisle an ċreidiṁ do láṫair triaiṫe agus árd-taoiseaċ na bpágánaċ agus an ċiniḋ Iúdaiḋiġ, gur ċraoḃsgaoil iad gan ċriṫ-eagla gan sgleáḋċas, agus gur ċoiṁneartuiġ a ḋearḃráiṫreaċa 'san ċreideaṁ do-rigne féin do ṫruailliuġaḋ roiṁe sin. Is ar éigin ṫaisbeán Críost é féin do San Tomás, aon do na hEasbolaiḃ nár ċreid 'san Eiséirġe, gur éiġ sé do ġuṫ árd: ' Ó mo Thiġearna, Ó mo Dhia, adṁuiġim anois óm'

ċroiḋe agus óm' anam Thú' (Eóin xx. 28). Ní túsga d'aiṫneadar na deisciobail é i mbrisead arán ag caisleán Emmáus, nár ṁoṫuiġeadar iad féin ar dearg-lasaḋ do ṫeas-ġráḋ na ḃfírinní do noċt sé ḋóiḃ, ionnas naċ raiḃ amras ar biṫ orra i n-éan-ṗunnc do'n ċreideaṁ dár ċraoḃsgaoil sé ḋóiḃ i nIerúsalem gus an lá déiḋeanaċ dá saoġal. Dá ḃríġ sin, ní féidir naċ cúis ró-éifeaċtaṁail ró-ṫairḃeaċ ḋúinn an tEiséirġe ċum sinn do spreagaḋ suas ó n-ár dtrom-ṡuan codalta.

Dar nDóiġ, is sinn féin atá 'n-ár ḃfiaḋnaiḋṫiḃ ar gaċ níḋ ar aoirde dá ḃfuil i dtaisge 'san Sgríḃinn Diaḋa agus i mbéal-oideas na nEasbol.

An n-eaḋ naċ sinn as oiġriḋe dílse dúṫċais, agus as dearḃráiṫreaċa cearta fola do na deiscioblaiḃ beannuiġṫe do-ċonnairc le n-a súile, agus do ṁoṫuiġ le n-a méara, cneaḋa doiṁne folaṁla Chuirp uasail ion-aḋarṫa Mhic Dé? Do ċonnarcamar Íosa Críost tar éis a aiṫḃeóċain ó ṁarḃaiḃ, agus do ṁoṫuiġeamar fós é i n-ár gcroiḋṫiḃ tré Shacramint Naoṁṫa na hAltóra i n-a nglacamuid agus i n-a sealḃuiġimid go fírinneaċ é.

Má ċoiṁ-neartuiġeann an Rúindiaṁar so an oiread soin lag-ḋeisciobal 'n-a gcreideaṁ, agus má's é cúis éifeaċtaṁail dóiḃ é ċuṁ a mbuan-ċosnaiṁ i ngrásaiḃ Dé, créad é an fáṫ ḋúinn-ne beiṫ ċoṁ lag, ċoṁ fanntaiseaċ so, agus filleaḋ tar n-ais ċoṁ minic ar ṡliġṫiḃ na malluiġṫeaċta ⁊ an oiread soin claon-nós do ċleaċtaḋ, an oiread soin droċ-ċoṁluadair do ċoiṁéad, mar aon leis na dúiliḃ agus na miangasaiḃ céadna do'n ṗeacaḋ?

Má tá Íosa Críost dá ġléas 's dá ullṁuġaḋ féin ċum deasġaḃála do ḋéanaṁ, ⁊ ionad coṁnaiḋṫe do

ḟoláṫairt agus do ḟocruġaḋ ḋúinn i bḟlaiṫeaṁnas, créad é an ċiall dúinn ḃeiṫ ar seaċrán ċoṁ maiṫ agus naċ é Ríoġaċt na bḞlaiṫeas ár dtír ḋúṫċais, agus nár ċóir ḋúinn éan-tsaoṫar do ḋéanaṁ ná duaiḋ-néis do ċur orainn do ċum a sealḃuiġṫe?

Ní heaḋ amáin go n-oileann agus go neartuiġeann an tEiséirġe ár gcreideaṁ, aċt fós cosnuiġeann suas ár ndóċas: an ċéad uair, do ḃríġ go ndéanann neartṁar cumasaċ é; 'san dara hionad, do ḃríġ go dtugann sólás agus compórd; ⁊, fá ḋeóiḋ, do ḃríġ go smaċtuiġeann é.

Ar dtúis, neartuiġeann Eiséirġe Íosa Ċhríost ár ndóċas, óir tá a ḟáir-ḟios againn ó'n Sgríḃinn Diaḋa go mbéimid cosṁail leis féin ins an ġlóire. Tá a ḟios againn go mbéaḋ a Eiséirġe féin neaṁ-ṫairḃeaċ ḋó muna ndéanfamaois-ne an tEiséirġe mar aon leis, ar an áḋḃar go mbéaḋ sé aṁlaiḋ sin is na Flaiṫ-easaiḃ gan ríoġaċt gan Eascopóireaċt, ⁊ leis sin, ná béaḋ 'n-a ḟagart go síorraiḋe, ná fós 'n-a árd-ḃre-iṫeaṁ ar ḃeóḋaiḃ is ar ṁarḃaiḃ. Uime sin, is léir ḋúinn 's is ró-ḟollas nár éagadar ár gcáirde gan téarnuġaḋ, gan aiseag go bráṫ. Do dúnaḋ suas a gcolna criaḋ gan éan-ċontaḃairt i dtuamba diaṁair dubrónaċ. Do céasaḋ agus do cráḋaḋ iad le sgiúr-saiḃ géara. Do tarraingeaḋ go heasonóraċ trí ṗluid na sráide agus na háite coitċinne iad. Do díċe-annaḋ gan truaiġṁéil gan taise iad. Do gaḃaḋ do ḟaiġdiḃ nimneaċa trí n-a gcroiḋṫiḃ. Do stra-caḋ a gcaoláin agus a n-ionaṫair trí n-a gcléiḃ amaċ. Do-rigneaḋ luaiṫreán gaoiṫe do roinniḃ eile ḋíoḃ, idir ċnáṁa is feóil, agus tugaḋ mórán díoḃ mar ḃiaḋ agus mar oileaṁain d'éanlaiṫ an aeir. Tar a ċeann soin, tá 'ḟios againn go ndéanfaiḋ an Té do

ċruṫuiġ as neiṁníḋ neaṁ agus talaṁ agus a ḃfuil ionnta, anam do ċur tar 'ais ins na cnáṁaiḃ tiorma loḃta feóiḋte úd, go ndruidfiḋ le ċéile gaċ ball dá mballaiḃ, gaċ mír dá gcuid feóla agus croicinn, dá laiġeaḋ é, agus go n-aontóċaiḋ go caṫaireaċ i n-éan-ċolainn iomḟlán iad.

Do-ċímid mar sin gur mór an t-ádḃar dóċais agus muiniġine neartṁaire atá againn le faġḃáil as maċtnaṁ ar an ḃfírinne sin. Uċ! nuair do smuainiġim ar feaḋ tamaill ar mo ṫuras ṫall, adeirim liom féin: 'Ó! is mé an truaġán boċt; is éigean dam an tEiséirġe do ḋéanaṁ leis an ḃfeóil gcéadna so do ṫruailliġ mé go ró-ṁinic agus do ṫruailliġim gaċ éan-lá tré ṁórgaiḋeaċt agus tré iomadaṁlaċt mo ṗeacaiḋe. Uċ! dá mbéaḋ an saoġal ċum críoċnuġaḋ i n-éinḟeaċt liom, agus go ḃfillfinn tar n-ais ar an neiṁníḋ as ar tarraingeaḋ mé, ní ḃéaḋ fáṫ crit-eagla ná dóċais agam; agus do b'é an duine as mó do ġéill dá ḋroċ-ċlaontaiḃ i lár sáiṁe agus seasgaireaċta an tsaoġail, ag cur peacaiḋe ar ṁuin a ċéile, an té ba ṁó ág is aṁantar do'n ċineaḋ daonda.' Giḋeaḋ, fóiríor, ní haṁlaiḋ sin ḃéiḋ sé. Ó! ní h-aṁlaiḋ. Déanfaiḋ an malluiġṫeóir an tEiséirġe ċoṁ maiṫ leis an ḃfíréan, i ngleann Iosafat 'san ló ċéadna i n-a gcuirfear gairm ċoitċeann orainn as na huaiġiḃ, dá ḋoiṁne ḋiaṁra, ag séideaḋ na céad fuaime do'n stoc ḋéiḋeanaċ ḋuḃrónaċ, ċum seasaṁ os coṁair an doṁain ṁóir le ċéile, agus ċum na cionnta cuirpṫe do ṁearamar do ḃeiṫ múċta coiġilte an t-am so do léir-sríonaḋ do láṫair an ċiniḋ daonda.

Uċ! mo ṫruaġ, cionntóċaiḋ m'anam mé ar feaḋ na síorraiḋeaċta ins na peacaiḋiḃ do ṡaoil mé ḃeiṫ i ndearmad! Fóiríor, ní ḋéanfaiḋ ḃliaḋna ná aimseara,

ná deóra troma, ná gul, ná liúġraḋ, ná teine, ná uisge, ná na pianta as nimniġe agus as guasaċtaiġe, loċtaí mo ḃeaṫaḋ do léirsgrios! Níl peacaḋ dá ndearna mé riaṁ le smuaineaṁ le bréiṫir ná lé gníoṁ, ná déanfar a ċraoḃsgaoileaḋ os mo ċoinne do láṫair ilċréatúirí an tṡaoġail, ar mbeiṫ dóiḃ sgríoḃṫa i gclóḋ ḃuain-tṡeasṁaċ le cleite ċruaiḋ iarainn i leaḃar ċunntais feirge an Tiġearna, mar adeir Iób beannuiġṫe—*in stylo ferreo* (Iób xix. 24). Cionnas do leóṁfaiḋ mé teaċt ċoṁ truaillıġṫe so do-ċum an ḃreiṫeaṁnais ċirt ċruaḋálaiġ seo, nó créad é an dánaċt dam ḃeiṫ ag déanaṁ peacaiḋe ar an saoġal so, ċum an oiread anró is mallaċta do ṫuilleaṁain dam féin? Ó a Ḋhia ġléigil, uile-ċuṁaċ-taiġ, ó táid m'uile smuainte, m'uile ḃriaṫra, m'uile ṁiangasa agus m'uile oibreaċa ċum teaċt dod' láṫair lá an ṁór-ċruaḋtain, agus ċum martanna dod' láṫair le saoġal na saoġal, deónaiġ anois m'ḟanntaise do neartuġaḋ, mo ḋóċas do ċorruġaḋ suas, agus a ċur i n-uṁail dam, ó baḋ ṫoil leat críostaiḋe is catoiliceaċ do ḋéanaṁ ḋíom, gan éin-níḋ do ḋéanaṁ go lá mo ḃáis baḋ neiṁ-ḟiúntaċ ċum teaċt dod' láṫair, ná do ċong-ḃaḋ do ṁór-ġrása agus do leaṫain-ḃeannaċt ó ṫuir-ling anuas orm.

Cuireann Eiséirġe Íosa Chríost compórd agus sólás ar ár ndóċas, ag laiġdiuġaḋ ár n-ainṁian[1] agus ár mbuaḋarṫa saoġalta; óir, má tá a ḋiaċair 's a ḋócaṁlaċt féin ag an gcreideaṁ ċríostaṁail, níl sé gan a ṁilseaċt 's a ċompórda féin. Táid a ċrosa féin ag an gcríostaiḋe, gan éan-ċontaḃairt, le fulang is le gabáil tríota, óir is oirċeas 's is

[1] ár n-anḃoín 's a MS.

iomċuḃaiḋ ḋó buan-ċosnaṁ i ngrásaiḃ Dé, a ḟír-
éantaċt do ċoṫuġaḋ suas go slán folláin dá ċruṫu-
iġṫeóir, glan-ḃuaiḋ do ḃreiṫ ar gaċ toirmeasg ḃíos
i mbealaċ a ṡlánuiġṫe, ⁊ é féin do ċosaint ar ṫaoḃ
na gcréatúirí, agus ar ṫaoḃ a ḋroċ-ċlaonta féin.
Ní fuláir ḋó, mar sin, faire go fríoċnaṁaċ díċ-
eallaċ, agus caṫuġaḋ go cróḋa neaṁ-ṫuirseaṁail, do
ḃríġ naċ mbuaiḋtear ’san mbualaḋ aċt le hiomad
aireaċais agus le dian-ċoṁrac. Má tugtar sosaḋ
troda ná tréin-imris ar feaḋ lae ná tráṫa, dá
aṫġairid, tuiteann an críostaiḋe i n-urlár na
hainḋeise. Má stadann suas ó na suḃailcíḃ do
ġráḋċant, tuiteann ’san ḃpeacaḋ; imṫiġeann a spi-
orad ar seaċrán; laguiġṫear a ċroiḋe, agus is é an
bás, fá ḋeóiḋ, ċuirfiḋ deireaḋ le n-a anró agus le
n-a ṫubaist. Aċt cá ḃfuil ní ar biṫ le faġḃáil ċoṁ
mór-luaiġeaċ, ċoṁ tairḃeaċ le smuaineaṁ ar an
Eiséirġe, ċum dóċas an ḟír-ċreidiṁiġ do ċoṫuġaḋ i
gcleaċtaḋ ṗeannadaṁail na suḃailcí, i n-aġaiḋ fóir-
neirt is gnáṫ-ċaṫaiḋe an diaḃail, an tsaoġail is na
colna? Bíonn an t-anam úir-líonta do’n dóċas só-
ṁilis seo, lán do ṁeiḋir agus do ġáirdeaċas, ar
ḃfaicsin dó go ḃfuil an corp atá anois ’n-a ṫrom-
ualaċ air, lán do ċuirpṫeaċt, ullaṁ ċum an Eiséirġe do
ḋéanaṁ gan mórán moille ar ṁoḋ ġlórṁar cosṁail
le corp fíor-uasal Ṁic Dé. Dá ṁéid géir-leanaṁna,
dá ṁéid diaċair, dá ṁéid céasaḋ is anacra do-ḃeir
aingeal an aiḋḃeirseóra ḋó, is dá ṁó an gráḋ ’s an
ċeanaṁlaċt ḃíonn aige do Ḋia, is móiḋe a ġreann ar
a ḋliġeaḋ agus ar a naoṁ-aiṫeantaiḃ, agus is ró-
ṁóiḋe aḋṁuiġeann ós árd is ós íseal, gurab é Íosa
Críost an t-éan-ṁaiġistir go haonracánta dár meaḃair
leis géilleaḋ is foġnaṁ. Dá ṁéid ḃíd droċ-ċlaonta

agus ainmiana na colna dá ġrod-ḃrostuġaḋ ċum uilc ⁊ ag caṫuġaḋ i n-aġaiḋ a sprioraide, is mó 'ná sin an dúil ġlacann sé ċum iad do smaċtuġaḋ is do ṡrianaḋ, agus ċum glan-ḃuaiḋ do ḃreiṫ orra. I n-éan-ḟocal, a ċríostaiḋṫe, níl peannaid ná diaċair, dá ġéire, le faġḃáil naċ ndéanann dóċas an Eiséirġe neaṁ-ṫáḃaċtaċ. Is aṁlaiḋ sin do ċonnairc Iób le socraċt aigniḋ agus le suaiṁneas, agus é sínte go traoċta laig-ḃríġeaċ tréiṫ-leóinte ar a ċarn aoiliġ féin, agus a ċuid feóla ag tuitim i n-a stráiceannaiḃ ó ċéile, agus soin uile ṫríd an maċtnaṁ do-rigne ar an Eiséirġe. Ag so mar aduḃairt fáiḋ oirḋearc na foiġde—'Tá a ḟáir-ḟios agam go ḃfuil m'Ḟuas-galtóir i n-a ḃeaṫaiḋ, go n-éireóċaiḋ mé an lá déiḋea-naċ as an uaiġ, go gclúiḋeóċar mé leis an gcroiceann céadna so agus go ḃfeicfead mo Ṡlánuiġṫeóir agus mo Ḋia féin lem' ṡúile féin; atá an dóċas milis so ar folaċ i meaḋón mo ċroiḋe.'—*Scio enim quod Redemptor meus vivit, et in novissimo die de terra surrecturus sum: et rursum circumdabor pelle mea, et in carne mea videbo Deum meum . . . reposita est haec spes mea in sinu meo* (Iób xix. 25-7).

Is mar sin baḋ ċóir ḋúinn-ne laḃairt, agus baḋ leór ḋúinn é ċum luṫġáire do ḃeiṫ orainn ins na géir-leanaṁnaiḃ as aṁgaraiġe, agus ins na caṫaiḋiḃ as déine díṫeaṁla ar son an ċreidiṁ. Agus go fírinneaċ is aṁlaiḋ do laḃradar na creidṁeaċa i ḃfíor-ṫosac na hEaglaise.

Béiḋ sólás mór orainn, ar siad, ins gaċ mór-ġuasaċt agus aindeise as gáḃaḋ ḋúinn d'ḟulang, do ḃríġ gur eiséiriġ Críost agus go ndéanfamaoid-ne féin an t-eiséirġe mar aon leis; tugṫar míle mallaċt ḋúinn, ní ġaḃmuid mío-ṫapa ṫríd; déantar magaḋ is

fonoṁaid fúinn, ní ċuirfimíd spéis ar biṫ ann; tugṫar ár gcolann do na leóṁnaiḃ agus do na beaṫaiḋiġiḃ éigciallta, giḋeaḋ, geaḃaiḋ an Tiġearna trócaireaċ seilḃ ionainn, agus aiṫḃeóḋfaiḋ sé ár gcuirp go glórṁar mar a ċorp féin. Uime sin, beirimid ár mbeannaċt do'n ṁuinntir do ṁalluiġeas sinn; guiḋmid ar son na druinge do ċionntuiġeas ⁊ do ṁasluiġeas sinn, agus déanamaoid gaċ gné maiṫeasa dá ḃfuil i n-ár gcuṁaċtaiḃ do luċt ár n-ingreamṫa is ár ngéir-leanta. Is féidir liḃ sinn do ṫaḃairt suas ċum báis. Giḋeaḋ, cuiṁniġiḋ go ḃfuillingmid é ar son Dé do ḋéanfaiḋ glórṁar onóraċ fós sinn, ar ċor go n-iompóċar ḃur maslaḋ agus ḃur mbuillí 'n-a meaḋaċain glóire agus onóra ḋúinn ⁊ dorċadas ḃur mbraiġdeanais agus cruaḋálaċt ḃur ngeiṁleaċ 'n-a lonnraḋ soillse ċum lasaḋ ḋúinn le saoġal na saoġal.

Fá ḋeóiḋ, smaċtuiġeann agus stiúruiġeann Eiséirġe Chríost ár ndóċas; óir go fírinneaċ, a ḋearḃráiṫreaċa, is é as áḋḃar príoṁ-ḃunaḋasaċ dár dtuitim 'san ṗeacaḋ, go gcuirimid a n-aiṫne[1] ḋúinn féin, go mbéiḋ Dia faḃaraċ ḋúinn, go ḃfillfiḋ sé orainn, ar ṁoḋ go ngaḃamaoid mar sin andóċas agus muiniġin ḟallsa. Aċt leasuiġeann Eiséirġe an tSlánuiġṫeóra na saoḃ-nósa soin; óir múineann an Rúindiaṁair ró-oirdearc so ḋúinn, gurab iomċuiḃe ċum tiġeaċt i seilḃ na beaṫaḋ síorraiḋe an saoġal cailleaṁnaċ so do ṫréigean, agus sin do ḃríġ gur ól seisean domblas is fínéigre sul do ḃlais sé milseaċt Ḟlaiṫeaṁnais, agus gur ḟulaing sé ó na droċ-ḋaoiniḃ iomad droiċ-ṁeasa is mór-ṁaslaiḋ, ionnas gur gairmeaḋ ḋe 'Fear na n-anró agus na

[1] 'naiṫ 'sa MS.

ndoilġeas,' sul do ġaḃ sé ionad go mórḋálaċ molaḋ-ċroṫaċ ar ḋeas-láiṁ an Aṫar Uile-ċuṁaċtaiġ. Níl, a ċáirde, i n-eiséirġe an ṗeacṫaiġ aċt téarnaḋ ó staid an ṗeacaiḋ ċum beaṫaḋ na ngrás: 's é sin le ráḋ, má ṫuitimid tar éis beaṫaḋ na ngrás 'sa bpeacaḋ, is éigean dúinn é d'ḟaġbáil tar n-ais arís le hiomad duaiḋ agus aṫtuirse, óir is dóċaṁla an t-aṫṫuitim do leiġeas 'ná an peacaḋ féin ó ṫúis; agus do ḃríġ gur fír-ḃeagán do ġlacann an duaḋ so orra, mar sin, níl ann aċt fír-ḃeagán do ḋéanann an t-eiséirġe. Agus a ċríostaiḋe ḃoiċt, cá ḃfios duit go dtaḃarfaiḋ Dia ḋuit, gan duaiḋnéis gan anró, an ní do ċosain an oiread soin foiréigin agus aiṫriġe, an oiread martra agus uṁlaċta do Shlánuiġṫeóir an ċiniḋ daonda? Cá ḃfios duit naċ ḃfágfaiḋ ṫú go tráiġte meirḃ lag i gcréiḋ na talṁan, tar éis ṫú 'ḃasgaḋ ċoṁ amaideaṁail sin an dara huair? Cá ḃfios duit naċ é an t-aṫ-ċasaḋ déiḋeanaċ so do-rigne tú 'san ṗeacaḋ an uaiġ ḟiorraiḋe 'n-ar dual ṫú d'aḋlacaḋ, mar adeir Esechiel: *in circuitu illius sepulchrum ejus*? (Esech. xxxii. 22).

Léiġimid, go deiṁin, 'san Sgríḃinn Diaḋa gur aiṫḃeóḋaḋ ó ṁarḃaiḃ éan-uair aṁáin Lasarus, ingean Iáirius agus ingean na baintreaḃaiġe boiċte i Náim, agus gur tugaḋ beaṫa nua ḋóiḃ tar éis a gcéadḃáis. Giḋeaḋ, ní ḟaġmuid amaċ i n-éin-ionad gur tugaḋ an t-eiséirġe ḋóiḃ ó'n gcéad ċuairt sin amaċ. Ó ní ṫug an Tiġearna riaṁ, agus ní ṫaḃarfaiḋ go bráṫ, an t-eiséirġe fá ḋó d'éinneaċ, leis sin gur mian leis a ċur i n-uṁail dúinn, naċ ḃfuil ní ar biṫ níos annṁa 'ná eiséirġe an aṫ-uair ċum beaṫaḋ na ngrás, ar an áḋḃar naċ dtugaḋ eiséirġe ċum beaṫaḋ na náḋúire d'éan-duine dár ṁair ar an saoġal riaṁ.

Déanamaois, dá ḃríġ sin, a ċáirde ró-ġráḋaċa, úsáid ṁaiṫ do'n ċeaċt ró-éifeaċtaṁail sin, agus bímís buain-tṡeasṁaċ dílis i mbeaṫaiḋ na ngrás atá ċoṁ dócaṁail le faġḃáil tar n-ais, agus má ḃíoḃar ċoṁ mí-áġṁarac agus a ċailleaṁain, cuiṁniġiḋ gurab iad luaċ fola uaisle ár Slánuiġṫeóra iad, agus gur mó cailleaṁain an ċirde ṁór-luaiġeaċ soin na ngrás 'ná cailleaṁain na gcréatúirí uile le céile ⁊ cailleaṁain an doṁain ṁóir mar aon leó, do ḃríġ naċ ḃfuil sé i n-a ċuṁaċta go léir ar éin-rian ḃur ndíoġḃála do leiġeas ná do ḋéanaṁ suas.

Dá ḃríġ sin, dar ndóiġ, baḋ cóir ḋaoiḃ maċtnaṁ ní ḃus truime ar an ḃfírinne sin, ḃeiṫ aireaċ fríoċnaṁaċ feasta, caṫuġaḋ go cróḋa cosantaċ i n-aġaiḋ náṁad ḃur slánuiġṫe, ⁊ buan-ċosnaṁ do ḋéanaṁ i ngrásaiḃ Dé, d'eagla taḃartar ċoṁ mór-luaiġeaċ, ċoṁ trom-éadálaċ leis, do ċailleaṁain ar feaḋ na síorraiḋeaċta.

Aċt anois ó do ṫaisbeán mé ḋaoiḃ, na príoṁ-áḋḃair atá againn ó Eiséirġe Íosa Ċhríost ċum buan-ċosnaiṁ i ngrásaiḃ an tSlánuiġṫeóra, ní mór ḋam anois a ċruṫuġaḋ 's a ċraoḃsgaoileaḋ ḋaoiḃ an eisiomplair oirḋearc do-ḃeir sé fós dúinn ins an dara roinn dom' ċomráḋ.

An Dara Roinn.

Ní ḟuiġiḋ Íosa Críost bás an aṫ-uair tar éis a aiṫḃeóḋċain ó ṁarḃaiḃ. Mar aduḃairt an tEasbol, ní ḃéiḋ uaċtaránaċt ar biṫ ag an mbás air feasta, ar an áḋḃar go gcialluiġeann Eiséirġe Mhic Dé aṫnuaḋaċan beaṫaḋ iomlán, ionnas naċ ḃfuil éin-ní talṁaiḋe le faġḃáil ann. Agus ó d'éiriġ sé éan-uair aṁáin as an tuamba, níl ní ar biṫ ḃaineas le créiḋ

na talṁan ag roinn leis. Ag so, a ċríostaiḋṫe, ḃur n-eisiompláir oirḋearc, óir ċum eiséirġe fírinneaċ do ḋéanaṁ, ní mór ḋaoiḃ sgaraṁain le gaċ níḋ ṫig ó'n saoġal malluiġṫe agus ó'n gcréiḋ ċailleaṁnaiġ. Ní mór ḋaoiḃ beaṫa nua do ċeapaḋ ḋaoiḃ féin ḃios tógṫa suas i ngnóṫaiḃ na Ríoġaċta Neaṁḋa, ar ṁoḋ go ndéanfar daoine sprioradálta ḋíoḃ: óir má oileann siḃ éan-ċeann aṁáin d'ḃur ndroċ-ċlaontaiḃ gan a léirsgrios 's a ruagaḋ as ḃur gcroiḋṫiḃ, árdóċaiḋ agus brostóċaiḋ sé na hainṁiana uile le ċéile ċum éirġe suas agus ċum buaḋċain oraiḃ, go díreaċ mar déanann éan-lot nó éin-niosċóid aṁáin, muna gcuirtear ceirín leis go hobann, uile ḋroiċ-leanna an ċuirp do ṫarraing ċuige: 's é sin le ráḋ, gur cóir ḋaoiḃ ḃur n-aireaċas do ṁéaduġaḋ tar éis éirġe as an breacaḋ. Agus fá mar naċ raiḃ Íosa Críost go hiomḟlán nó gur ḃuaiḋ sé ar an mbás gan caoi airis d'ḟágḃáil aige, mar an gcéadna ní ḃíonn iompoḋ an ċríostaiḋe ar Ḋhia foir-líonta, nó go mbuaiḋfiḋ sé go caiṫréimeaṁail ar uile náiṁdiḃ a anma. Go fírinneaċ, a ḋearḃráiṫreaċa, an faid is atáid iomad suḃailcí fós le cleaċtaḋ, agus iomad duḃailcí le seaċaint, níl ḃur n-iompoḋ ar Ḋhia aċt leóinte neaṁṫairḃeaċ. Tar a ċeann soin, is earráid ró-ċoitċeann i measg na gcríostaiḋṫe go ḃféaċaid ar aimsir na Cásga mar aimsir sóiġ agus súgraiḋ, ċum biaḋ agus deoċ do ċaiṫeaṁ. Aċt adeirim-se liḃ, má's meaḃair liḃ buain-tḟearaṁ i ngrásaiḃ Ḋé, is dual daoiḃ am ḃur n-eiséirġe do ḃeiṫ 'n-a aimsir teas-ġráḋa agus ionnraċais ċum tuilleaḋ deaġ-oibreaċ do ċleaċtaḋ, agus ċum ḃeiṫ níos dílse feasta ag dlúṫ-ċoiṁéad na n-aiṫeanta.

Atá sé ró-ċinnte go measaid urṁór na gcríos-

taiḋṫe tar éis a mbreiṫeaṁnais aiṫriġe do ċoiṁlíonaḋ, go ḃfuil ceart dlisteanaċ aca stad suas ó na deaġ-oibreaċaiḃ, ar ṁoḋ gur dóiġ leó go mbaineann sé le haimsir na Cásga súgraḋ agus aoiḃneas do ċleaċtaḋ, ḃeiṫ ag iṫe agus ag ól i dtiġṫiḃ an táḃairne, agus ḃeiṫ ró-ḟánaċ ag guiḋe Dé, ag éisteaċt Aifrinn, ná ag déanaṁ mórán naoṁ-oibreaċ eile d'oiread do stad ḃeaṫaḋ agus do ḋualgas an ċríostaiḋe. Chum go mbreiṫneóċaḋ siḃ go cruinn ar ṁéid agus ar ḟuaṫ-ṁaireaċt na hearráide seo, is leór ḋam a innsint daoiḃ naċ ḃfágḃann an claon-nós úd idir-ḋealuġaḋ ar biṫ idir ċaon-dúṫraċt na ḃfír-ċreidmeaċ ag onóruġaḋ aon do na Rúindiaṁraiḃ as áilne i n-ár gcreideaṁ, agus cleasa dia-ṁaslaiḋṫeaċa agus súgarṫa puibliḋe malluiġṫe na bpágánaċ ag aḋraḋ agus ag onóruġaḋ a ndéiṫe ḃfallsa. Is leór ḋam a ṁíniuġaḋ ḋaoiḃ gurab é as áḋḃar bunaiḋ do'n luṫġáir ṫaisbeánann an Eaglais le n-a héadaiġiḃ, le n-a ceólṁaireaċt agus le n-a síor-ċantain sailm is oráidí, an buaiḋ leaṫan-ċosgaraċ glórṁar rug Íosa Críost ar an mbás, mar aon le buaḋaċan saorḋálaċ na gcríostaiḋṫe ṫríd sin ar an bpeacaḋ. Uime sin, má ḃíoḃar i n-ḃur mbraiġdiḃ mí-áġṁaraċa ag ḃur ndroċ-ċlaontaiḃ, tá an Eaglais fós n-a héideaḋ dobróin dá ḃur gcaoineaḋ, ar ċor naċ ngeaḃaiḋ luṫġáir, nó go ḃfillfiḋ siḃ tar n-ais as cruaiḋ-ċeangal na ngeiṁleaċ ndoċraċ le n-a gcui-ḃriġṫear siḃ.

Arís, ní iarrfaiḋ mé aċt ḃur n-aḋṁála ċum a ċruṫuiġṫe go ḃfuil an earráid, tré n-a ḃféaċamaid ar an gCáisg mar leaṫnaḋ luṫġáire agus caiṫeaṁ aimsire, i n-aġaiḋ naomṫaċta an ċríostaiḋe, óir má baḋ ḋeónaiġṫeaċ le Dia tar éis ḃur dtuitim go minic i b-peacaiḋiḃ, grása na haiṫriġe do ṫaḃairt daoiḃ 'san

aimsir ḃeannuiġṫe seo na Cásga, níl ionnaiḃ mar sin aċt aiṫriġiġ nua; níl siḃ aċt dá ḃur n-ullṁuġaḋ féin ċum ḃur mbeaṫa do leasuġaḋ agus ḃur ndroiċ-ċleaċtta do ṫréigean, mar aon le rún daingean do ḃeiṫ agaiḃ ċum leór-ṡásaiṁ ar son na bpeacaiḋe d'imṫiġ ṫaraiḃ, agus aiṫriġe ġlan do ḋéanaṁ ionnta.

Ní ċreideann siḃ gurab inneaṁail fóġantaċ ḋaoiḃ fo-ḋeóra troma, osnaiḋe áiriṫe agus adṁála fánaċa ċum oiread cionnta is do-rigneaḃar do léirsgrios, agus go ḃfuil ceart dlisteanaċ agaiḃ ċum filleaḋ arís ar ḃur sean-oibreaċaiḃ, agus gaċ éin-ṁilseaċt saoġalta do ḃlaiseaḋ dár ġeall siḃ do ṫréigean ar feaḋ ḃur mbeaṫaḋ. Ō, ní mar sin do-rigne an Sailmiḋe Ríoġaṁail. Ó ní haṁlaiḋ! Ní raiḃ sásta le ráḋ tré ċroiḋe-ḃrúġaḋ trom-osnaiḋṫeaċ, agus caise do ḋeóraiḃ géara ag sileaḋ ó n-a rosgaiḃ: 'a Ṫiġearna, do ṗeacaiḋ mé i n-aġaiḋ do ṁórḋaċta,' aċt fós, ba ṁór é faid ⁊ cruaḋálaċt na haiṫriġe do-rigne. Tar 'éis sin, do b'ḟéidir gur mó do ṗeacaḃar-sa 'ná an Ríoġ-ḟáiḋ naoṁṫa so. Ní haṁlaiḋ fós do-rigne an tEaspol oirḋearc, Pól, tar éis an tṡaoṫair iongantaiġ agus na mbaoġal ndo-innste dár ġaḃ tríd. Do ḋearmaid sé an aimsir d'imṫiġ ṫairis agus do ċoṁairṁiġ mar neiṁníḋ a ḋuaiḋnéis agus a ṡaoṫair uile, ar ċor ná raiḃ do smuaineaṁ aige aċt cionnas do ṫiocfaḋ leis tuilleaḋ anró agus anacra d'ḟulang ċum glóire Dé do ṁéaduġaḋ, agus ċum é féin do ḋéanaṁ fiúntaċ ins an ṁiniostrálaċt ḃeannuiġṫe ċum ar gairmeaḋ le hÍosa Críost é: *quae quidem retro sunt obliviscens*, . . . *extendens meipsum* . . . *ad bravium supernae vocationis Dei in Christo Jesu* (Pilip. iii. 13-14).

Do baḋ leór ḋaoiḃ ḃur dtaiṫiġe féin ar an saoġal

so ċum a ḋeiṁniuġaḋ ḋaoiḃ, ó naċ ḃfuil éan-aimsear ann 'n-ár tréine agus 'n-ár iomadaṁla ḃíd na droċ-ċlaonta ag iarraiḋ uaċtaránaċt do ḃreiṫ oraiḃ 'ná i dtosaċ ḃur sláinuiġṫe, ⁊ mar sin gur dual daoiḃ ḃur n-aireaċas do ṁéaduġaḋ; óir is 'san aimsir sin féin do ġléasann an mac mallaċtain atá ag forcamás do ló is d'oiḋċe ċum ḃur ndíoġḃála, a ċealga uile ċum siḃ do ġaḃáil i n-a líontaiḃ malluiġṫe. Agus anois, ó ġeiḃeann sé amaċ gurab iad grása Dé atá dá ḃur dtreóruġaḋ agus dá ḃur gcoiṁdeaċt ċum ḃur leasa, cuireann sé os comair ḃur súl na coṁluadair ċéadna, an caiṫeaṁ aimsire céadna, na cealga díoġḃálaċa céadna tré n-ar meallaḋ agus ar milleaḋ roiṁe siḃ. Is é seo an t-am 'n-a ngaḃann sé ċuige seaċt ndeaṁain eile ċum ḃur n-anma d'ḟoslongṗort agus d'ionġaḃáil trí ċéadfaḋa ḃur gcuirp, d'ḟonn seilḃe do ġlacaḋ arís ins na croiḋṫiḃ as ar díbreaḋ go caṫaiseaċ é le mór-ġrásaiḃ Íosa Chríost. I n-éan-ḟocal, a ċríostaiḋṫe, táid na grása fuaraḃar 'san Cháisg ḃeannuiġṫe seo, ró-ḟusas le cailleaṁain. Is cosṁail iad le spréiḋ ḃeag teineaḋ nár coigleaḋ go maiṫ, agus ar ċóir aire ṁaiṫ do ṫaḃairt dá séideaḋ; nó le gas do ċrann óg nár ġaḃ préaṁ ḋaingean 'san ċréiḋ fós, dár dual a oileaṁain agus a neartuġaḋ ar feaḋ tamaill; nó, fá ḋeóiḋ, is deallraċ iad le harḃar ġlan cruiṫneaċta do ṡíol-ċuirtear 'san talaṁ agá ndéanfaḋ an cogal ar mine do ṁúċaḋ, gan iomad aireaċais do ġlacaḋ 'n-a ṫimċeall. Tá siḃ i n-ḃur leanḃánaiḃ nuaiḋ-ḃeirṫe,—*sicut modo geniti infantes*,—mar adeir an naoṁ-easbol, Peadar. (I. Pead. ii. 2.) Tá gáḃaḋ agaiḃ dá ḃur neart agus dá ḃur gcuṁaċtaiḃ uile ċum siḃ do ċosaint ó'n oiread soin náṁad. Do-ċíonn siḃ gurab ó éan-ċlaon-aṁarc aṁáin ar ḃean

Urias do ṫuit Dáiḃí i bpeacaiḋiḃ aḋaltranais agus dúnṁarḃṫa. Is ar éigean do luiġ Soloṁ, mac Dáiḃí Rí, súil ar na mnáiḃ coigcríċe ṫáinig dá ionnsaiġe, naċ raiḃ sé do ṁío-ṫapa ann túis do losgaḋ dá n-íoḋalaiḃ agus aḋraḋ dá ndéiṫiḃ fallsa; óir ní iarraid na suḃailcí naċ mbíonn aċt 'n-a bḟíor-ṫosaċ aċt caṫaiḋe ró-laga ċum iad do ċailleaṁain go bráṫ. Dá bríġ sin, baḋ ċóir ḋúinn breiṫeaṁain go glinn gurab é an t-amaideaċt as mó do-rigneaḃar riaṁ, siḃ féin do ṫaḃairt suas arís go náireaċ dá bur ndroċ-ċlaontaiḃ, bur ngrása nua do ṫréigean, ná géilleaḋ ar ċor ar biṫ dá bur náiṁdiḃ spioradálta atá mar leóṁain ċraosaċa ullaṁ ċum siḃ d'alpaḋ agus do stollaḋ ó ċéile.

I n-éaġmais na n-áḋḃar so uile, breaṫnuiġiḋ fós, ó do-ḃeir an Eaglais naoṁṫa dá clannaiḃ toġṫa níos lúġa caḃair istiġ 's amuiġ 'san Cháisg 'ná i n-aimsir an Charġais, baḋ ċóir ḋaoiḃ-se sin do ḋéanaṁ suas tré ṁéid agus iomadaṁlaċt ḃur dteas-ġráḋa is ḃur n-aiṫriġe: óir ins na laeṫiḃ úd tréaḋanais agus aiṫriġe an Charġais, do ḃoileaḋ go mór agus do ċoṫuiġeaḋ ḃur naoṁṫaċt ó'n dtaoḃ amuiġ. Do ḃíodar coiṁṫionóil ġnáṫaċa ⁊ coṁluadair ḃeannuiġṫe ins na teampallaiḃ, iomad déirce dá ṫaḃairt do ḃoċtaiḃ Dé, trosgaḋ, tréaḋanas agus urnaiġṫe dá ngnáiṫ-ċleaċtaḋ, ḃeiṫ d'ḟiaċaiḃ ar a malluiġṫeaċt géilleaḋ nó dul i bḟolaċ, mar aon le seanmóra agus craoḃ-sgaoileaḋ focail Dé, ċum a dtigidís na creidṁeaċa go léir, aċt fír-ḃeagán do ṗeacṫaċaiḃ cruaḋ-ṁuinéalaċa. Do ḃíodar so uile fóġanta inneaṁail ċum srian do ċur leis na droċ-ċlaonta agus ċum neart agus bríġ do ṫaḃairt do'n ċríostaiḋe ċum eiséirġe as an bpeacaḋ. Giḋeaḋ, 'san aimsir atámuid ar tí a caiṫeaṁ ní

ḟaġmuid an oiread conganta ċum sinn do ċosaint, do neartuġaḋ ná d'oileaṁain; agus go hinṁeaḋónaċ tá sgéiṁe agus deise na hinġine ríoġaṁla so na hEaglaise i bḟolaċ le feicsin.

Smuaineann sí go bḟuilid a clann tar éis an eiséirġe do ḋéanaṁ; agus tré ḃríġ na ngrás fuaradar, go bḟuilid 'n-a ndaoinib sprioradálta. Mar, ní ṫaḃrann sí ḋóib aċt roinn do'n ċaḃair ba ġnáṫaċ léi do ṫaḃairt aimsir an Charġais; óir anois tá críoċ ar a dtrosgaḋ, ní ḟuilid na hurnaiġṫe puiblíḋe ċoṁ coitċeann. Tá coiṁṫionóil na gcreidṁeaċ níos annṁa. Níl na seanmóra ḋá gcraoḃsgaoileaḋ ċoṁ minic, ar an áḋḃar go measann an Eaglais sib do beiṫ láidir i ngrásaib Dé agus naċ bḟuil riaċtanas agaib feasta le bainne leanḃáin ċum bur gcoṫuiġṫe.

Críoċnuġaḋ.

Ag sin, a ċáirde, áḋḃar agus eisiompláir bur mbuan-ċosnaṁa i ngrásaib Dé le feicsin Eiséirġe Íosa Chríost. Uime sin, stiúruiġim ċuġaib na briaṫra aoiḃne úd aduḃairt an tEaspol leis na cineaḋaċa ḃí nuaiḋ-ḃeirṫe 'san gcreideaṁ:

'A ḋearḃráiṫreaċa,' ar sé, 'seasṁaiḋ go daingean ins na grásaib fuaraḃar, agus ná fulangaiḋ beiṫ gaḃṫa an aṫ-uair fá ḋaoirse agus fá ṫrom-sgláḃaċt an diaḃail.'—*Fratres, state et nolite iterum jugo servitutis contineri* (Gal. v. 1). Díbriḋ as bur gcroiḋṫib gaċ éin-ní do ċeanglann do'n tsaoġal ċailleaṁnaċ sib. Sgriosaiḋ is ruagaiḋ ó n-bur gcogcubar gaċ droiċ-ċleaċtaḋ agus claon-nós, ċum riaġalaċa Chríost do ġeineaṁain ionnta. Cuiriḋ suas dá bur ndroċ-ċoṁluadar, dá bur n-éigceart, agus do'n onóir ḟallsa agus do'n tsaiḋḃreas ḟeall-

taṁail atá an saoġal ag geallaṁain daoiḃ. Ná meallaiḋ siḃ féin. Ná bainiḋ ḋíoḃ toraḋ an oirid sin do ḋeóraiḃ do ḟileaḃar i gcaṫaoir na faoiside, agus ná leigiḋ an oiread soin trosgaiḋ agus tréaḋanais, déirce agus urnaiġṫe do ḋul ċum droiċ-ċríċe agus neaṁ-ṫairḃe ḋaoiḃ: *tanta passi estis sine causa*? (Gal. iii. 4), mar adeir an t-easbol céadna.

Ná congḃaiḋ feasta an droċ-ċuideaċta ċéadna, ag iṫe agus ag ól agus ag cearrḃaċas i dtiġ an táḃairne ná i n-ionadaiḃ toirmisgṫe eile. Tréigiḋ go hiomḟlán iad, óir ní ḋéanfaid uile le ċéile anam glórṁar an ċríostaiḋe do léar-ḟáraṁ: *state et nolite iterum jugo servitutis contineri* (Gal. v. 1). Déanaiḋ aṁáin cosaṁlaċt idir an staid ḟocair ḟásta i n-a ḃfuil siḃ anois tré ġrása mór-luaiġ na Sacramainte beannuiġṫe, agus an stáid ḃuaḋarṫa i n-a ḃí siḃ roiṁe seo; idir ḟuaiṁneas ḃur n-anma anois, adeir liḃ go ḃfuil Íosa Críost 'n-a ċoṁnaiḋe ionnaiḃ, agus an-ḟocraċt ḃur gcogcuḃais ḃí dá ḃur gcéasaḋ roiṁe seo tré ṁéid agus tré iomadaṁlaċt ḃur gcoirṫeaċ. Aiṫrisiḋ ḋúinn dá ḃríġ sin, a anamanna na ḃfíréan, an n-eaḋ naċ ḃfuil ḃur ndroċ-ċlaonta díbearṫa agus ḃur mbuaiḋreaṁ aigeanta coisgiġṫe?—an n-eaḋ naċ ḃfeiceann siḃ le haoiḃneas mór intinne, na haltóra naoṁṫa ar a n-íoḋbarṫar ḋaoiḃ gaċ lá an t-uan gan teiṁeal?—an n-eaḋ naċ ḃfuil meaḋair oraiḃ nuair do ċluineann siḃ ceólṁaireaċt luṫġára na hEaglaise mar binn-ċanntain Sléiḃe Síon?—an n-eaḋ naċ lán-toilteanaċ éisteann siḃ anois le craoḃsgaoileaḋ focal Dé, ṫar ċeann gur éisteaḃar roiṁe seo leó, mar ċlaiḋeaṁ géar líoṁṫa ag treiġdeaḋ meaḋón ḃur gcroiḋṫe i lár ḃur ḃfleaḋ mór is ḃur gcóisir? Cuiṁniġiḋ ar aimsir ḃur gcionnta le doilġeas croiḋe,

agus aiṫrisiḋ dúinn má ḃlaiseaḃar éin-ní i gcosaṁlaċt do'n ṁilseaċt do ṁoṫuiġeann siḃ i stáid na ngrás?

Ná bíoḋ leisge ná mío-ṫapa oraiḃ saoṫar díċeallaċ do ḋéanaṁ ċum an taḃartas beannuiġṫe seo na ngrás do ċoṫuġaḋ agus d'oileaṁain ionnaiḃ, agus ná meallṫar ar ċor ar biṫ siḃ leis na náiṁdiḃ feallṫaṁla.

Do-rigneaḋ oiġriḋe Fhlaiṫeaṁnais díoḃ leis an Eiséirġe. Bíoḋ fuaṫ agus droiċ-ṁeas agaiḃ ar gaċ níḋ do ċuirfeaḋ bun-os-cionn ar ḃur ndóċas siḃ. Do-rigneaḋ clann toġṫa Íosa Chríost díoḃ, agus seasṁaiḋ amaċ go húr-ṁisneaṁail cróḋa ag cosaint na cáiliḋeaċta naoṁṫa soin. I n-éan-ḟocal, a ċríostaiḋṫe, do ċuireaḃar luṫġáir ar ainglib Fhlaiṫeaṁnais ag iompoḋ ó ḃur gcoirṫeaċaiḃ go stáid na ngrás; cuiriḋ fós luṫġáir ar ainglib na talṁan. Cuiriḋ mór-ċompórd ar ṡagartaiḃ Dé atá 'n-a ḃfiaḋnaiḋṫiḃ ar ḃur ndoilġeas croiḋe agus 'n-a luċt rúin ar ḃur smuaintiḃ ins an ḃfaoisdin. Do ġaḃadar ḃur n-osnaiḋe. Do ċuimileadar ḃur ndeóra. Do réiḋeadar ḋaoiḃ sliġṫe na haiṫriġe. D'ionnladar siḃ ó n-ḃur gcoirṫeaċaiḃ, agus do-rigneadar ḃur síoṫċáin le n-ḃur mBreiṫeaṁ Uile-ċuṁaċtaċ do ḃí i ḃfeirg liḃ.

Stiúraiḋ fós le na gcoṁairle siḃ, agus déanaiḋ impiḋe ar ḃur son le n-a ndeóra. Íoḋbraiḋ i láṁaiḃ an Aṫar ṡíorraiḋe Aifrinn go laeṫeaṁail ḋaoiḃ, agus neartuiġiḋ fós le n-a n-urnaiġṫe agus le n-a ndeaġ-oibreaċa siḃ. Uċ! uċ! a ċáirde, ná déanaiḋ-se tré ḃur ḃfaillíġe an ní do-rigneadar-san do ċur ar bun daoiḃ le hiomad tear-ġráḋa [do ṁilleaḋ].[1] Ná bíḋiḋ ċoṁ cruaḋ-ċroiḋeaċ soin daoiḃ féin agus a saoṫar do

[1] Tá focal éigin nó dó gan beiṫ 'sa MS. annso.

ḋéanaṁ neaṁ-ṫairbeaċ, agus ná cuiriḋ d'ḟiaċaiḃ orra, tar éis trócaire an tSlánuiġṫeóra d'iarraiḋ ḋaoiḃ, díoġaltar agus díbfearg Íosa Chríost d'iarraiḋ anois i dtaoḃ a ċuid fola uaisle do ḟatalaḃar fá n-bur gcosaiḃ, i dtaoḃ a ṁór-luaiġeaċta do ċuireaḃar i neaṁ-ḟuim, i dtaoḃ a Shacramuinte do-risneaḃar do naoṁ-aiṫisiuġaḋ agus a ġrása mór-luaiġ nár ḃ'áil liḃ.

Tá siad anois dá bur neartuġaḋ insna geallaṁnaiḃ do-ḃeir bur nDia trócaireaċ ḋaoiḃ ċum Ríoġaċt Fhlaiṫeaṁnais d'ḟaġbáil. Dá bríġ sin, déanaiḋ siḃ féin siúntaċ insna geallaṁnaiḃ beannuiġṫe sin, ag buan-ċosnaṁ go dílis ionnraic i ngrásaiḃ bur n-eiséirġe, ar an áḋbar gurab é an t-éin-ṁeaḋón d'ḟanas againn 'san ġleann so na ndeór, ċum an ċoróin ġlórṁar do ġeall Íosa Críost dá ḟíréanaiḃ do ḟaoṫruġaḋ ḋúinn 'san Ríoġaċt Neaṁḋa: agus is é sin iarraim daoiḃ-se ⁊ dam féin—i nAinm an Aṫar, ⁊ an Mhic, ⁊ an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Seaġan Ua Connaire,
1769.

Seanmóir a Seaċt.

Íoḋbairt an Aifrinn.[1]

(An dara Doṁnaċ tar éis na Cingcíse.)

Nemo virorum illorum . . . gustabit coenam meam.

Ní ḃlaisfiḋ aon do sna daoiniḃ sin mo ṡuipéar-sa.
—Lúcás xiv. 24.

Thug duine mór, adeir Íosa Críost insan tSoisgéal, órduġaḋ dá ṡeirḃísiġiḃ mórán daoine a dtug sé cuireaḋ ḋóiḃ do ġlaoḋaċ ċum teaċt go suipéar mór do ḃí sé ag taḃairt uaiḋ. Ní ṫángadar. Thugadar leiṫsgéalta móra fallsa uaṫa. Do ġlac fearg an prionnsa, ⁊ ṫug sé órduġaḋ dá ṡeirḃísiġiḃ a ḃoiċt ⁊ a ḋeiḃléana féin do ṫaḃairt isteaċ 'n-a ċuireaḋ; ⁊ do ḋearḃuiġ sé ná blaisfeaḋ éanduine dá ḃfuair cuireaḋ blúire dá ṡuipéar go bráṫ.

Cia hé an prionnsa mór so ṫug an cuireaḋ uaiḋ? Íosa Críost, an Dara Pearsa do'n Ṫríonóid Ró-Naoṁṫa. Cia an suipéar é seo do ṫugann sé uaiḋ? Tá, a ċríostaiḋṫe, a ċorp ⁊ a anam, a ċuid fola ⁊ feóla, a ḋiaḋaċt ⁊ a ḋaonḋaċt, i n-éan-ḟocal, Sacraimint ḃeannuiġṫe na hAltóraċ. Cia hiad na seirḃísiġ iad so 'n-a dtugann sé órduġaḋ ḋóiḃ, glaoḋaċ ar na daoiniḃ? Na hearbuig ⁊ na sagairt do ċraoḃsgaoileann a ċreideaṁ ar feaḋ

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 52-63. Sermon by the Reverend William Ahern, 1804.

an doṁain. Cia hiad na daoine iad so 'n-a dtugann sé cuireaḋ ḋóiḃ? Siḃ-se ⁊ an saoġal uile go léir. Cuireann an méad sin do'n tSoisgéal luṫġáir orm, a ċríostaiḋṫe, aċt criṫeann mo ċroiḋe nuair smuainim ar na foclaiḃ déiḋeanaċa. Tá Íosa Críost i Sacraimint na hAltóraċ mar ḃreiṫeaṁ ar an mbinnse i dTiġ na Cúirte. Tugann sé an breiṫeaṁnas marḃṫaċ so, 'ní ḃlaisfid mo ṡuipéar-sa go bráṫ,' ar na daoiniḃ seo ṫugann neaṁ-ṡuim 'san Aifreann; ná tigeann ag triall air, nó, má ṫigid, ná héisteann é mar as cóir Sul fá ċuirfinn éin-riaġail daoiḃ ċum an Aifreann d'éisteaċt ar an gcuma 'n-ar maiṫ le Dia é, míneóċad daoiḃ créad é an ní an tAifreann.

Is é an ní an tAifreann, íoḋbairt Íosa Chríost. Íoḋbrann sé é féin suas do Dhia ar ár n-altóraiḃ. Is é féin an íoḋbairt ⁊ an t-árd-ṡagart i n-éinḟeaċt. Is é an ní d'offrálimíd fuil ⁊ feóil ar Slánuiġṫeóra. Cia ḋó? Do Dhia mór na cruinne. Is iad na sagairt ministéirí na híoḋbarta; ⁊ offráilid na críostaiḋṫe ḃíonn láiṫreaċ, suas do Dhia í i n-éinḟeaċt leis an sagart. Ar an áḋḃar soin, níl éin-tṡliġe coṁ maiṫ ċum an Aifreann d'éisteaċt mar as ceart, le n-ár gcroiḋe, le n-ár n-intinn ⁊ le n-ár n-aigneaḋ, do ḃeiṫ i n-éinḟeaċt ar éan-ġuiṫ le croiḋe, le hintinn ⁊ le haigneaḋ an tṡagairt, ag taḃairt molaiḋ ⁊ glóire do Dhia. Má leanmaoid an riaġail seo, is féidir linn trí codċa do ḋéanaṁ do'n Aifreann. An ċéad ċuid, ó n-a ṫosaċ go dtí an aimsir 'n-a n-offrálam suas do Dhia an t-arán ⁊ an fíon. Ar feaḋ na haimsire sin, baḋ ċeart dúinn smuaineaṁ ná fuil éin-ṗeaċṫaiġ coṁ mór linn féin; baḋ ċeart dár gcroiḋe ḃeiṫ

líonta do ċaṫuġaḋ ⁊ do ḋubrón mar ġeall ar ḟailċeaċt ár bpeacaiḋe. An dara ċuid, ó'n uair 'n-a n-offrálam an t-arán ⁊ an fíon go soinnseáltar iad i ḃfuil ⁊ i ḃfeóil ár Slánuiġṫeóra. Ar feaḋ na haimsire seo, baḋ ċeart dúinn sinn féin do ṫaḃairt suas do Dhia mar íoḋbairt i n-éinfeaċt le Íosa Críost. An treas ċuid, ó'n aimsir 'n-a soinnseáltar an t-arán ⁊ an fíon i ḃfuil ⁊ i ḃfeóil ár Slánuiġṫeóra go dtí an t-am a n-iṫeam a ċuid feóla ⁊ go n-ólam a ċuid fola. Baḋ ċeart dúinn sinn féin d'ullṁuġaḋ ar feaḋ na haimsire seo, i gcoṁair na ngrás do ṫaḃarfaiḋ Dia ḋúinn.

I gcás gur fearr do ṫuigfeaḋ siḃ na neiṫe seo, taḃarfaiḋ mé ḋaoiḃ trí somplaí fuaras ins an Scrioptúir, do ṫaisbeánfaiḋ go soiléir ḋaoiḃ cionnas as ceart daoiḃ an tAifreann d'éisteaċt. Is é an ċéad sompla, sompla an ṗuibliocánaiġ. An dara sompla, an biṫeaṁnaċ do céasaḋ i n-éinfeaċt le n-ár Slánuiġṫeóir. An treas sompla, captaon na saiġdiúirí 'n-ar leiġiseaḋ a ṁac dó. Taisbeánfaiḋ an puibliocánaċ ḋaoiḃ créad as ceart daoiḃ do ḋéanaṁ ar feaḋ na céad coda; an biṫeaṁnaċ, ar feaḋ na dara coda; ⁊ an captaon créad as ceart daoiḃ do ḋéanaṁ ar feaḋ na treas coda do'n Aifreann.

An uair ṫiocfaiḋ siḃ do'n tṡéipéal, cuiṁniġiḋ, a ċlann ó, créad do-rigne an puibliocánaċ nuair a ṫáinig sé isteaċ do'n tṡéipéal ċum a urnaiġṫe do ċur suas ċum Dé. Do ċuaiḋ sé isteaċ i gcúinne leis féin. Ní léigfeaḋ náire ná eagla ḋó a ṡúile d'árduġaḋ suas ċum na hAltóraċ. Do ḃuail sé a uċt ⁊ aduḃairt sé: 'Ó a Thiġearna! bí trócaireaċ orm, mar is peacaċ mór mé' (Lúcás xviii. 13). Ní ṫáinig sé isteaċ go ceann-dána 'san tṡéipéal ċoṁ maiṫ is ná

ḋearnaiḋ sé éin-ṗeacaḋ riaṁ. Ní ḋearnaiḋ. Do ṡíl sé nár ḃ'ḟiú é seasaṁ do láṫair Dé. Do ċuir méad a ṗeacaiḋe an oiread soin náire air, nár ṫóg sé suas a ṡúile aṁáin ċum na ḃflaiṫeas. Do ḃuail sé a uċt, mar is annsoin do ḃí a ċroiḋe; ⁊ mar do tarraing-eóċtaiḋe teine as cloċa le hiad do ḃualaḋ ar a ċéile, do ṫarraing sé ó n-a ċroiḋe na focail oirḋearca so: 'A Ṫiġearna, bí trócaireaċ orm, mar is peacṫaċ boċt mé' (Lúcás xviii. 13). Ó! créad é an sólás síorraiḋe do ġeaḃmuis ins na flaiṫeasaiḃ dá ndéanfamuis aiṫris ar an bpiubliocánaċ so, dá gcaiṫfimís sinn féin ar ár nglúiniḃ ar ṫosnuġaḋ an Aifrinn, dá líonfaḋ ár gcroiḋṫeaċa do ḋubrón ⁊ do ċaṫuġaḋ, ⁊ dá n-iarrfamuis ar Ḋia le n-ár n-osnaiḋe ⁊ le n-ár ndeóra, párdún ⁊ maiṫṁeaċas do ṫaḃairt dúinn 'n-ár bpeacaiḋiḃ?

Naċ é seo an ní do ċuireann an sagart i n-iúl dúinn nuair do ḋruideann sé ó'n Altóir? Nuair ṫigeann sé anuas go dtí an céim íoċtaraċ ċum an Ḟaoisdin Ċoitċeann do ḋéanaṁ os coṁair Dé ⁊ an tsaoġail, bíonn trom-ualaċ peacaiḋe a ṗobail ar a ġuailniḃ; iarrann párdún ⁊ maiṫṁeaċas ar Ḋia ḋóiḃ-sean ⁊ dó féin.

Taisbeánfaiḋ mé ḋaoiḃ anois sompla an ḃiṫeaṁnaiġ, do ṫaisbeánfaiḋ ḋaoiḃ cionnas is cóir daoiḃ siḃ féin d'iomċur ó aimsir na hÍoḋbarta go dtógtar suas fuil ⁊ feóil ár Slánuiġṫeóra.

Féaċaiḋ ar an mbiṫeaṁnaċ foirtiúnaċ sínte ar ċrann na croise. Féaċaiḋ cionnas d'osglann sé súile a ċroiḋe ċum a Ṡlánuiġṫeóra d'aiṫint ⁊ d'aḋṁáil. Naċ fada an tsliġe go ríoġaċt na ḃflaiṫeas d'imṫiġeann sé ar feaḋ na trí huaire do ċaiṫeann sé i bpiantaiḃ ar ċrann na croise i n-éinḟeaċt le

Íosa Críost? Tugann sé an méad as féidir leis dá Shlánuiġṫeóir. Tugann sé a ċroiḋe ḋó. Iarrann sé go húir-íseal air ionad do ṫaḃairt dó i ríoġaċt na glóire. Tugann sé a ṫeanga ḋó ag craoḃ-sgaoileaḋ a ḃeannaiġṫeaċta ⁊ a neiṁ-ċionntaċta. Ins an aimsir 'n-a ndearnaiḋ gaċ n-aon dá raiḃ láiṫreaċ, Íosa Críost do ḟéanaḋ, d'aḋṁuiġ seisean go hárd gur ḃ'é árd-ṁaiġistir neiṁe ⁊ talṁan é. An uair do ḃí gaċ n-aon eile ag taḃairt masla ḋó, ṫug seisean molaḋ ⁊ glóire ḋó. Nuair d'ḟág a ḋeis-ciobail uile go léir é, tógann an ceirceán boċt so a ṗáirt. Tá cartannaċt ċoṁ mór soin 'n-a ċroiḋe go ndéanann sé a ḋíċeall ċum an droiċ-ḃiṫeaṁnaiġ do ḃí ar an taoḃ eile ḋe do ṫaḃairt ċum aiṫriġe do ḋéanaṁ. Ná bíoḋ iongnaḋ oraiḃ, a ḋearḃráiṫreaċa, má ġaḃ an oiread so tréiṫe an biṫeaṁnaċ boċt so. Do ċonnaic sé a Shlánuiġṫeóir dá ċéasaḋ, ⁊ níl éin-ní as mó ḟoinnseálann ár gcroiḋe 'ná radarc Íosa Chríost ar ċrann na croise. Á! is mó an fortún do ḃéaḋ 'n-ḃur gcoṁair dá mb'ail liḃ, ar árduġaḋ an Chuirp Naoṁṫa, súile ḃur gcreidiṁ do ċaiṫeaṁ ar ċnáṁa Éin-Ṁhic Dé, ⁊ maċtnaṁ do ḋéanaṁ ar a ṁór-ċartannaċt daoiḃ-se ⁊ do'n tsaoġal go léir. Ó! is é seo an t-am 'n-ar ceart daoiḃ sgreadaḋ ⁊ glaoḋaċ ar Dhia mór na gcuṁaċt, ⁊ a ráḋ ó n-ḃur gcroiḋe, 'Ó! a Thiġearna, offrálaim suas duit mé féin i n-éinfeaċt lem' Shlánuiġṫeóir. Ó! ná dearmaid mé, mar is peaċtaċ boċt mé. Taḃair maiṫeaṁeaċas ⁊ pardún dam agus ionad i ríoġaċt na ḃflaiṫeas!' Bíoḋ cartannaċt mór agaiḃ; guiḋiḋ ní heaḋ amáin daoiḃ féin, aċt fós do'n tsaoġal uile go léir, ⁊ go speisialta ar na hanmannaiḃ atá ag fulang pianta na Purgadóireaċta.

Taḃarfaiḋ mé anois daoiḃ an tréas sompla; an captaon; sompla as ceart daoiḃ a leanṁain go deireaḋ an Aifrinn, nuair do ġlacann an sagart comaoine; 's é sin, nuair d'iṫeann ⁊ d'ólann sé cuid fola ⁊ feóla ár Slánuiġṫeóra. Tá an sompla so ċoṁ oirdearc sin gur lean an Eaglais riaṁ é. Deireann gaċ sagart sul a nglacann sé comaoine, na focail ċéadna adubairt an captaon le Íosa Críost, nuair d'iarr sé mar aṫċuinge air a ṁac do leiġeas dó: 'A Thiġearna, ní fiú mé go dtiocfá fám' ḋíon' (Maṫa viii. 8). An uair do ġlacais colann daonda i mbroinn na Maiġdine Muire, do ḃí iongnaḋ ar na haingliḃ; do ḃí iongnaḋ ar na flaiṫeasaiḃ. Ní raḃais sásta leis an uṁlaċt so. Ba ṁaiṫ leat fós maireaċtain 'n-ár measg. Ó! a Thiġearna, tagann tú ċuġam-sa; tusa atá id' Dhia ar ḃeóḋaiḃ ⁊ ar ṁarḃaiḃ, tusa atá id' ṁaiġistir ar neaṁ ⁊ ar talaṁ, tagann tú ċuġam-sa, an peactaċ as mó fá'n spéir. Ó! ní fiú mise go dtaḃarfá-sa biaḋ na n-aingeal le n'iṫe ḋam; mise d'árduiġ suas mo láṁa go minic i reibiliúntaċt id' ċoinniḃ. Aċt ó's maiṫ leat teaċt ċuġam, dá ṁéid mo ṗeacaiḋe, ní iarraim éin-ní saoġalta ort. Do b'ḟéidir go ndamnóċaiḋís m'anam. Aċt iarraim go huṁal ort sláinte m'anma, coinsias glan, ⁊ maiṫṁeaċas im' ṗeacaiḋiḃ. Ag so iad na somplaí ṫugann an Scrioptúir daoiḃ ċum a ċur i n-uṁail daoiḃ cionnas as ceart daoiḃ an tAifreann d'éisteaċt.

Aċt fiafruiġim daoiḃ an leanann siḃ na somplaí seo. Á! is fada uaiḋ siḃ. I n-ionad sompla an ṗuibliocánaiġ, an ḃiṫeaṁnaiġ ṁaiṫ, ⁊ an ċaptaoin do leanṁain, leanann siḃ, ar feaḋ an Aifrinn, sompla

an droiċ-ḃiṫeaṁnaiġ, Iúdás, ⁊ na ḃFairisíneaċ. Chum na fírinne seo do ċur i dtuigsint daoiḃ, níl agam aċt a ṫaisbeáint daoiḃ cionnas d'éisteann siḃ é.

Is é an ní an tAifreann, íoḋbairt déantar ar ċuiṁniuġaḋ Páise ⁊ Ḃáis Íosa Chríost ar ċrann na Croise. Aċt tuiteann sé amaċ go minic, go ndéinid mórán do na críostaiḋṫiḃ an masla d'aṫnuaḋċan, ṫug na Iúdaiḋiġ ⁊ na croċairí d'Íosa Críost, nuair a ḋéanaid na sagairt cuiṁniuġaḋ na bpianta d'ḟulaing sé d'aṫnuaḋċan ar na haltóraċaiḃ. I gcás go ndéanfaḋ siḃ bun-os-cionn leis an droing ṁalluiġṫe, siḃ féin do ṫugann masla dár Ṁistéiriḃ Naoṁṫa, cuiṁniġiḋ go raiḃ trí sórt daoine timċeall ar Ḃur Slánuiġṫeóir nuair do cuireaḋ ċum báis é. D'imṫiġ an ċéad drong ṫar a ċrois. Níor stadadar. Níor ġlac caṫuġaḋ ná doilġeas croiḋe iad mar ġeall ar a ḃás. Do ḃí a gcroiḋe ní ba ċruaiḋe 'ná na cairrgeaċa. Tháinig an dara drong i n-aice na Croise. Do-ċonncadar é ag fulang pian. Níor ġlacadar éan-truaġ dó. Do ċromadar ar ġáiriḋe ⁊ ar ṁagaḋ faoi. Ní raiḃ an tríoṁaḋ drong sásta le masla do ṫaḃairt dó. Do ḃuaileadar ⁊ do ḃasgadar é. Do ċaiṫeadar cioṫ do ṁionnaiḃ móra ⁊ d'easgainiḃ 'n-a ċoinniḃ sin atá beanuiġṫe ar feaḋ saoġal na saoġal.

Aiṫneóċaiḋ siḃ ar na coṁarṫaiḃ seo an méad malluiġṫeaċta do ḋéanann mórán agaiḃ féin ar feaḋ na haimsire ḃíonn an tAifreann dá ráḋ. Cionnas as féidir leis na cuirpṫeóirí seo ḃeiṫ páirteaċ i nAifreann Dé, ná déanann faoisdin aċt uair 'sa mbliaḋain ⁊ ná déanfaḋ go bráṫ é muna gcuirfiḋe d'ḟiaċaiḃ orra é? Naċ iomḋa duine agaiḃ ná tagann ar éan-ċor aċt go ró-annaṁ go

dtí an tAifreann. 'Tá páirtí óga agam,' adeireann duine. 'Bhí an Doṁnaċ fliuċ,' adeireann an dara duine. Agus is dóiġ leó go nglacfaiḋ Dia na leiṫsgéil seo uaṫa. Á! fóiríor, tá siad meallta. Do réir mar atá siad-san ag magaḋ fá Dhia le 'n-a leiṫsgéalaiḃ, béiḋ Dia ag magaḋ fúta-san lá a mbáis. Féaċaiḋ ar ċuid eile aca: i n-ionad deiṫnis do ḋéanaṁ ċum an Aifrinn, caiṫid an aimsir 'san mbaile dá gcóiruġaḋ féin; i n-ionad cuiṁneaṁ ar Dhia ná ar a bpeacaiḋiḃ ar feaḋ an ḃóṫair, caiṫid an aimsir ag cainnt ⁊ ag coṁráḋ, ag guiḋeóireaċt ⁊ ag barbarḋaċt; i n-ionad teaċt isteaċ i n-éinḟeaċt liom féin go dtí séipéal Dé, naċ aṁlaiḋ d'ḟanaid cois na gclaḋṫaċa ag díol ⁊ ag ceannaċ, ag cúl-ċainnt ⁊ ag munabar, ag reic bréag ⁊ éiṫiġ ar na coṁursanaiḃ?

An uair ṫagaid isteaċ, cionnas d'iomċraid iad féin? I n-ionad ḃeiṫ go húir-íseal ar a nglúiniḃ mar do ḃí an puibliocánaċ, ag iarraiḋ maiṫmeaċais ⁊ párdúin ar Dhia, seasaid suas go dána droċṁúinte os coṁair na hAltóraċ. Cromaid ar ċainnt ⁊ ar ċoṁráḋ ⁊ ar ḋliġeaḋ 'ṫaḃairt do'n tsagart—fear ionaid Dé ar an talaṁ. Caiṫid cuid eile aca iad féin i gcúinníḃ. Cuirid coisce ar ċreideaṁaint an ḟir seo ⁊ na mná úd. I n-éan-ḟocal, iomċraid iad féin i séipéal Dé mar do ḋéanfaḋ aos óg ar sgoil rinnce, agus ní ḃíonn níos mó do ṁeas aca ar Dhia 'ná ḃéaḋ aca ar ḃuaċaill díoṁaoin. Bíonn a gcroiḋe ċoṁ fada ó Íosa Críost is atá ifreann ó ḟlaiṫeas na glóire. I n-ionad molaḋ ⁊ buiḋeaċas do ṫaḃairt dá Slánuiġṫeóir, i dtaoḃ é féin d'ofráil suas ar a son, cromaid na cuirpṫeóirí malluiġṫe seo ar ġáiriḋe ⁊ ar ṁagaḋ faoi. Bruġaḋ

⁊ bruiġeanáil, geóin ⁊ siosma, fir i measg ban ⁊ mná i measg fear, aṁairc drúiseaṁla, smuainte saoġalta. Ní ḃíonn beann aca ar na mistéiriḃ. Cainnteanna díomaoine fuara peacṫaṁla, ⁊ é sin go léir gan sgáṫ, gan eagla, gan ċeist, gan náire, os coṁair Dé ⁊ duine, os coṁair Íosa Chríost ⁊ sluaiġ na ḃflaiṫeas atá ag féaċaint le doilġeas orra ar an Altóir.

Fiafruiġim daoiḃ an mar so d'iomċarfaḋ siḃ siḃ féin dá mbéaḋ aṫċuinge agaiḃ le hiarraiḋ ar ríġ nó ar ṗrionnsa? Á! ní heaḋ ar éan-ċor. Is uṁal úir-íseal do ṫiocfaḋ siḃ dá láṫair; ⁊ nuair ṫagann siḃ isteaċ go séipéal Dé, ag iarraiḋ ar Áird-ríġ na nAingeal, pardúin i n-ḃur breacaiḋiḃ, an aṫċuinge as mó as féidir d'iarraiḋ, ní ṫugann siḃ ḋó aċt easurraim ⁊ easonóir. Ná taḃarfaḋ béas sgannalaċ do'n tṡórt so le ráḋ do Shacsanaċ, ná creideann siḃ Íosa Críost do ḃeiṫ láiṫreaċ i Sacraimint na hAltóraċ? Is fíor é seo, a ċríost-aiḋṫe gan ċreideaṁ. Tugann siḃ marla dá ḃur Slánuiġṫeóir mar ṫug an droiċ-ḃiṫeaṁnaċ ar an Áird-íoḋbairt. Dá dtaḃarfaḋ duine droċ-ċainnt nó marla ar an mbóṫar ḋúinn, b'ḟéidir go mbéaḋ foiġne againn; aċt a ḟlán fúṫa teaċt isteaċ 'n-ár dtiġ féin, ċum marla do ċaiṫeaṁ 'n-ár n-aġaiḋ ann: baḋ ḋeacair ḋúinn cur suas leis. Ó! naċ mór an ḟoiġne atá ag ár Slánuiġṫeóir, do ḋoirt an braon déiḋeanaċ dá ċuid fola ar ċrann na croise ċum sinn do ḟaoraḋ ó ḟlaḃraiḋiḃ an diaḃail,—naċ mór an ḟoiġne ḋó, adeirim, é féin d'ḟeicsint marluiġṫe ar Altóir a ċarṫannaċta ag créatúir malluiġṫe ceann-dána, ag piastaiḃ brocaċa do geineaḋ ó'n talaṁ? Naċ mór an t-iongnaḋ ná

hórduiġeann sé do'n talaṁ osgailt ⁊ iad do ṡloġaḋ suas idir ċorp ⁊ anam go fíor-íoċtar ifrinn. Ó! ná himṫiġmís amaċ as an séipéal gan párdún ⁊ maiṫeaċas d'iarraiḋ ar Ḋia. Ná coisgeaḋ éin-ní sinn as so suas ar ár mbeaṫaiḋ do leasuġaḋ. Cuirimís ár láṁa ar an ḃfann-lag. Bíoḋ truaġ againn dó ó n-ár gcroiḋe ⁊ ó n-ár n-aigneaḋ. Tugann Dia aimsear fós dúinn. Ná goidmís feasta le n-ár malluiġṫeaċt éin-ṗioc do'n ġlóire tuill-eann sé i dtaoḃ é féin d'ofráil suas dá Aṫair Shíorraiḋe. Tugamaois dó, ar feaḋ an Aifrinn, ár n-anam, ár gcorp, ár n-intinn, ár n-aigneaḋ ⁊ ár gcroiḋṫeaċa. Ní ḋéanfaiḋ sé éan-ġnó ḋúinn ár gcorp do ḃeiṫ láiṫreaċ. Ní fuláir ḋúinn smuainte diaḋa do ḃeiṫ 'n-ár n-aigneaḋ. Ní fuláir ḋúinn smuainte saoġalta do ḋíbirt go glan. Cuiṁ-niġmís ar Ḋia, ar Íosa Críost, ar an Spiorad Naoṁ, ar ár n-anam ⁊ ar ġlóire na ḃflaiṫeas. Cuiṁniġmís go speisialta ar ár bpeacaiḋiḃ, ⁊ iarramaois párdún ⁊ maiṫeaċas ar Ḋia le caṫuġaḋ ⁊ le dubrón.

Má ġnímíd, a ḋearḃráiṫreaċa, na neiṫe seo mar as cóir, béimíd páirteaċ gan aṁras i ríoġaċt na ḃflaiṫeas, leis na naoṁa ⁊ leis na haingeala ar feaḋ na síorraiḋeaċta: ní atáim ag iarraiḋ ḋaoiḃ-se agus dam féin—I nAinm an Aṫar, agus an Ṁhic, ⁊ an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Ar n-a sgríoḃaḋ le S. Ua hÚġbair do'n Doċtúir Diaḋa, Seaġan Ua Murċaḋa .i. Easbog Chorcaiġe, an naoṁaḋ lá do Ṁhí na Nodlag, aois an Tiġearna, Míle Oċt gCéad ⁊ a Seaċt-déag.

Seanmóir a hOcht.

AR IFRIONN.[1]

(An Naoṁaḋ Doṁnaċ Déag tar éis Cingcíse.)

Tunc dixit rex ministris : Ligatis manibus et pedibus ejus, mittite eum in tenebras exteriores ; ibi erit fletus, et stridor dentium.

Annsin dubairt an rí le n-a ġiollaíḃ: Ceanglaiḋ a ċosa agus a láṁa, agus teilgiḋ i ndorċadas Ifrinn é, mar a ḃfuil gul agus díoscán fiacal—(Maṫa xxii. 13).

IS iongantaċ scannraṁail an ḃreaṫ í seo, a ċríostaiḋṫe, ṫug ár dTiġearna, i gcosaṁlaċt an tSoisgéil, ar ḋuine áiriṫe fuair cuireaḋ, agus ṫáinig gan ullṁuġaḋ, gan culaiḋ an ṗósta, go dtí an ḃainis. Do ḋíbir Dia ar a radarc é go dorċadas na bpian.

Fá scéiṁ na cainnte agus an tṡompla so, cuirtear i n-uṁail dúinn-ne, créad mar fuaramar go léir cuireaḋ 'n-ár mbaisteaḋ agus 'n-ár dtaḃairt suas i n-uċt an ċreidiṁ ċóir, ċum triall do ċaiṫeaṁ na glóire agus an ḟéasta ḟíorraiḋe, agus an ḃreaṫ atá i ndán dúinn má ġeibtear sinn gan ullṁuġaḋ, gan an ċulaiḋ ṗósta: is é sin, má scaramuid leis an saoġal so fá ṗeacaḋ, gan muinntearḋas Dé, gan róba na carṫannaċta, díbreann Dia ar a radarc sinn. Teilgfear sinn, mar do rigneaḋ leis an duine n-uaiḃreaċ úd, go dorċadas Ifrinn.

Uċ! a ċríostaiḋe ċroiḋe, is aindéis an ċríoċ í seo. Is díombáḋaċ é deireaḋ saoġail an ṗeacṫaiġ, ag

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 210-222.

imṫeaċt ó Dhia d'éis báis, do réir mar d'imṫiġ an feaḋ do ḃí sé beó. Aċt dá mbéaḋ a ṗionós daor leis sin, dá mbféidir leis an mbruġaċ[1] dona a ráḋ: 'bím réiḋ le Dia agus ná bíoḋ éin-díol eile orm i ndiaiḋ mo ṁalluiġṫeaċta,' ḃéaḋ compórd éigin aige; aċt ní mar sin é. Do ḃí a lá féin aige. Do ḃí sé ag faġḃáil a ṫoile féin tamall, agus do b'ḟéidir leis imṫeaċt nó stad. Aċt d'imṫiġ a am; luiġ an ġrian. Toil Dé, ní fuláir ḋó dul go hifrionn, nuair nár ḟaoṫruiġ an peacṫaċ go toilteanaċ na flaiṫis ar ċoṁairle Dé, na Scrioptúirí, agus ráiḋte na nAiṫreaċ Naoṁṫa. Níl éan-alt dár gcreideaṁ ní sa ṗrionnsapálta ná ní sa ṡoiléire 'ná é seo; óir nuair ḟáruiġeann an peacṫaċ trócaire Dé, ní féidir le n-a ċeart é d'ḟoiġidneaṁ, ní féidir leis gan é do ḋaoraḋ go teiniḋ ḟíorraiḋe, *in caminum ignis* (Mata xiii. 42), agus, dá éaġmais sin, ní ḃéaḋ roġa idir olc agus maiṫ. Ní hiomḋa duil-leóg 'san Sgrioptúir naċ ndéanann sinnéiḋ ar an árus so na brian, ionad coṁnaiḋṫe na n-anam ndamanta. Is é ar mian le n-ár dTiġearna i n-aġaiḋ gaċ uair dá dtráċtann air. Ceangal agus céasaḋ na malluiġṫeóirí a ṫairgeann Naoṁ Pól [do ċur i gcéill dúinn][2] nuair innseann dúinn go mbéid seo naċ ngéilleann do'n tSoisgéal ag fulang i lasraċaiḃ teintiḋe síorraiḋe; agus glaoḋann ar ifrionn áit teineaḋ agus ċráḋa, foirnéis do-ḟuilingṫe, linn teineaḋ agus brioṁstóin ag síor-lasaḋ gan dóġaḋ le bríġ feirge Dé. Mo ṫruaġ an t-anam boċt atá daor ċum na síorraiḋeaċta do ċaiṫeaṁ ann gan sólás, gan suḃailceas, gan fíor-ċompórd; réiḋ nó scarṫa le Dia agus

---

[1] bruaċ 'sa MS.

[2] ní ḟuil an abairt seo 'sa MS.

le n-a aingle, scarṫa le muinntearḋas an tsaoġail, cuiḃriġṫe, cráiḋte, i lár léigiún deaṁan agus naṫraċ niṁe. (Aibistín).

O! dá ḃfaġḃaḋ sé cead, is éasgaiḋ ġéillfeaḋ an t-anam damanta so do ċúrsa cruaiḋ aiṫriġe, d'éisteaċt Aifrinn, do ṫrosgaḋ an Teampuill agus do ḋéirc na mboċt; is éasgaiḋ raċaḋ sé ar a ġlúiniḃ ag iarraiḋ beannaċtan Dé, agus ag taḃairt glóire ḋó ar maidin agus um ṫráṫnóna. Ó! b'ḟada uaiḋ neaṁ-ḟuim do ṫaḃairt 'san ḃfaoisdin um Nodlaig, ná um Cháisg, ná éan-uair eile 'n-a luiġfeaḋ éin-ṗeacaḋ marḃ ar a ċoinsias. Is beag an ċuiṁne do ḃéaḋ air a ṗeacaiḋe do ċeilt nó an náire iad d'innsint le céile; agus is luaṫ do ḋéanfaḋ sé leóir-ġníoṁ i gcuid a ċoṁarsan, 'san níḋ fuair sé go holc. Ó! dá ḃfaġḃaḋ sé cead! Aċt níl sin ar a ċumas, mar ná fuil éan-ḟuasglaḋ as ifrionn: *in inferno nulla est redemptio* (Oifig na Marḃ). Nuair ḃí sé ar ḟliġiḋ na haiṫriġe do leig sé ṫairis í. Ní rigne sé éan-dualgas díoḃ seo do ċoiṁlíonaḋ, agus an té againn-ne ḋéanfaiḋ an ní céadna ar an saoġal so, béiḋ sé mar siúd 'san tsaoġal eile, dá ċéasaḋ 'san teiniḋ naċ féidir do ṁúċaḋ; óir adeir Críost: 'gaċ crann naċ dtiuḃraiḋ toraḋ maiṫ uaiḋ, gearrfar anuas é ⁊ teilgfear 'san teiniḋ é' (Maṫa iii. 10).

Aiṫrisid na diaḋairí go ḃfuil ḋá ṡórt péine go speisialta ag craḋ na n-anam ndamanta: ceann aca, radarc Dé agus na ḃflaiṫeas do ró-ċailleaṁaint; agus ceann eile ḋíoḃ, radarc na ndeaṁan ngránda scíor-ḋuḃ gcriṫ-eaglaċ, agus na pianta Ifreannda.

Ní ḟuil éan-rud cruṫuiġṫe, ná fuil dúil agus leigean nó claonaḋ aige ċum na críċe do ró-ċeap Dia ḋó; agus nuair naċ riġeann sé an ċríoċ sin, ní féidir

leis gan ḃeiṫ mí-ṡásta ⁊ buaiḋreaṁ do ḃeiṫ air, má tá éan-ṁoṫuġaḋ ann. Is mar sin do'n anam n-uaiḃreaċ atá taḃarṫa do'n olc ó n-a ḋroċ-náḋúir féin, agus do ċruṫuiġ Dia ar a ṡeilḃ féin i bParrṫas. Nuair ċíonn sé é féin teilgṫe ó'n gcríċ sin, scarṫa uaiṫi go toilteanaċ gan fóiriṫin, ná faġḃáil ar ċasaḋ, buaileann tuirse agus dólás agus dubrón é, sraoċ-ṁaireaċt intinne agus mire mí-ḋóċais, naċ scarann ó ḃeiṫ dá ṫnáṫaḋ go deó; agus is air seo ġlaoḋann an Sgrioptúir an ṗiast ná faġḃann bás coiḋċe. (Marcas ix. 47.)

Ó! cad é an díṫ céille do ḃí ar an anam ḋona nár ċuiṁniġ í féin do ċoiṁéad ar an mbuaiḋreaṁ ṡíorraiḋe seo, an feaḋ ṫug sé i ndearmad Dia d'aḋraḋ agus d'onóruġaḋ, agus ṫug aḋraḋ do'n tsaoġal agus toil do ṗeacaiḋiḃ na hintinne,—tnúṫ, fuaṫ agus fearg; óir an sólás do ḃí aice dá ḋéanaṁ iompuiġṫear, adeir Aiḃistín, 'n-a ḋólás dá ṗianuġaḋ: *ut quae fuerunt delectamenta homini peccanti, sint instrumenta Domino punienti* (Tráċt. ar na Salm. viii. n. 16). An pionós eile atá i n'aice seo, gé naċ ḃfuil sé ċoṁ géar leis, gluaiseann ó ḟulangṫaiḃ an anma is gaċ céadfaiḋ le hoibriuġaḋ agus náḋúir péine ifrinn. Is fíor, go deiṁin, leis an oireaṁain ṫug Dia dár náḋúir, an feaḋ do ḃíonn an t-anam ceangailte do'n ċolainn, gurab le teannta agus cáiliḋeaċta an ċuirp go hiomlán do ġluaiseann a ṫiorraċtain,[1] ar ḟliġiḋ, má's pian nó pléisiúr ḋóiḃ-sean leaṫ-is-muiġ orainn, gurab é an clóḋ ⁊ an ṗian céadna ḃíonn leaṫ-istiġ ar an anam, ar a ṡon, is ó'n anam beóḋaċt an ċuirp, ⁊ raḋarc, éisteaċt ⁊ blas;

[1] 'Tirraċtain' (= torraċtain?) 'sa MS.

óir dá éagmais, ní ḃéaḋ ceaċtar ḋíoḃ ann, mar ní ṁoṫuiġeann corp an ṁairḃ éan-ruḋ, aċt is sprioraid do-ṁarḃṫa é an t-anam, ⁊ ní ċailleann sé na cuṁaċta céadna.

Chí sé ⁊ airiġeann ⁊ éisteann ar ṡliġiḋ éigin sprioradálta agus sin a ḃfad níos géire ná mar airiġeann i bpríosún na colna, óir, ar nós an ṁairtíriġ ġeiḃeann luaċ a ċneaḋ go hobann, nó an té sgaoilfiḋe ó ġlas agus ualaċ trom, ní luaiṫe sgaoiltear an t-anam ó ġlas agus ó ṁeaḋaċain na colna 'ná braṫann sí saoirse, luas, agus a gníoṁaiḋeaċt nádúrṫa féin. As so tuigimid naċ ḃfuil éan-ḃall gan a ṗian nó a luaċ saoṫair féin 'n-a ċoṁair, do réir mar do-rigne olc nó maiṫ; agus as so tuigimid naċ ḃfuil éan-ḃall, céadfaiḋ, ná cuṁaċta, dá mbaineann leis an anam, ná fuil a ṗian féin nó a luaċ saoṫair féin 'n-a ċoṁair do réir mar do-rigne olc nó maiṫ, agus é 'n-a ṡeilḃ sin i sliġiḋ ró-iomlán ó'n mbás go dtí an aiséirġe, ⁊ gan aige 'n-a ḋiaiḋ.

Is mar sin do'n tṡúil ⁊ do'n ċluais do ḃíoḋ taḃarṫa do raḋarc ⁊ d'éisteaċt an ṗeacaiḋ, do-ġeiḃid a bpionós féin. Cráḋfar iad tar meaḋón le duḃṡolas ⁊ uallfairt Ifrinn; ⁊ aireoċaiḋ sí siúd ná leigfeaḋ bonn a coise ar an talaṁ a pian féin i ndíol a peacaiḋ. Ní gan cosaṁlaċt nó uġdarṫás an ċainnt seo, mar is iontuigṫe as an éagcaoineaḋ ċráiḋte do-rigne craosaċ an tSoisgéil nuair do ġuiḋ sé Ábram, agus é féin dá ċéasaḋ, trócaire do ḋéanaṁ air, ⁊ Lásaras do ċuir ċuige ċum braon uisge do leigean do bárr a méire ar a ṫeangain mar ḟionnḟuaraḋ ḋi, ar mbeiṫ scólta: *crucior in hac flamma* (Lúcás xvi. 24).

Ó! cia ḟoiġdeoċaiḋ an tart síorraiḋe? Cia

ḟoiġdeóċaiḋ an ṗian fá leiṫ? Cia ḟoiġdeóċaiḋ craos na teineaḋ as treise loisgniġe 'ná gaċ teine: *quis poterit habitare de vobis cum igne devorante?* (Isaias xxxiii. 14). Deir San Aiḃistín naċ ḃfuil i dteintiḃ an tsaoġail seo go léir le ċéile aċt sgáil 'n-a h-aice; ⁊ muna ḃfuilingeóċtá tú 'ḋóġaḋ leis sin, dála naċ ndéanfá ar an doṁan go léir ná fós fiú do ṁéire do ċoiṁéad sgaṫaṁ os a cionn, créad ḋéanfaiḋ tú an uair úd, nuair ḃéiḋ an Tiġearna ag caoineaḋ na gcaoraċ, ⁊ an t-anam boċt ar nós na tuiġe agus an aḋmaid tirim—*quasi lignum et stipula* (Is. xlvii. 14; Ezech. xx. 47)—ar dearg-lasaḋ go síorraiḋe. Agus dá ḟaid do raċmuis, a ċríostaiḋe, le solas ár gcreidiṁ agus ár réasúin ar lorg na neiṫe duḃraca ḃaineann le Dia ⁊ an saoġal atá le teaċt, do ḃéaḋ go leór 'n-a ḋiaiḋ sin gan a ráḋ, ⁊ a n-abróċamuis a ḃfad fá ḃun mar atá neiṫe; óir i n-éaġmais lagaċair ár dtuigseana, adeir Naoṁ Pól ná feicimid neiṫe ar an taoḃ so i ḃfus aċt tré sgáil ⁊ tre ġloine: *per speculum* (I. Cor. xiii. 12). Ní beag, ar a ṡon, a dtuigimid agus a ḃfeicimid ċum sinn do ṁúsgailt ó ṡuan an ṗeacaiḋ. Agus adeir Aiḃistín, an té naċ músclóċaḋ torainn do'n tsórt so naċ 'n-a ċodlaḋ atá, aċt marḃ; *qui non, etc.* Tá an-roinnt do'n tsaoġal, cé naċ iad as fairsinge, ⁊ ní gnáṫ iad do ḃeiṫ 'n-a suan. Ní gan fírinne adeirtear gur daṫnaid dóiḃ imṫeaċt; mar do ḃí neiṫe maiṫe annso aca, ⁊ contaḃairt ar a ṁalairt annsúd. Nuair raċaiḋ an duine saiḋḃir a ċodlaḋ,—is é sin, nuair ġeóḃaiḋ an duine saiḋḃir bás,—ní ṫiuḃraiḋ éan-rud leis. Adeir Iób: 'Fosclóċaiḋ sé a ṡúile ⁊ ġeóḃaiḋ sé é féin folaṁ,' .i. *Dives cum dormierit, nihil secum auferet: aperiet oculos suos et nil in-*

veniet (xxvii. 19). Ó! mo sgéal, an imirce ḋéiḋeanaċ so ó ṡonas go donas, ó ṡonas ⁊ ó ṡuḃaċas go nuige anacra agus anró, ó aoiḃneasaiḃ an tsaoġail go pianta síorraiḋe. Aċt gé gur dólásaċ an sgéal é, ní leaċ iongantais iad so do ḃeiṫ caillte 'n-a ḃfuil ócáidí an ṗeacaiḋ ar gaċ taoḃ ḋíoḃ, ⁊ é ar a gcumas caiṫeaṁ aimsire do ḋéanaṁ gaċ uair. Ní mar sin do'n dá leór do ċaiṫfiḋ maireaċtain go beó boċt gan mórán compóird saoġalta. Dar leat, is i n-aisgiḋ agus d'éan-uaim[1] ḋamnaid iad féin! Níl taiḋḃse an tsaoġail, caiṫréim ná buaiḋreaṁ onóra ag déanaṁ toirmisg do'n duine ḃoċt; aċt ní háil leis, ó ḋiultuiġ Dia an coṁgar so ar ṁaiṫe leis, gan a iompóḋ ar gaċ rud do ċleaċtann daoine eile, agus luaċ saoṫair a ḃoċtaineaċta do ċailleaṁain.

Cad é an ṁaiṫ ḋuit buaiḋreaṁ do ḃeiṫ ort i dtaoḃ do luiġe 'san tsaoġal so, ⁊ tú saor, b'ḟéidir, mar ġeall air ar áḋḃar do ḋamanta? Ná bíoḋ, mar sin, tnúṫ, fuaṫ, fearg, ná mí-ṡásaṁ ag siuḃal leat; óir níl tairḃe ionnta aċt olc mór, mar is peacaḋ ceirt nó loċt d'ḟaġḃáil ar ṫrócaire an Tiġearna. Is mór gur fearr roinn foiġde anois ⁊ do ċrosa d'iomċur go foiġdeaċ anois i ndíol do ṗeacaiḋe 'ná ḃeiṫ 'na ḋiaiḋ so, agus sin go díoṁaoin, ag caoineaḋ do ḋíṫ céille. Tá go leór anois fá ṗian, b'ḟéidir, agá raiḃ aiṫne agat féin orra — do ṗáirtiḋṫe, b'ḟéidir, 'san ṗeacaḋ. Dá mbéidís ag labairt leat, do b'é a gcoṁairle ḋuit: 'cuir scéal go nuige mo ṁuinntear atá beó i m'ḋiaiḋ,' ar Díḃes le hÁbram, ⁊ é dá ċéasaḋ i n-ifrionn, 'ċum go seaċnóċaidís an árus so na bpian.' 'O!' ar Ábram, 'tá Maoise ⁊ na

[1] 'D'aonoġam' 'sa MS.

fáiḋe aca ⁊ muna dtiuḃraid aire ḋóiḃ sin, ní ċreidfidís éin-teaċtaire do raċaḋ ċúca ó na marḃaiḃ' (Lúcás xvi. 31). Ní foir-leaṫnuġaḋ cainnte, ar an áḋḃar sin, sgéal Fiannaiḋeaċta, ná tionnsgnaḋ sagart an for-ḟógraḋ ⁊ an ḃagairt seo déantar ó'n altóir ar na malluiġṫeóiríḃ agus clann an ṗeacaiḋ: Dia féin as uġdar leis. Innseann an Scrioptúir go dtuilleann an peacṫaċ é.

Ó! a Thiġearna do ċum na flaiṫis do na fíréanaiḃ ⁊ ifreann do'n ṗeacṫaċ, sábáil do ḋaoine. Tabair do'n ṗobal so ḃeiṫ ullaṁ nuair ġlaoḋfaiḋ tú orra ionnas go mbéidís ar an taoḃ ḋeas díot Lá na breiṫe déiḋeanaiġe.

An n-áil leat ḃeiṫ saor ar an léirsgrios atá fá ċoṁair an ṗeacṫaiġ, agus ar ḃreiṫ na teineaḋ, Lá an tSléiḃe? Cuiṁniġ anois orra. Smuain ar ṗionós an ṗeacaiḋ, má's gan ullṁuġaḋ d'imṫeóċair. Mar sin, déanfair diúltaḋ dod' ċlaontaiḃ, cibé díoḃ, drúis, craos, tnúṫ nó fearg. Déan aiṫriġe, mar is beó, is ní marḃ, as maiṫ an aiṫriġe.

Ag sin a ḃfuaras de sin,
Míċeál Ó Longáin,
1818.

Seanmóir a Naoi.

AR AN LEÓIR-ĠNÍOṀ.[1]

Redde Caesari quae sunt Caesaris, et Deo quae sunt Dei.

Taḃair do Shaesar cuid Saesair, agus a ċuid féin do Dhia—(Maṫa xxii. 21).

AG sin mar aduḃairt ár Slánuiġṫeóir, an uair d'ḟiafruiġ dream do na Iúduiḋeaċaiḃ ḋe go mailíseaċ, an raiḃ sé dliġṫeaċ cíos do ḋíol le Saesar. Dá n-abraḋ sé ná raiḃ, do ḟaoileadar Saesar do ċur 'n-a ċoinne; agus dá n-abraḋ go raiḃ, do ḟaoileadar na daoine do ḃeiṫ 'n-a náṁaid aige, mar ná raiḃ éin-ġreann aca ar Shaesar ná ar na Róṁánaċaiḃ ṫáinig isteaċ orra is na laeṫiḃ sin mar ṁaiġistirí aca.

Aċt do ṁeall sé ṫall agus i ḃfus iad, agus ní ḃfuaraḋ buntáiste air i n-éan-taoḃ, óir d'iarr sé orra píosa d'airgead na dúiṫċe do ṫaisbeáint dó, agus nuair do rigneadar, d'ḟiafruiġ sé ḋíoḃ, cé ḋó bualeaḋ é, nó créad an íoṁáiġ sin do ḃí air, agus aduḃradar íoṁáiġ Shaesair. Annsoin do ċuir ár Slánuiġṫeóir deireaḋ ar a gcoṁráḋ, ag ráḋ leó, a ċeart féin do ṫaḃairt do Shaesar agus a ċeart féin do Dhia.

Ba ró-ċéillíḋe an ráḋ é sin, agus ní gan áḋḃar haiṫristear é mar ḟean-ḟocal ċirt: 'a ċeart féin do Shaesar.' Is é, gan aṁras, a ċríostaiḋṫe, atá ó ḃéal

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 135-58; and vol. 89, pp. 229-42.

Dé, a gceart féin dlighte do ṗrionnsaíḃ agus d'uaċtaránaiḃ na talṁan, ar ḟliġiḋ, an té ċuireann 'n-a gcoinne, mar adeir Naoṁ Pól, go gcuireann i gcoinne órduġaḋ Dé féin; agus sin é an ċiall 'n-a ḃfuil cuṁaċta pionóis ar a láṁaiḃ. Ní i n-aisgiḋ, adeir an tEaspol, d'iomċrann an prionnsa a láṁ nó a ċlaiḋeaṁ; óir is é ministéir Dé 'n-a ċáil féin é, ní aṁáin ċum cosanta nó cosnaiṁ do ḋéanaṁ ar an té atá uṁal macánta, aċt pionós do ḃualaḋ ar an té atá bun-os-cionn leis 'n-a ṁalluiġṫeóir.

Atá a ḃfiaċa féin, ar an áḋḃar soin, bainte ag prionnsaíḃ saoġalta orainn noċ is ceart do ḋíol, ní aṁáin d'ḃur n-aiṁḋeóin aċt le n-ḃur dtoil; óir is éigean daoiḃ, mar adeir an tAspal, ḃeiṫ urramaċ ní aṁáin le h-eagla aċt le coinsias: *non propter iram sed propter conscientiam* (Rom. xiii. 5).

Dá meaḃruiġeaḋ Clanna Gaeḋeal féin 'n-a sgairt[1] ar an ḃpoinnte seo, ní ḃéaḋ, mar atá, claiḋeaṁ an dliġiḋ dearg craorag le n-a ḃfuil ag taḃairt gearr-ḟaoġail agus anḃáis dóiḃ. Ní aṁáin i dtaoiḃ an duine ṁóir aċt i dtaoḃ do ċoṁarsan, is é sin gaċ éan-duine, atá ceart agus macántaċt bainte ort, óir gan sin ní ḃéaḋ an saoġal buan. Ní ḟágḃaḋ na daoine maireaċtain dá mbéaḋ neart dóiḃ láṁ-láidir, goid, ná róġaireaċt d'imirt ar a ċéile.

Do-ḃéarfaḋ gaċ éan-duine, neaṁ-ḟuim i gcostas na beaṫaḋ do ḟaoṫruġaḋ, nuair ná béaḋ sé siúráilte go mbaḋ leis féin obair a láṁ agus toraḋ a ḟaoṫair. Coisgeann, ar an áḋḃar soin, Dliġeaḋ na Náḋúra orainn, dul tar teórainn ár gcoda féin, ná baint le n-a gcuid siúd gan úġdarás ná cead, mar ná fuil

[1] 'na sga' 'sa MS., vol. 89.

éan-rud níos riaċtanaiġe ná níos doiṁne sgríoḃṫa 'n-ár gcroiḋṫiḃ, 'ná riaġail na macántaċta, ná éan-rud i n-aġaiḋ réasúin níos solasṁaire 'ná mí-ċeart. Fá do ḃí líne de ḋliġeaḋ Dé sgríoḃṫa, do ḃí a ḟios ag luċt na haimsire sin, mar is ionṫuigṫe ó ġaduiḋeaċt Rachel ⁊ dearḃráiṫreaċ Ióseṗ, nár ċeart goid ná robáil do ḋéanaṁ; agus níl éan-lá ó ṫúis an tṡaoġail go nuige seo ná fuil a ḟios ag an rógaire ná fuil sé féin ar ḋeaġ-staid.

I n-éaġmais ár solais náḋúrṫa, ins an seaċtṁaḋ haiṫne ṫug Dia do Mhaoise, do ṫoirmisg sé gaċ gadaiḋeaċt agus gaċ beart eile éagcóraċ; ⁊ 'san deaċṁaḋ haiṫne, ċum go mbéaḋ an duine folláin istiġ agus amuiġ, do ċoisg sé fonn a ḋéanta. Atá dúil ainċirt agus tógḃáil coda do ċoṁarsan, dá réir sin, coisgṫe ort le dliġeaḋ Dé agus na náḋúra; agus mar naċ i n-aisgiḋ ná gan ċúis atá an dliġeaḋ so againn, ní i n-aisgiḋ ná gan trom-ḋíoġaltas bristear í, mar innseann an Scrioptúir in go leór d'áitiḃ. Atá sé aiṫrisṫe is an dara Leaḃar do na Ríġṫiḃ (Caib. 12), nuair d'innis an fáiḋ Natan do Ḋáiṫ Rí, gur ṫóg duine saiḋḃir caora le héagcóir ó ḋuine ḃoċt, go dtug an rí breiṫ ḃáis ar an nduine saiḋḃir; ins an Leaḃar soin Iosue, mar an gcéadna, gur ċeaduiġ Dia trí ṁíle do ṗobal Israel do ḃeiṫ treasgarṫa ag beagán dá náiṁdiḃ i bpionós do ġadaiḋeaċt Achan, agus ná raiḃ fearg na ḃflaiṫeas múċta, nó gur loisgeaḋ a raiḃ 'n-a ṡeilḃ, agus gur gaḃaḋ do ċloċaiḃ air féin, ar ṡliġiḋ naċ raiḃ fear, bean, ná páiste 'san gcoiṁṫionól, nár ċaiṫ carraig ċloiċe air le gráin dá ċoir!

Is ioṁḋa sompla eile sgannraṁail 'san Sgríḃinn Diaḋa do ṫaisbeánann dúinn fearg agus fuaṫ agus

díoġaltas an Árd-ríoġ ar an té ḋéanann goid ná slad ná feall ar an gcomharsain. Ní raċaiḋ, adeir Naoṁ Pól (I. Cor. vi. 10), an gaduiḋe ná fear sainnte (agus a ċonáċ soin air!), ná an té d'ḟaisgeann ċuige go héagcórać, ċoiḋċe go ríoġaċt na bḟlaiṫeas; agus arís 'n-a Litir gus na Teasalónacánaċa (iv. 6), do cuireaḋ gaċ éan-duine ar a aireaċas, gan meallaḋ, ná gaḃáil timċeall, ná lúbáireaċt clis ná calaois d'imirt ar an gcomharsain, 'mar is é an Tiġearna' adeir-sean, 'do-ġní díoġaltas do ḃaint amaċ ins na neiṫiḃ seo.'

Créad do ḋéanfaiḋ, ar an áḋḃar sin, an dá leór ná fuil a gcoinsias glan, ná a láṁa, 'san tṡliġiḋ seo, atá truailliġṫe le subsaint agus damáiste a gcomharsan, gan leiġeas, gan leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ ann, siúd is go n-imṫeóċaidís saor ó ṗionós ná ó ḋliġeaḋ an tṡaoġail ar an taoḃ so do'n uaiġ. Dar ndóiġ, taḃarfar ċum cunntais, ⁊ ċum pionóis iad Lá an Luain do láṫair an tṡaoġail, lá 'n-a mbéiḋ a leóir-ġníoṁ déiḋeanaċ! Ní ḟeadar goidé é an mire atá ar na daoiniḃ, nó goidé an suan marḃṫaċ mí-áġṁarać so do ḃuaileann go leór ar ḃruaċ na síorraiḋeaċta. Ní hiomḋa lá ná hairiġmíd, pé beag mór é, níḋ éigin dá tógḃáil, ag imṫeaċt gan tuairisg, díoġḃáil éigin dá ḋéanaṁ, agus ní mór go n-airiġmíd ċoiḋċe éan-tráċt ar an leóir-ġníoṁ i n'áit sin go léir. Ní'l éan-rud níos riaċtanaiġe, cé naċ ḃfuil, fóiríor, éan-rud níos fánaiġe ná an leóir-ġníoṁ!

Is ionann le fear na sainnte, mar is í, do réir na Sgrioptúra, 'máṫair an uilc ar fad í' (I. Timoth. vi. 10) mar is í ċuireann d'ḟiaċaiḃ ar ḋuine a anam do reic nó do ḋíol leis an aiḋḃeirseóir, is ionann leis agus sgaramaint leis an anam, sgara-

ṁaint leis an seilḃ atá aige anois, pé cunntas ar a ḃfuair í. Go ḃfóiriḋ Dia air an tan ċaiṫfiḋ sé sgarṁaint leis dá aiṁḋeóin! Ní ḃéiḋ sé follaṁ, mar béiḋ mallaċt síorraiḋe aige i n-áit luaċ saoṫair a ḋroiċ-ġníoṁ, pág an ṗeacaiḋ: *stipendia peccati mors* (Rom. vi. 23).

Is iomḋa sliġe 'n-a dtuiteann leóir-ġníoṁ ar ḋuine, mar is iomḋa sliġe ċum éagcóra do ḋéanaṁ. Ní lia uair do ḃrisimíd éin-ċeann do na haiṫeantaiḃ 'ná bímíd ceangailte ċum leóir-ġníoṁ, mar coisgid orainn, ní aṁáin gan aiṫis do ṫaḃairt do Ḋia, aċt fós gan díoġḃáil do ḋéanaṁ dár gcoṁursain, 'n-a ċuid, 'n-a ṗearsain, ná 'n-a ċlú.

Aċt is fá líon na seaċtṁaḋ haiṫne, go speisialta ṫuiteann an leóir-ġníoṁ ar a ḃfuilim ag tráċt, agus 'n-ar ḋ'oireann a ċeart féin do ṫaḃairt do gaċ éan-duine i dtaoḃ a ṡubstainte saoġalta: *Furtum non facies* (Lúcás xviii. 20) .i. 'ní ḋéanfaiḋ tú goid' adeir an Tiġearna. 'Ná dein goid' .i. aiṫne ċoisgeann gan éan-ruḋ do ṫógḃáil 'ná do ċoiṁéad go ḃfios ná a gan-ḟios, le gliocas ná tréine, aċt an ruḋ 'n-a ḃfuil ceart againn air, agus do ḃaineann linn féin. Is minic nár ṁeasa gadaiḋe na hoiḋċe, 'ná an té do ṁeallfaḋ as do ċuid tú go mailíseaċ i lár an lae, óir is coṁ-ċailleaṁaint duit-se é.

Agus is baoġlaċ go ḃfuil iomad fallsaċta agus mailíse measgṫa le margáineaċt an tṡaoġail, i ndíol agus i gceannaċ tar luaċ, i gcoṁaireaṁ agus i dtoṁas bréige agus i reic calaoise nó ceilt loċtaí ró-ṗrionsapálta, atá i n-aġaiḋ coinġeallaċ agus substainte margaiḋ.

Ní mór duine i ndéileáil an tṡaoġail ḋéanann éan-ruḋ mailíseaċ ná neiṁ-ċeart a gan-ḟios dó; agus,

dá réir sin, ó ċoiriġeann a ċoinsias féin é, ní ró-ġáḃaḋ ḋaṁ-sa, agus níor ḃ'ḟéidir liom, trácht ar gaċ éin-iompoḋ fá leiṫ. Tá an Sgrioptúir, ar a ḟon soin, an-daor orra so ḋíolann aniaraċt, d'ḟáisgeann an ḃoċtaine, nó ṫugann daoirse ná ganntar beaṫaḋ uirri, ar ṁaiṫe leó féin. Fógróċṫar brón arís orra so do-ġní clampar nó gearraḋ nó coiṁéad ar ḋualgas nó ar ṫuarastal an tṡeirḃísiġ, agus an sgláḃaiḋe do ṫuill é le macántaċt, agus bíonn a ngearán-san, agus osnaí na baintreaḃaiġe agus an dílleaċtaiḋe ar a ndéanfaiḋe éagcóir, ag éiġeaṁ ar na flaiṫeasaiḃ ag iarraiḋ díoġaltais.[1]

Ní ḃéiḋ arís, adeir an Sgrioptúir, fá ṁúr do ṫiġe buiséal mór agus ceann beag, ná coṁtrom fallsa mailíseaċ . . . óir is fuaṫṁar leis an Tiġearna, an té do ḋéanann na neiṫe sin uile (Deutor. xxv. 12-16).[2] Ar nós an té do ċuireann os cionn a ċéile go mion

---

[1] 'ar ṫuarastal na seirḃíseaċ ⁊ na sgláḃaiḋṫe do ṫuill é re macántaċt, ⁊ bíonn an gearán sin ⁊ osnaiḋe na mbaintreaḃaċ ⁊ na ndílleaċt ar n-a ndéanfaiḋe éagcóir ag éiġioṁ ar na flaiṫis, ag iarraiḋ díoġaltais' atá 'sa MS., vol. 50.

[2] Ag so mar atá 'sa MS., vol. 89: "Ní ḃeiġ arís, deir an Sgrioptúir, fae ṁúr do ṫiġe buiséal mór ⁊ cion beag, ná cuirṫiom ḟallsa ṁailíseaċ, óir is fuaṫ ar an Tiġearna an té ḋéanann na neiṫe sin.' Ag so arís mar atá 'sa MS., vol. 50: 'Ní beag arís, adeir an Sgrioptúir, fé mar do ṫig buiséal mór ⁊ ceann beag ina cuitioṁ nó 'na cuirṫiom ḟallsa ṁailíseaċ, óir is fuaṫṁar leis an Tiġearna an té ġéanann na niṫe sin uile.' Drabḟuiġeall is eaḋ é seo, ⁊ is follas go ndeaċaiḋ a raiḃ 'sa láiṁsgríḃinn do ḃí aige ḋá haiṫsgríoḃaḋ i muġa ar fad ar an sgríḃneóir. Ag so mar atá 'sa mBíobla Ghaeḋilge: 'Ní ḃiaiḋ agad ann do ṁála coṁtruma éagsaṁla, coṁtrom mór ⁊ coṁtrom beag. Ní ḃiaiḋ agad ann do ṫiġ míosúr toṁais éagsaṁla, mór ⁊ beag, . . . óir an ṁéid do ní a leiṫéid-sin, . . . táid 'n-a n-aḋḟuaṫṁaireaċt ag do Thiġearna Dia.'

agus go minic cuid na ndaoine eile is dóiġ le go leór, an tan ná tógfaidís éin-téagasc i n-éinḟeaċt nó ó éan-duine aṁáin, ná béaḋ leaṫ díoġḃála ann; leis sin, ní ċuireann cailín ná buaċaill an ṁargaiḋ sgéis i leiṫ-ṗinginn nó pinginn do ċoiṁéad, uair nó ḋó 'san tseaċtṁain; agus an ceárdaiḋe fá mar do ḃéaḋ an figeadóir, an táilliúr, nó an gaḃa, má ḃíonn rud beag spárálta aige, ní héan-rud leis é. Is é an cás céadna é i dtaoḃ go leór eile. Ní héan-rud le bean na leanna nó na leaṁnaċta, rud beag dá comaoine féin do ċur ar an earraḋ soin; agus dá ḃfaġḃaḋ an té do ċeannóċaḋ é tomas beag breise do ċur leis gan díol, is minic do ḋéanfaḋ, go ḃfóiriḋ Dia air!

Aċt ní ċoṁ suarac sin do ġlacaid leaḃra diaḋaċta an sgéal so, óir tagann an beagán i n-áit a ċéile ċum móráin, agus an tan do ḃíonn eán-rud téagarṫa nó suimeaṁail id' ṡeilḃ naċ leat féin, atá sé follas go ḃfuil tú freagarṫaċ ann, agus cionntaċ, ar a ṁór, i gcoir an iomláin do ṫógḃáil i n-éinḟeaċt.

I gcás gadaiḋeaċta úrláir do ḋéanfaḋ bean-tiġe nó clann nó seirḃísiġ, níl aṁras ná fuil sé coisgṫe go coṁ-ċoitċeann, óir adeir an Sgríḃinn Diaḋa: 'an leanḃ ġoideann ó n-aṫair ⁊ ó n-a ṁáṫair, agus adeir ná fuil éin-díoġḃáil ann, go ḃfuil sé rann-ṗáirteaċ 'n-a ċoir ṁarḃṫaċ' (Seanráiḋte xxviii. 24).

Ní leiṫsgéal duit ċum éan-rud do ṫógḃáil, a ráḋ, go ḃfuil do ṡláinte ar leaṫ-luaṫ, ná an oireaḋ dod' ċuid ag an té sin, óir atá toraḋ do ṁargaiḋ agat, agus céad sliġeaḋ eile ċum do ċirt d'ḟaġḃáil i n-éagmais é 'ġoid. Ní ġáḃaḋ ḋam 'innsint, éan-duine atá i n-oifig ṗuiblíḋe, nó i gcúram sreisialta ġnóṫa duine eile go ḃfuil sé freagarṫaċ i n-éin-ṁí-árduġaḋ ná díoġḃáil ná coisgfeaḋ nuair d'ḟéadfaḋ; agus, dá réir sin, ní

féidir leis beiṫ 'n-a ḟinnéiḋ ḋíoṁaoin, ná rún díoġḃála do ḃeiṫ aige, gan ceart agus carṫannaċt do réabaḋ. Ní mar sin do ḋaoiniḃ eile ná béaḋ an cúram soin orra, gé go mbéaḋ fios nó rún díoġḃála do ḋéanaṁ aca, muna mbéaḋ a gcongnaṁ nó a gcionnta féin leis. Níl siad ceangailte ċum leóir-ġníoṁa. Ar a ḟon soin, cionntuiġeann duine, leis, i n-aġaiḋ Charṫannaċta ċoṁ minic agus d'ḟéadfaḋ gan éin-ṁío-ċoṁgar ná costas mór dó féin, agus ná déanfaḋ, díoġḃáil a ċoṁarsan do ċosg.

Sin duine, mar ḟompla ag gaḃáil an ḃóṫair nó trearsna na páirce, do-ċí beaṫaiḋeaċ a ċoṁarsan i nguais nó i gcontaḃairt a ċaillte, agus fágḃann sé mar sin é. Ní fearr leis ní d'éireóċaḋ ḋó. Anois is é leóir-ġníoṁ atá aige sin le déanaṁ ná leóir-ġníoṁ le Dia leis an aiṫriġe, agus go deiṁin is mór soin i dtaoḃ a ṁío-ċarṫannaċta. Níor ḃ'é sin cás an aoḋaire do ḃéaḋ 'n-a ḃfeiḋil: do ḃéaḋ leóir-ġníoṁ aige le déanaṁ le Dia ⁊ le duine.

Do-ċíonn duine eile, buaċaill nó cailín do ḃeiṫ ag robáil a ṁaġistir, nó tá rún aige air. D'iarrfaḋ carṫanaċt a ċur i n-iúl uair nó ḋó. Agus muna ndéanfaḋ sin an gnó, sliġe éigin eile ḋiscréideaċ do ġlacaḋ ċum a ċosg. Dá éaġmais sin, ní ḃéaḋ sé saor ó ṗeacaḋ, gé ná béaḋ sé ceangailte ċum leóir-ġníoṁa, muna mbéaḋ sé i gcúram an niḋe sin do ċosaint nó do ċoiṁéad. Tá céad cás eile ann do'n tsórt soin do-ġeóḃaḋ duine a réiḋteaċ le solas a réasúin nádúrṫa féin, agus 'n-a ndéanfaḋ amaċ má ḃí nó muna raiḃ coir leóir-ġníoṁa air.

Aċt ní i n'aiṫint sin aċt 'san leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ atá an dócaṁal. Tá sé anois a cúig nó a deiċ nó b'ḟéidir fiċe éigin bliaḋan ó ġeallais do Dhia agus

dod' oide faoisdine an leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ, an maiġistir leis an mbuaċaill, nó an buaċaill leis an maiġistir, an feirmeóir leis an gceannaiḋe nó leis an gceárdaiḋe, agus iad-san arís leis sin, nó tusa eile pé coinġeall 'n-a ḃfuilir ann; agus ó ṡin anuas do ḃuail suan marḃṫaċ tú le n-ar ḟágḃáil gan déanaṁ é, mar urċall ar do ċoinsias, beó nó marḃ.

Is baoġlaċ ar feaḋ na haimsire seo ná raiḃ t'ḟaoisdin glan folláin nó fíor-aiṫriġeaċ, ná an t-oide 'ṫugaḋ faoisdin ⁊ absolóid duit saor ó ġuais nó ó ċionnta; óir adeir Naoṁ Aiḃistín, naċ dáríriḃ aċt fallsa, naċ fírinneaċ aċt bréagaċ, ḃíonn an aiṫriġe, nuair ná cuirtear a ḃaile cuid na ndaoine eile an tan as féidir é; agus arís deir an Doċtúir naoṁṫa céadna, ná maiṫtear an peacaḋ go bráṫ go ndéantar an leóir-ġníoṁ atá ar do ċumas.

Cuiṁniġ ort féin, ar an áḋḃar soin, agus ná fan níos sia i gcoḋlaḋ an ḃáis; óir dá ḟaid do ċáirde, is aṁlaiḋ as cruaiḋe an cás agus is mó do ḋiútéiḋ. An ċéad dá uair do ċuir a náiṁde cíoṁlóga roiṁ Shampson, do ḃris sé tríoṫa, aċt do cailleaḋ an trear uair é. Ná fan-sa leis an trear uair. Béiḋ malart sgéiṁe ort uair na hola, agus ní dóċa, muna ndéanfaiḋ tú féin leóir-ġníoṁ, go mbacfaiḋ d'oiġriḋe leis, gé go mbaḋ ċeart dóiḃ é.

Is measa leó iad féin, agus do b'ḟearr ḋuit-se, ó's goire ḋuit tú féin 'ná éan-duine, do ḃean agus do ċlann do ḃeiṫ boċt id' ḋiaiḋ, 'ná tú féin do ḃeiṫ damanta, agus is damanta ḃéiḋ an té ná déanann an leóir-ġníoṁ as acfuinn dó; óir adeir Dia i Leaḃar Esechiel (xxxiii. 15), 'má iompuiġeann an mallu-iġṫeóir ar ḃreiṫniuġaḋ, agus ceart agus a ġeall agus a robáil do ċur a ḃaile, go mairfiḋ sé agus ná faiġḃiḋ

sé bás,' ceaċt do ṫaisbeánann, muna ndéanfaiḋ, go ḃfuil bás síorraiḋe i ndán dó.

Ní heól dam éan-ċás 'n-a mbéaḋ duine saor ó leóir-ġníoṁ, aċt aṁáin muna dtuitfeaḋ sé i mboċtaine, ar ṡliġiḋ ná faġḃaḋ sé é 'ḋéanaṁ; agus annsoin ní hiarrtar air aċt rún a ḋéanta do ḃeiṫ aige, dá mbéaḋ ar a ċumas: nó arís dá mbaḋ go maiṫfeaḋ an té ag ar ċionntuiġis i n'aġaiḋ ḋuit, táir saor; óir atá a ṫoil féin ar a ċuid féin i sliġiḋ réasúnta ag gaċ éan-duine, má's eaḋ, níor ṁór ḋuit ḃeiṫ ró-ḋeiṁneaċ de sin, go speisialta i níḋ suimeaṁail; óir ní hionann an rud do ḋéanfaḋ duine, agus ḋéanann sé. Ní mar a céile a ráḋ, 'maiṫim ḋuit,' agus 'ṁaiṫfinn ḋuit'; agus is baoġlaċ le tuataiġe nár ṁisde ḋóiḃ é i dtaoḃ gaoil nó muinntearḋais, go mbaineann go leór le neiṫe nár ċeart dóiḃ, rud d'inneósaḋ do ċáirdeas Críost nó dearḃráṫair do ṁáṫar ḋuit, dá ḃfiafróċtá ḋe, ar ṁór leis duit an níḋ sin.

Duḃras nár ṁór do'n té 'n-a mbéaḋ leóir-ġníoṁ bainte air, é' ḋéanaṁ i dtráṫ; óir, dá éaġmais sin, ḃéaḋ sé freagarṫaċ i bpé díoġḃáil do ḋéanfaḋ eas-naṁ a ċoda do'n té 'n-a mbéaḋ sé uaiḋ. Ní airiġim go mbéaḋ sé sír-ċionntaċ i bpeacaḋ, rud naċ féidir do ráḋ le héin-ġníoṁ uilc eile; óir má's craos nó drúis é, imṫiġeann sé ṫart an uair sin, aċt an ḟaid d'ḟan-ann an tṡealḃ neiṁ-ċeart, fanann an t-olc 'n-a ċoiṁ-deaċt.

Ní aṁáin i dtráṫ, aċt ní fuláir leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ go foir-líonta agus do'n té 'n-a ḃfuil sé dlisteanaċ. Má ṫógḃais coróin nó ḋó nó a trí, ní fuláir an oiread céadna do ċur 'n-a n-áit, agus an t-easnaṁ do-rinne sé, leis. Ní fuláir ḃeiṫ láiṫreaċ ar an bpuinnte seo agus a ráḋ mar aduḃairt

Sachaeus: 'Ó, a Thiġearna, má rigneas éagcóir ar éan-duine, ag seo ceiṫre hoireaḋ i n-áit' (Lúcás xix. 8). Agus i dtuairim Naoiṁ Chrisostom, do ḃí sórt cirt annsin féin, ar ṡliġiḋ go mb'ḟearr agus go mbaḋ ḋeiṁniġṫiġe do ḋuine, ḃeiṫ os a ċionn 'ná ḃeiṫ fá n-a ḃun. Agus is aṁlaiḋ do ḃéaḋ éan-duine coinsíseaċ ar nós an stíoḃaird sin do ḃí ag Aras ná faġḃaḋ codlaḋ go socair nó gur ċas sé[1] ar na daoine ní sa ṁó 'ná do ċoiṁéid sé uaṫa.

Ní ḋéanfaḋ déirc ná Aifreann an gnó ḋuit, dá mbéaḋ an t-oiġreaḋ le faġḃáil, nó muna mbéaḋ an ní ċoṁ suaraċ 's nár ḃ'ḟiú é d'ḟilleaḋ ná d'éileaṁ; óir is é ainm do ṫugaid na hAiṫreaċa Naoṁṫa ar an sórt soin déirce ná 'déirc Iúdáis agus an aiḋ-ḃeirseóra.' Do ṡaoil an duine dona so, nuair ná glacfaidís uaċtaráin an dliġiḋ ṫar n-ais an t-airg-eaḋ fuair i ndíol a ṫréatúraċta, é 'ċaiṫeaṁ 'san teampall i gcionn ḃorga na déirce. Aċt cé dona do ḃíodar, do ḋiúltuiġeadar na sagairt dó, ag ráḋ naċ raiḃ sé dleaġṫaċ ná ceaduiġṫeaċ aca, luaċ fola do ċur i gcionn na déirce. Is é an freagra céadna d'oireann fós. Bronn do ċuid féin ar Dhia agus ar an dteampall, agus do-ġeóḃaiḋ tú a ṫairḃe. Aċt i dtaoḃ an ċuid síúd do ċur ann, do ḃ'é luaċ na fola é.

Go coṁ-ċoitċeann an té is mó cionnta is é as daoire truime Leóir-ġníoṁ; aċt an té atá i seilḃ an niḋe tógḃaḋ nó do fuaraḋ, is é atá ceangailte ċum an Leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ ar dtúis; an t-úġdar nó an té is cionntaċ leis 'n-a ḋiaiḋ sin; agus as soin amaċ an ṁuinntear eile 'n-a raiḃ éan-láṁ aca ann, atáid coiṁ-ċeangailte, gaċ n-aon, ar a ṡon soin, i

---

[1] 'nó gur airis sé tar ais' 'sa MS., vol. 50.

n-earbaiḋ na coda eile; óir ní leiṫsgéal duit a ráḋ, mar adeirid go leór: 'níor ṫairbiġ orm-sa aċt an méad so; ní mise do-rigne an díoġḃáil ar fad.'

Ní beag má ḃí éan-láṁ agat ann, mar déanann do ċuideaċta, do ṡompla agus t'ḟinnéiḋeaċt do ṗáirtiḋṫe éargaiḋ dána ċum uilc, agus, leis sin, leóirġníoṁ an iomḟláin do ṫaḃairt ort-sa má ċuirid sin suas, rud nár ċeart dóiḃ, dá gcuid féin de.

Féaċ, ar an áḋḃar soin, goidé an díoġḃáil atá déanta, ag coiṁéad na droċ-ċuideaċtan; óir cionnas a leiġisfiḋ tusa an díoġḃáil sin, agus gan sin cionnas do-ċífiḋ tú na flaiṫis? Oireann an ċainnt seo go ró-ċruaiḋ do'n aicme ṁí-áġṁaraiġ do ḃíonn go táir ag faire agus ag tnáṫaḋ a ċéile, nó ag cur sgaipeaḋ le fuar-ḟánaiḋṫe gairsiḋ ar ḟonas aonaiġ; nó, níos measa, gan truaiġṁéil, gan trócaire, ag fiosruġaḋ a gcoṁ-ċréatúra fá sgáil na hoiḋċe, ag réabaḋ a ṫeaġlaiġ ḃig, ag sgeónaḋ a ṁuinntire, agus ag taḃairt a ḃáis le heagla; óir an té atá ar deireaḋ nó ar sia amaċ do'n ċuideaċtain naoṁṫa so, atá rann-ṗáirteaċ 'san gcoir déantar i dtosaċ, ar ḟliġiḋ, má ḃaineann leónaḋ nó milleaḋ nó marḃuġaḋ do ḋuine nó beiṫiḋeaċ, má gearrtar crann, má bristear doras, má déantar réabaḋ ná feallaḋ, go ḃfuil sé sin i ngeall leis an díoġḃáil go síorraiḋe, muna ndéanfaiḋ sé féin nó éan-duine ba ṫreise 'ná é 'san olc réaṁ-ḟuasgailt leóir-ġníoṁa air. Ní neaṁ-ċosṁail leis seo cás na muinntire eile úd, má tá éan-duine aca ar an láṫair, ḃíonn go mí-náḋúrṫa ag tnúṫ le fóġṁar an ġeiṁriḋ, ag coṁrás ċum na tráġa, nó ag faire ar nós na ḃfiaċ nduḃ ar ḃruaċ na faille, ní ċum caḃraċ ná congnaiṁ i n-agaiḋ stoirme Dé agus na fairrge, aċt ċum sluid ⁊ slad ⁊ breiṫ ar éigin.

Ní gan áḋbar, adeirtear go dtagann go luaṫ nó go mall mío-raṫ agus leaġaḋ an tṡneaċta, lá gréine, ar an tṡlad-ḟaoṫar seo; óir is é sin guiḋe agus breaṫ an teampaill. Fá ḋeireaḋ is gné duḃ-robála do ḋuine dul i ḃfiaċaiḃ gan rún ná intinn iad do ḋíol; agus ní mó is féidir a leiṫsgéal so do ġabáil do luiġeann go socair fá n-a ḃfiaċaiḃ, nuair do b’ḟéidir leó iad do ċur ḋíoḃ, iad so do ḃíonn go mín mioċair muintearḋa éasgaiḋ ċum do ċuid d’iarraiḋ le linn an ġáḃaiḋ, agus ruġin, b’ḟéidir go droċ-ṁúinte, le linn a lorg. Fós atá ceangal cirt ort i dtaoḃ do ġeallaṁna; óir is fear gan fírinne, dála gurab eaḋ, ḃriseann a ḟocal, agus is fear gan ceart do ḃriseann a ġeallaṁaint.

Táim réiḋ anois aċt aṁáin d’iarraiḋ, má ḃraiṫeann tú do ċogcuḃas ag troid leat i dtaoḃ éin-ḃeart éagcóra i riṫ do ḟaoġail, i dtaoḃ éan-tógḃáil ná coiṁéad ná díoġḃáil neiṁ-ċeart do-rignis gan leiġeas, leóir-ġníoṁ iomḟlán do ḋéanaṁ ann i dtráṫ, ċum ná béaḋ sé ag déanaṁ buaḋarṫa annso ḋuit, ná fád’ ḃráġaid ad’ ċráḋ ar feaḋ na síorraiḋeaċta. Iarrann Dia agus an teampall é. Iarrann dliġeaḋ na nádúra é, agus do réasún féin. Gan sin, níl éin-éifeaċt ’san absolóid. Gan sin níl éan-ṁaiṫ ’san ola. Giḋeaḋ, má tugṫar a ċeart féin do Shaesar, is mór an réiḋteaċ é ar uair do ḃáis ⁊ an congnaṁ ċum na glóire síorraiḋe n-a ḋiaiḋ sin. Amen.

Seanmóir a Deiċ.[1]

AR AN bPEACAḊ.

Quasi a facie colubri fuge peccata.

Seaċain an peacaḋ aṁail do ḋéanfá gnúis naṫraċ niṁe—
(Eccles. xxi. 2).

IS mór an daille ⁊ an dí-ċéille do ṡíol Áḋaiṁ ⁊ Éaḃa, go nglacaid an oiread sin cúraim ⁊ imṡníṁ fá'n uile níḋ ḃaineas le soċar nó le so-ṁaoin an ċuirp ċlaoin ċealgaiġ, ⁊ go dtugaid faillíġe ró-ṁór i sláinte an anma. Chum sláinte an ċuirp ní ċoigleann siad ór ná airgead ná iolṁaoine. Níl leiġeas ná luiḃ dá ḟeirḃe naċ nglacfaidís ċum maiṫeasa an ċuirp. Giḋeaḋ, ní ċuirid seaḋ ná suim i n-aicídiḃ gráineaṁla an anma, aṁail mar adeir an file laidne,

Ut corpus redimas, ferrum patiens et ignem ;
Ut valeas animo quidquam tollerare negabis.

Ioḋon, ċum do ċuirp do ṡlánuġaḋ d'ḟuilingeóċaḋ tú a ġearraḋ le harm ⁊ a losgaḋ le teiniḋ: giḋeaḋ, tar ċeann go bḟuil míle otrás ⁊ easláinte ar an anam, ní ċuirfiḋ tú róṁat éan-leaṫ-uair aṁáin aiṫriġe do ḋéanaṁ ar a son.

Cujus vestrum bos aut asinus in puteum cadet et non continuo extrahet illum?—'Cia agaiḃ go mbéaḋ bó nó capall aige ⁊ go dtuitfeaḋ éin-ċeann díoḃ i bpoll, naċ dtógfaḋ é gan ṁoill?' (Lúcás xiv. 5). Ag

[1] Murphy MSS, vol. 32, pp. 380-398; vol. 101, pp. 105-121.

siúd an t-anam dá ḃáṫaḋ i bpoll duiḃeagáin ⁊ i nguairneáin na bpeacaiḋe, créad fáṫ naċ dtógann tú é? Dá mbéaḋ do léine salaċ, do ċuirfeá dá niġe í. Dá mbéaḋ claiṁe ar do ċapall, do ċuirfeá dá leiġeas é. Ag siúd d'anam lán do ċlaiṁe na claḋaireaċta ⁊ na camastaoiḋeala. Créad fáṫ naċ gcuireann céirḋe leiġis air?

Quid prodest homini si universum mundum lucretur, animae vero suae detrimentum patiatur.—'Créad an tairḃe do ḋuine an saoġal uile do ḃeiṫ fá n-a ċumas ⁊ a anam do ċailleaṁain tré ṫréatúireaċt na bpeacaiḋe?' (Maṫa xvi. 26). Créad é an ní an peacaḋ? Do réir San Aiḃistín, atá smuaineaḋ nó briaṫar nó gníoṁ i n-aġaiḋ dliġiḋ Dé. Créad é an ní an peacaḋ? *Est aversio a Deo et conversio ad creaturam*, .i. cúil-iompoḋ ó Dhia ⁊ gnúis-filleaḋ ar an gcréatúir. Le congnaṁ Dé ⁊ le grása an Spioraid Naoiṁ taisbeánfad trí réasúin sreisialta i n-a suiḋiġṫear gur cóir gráin do ḃeiṫ ar an bpeacaḋ. An céad réasún, naċ ḃfuil ní ar biṫ as díoġḃáiliġe do'n anam 'ná é; an dara réasún, naċ ḃfuil ní ar biṫ as taiṫneaṁaiġe leis an diaḃal 'ná é; an treas réasún, gur ní fuaṫṁar gráineaṁail i láṫair Dé é. Is iad sin trí roinnte nó trí puinntí an ċoṁráiḋ seo.

An t-anam do ċruṫuiġ Dia ar a íoṁáiġ ⁊ ar a ċosaṁlaċt féin, tá sé ċoṁ lonnraċ ⁊ ċoṁ taiṫneaṁaċ sin ⁊ ċoṁ cóiriġṫe ċoṁ sgiaṁaċ sin le beannuiġṫeaċt sbioradálta, ionnas go nglacann Dia féin compórd mór, coṁluadar ⁊ coṁnaiḋe do ḋéanaṁ ann, an ḟaid ḟanas ar staid na ngrás. Giḋeaḋ, 'san luas i n-a dtaḃarann an t-anam aontuġaḋ do'n ṗeacaḋ, bíonn ċoṁ salaċ sin ⁊ ċoṁ gráineaṁail i gcruiṫ nár ḃ'ḟéidir leis an bpeacṫaċ féin féaċain air gan uaṫḃás, dá

mbéaḋ sé ceaduiġṫeaċ aige é 'ḟeicsin; óir do láṫair, iar dtuitim 'san bpeacaḋ dó, cailleann a ṁaoin ⁊ a ṁaiṫeas uile ⁊ i n-a ċionn sin, tuiteann sé 'san uile ḟórt uilc ⁊ urċóide. Ar dtúis, tréigeann Dia an t-anam ⁊ baineann de coṁarṫaí a ṁuinntearṫais .i. solus na ngrás ⁊ compórd an Spioraid Naoiṁ. Cailleann, mar an gcéadna, an t-anam an roinn do ḃí aige i luaċ fola Chríost. Cailleann comairce ⁊ tearmann an Áird-ríoġ. Cailleann taḃartais an Spioraid Naoiṁ. Cailleann na gealltа ⁊ na mórgáirte do ḃí aige ar ḟlaiṫis Dé. Cailleann an ċoṁroinn ⁊ an cumann do ḃí aige le hurnaiġṫe na hEaglaise. Cailleann suaiṁneas ⁊ síoṫċáin a ċogcuḃais, ⁊ fá ḋeóiḋ, cailleann toraiḋ a ḋeaġ-oibreaċ go huile, ⁊, dá réir sin, an ġlóire ḟíorraiḋe.

Is iomḋa foġail ⁊ anḟorlann éagcoimseaċ do-ġní an peacaḋ marḃṫaċ do'n anam. An ċéad foġail, díbreann Dia as an anam ⁊ do-ḃeir seilḃ do'n diaḃal ann: *Deus caritas est, et qui manet in caritate, in Deo manet et Deus in eo* (I. Eóin iv. 16), ⁊, dá réir sin, an tan ḋíbreann sé an ċarṫannaċt díbreann Dia, ⁊ baineann beaṫa na ngrás de, an ní as anam do'n anam. An dara foġail, cailleann an t-anam toraḋ a ḋeaġ-oibreaċ mar adeir an fáiḋ Esechiel 'san 18 caib: *Si averterit se justus a justitia sua et fecerit iniquitatem. . . omnes justitiae ejus quas fecerat non recordabuntur*, .i. má ṫréigeann an fíréan a ḟíréantaċt ⁊ an t-olc do ḋéanaṁ, do-ḃeirṫear i ndíoṫ-ċuiṁne ⁊ i ndearmad an méad maiṫeasa do-rigne sé. An treas foġail, cailleann sé taḃartais ⁊ tioḋlaicṫe an Spioraid Naoiṁ, aṁail mar adeir Solaṁ i leaḃar na hEagna: *In malevolam animam non introibit sapientia, nec habitabit in corpore subdito peccatis,*

.i. ní ṫuirlingeóċaiḋ eagna an Spioraid Naoiṁ ins an anam ṁí-ċoingeallaċ ⁊ ní ḋéanfaiḋ coṁnaiḋe 'san ċolainn atá tugṫa do na peacaiḋiḃ (Eagna i. 4). *Nihil est peccante pauperius*, adeir San Criosostom 'san 5aḋ seanmóir, .i. níl éinneaċ níos boiċte 'ná an peacṫaċ. An 4ṁaḋ ḟoġail, cailleann an ceart atá aige ar an mbeaṫaiḋ ṡiorraiḋe, aṁail léiġtear i n-Ecsodus, an 32 caib. rann 33: *Qui peccaverit mihi, delebo eum de libro meo*, .i. an té ḃrisfeas m'aiṫeanta cuirfear amaċ as leaḃar na beaṫaḋ é; ⁊ aṁail do léiġtear 'san ċéad litir ċum na gCorintianaċ (vi. 9): *Iniqui regnum Dei non possidebunt*, .i. ní raċaiḋ na droċ-ḋaoine do'n ḟlaiṫeas neaṁḋa. An 5aḋ ḟoġail, cailleann tearmann ⁊ comairce speisialta Dé uile-ċuṁaċtaiġ aṁail léiġtear 'san 32. Sailm, 18 rann, *Oculi Domini super metuentes eum . . . . ut eruat a morte animas eorum*, .i. bíonn súile an Tiġearna ar an droing bíos eaglaċ roiṁe féin, ċum a n-anam do ṡaoraḋ ó ḃás; ⁊, dá ḃríġ sin, an ṁuinntear naċ mbíonn eagla Dé orra, mar do-ḃeirid-sin failliġe i nDia, do-ḃeir Dia failliġe ionnta-san. An 6aḋ ḟoġail, cailleann an t-anam coiṁdeaċt an Spioraid Naoiṁ, ⁊ coiṁdeaċt ⁊ coiṁéad an aingil ċoiṁdeaċta, aṁail adeir an doċtúir naoṁṫa, San Basilus: *Velut fumus fugat apes, sic graveolens peccatis fugat angelum vitae nostrae custodem*, .i. aṁail díbeartar na beaċa le deataċ, is mar sin ḋíbrear droċ-ḃolaḋ an ṗeacaiḋ ár n-aingeal coiṁdeaċta uainn. An 7ṁaḋ ḟoġail, cailleann sé an ċoṁ-roinn ⁊ an ṗáirtiḋeaċt do ḃí aige le críostaiḋṫiḃ an doṁain, do ḃríġ, an faid bíos ar staid na ngrás, gur féidir leis a ráḋ le Dáiḃiḋ: *Particeps ego sum omnium timentium te et custodientium mandata*

tua (Salm cxviii. 63).—'A Ṫiġearna táim rann-ṗáirteaċ leis an muinntir a mbíonn t-eagla-sa orra ⁊ do ċoiṁéadann d'aiṫeanta.' Giḋeaḋ, caillimid an ṗáirtiḋeaċt sin leis an bpeacaḋ ṁarḃṫaċ. An 8ṁaḋ ḟoġail, caillimid luaċ-saoṫair ár ndeaġ-oibreaċ mar ḋearḃas an fáiḋ Isaias 'san 59 caib. 6 rann, mar a n-abrann: *opera enim illorum inutilia et opus iniquitatis in manibus eorum*, .i. atá a n-oibreaċa neaṁ-ṫairḃeaċ ⁊ obair na hurċóide 'n-a láṁaiḃ. Dá ḃríġ sin, dá ndéanfaḋ tú trosgaḋ, déarc 7 urnaiġṫe an doṁain, níl tairḃe ḋuit ionnta an ḟaid bíos tú ar staid ṁal-luiġṫe na mío-ġrás. An 9ṁaḋ ḟoġail, atá tú damanta ċum pianta síorraiḋe d'ḟaġáil i n-ifrionn do réir Dáiḃiḋ 'san 20 Salm 10 rann mar a n-abrann : *Ignis devorabit vos*. Is é sin, 'sloigfiḋ teinte siḃ'; ⁊ arís, 'béiḋ a roinn síúd 'san loċ atá ar dearg-lasaḋ le teiniḋ ⁊ le brionstón' (Apoc. xxi. 8). An 10ṁaḋ ḟoġail, bíonn an peacṫaċ 'n-a sgláḃaiḋe ag an diaḃal, dá ġearraḋ ⁊ dá ċreimeaḋ le péirt an ċogcuḃais, aṁail mar do-ġeiḃmid 'san 6ṁaḋ caib. ċum na Rómánaċ (16 rann): 'Naċ ḃfuil a ḟios agaiḃ gur seirḃísiġ siḃ do'n té dá ngéilleann siḃ;' ⁊, dá ḃríġ sin, má ġéilleann siḃ do'n diaḃal, gur seirḃísiġ do'n diaḃal siḃ. Ag sin daoiḃ, a ċríostaiḋṫe, na díoṫa ⁊ na doċair móra do-ġní an peacaḋ marḃṫaċ do'n anam.

Anois, iomorro, tráċtfamuid ar an dara réasún fá'r ċóir fuaṫ do ḃeiṫ do ṗeacaḋ, 'sé sin, naċ ḃfuil ní ar biṫ ar milse leis an diaḃal 'ná é; agus atá trí réasúin dá áiteaṁ sin. Ar dtúis, ní ór ná airgead ná péarlaí, fleaḋa ná féastaí bíos ag an aiḋḃeir-seóir dá n-iarraiḋ aċt anmanna na ndaoine go haona-ránaċ; ⁊ is i ḃfíoġair an neiṫ sin atá an ní léiġtear i nGenesis (xiv. 21): *Da mihi animas, cetera tolle*

tibi.—'Taḃair daṁsa na h-anmanna ⁊ bíoḋ an ċuid eile agat féin.' Agus mar naċ ḃfuil ní ar biṫ as mó ċuireas luṫġáir ar an diaḃal ná anam fíréanaċ do ṫarraing 'n-a líonta, is dearḃ naċ ḃfuil ní ar biṫ as taiṫneaṁaiġe leis ná gaeṫe cró an ṗeacaiḋ.

Is aṁlaiḋ do-ġní an diaḃal le h-anam an ṗeacṫaiġ, aṁail do-ġní an cat leis an luiċ; óir an tan ġaḃas í, sgaoileann uaiḋ í tamall, casann arís í, léimeann uirri ⁊ léimeann uirri arís ⁊ bíonn mar sin ag gaḃáil léi; giḋeaḋ, an tan do-ḃeir an luċ iarraċt ar ḋul 'san daingean uaiḋ, do-ḃeir croḃ dá créaċtnuġaḋ dí. A ṡaṁail ċéadna, do-ġní an fear-ċat feallṫaṁail úd, an diaḃal, leis an bpeacṫaċ dá ṁeallaḋ ⁊ dá ḃréagaḋ go dtairngeann, fá ḋeóiḋ, go hifrionn é. An dara réasún, is maiṫ an suiġeaṁ ar an níḋ seo mar ḃíos an diaḃal ag síor-ḋéanaṁ buaiḋearṫa gan scur gan sgíṫ le ceiṫre míle bliaḋain, ⁊ os a ċionn, gan do ċúram ná do ċaiṫeaṁ aimsire air, aċt ag tionsgnaḋ cleas ⁊ claon-ṁailíse ċum na bpeacṫaċ do ṫarraing i n-a líonta, aṁail léiġtear ag Iób, mar d'ḟiafruiġ Dia de'n aiḋḃeirseóir an dtug sé timċeall na cruinne go coṁlán, ⁊ mar d'ḟreagair seisean dó ag ráḋ, nár fágaḋ ionad ná órdlaċ di gan cuarduġaḋ. An treas réasún, go ḃfuil an peacaḋ ró-ṡuairc ró-ṫaiṫneaṁaċ ag an mac mallaċtain, do ḃríġ naċ féidir a ṁian ná a ċíocras do ṡásaṁ; ⁊ tar ċeann gur ṫarraing ⁊ gur ṫreasgair sé míle milliún anam go hifrionn, dá éis sin, ní lúġaide a ċíocras ⁊ a confaḋ é; óir bíonn sé do ló ⁊ d'oiḋċe aṁail do ḃéaḋ leóṁan buile ag búiṫriġ ⁊ ag iarraiḋ cia do ċraos-ṡloigfeaḋ sé. Adeir Peadar aspal naċ ndéanfaḋ an diaḃal táḃaċt do ċorp na haḃann do ṡlogaḋ 'n-a ċraos. Is é an craos úd ifrionn, ⁊ is í aḃa sloigtear

ann .i. na táinte peacṫaċ teilgear ann ċom tréan ⁊ do ruiṫfeaḋ tuile sléiḃe le fán-ġleannta.

An treas roinn do'n ċomráḋ so, gur cóir an peacaḋ do ṡeaċnaḋ, do ḃríġ gur rud fuaṫṁar gráineaṁail do láṫair Dé é. Is usaide sin do ṫuigsin as na piantaiḃ troma lér smaċtuiġ sé an treas cuid do na hainġliḃ ⁊ an cineaḋ daonda. Do ċruṫuiġ Dia na hainġil ⁊ ṫug dóiḃ an uile ḃreáġṫaċt ⁊ beannuiġṫeaċt; ṫug sé ḋóiḃ an uile ṡórt taḃartais, nádúir ⁊ grása, ⁊ dá n-éis sin uile, do teilgeaḋ síos iad i bpiantaiḃ uaṫḃásaċa ifrinn tré éin-ṗeacaḋ aṁáin uaḃair, an tan do smuaineadar iad féin do ċur i gcoiṁeas le Dia; i gcruiṫ gur cuireaḋ iad i staid ċoṁ uaṫḃásaċ sin, ionnas naċ féidir leó éan-tṡórt maiṫeasa do ḋéanaṁ; giḋeaḋ, bíd ró-ḟonnṁar ċum na huile urċóide. An canncar ⁊ an cráḋ croiḋe atá orra tré ċailleaṁain na glóire síorraiḋe, cuireann d'ḟiaċaiḃ orra ḃeiṫ lán do ċonraḋ ⁊ do ċíocras ċum na gcríostaiḋṫe. Is leis sin naċ ḃfuil éan-tṡórt coire ná clis ná calaoise naċ ndéanaid úsáid díoḃ ċum na ndaoine as naoṁṫa ar biṫ do ṫreasgairt, agus mar ḃárr ar gaċ anḟoċain, bíonn teine ifrinn dá losgaḋ i ngaċ ball dá ngaḃaid; agus sin go léir mar ġeall ar éan-ṗeacaḋ aṁáin.

Taḃraiḋ bur n-aire go ḟríoċnaṁaċ dó so, a luċt naċ ndéanann scrupall do ṗeacaḋ do ḋéanaṁ ar ṁuin peacaiḋ, ⁊ ḃeiṫ ag filleaḋ ⁊ ag aiṫ-ḟilleaḋ ⁊ ag treis-ḟilleaḋ ar na peacaiḋiḃ, ⁊ dá ḃur n-únfairt féin ionnta aṁail do ḃéaḋ muc i láib. Is baoġal daoiḃ, muna ndéanann siḃ siḃ féin do ġlanaḋ le h-uisge na haiṫriġe, go dtuitfiḋ díoġaltas ⁊ díḃfearg Dé oraiḃ; óir tar ċeann gur foiġideaċ fad-araḋnaċ ḃíos Dia ag éisteaċt leis na doi-ḃearta ⁊ leis na

duḃailcí, is ró-ṫrom ṫuiteas a ċeart-ḃreiṫeaṁnas 'san tsaoġal so féin ar luċt na hiomarcaḋ ⁊ na héagcóra.

Tuilleaḋ eile fós, is furus fuaṫṁaraċt an ṗeacaiḋ d'aiṫint as an díoġaltas do rinne Dia ar ár gcéad aṫair Áḋaṁ, óir tar ċeann gurab é Dia do ċruṫuiġ é le n-a láiṁ féin ⁊ do ḟosruiġ i bParrṫas é, áit buḋ ṁó aoiḃneas ⁊ aiteas do'n doṁan daonda, ṫug uaċtaránaċt na cruinne ḋó ⁊ ṫug cuṁaċta iomḟlán dó ar an uile níḋ fá neiṁ; ní raiḃ fós, éan-taḃartas do ḃ'féidir d'ḟagḃáil ó náḋúir ná ó ġrásaiḃ naċ ḃfuair sé, mar aon le geallaṁain ar roinn do'n ġlóire ḟlaiṫeasṫa: giḋeaḋ, mo ṫruaġ! an duine dona ar ḟon naċ ndearnaiḋ aċt an toraḋ toirmisgṫe d'ḟromaḋ éan-uair aṁáin, do baineaḋ ḋe i n-éan-nóiméad aṁáin na tioḋlaicṫe sin go léir. Do díbreaḋ as Parrṫas an aoiḃneasa é; ⁊ ó ḃeiṫ 'n-a ríġ do ṫuit sé ċum boċtaineaċta; ⁊ tar ċeann go raiḃ an uile ṡórt toṁaltais ⁊ sólais aige roiṁe sin, do ḃ'éigean dó, tré an bpeacaḋ, a ċuid aráin do ṡaoṫruġaḋ le hallus a ġnúise ⁊ le saoṫar a láiṁ; ⁊ ní heaḋ sin aṁáin, aċt a dtáinig uaiḋ do ḋaoiniḃ riaṁ, atá ann anois ⁊ do ṫiocfas go deireaḋ an doṁain, do ṫuiteadar 'san aindeise ċéadna maille leis; óir gaċ éan-ṡórt peacaiḋ eile, boċtaineaċt, gorta, cogaḋ, aicíd ⁊ éagcruas, bás ⁊ damnuġaḋ síorraiḋe, níl ionnta uile aċt treilisí tubaiste ⁊ urnaiġṫe urċóideaċa ṫáinig as peacaḋ an tsinnsir.

Féaċaiḋ i ndliġeaḋ na náḋúire créad do rinne Dia tré ṗeacaiḋiḃ na ndaoine an tan do ċonnaic sé go raiḃ an doṁan uile líonta d'urċóid: *Repleta est terra iniquitate* (Gen. vi. 13). Adeir an Scriopṫúir gur ċuir sé fógraḋ ar an ṁuir ṁóir, gur ġluais 'n-a tonnaiḃ tolgánaċa tar ḃruaċaiḃ ⁊ tar imeallaiḃ

ċuirp-leaṫna na cruinne le raḃarta ró-ḟeargaċ ⁊ le hanfaḋ uaṫḃárac gur éiriġ an t-uisge cúig ċúibit déag os cionn maoilinn na gcnoc do b'aoirde do'n ċruinne.

Mo ṫruaġ! is iomḋa dún ⁊ deaġ-ḃaile, caṫair ⁊ caisleán, port ⁊ pálás do cailleaḋ leis an ruaṫar sin, i n-éaġmuis an ċiniḋ daonna uile do ḃáṫaḋ act éan-oċtar aṁáin, ⁊ sin go léir do ṫeaċt orra tré n-a bpeacaiḋiḃ. Naċ dtug Dia, mar an gcéadna, sgrios ar an dá ċaṫair ṫásgaṁla Sodom ⁊ Gomóra? Tá somplaí iongantaċa 'san dliġeaḋ sgríoḃṫa féin, mar atá an pionós tugaḋ do Dhátan ⁊ d' Abíron, gur ṡloig an talaṁ iad; ⁊ pionós an dá ríġ oirḋearc, Saul ⁊ Dáiḃíḋ. Táid againn, mar an gcéadna i ndliġeaḋ na ngrás, cionnas mar fuair Ananias ⁊ Safíra bás obann tré éin-ḃréig aṁáin.

A ċríostaiḋṫe, ag sin somplaí uaṫḃáraċa agaiḃ as corp na Scrioptúra ar sgiúirsíḃ díḃfeirgeaċa Dé, ⁊ is ró-ḃaoġlaċ gur gearr ó na daoiniḃ anois féin tóirneaċa, teintriġe ⁊ trom-ḋíoġaltas Dé do ṫuitim orra; óir atá an oiread sin uilc ⁊ éagcóra, earráide ⁊ ainġníoṁ eatorra, naċ raiḃ riaṁ níos lúġa do ċartannaċt idir na críostaiḋṫe. Ní raiḃ riaṁ níos lúġa do ċaradas idir na coṁarsana. Ní raiḃ riaṁ níos lúġa do ċumann idir na lánaṁnaċa pósta. Ní raiḃ riaṁ níos lúġa d'eagla Dé ar na daoiniḃ. Ní raiḃ riaṁ níos lúġa d'uṁla i n-a mbéasaiḃ, níos lúġa do ċríostaṁlaċt 'n-a ngníoṁaiḃ, níos lúġa do stuamaċt 'n-a n-iomċur, níos lúġa do ḋeaġ-ċreideaṁ 'n-a gcroiḋṫiḃ 'ná 'n-a gcoṁráiḋtiḃ.

Ar ċlos daoiḃ riaṁ níos mó do ġangaid idir na daoine; níos mó do ḟéitéireaċt i reic ⁊ i gceannaċ; níos mó do ṗóitireaċt ⁊ d'ólaċán; níos mó do ċlaḋai-

peaċt ⁊ do ċailleaṁain dá ċur i ngníoṁ; níor mó teasḃaiġ ⁊ an-uaḃair i ndaoiniḃ úir-ísle; níor mó d'easgaine ⁊ do ḋia-ṁaslaḋ ⁊ do ċainntiḃ diablaiḋe ag daoiniḃ? Ó, na déataoiḃ damanta! Ó, na gníoṁa gráineaṁla! Ó, na peacaiḋe marḃṫaċa! Créad ṫarraingeas gráin Dé orainn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad líonas ár n-anmanna do ṁórgaiḋṫeaċt ⁊ do ḟalaċar? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ṫarraingeas ċum ifrinn sinn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ċuireas fá sgláḃaiḋeaċt an diaḃail sinn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad do sgriosas ár n-ainmneaċa as leaḃar na beaṫaḋ? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ḃaineas coiṁéad ⁊ cuṁdaċ Dé ḋínn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ḃaineas tearmann ⁊ comairce na n-aingeal dínn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ḃaineas grása an Spioraid Naoiṁ ḋínn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ṫairngeas boċtaineaċt ⁊ gearr-ḟaoġal orainn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ṫairngeas treaḃlóide ⁊ tinnis orainn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad do ċuir le fuaċt ⁊ le fán sinn? An peacaḋ marḃṫaċ! Créad ḃain daoiḃ sealḃ ḃur bḟearann ndúṫċais, ⁊ fá bḟuilid ar láiṁ Allṁaraċ? An peacaḋ marḃṫaċ, aṁail mar adeir an file diaḋa 'san rann so:—

'Peacaḋ na sinnsear, uaḃar is díomas, feall is cionntaċt, craos is ól;
'Creaċaḋ na mboċtán, cealla do robáil, fórsa is fiarsáil, puimp is póit;
'Easuṁla d'óirdiḃ, sír-ḃriseaḋ pósta, ionntoḋ na gcóta i n-aġaiḋ dliġiḋ Phóil;
'Do ḋíbir ár bḟlaṫa, do ḃain díoḃ a mbailte, d'ḟág sinn i leaṫtrom fá sgíos is fá ḃrón.'

—dá ċur i gcéill gurab iad peacaiḋe na ndaoine

ċuaiḋ romainn, atá ag tarrang gaċ éan-uilc ⁊ urċóide orainn. Créad an leiġeas atá air seo go léir? Déanaiḋ comairle an ḟáiḋ naoṁṫa Isaias 'san ċéad ċaib: *Lavamini, mundi estote, auferte malum cogitationum vestrarum ab oculis meis* (Rann 16) .i. 'Ionnluiḋ siḃ féin, bíoḋ siḃ glan, díbriġiḋ olcas ḃur ndroċ-smuainte óm' raḋarc'; ionann sin le n-a ráḋ, gaċ uile ḋuine do-rigne peacaḋ, an aiṫriġe do ḋéanaṁ gan ṁoill, má's áil leis gan ḃeiṫ damanta. Ná bíoḋ éan-leiṫsgéal aige, ná habraḋ sé go ḃfuil sé óg ná go ḃfuil a ṡáiṫ aimsire aige fós. Ná h-abraḋ sé go mbaineann cúram saoġalta ḋe gan an aiṫriġe do ḋéanaṁ. Ná bíoḋ sé ag seasaṁ ar ġrásaiḃ Dé. Do-ċímíd na daoine óga ag faġḃáil ḃáis go laeċeaṁail. Do-ċímíd go dtig an bás an uair is lúġa saoiltear é. Tá a ḋearḃaḋ againn, naċ ḃfuil 'san doṁan cúram as mó 'ná cúram na síorraiḋeaċta. Má tá Dia trócaireaċ, do-ḃeir sé a ċeart féin do gaċ n-aon do réir a oibreaċ: *Reddet unicuique secundum opera sua* (Maṫa xvi. 27). Dá réir sin, anois gan stad, gan leiṫsgéal, gan ċáirde, déanaiḋ an aiṫriġe; ⁊ ċuige sin do ḋéanaṁ go fíreannaċ ní fuláir daoiḃ reaċt níḋe do ḋéanaṁ.

An céad ní, ní fuláir daoiḃ siocraċa na bpeacaiḋe do ḟeaċnaḋ, aṁail léiġtear 'san treas caib. do'n leaḃar sin Ecclesiasticus (27 rann): *Qui periculum amat peribit in illo*, .i. 'An té ḃíos teangṁálaċ 'san dainnséar teangṁaiḋ an dainnséar leis.' An dara ní, tosaċ na ndroċ-smuainte do stopaḋ mar adeir an sean-ḟile Laidne: *Principiis obsta: sero medicina paratur, cum mala per longas invaluerat moras.* Is ionann sin le n-a ráḋ, leiġeas do ġlacaḋ i dtosaċ an éagcruais ⁊ féaċain ċuige i dtráṫ sul do

raċaḋ an aicíd i bpréiṁ. An tréas ní, díoṁaoineas ⁊ droċ-ġnóṫa do ḟeaċnaḋ, óir atá sgríoḃṫa, gurab é an díoṁaoineas máṫair áil ⁊ oide ṁúinte na mailíse. An ceaṫraṁaḋ ní, an droċ-ċoṁluadar do ḟeaċnaḋ, aṁail adeir an Salm-ċiallaiḋe: *cum electo electus eris, cum perverso perverteris* (Salm xvii. 27); i bfarraḋ deaġ-ḋuine béiḋ tú go maiṫ; i bfarraḋ droċ-ḋuine béiḋ tú go holc. Dá raiḃ duine i gcaoṁṫaċ ⁊ i gcoṁluadar biṫeaṁnaiġ, béiḋ féin 'n-a biṫeaṁnaċ. Mar an gcéadna, an té bíos i gcoṁluadar na póitearaċta, ⁊ mar sin dóiḃ. Do ḃríġ naċ tóġḃálaiġe an ṗláiġ ná éan-tṡort aicíde 'ná an peacaḋ ⁊ na droċ-oibreaċa, cuiṁniġiḋ go meastar gaċ duine do réir a ċoṁluadair. An cúigeaḋ ní, faoisdin ġlan ġeinearálta do ḋéanaṁ uair 'san mbliaḋain, óir atá sé sgríoḃṫa 'san 28 caib. (13 rann) i Leaḃar na Sean-ḟocal: *Qui abscondit scelera sua, non dirigetur; qui autem confessus fuerit, et reliquerit ea, misericordiam consequetur.*—'An té do ċeileas a ṗeacaiḋe ní ḋéanfaiḋ a leas: giḋeaḋ, an té do-ġní a bfaoisdin go glan ⁊ do ṫréigeas iad, do-ġeóḃaiḋ sé trócaire.' Is follas as an áit seo gur mór an riaċtanas atá leis an bfaoisdin ⁊ naċ bfuil teaċt as 'n-a héaġmais. An seiseaḋ ní, caṫuġaḋ ⁊ coṁ-ḃrúġaḋ croiḋe ⁊ leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ le Dia ⁊ leis an gcoṁarsain i ngaċ leaṫtrom ⁊ i ngaċ éagcóir dá ndearnamar riaṁ: *Cor contritum et humiliatum Deus non despicies* (Salm l. 19). Adeir Dáiḃiḋ rí naċ dtréigeann Dia an croiḋe coṁ-ḃrúiġṫe uṁal. *Non dimittitur peccatum, nisi restituatur oblatum.* Adeir San Aiḃistín naċ bfuil faġḃáil párdúin 'san bpeacaḋ muna ndéantar leóir-ġníoṁ 'san loṫ do-riġne an peacaḋ. An seaċtṁaḋ ní, sacramaint Chuirp Naoṁṫa

an Tiġearna do ġlacaḋ go minic, óir díbreann an tṡacramaint seo na peacaiḋe, laguiġeann na caṫaiḋe, soillsiġeann an creideaṁ, daingneann an dóċas, lasann an ċarṫannaċt, méaduiġeann an diaḋaċt, ⁊ cuireann compórd ⁊ sólás ar ċroiḋe an ċríostaiḋe. A ċáirde ionṁuine, ag sin na seaċt leiġiseanna ar riaċtanaċ do'n ṗeacṫaċ ḃoċt ċum leasa a anma do ḋéanaṁ, ċum na bpeacaiḋe do ṡeaċnaḋ, ċum síoṫċána do ḋéanaṁ le Dia uile-ċuṁaċtaċ ar an tṡaoġal so ⁊ ċum na beaṫaḋ síorraiḋe d'ḟaġḃáil ar an tṡaoġal eile; an ní iarraimse ḋaoiḃ-se ⁊ dom féin—i nAinm an Aṫar ⁊ an Mhic ⁊ an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Cornelius Mac Curtin, Parochus de Glanmire,
composuit A.D. 1724. Requiescat in pace.
Amen.

Seanmóir a hÉin-déag.

Ar an bpeacaḋ marḃṫaċ.[1]

Defecit gaudium cordis nostri; versus est in luctum chorus noster. Cecidit corona capitis nostri; vae nobis, quia peccavimus.

Do ċailleamar pléasúr ár gcroiḋe, d'iompuiġeaḋ ár luṫġáir ndubrón. Do ṫuit an ċoróin do ḃí ar ár gceann fá n-ár gcosaiḃ; tá an léan orainn do ḃríġ gur ṗeacuiġeamar.—(Triaṁna Ieremias fáiḋ, v., 15 & 16).

CIA do-ḃéarfaiḋ briaṫra dom' ḃéal, smuainte dom' anam, solus dom' ṫuigse, teas dom' ṫoil, neart dom' intinn, agus caon-dúṫraċt dom' ċroiḋe, ċum na neiṫe do ġlacas do láiṁ do ċraoḃsgaoileaḋ go fiúntaċ, agus do ċur i dtuigsin daoiḃ mar is iomċuḃaiḋ

Is ní é an peacaḋ nár ḃ'ḟéidir le fáiḋe an tṡean-reaċta do ṫoirmeasg le n-a ndeaġ-laḃairt diaḋa, ná leis na hEasbola, ar mbeiṫ dóiḃ lán do ġrásaiḃ an Spioraid Naoiṁ, a ċur ar gcúl, ná leis na mairtírí a ṁúċaḋ le n-a gcuid fola. Is ní é nár ḋíbir Íosa Críost go hiomlán, ar ḟon go mb'ḟéidir leis a ḋéanaṁ maille le duaḋ agus tuirse na dtrí mbliaḋan déag ar ḟiċid le pianaiḃ éagsaṁla a ḃáis agus a ṗáise. Is ní é nár ċuir Dia ar gcúl le sé ṁíle bliaḋan le grása a ċreidiṁ, le suḃailce a ṡacramaintí, agus le naoṁṫaċt a Eaglaise! A ċáirde, is mian liom labairt air indiu, ionnus go dtiubraḋ siḃ fuaṫ, miosgais, agus uile ġráin ḃur gcroiḋe dó.

---

[1] Murphy MSS., vol. 83, pp. 145-170; vol. 101, pp. 136-160.

Ó, a ṗeacaiḋ, a ṗeacaiḋ ṁairḃ, atá ċoṁ muintearḋa so ag na daoiniḃ, giḋ nach ḃfuil aiṫne aca ort! A ṗeacaiḋ ṁairḃ do ḋíbreas na grása, do leagas na subailcí, do-ġní réabaḋ reilge ar an gcreideaṁ, a ṁuirdireóir uaṫḃásaiġ na n-uile ṁian, a splannc ġráineaṁail ó Ifrionn, a rílé na ndeaṁan, a niṁ ḋiabluiḋe, a ġeaṁair na mallaċtan, a earcara na ḃflaiṫeas, a ḋubróin na talṁan, a oillṗiast na náḋúire, a ṗréaṁ an uile uilc, a ċréatúir ṫug bás do Íosa Críost, agus a ṁór-náṁaid na diaḋaċta, is ort ḟógraim cogaḋ!

Ins an ċoṁráḋ so is mian liom labairt ar náḋúir an ṗeacaiḋ ṁairḃ; as sin tuigfiḋ siḃ a ṫruimideaċt, agus cionnas mar atá sé contrárḋa do Dhia agus Dia contrárḋa ḋó.

An fuaṫ atá ag an bpeacaḋ ṁarḃ do Dhia, 'sé sin mo ċéad ṗoinnte; agus an fuaṫ atá ag Dia air, is é sin an dara ṗoinnte dom' ċoṁráḋ.

Iarramuid caḃair an Spioraid Naoiṁ le himpiḋe na Maiġdine Muire, *Ave Maria, etc.* Go mbeannuiġṫear ḋuit, a Mhuire ⁊rl.

Defecit gaudium cordis nostri, etc. Do ċailleamar pléasúr ár gcroiḋe ⁊rl. Créad é an ní an peacaḋ marḃ? Cúil-iompoḋ na toile ó Dhia, agus filleaḋ mí-riaġalta ar an gcréatúir; mar adeir San Aiḃistín, *Aversio voluntatis a Deo seu conversio indebita ad creaturam.* Ar an moḋ so, ḋá ní ḋéineann an náḋúir, druidim ó Dhia agus fuaṫ do ḃeiṫ air; taiṫneaṁ do ṫaḃairt do'n ċréatúir agus a ġráḋċan os cionn Dé. An féidir smuaineaṁ ar ṁailís as mó. Adeirim gurab é an cúil-iompoḋ so ó Dhia do-ġní náḋúir an ṗeacaiḋ, *aversio voluntatis a Deo.* Is féidir an focal so, cúil-iompoḋ, do ġlacaḋ ar ṁórán do ṁoḋaiḃ. An

céad moḋ, ar ċontrárḋaċt na toile cruṫuiġṫe i n-aġaiḋ na toile neaṁ-ċruṫuiġṫe .i. is mian leat-sa, agus ní mian liom-sa é; órduiġeann tú ḋam so do ḋéanaṁ agus ní ḋéanfaiḋ mise é; contrárḋaċt toile an duine do ṫoil Dé; cinn-tréineaċt toilteanaċ an ṗeacṫaiġ i n-aġaiḋ órduiġṫe a naoṁṫaċta agus ceart-taċta a ḋliġṫe! Is dá réir sin ainmniġeas an fáiḋ Isaias na peacṫaiġ, réabṫóirí an dliġiḋ; agus do ḃríġ gurab i n-ifrionn coiṁlíontar mailís an ṗeacaiḋ, is uime sin adeir San Béarnárd, gur contráil síor-raiḋe do-ḃuaḋċanta na toile cruṫuiġṫe i n-aġaiḋ na toile neaṁ-ċruṫuiġṫe do-ġní substaint ifrinn; agus fá mar atá toil Dé 'n-a hárd-dliġeaḋ do-sgaoilte, drong na mallaċt, do ḃríġ naċ féidir leó a lúbaḋ ná a ḃriseaḋ, is áil leó do ġnáṫ an ní ná tiocfaiḋ go bráṫ, agus ní háil leó, ar ċor ar biṫ, an ní ḃíos ann do ṡíor! *Quod nunquam erit semper velle, et nunquam velle quod semper erit*—creud é an ċiall sin? Do ḃríġ gurab é nádúir an ṗeacaiḋ ḃeiṫ ag cur i n-aġaiḋ tola Dé.

An dara moḋ glactar an focal so, cúil-iompoḋ, ní heaḋ aṁáin go ḃfuil sé ag cur i n-aġaiḋ Dé, aċt fós, do-ḃeir sé gean agus gráḋ croiḋe an ċréatúra ar an bpeacaḋ; bíonn tuirseaċ do Dhia, do-ġeiḃ mío-ḃlas ar naoṁṫaċt a ḋliġiḋ, ar oiliṫre, ar ṫrosgaḋ, ar urnaiġṫiḃ, ar na buaḋaiḃ naċ fuláir do ḃreiṫ ar na hainṁianaiḃ, agus ar na deaġ-oibreaċaiḃ eile; tugann fuaṫ a ċroiḋe do Dhia; bíṫear mío-ṡásta ḋe; ní féidir a ḟulang; cuirtear i ḃfaillíġe agus i mí-ġean é, fá mar ṫug pobal Israel mí-ġean do'n ṗlúr neaṁḋa ṫug Dia ḋóiḃ, ar mbeiṫ ḋóiḃ ar an ḃfásaċ: *anima nostra jam nauseat super cibo isto* (Uiṁ. xxi. 5).

An treas moḋ ar a nglactar an focal so, cúil-iompoḋ,

an tan do-ḃeirtear do roġa an créatúir ṫar Dhia. Is air do laḃras mé 'san gcéad roinn dom' ċomráḋ .i. d'ḟuaṫ an ṗeacaiḋ i n-aġaiḋ Dé! Is minic ná tugtar fá deara an ċontrárḋaċt so na toile i n-aġaiḋ Dé, nó is minic naċ áil leó a ṫaḃairt fá deara. Is lúġa 'ná sin áirṁṫear an croiḋe ag cur i n-aġaiḋ, do ḃríġ go ndéanann pléasúr agus sástaċt, dar leó féin, dóiḃ. Aċt creud do-ġníd nuair ṗeacuiġid? Cuirid an créatúir roiṁ an Cruṫuiġṫeóir! Uir-íslíġid é fá n-a gcosaiḃ leis an roġa neiṁ-ċeart do-ḃeirid, ag taḃairt tarcuisne, mío-onóra agus easmuilte do'n Té do ċruṫuiġ, d'ḟuasgail agus do ḋealḃuiġ iad! Is airteagal do'n ċreideaṁ naċ féidir le níḋ ar biṫ eile beiṫ 'n-a ċríċ againn aċt le Dia aṁáin; gurab é féin ár n-árd-ḟaiḋḃreas, ár gceart-naoṁṫaċt, agus ár ndóċas go hiomlán, agus gur ċruṫuiġ na créatúirí eile mar ṁeaḋón oireaṁnaċ ċum ár stiúruiġṫe ċum na críċe seo. Aċt do ḃríġ gur ṁill an peacaḋ cuṁaċta an anma, aṁail atá ár dtuigsin, ag naċ ḃfuil a dóiṫin soluis ċum eidir-ḋealuġaḋ do ḋéanaṁ idir an gcríċ agus na meaḋóin, agus naċ ḃfuil ár dtoil neartṁar a dóiṫin ċum mian na maiṫeasa do ṫaḃairt orainn, agus fuaṫ an uilc, créad do-rigne Dia? Thug sé dliġṫe ḋúinn ċum go n-aiṫneóċamuis an tslíġe as cóir ḋúinn do leanṁaint, agus an úsáid as cóir ḋúinn do ḋéanaṁ do na créatúiriḃ, ag aṁarc orra mar ṁeaḋónaiḃ ċum sinne do stiúraḋ ċum ár gCruṫuiġṫeóra, an té as críoċ ḋéiḋeanaċ ḋúinn. Aċt do leag an peactaċ an t-órduġaḋ so. Déanann a ċríoċ dá ṁeaḋón, agus a ṁeaḋón dá ċríċ! Gaḃann sé seilḃ do na neiṫiḃ naċ ḃfuil aċt i n-úsáid aige, agus déanann úsáid do na neiṫiḃ as cóir do ḟealḃuġaḋ, mar adeir San Aiḃistín. Féaċ anois, a ċáirde, cá mbeireann a ṁailís agus a

ṫruaillíḋeaċt an duine, an tan do-ḃeir sé an créatúir do roġa ṫar Dhia! Chuige seo do ċur i dtuigsin daoiḃ, níor ḃ'ḟuláir ḋaoiḃ fios do ḃeiṫ agaiḃ cia hé Dia, agus créad é an ní na créatúirí. Agus is ró-ḋeacair gaċ aon díoḃ do ṫuigsint, Dia do réir a uaṫḃásaiġe, a ṫruaiġṁéileaċta, agus an créatúir do réir a ḃoċtaineaċta. An Cruṫuiġṫeóir do ḃríġ gurab é ar Árd-Tiġearna uile-ċuṁaċtaċ, Dia, Cruṫuiġṫeóir, Riaġluiġṫeóir agus Stiúruiġṫeóir an uile níḋe é! An créatúir do ḃríġ naċ ḃfuil aċt ceó, sgáil nó gósda ann, agus do réir an ḟáiḋ, is neiṁní é: *Quasi nihilum reputati sunt* (Dan. iv. 32). Tar a ċeann sin, is é an ceó, an sgáil agus an neiṁní so, glactar do roġa ṫar an Ríġ uile-ċuṁaċtaċ, Cruṫuiġṫeóir agus Slánuiġṫeóir an ċiniḋ daonda! Ó, a ḟlaiṫis, dá mb'ḟéidir liḃ iongnaḋ do ġlacaḋ, ag so áḋḃar iongnaiḋ, uaṫḃáis agus crit-eagla!

Obstupescite cœli super hoc! (Ier. ii. 12). Créad é an fáṫ? *Me dereliquerunt fontem aquae vivae, et foderunt sibi cisternas, cisternas dissipatas quae continere non valent aquas*, .i. do ṫréigeadar na peacaiġ mé, mise atá im' ḟruiṫ uisge ḃeó, agus do róṁaradar puaċairí briste le naċ féidir na huisgí do ċuitear ionnta do ċongḃáil (Ier. ii. 13). Cuireann Dia é féin i gcompráid le sruiṫ uisge ḃeó, le trí réasúin, mar adeir San Denis. An céad réasún, *propter eminentiam*, do ṫaoḃ oirḋearcais agus uaisleaċta a náḋúire. Do-ġeiḃ an sruṫán so a ċuid uisge ann féin. Tá a líonṁaireaċt ann féin, agus ní ġlacann é aċt uaiḋ féin. Ar an moḋ gcéadna tá an uile ṁaiṫeas gan áireaṁ ag Dia ann féin, agus do ġeiḃ sé iad ann féin, *in sua essentia;* agus atá a líonṁaireaċt uile aige uaiḋ féin gan a glacaḋ ó áḋḃar nó ó ċúis ar biṫ eile.

An dara séasún, i dtaoḃ na líonṁaireaċta ar an dtaoḃ amuiġ. Mar do ḃéaḋ tobar lán d'uisge ag cur ṫairis, mar sin glacann Dia aige féin an uile líonṁaireaċt, pléasúir agus suḃailciḋe diaḋa do ḋortaḋ ar na créatúiriḃ, naċ nglacann iad aċt ó líonṁaireaċt agus ó ṫorṫaṁlaċt a ḃrollaiġ sin: *de cujus plenitudine accepimus* (Eóin. i. 16).

An tréas séasún, ainmniġeann Dia é féin 'san Sgrioptúir 'n-a ṡruiṫ uisge ḃeó do ṫaoḃ an aṫ-ċruṫuiġṫe, *propter reproductionem*; do réir San Denis, fá mar atáid toibreaċa ná bíd sásta le n-a gcuid féin d'uisge do ċur uaṫa go líonṁar, aċt fós, aiṫ-ḃrisid toibreaċa eile tamall uaṫa ċuireas a gcuid uisge níosa ṡia, mar an gcéadna, ní ḃíonn Dia sásta le hé féin aṁáin do ḋortaḋ a ġrása ar an eaglais, aċt fós cruṫuiġeann nó déineann toibreaċa eile, na deisciobail, maille le huaisleaċt a gcumais agus glaineaċt a dteagaisg do ḋoirtear sroṫa a ġrása ar fuaid an domain. Dá ḃríġ sin, is sruṫ uisge ḃeó é, do ḃríġ go ḃfuil líonṁaireaċt an uile ṁaiṫeasa aige, agus go ndoirteann iad, agus go dtéiḋid sroṫa a ġrása agus a ṫrócaire ar fuaid an domain. Ó, cia againn ná béaḋ fonnṁar, lán-toilteanaċ ċum an tobair ṫrócaire seo, agus ċum sroṫáin na beaṫaḋ síorruiḋe do leanṁaint? Agus, ar a ṡon sin uile, nuair ṗeacuiġmíd, is é an tobar biṫ-ḃeó so ṫréigmíd, agus leanmuid créatúirí boċta truaillíġṫe mar sinn féin, toibreaċa tiorma le naċ féidir éan-ḃraon do'n uisge do ċongḃáil: *me dereliquerunt fontem, etc.* (Ier. ii. 13). Créad é an t-áḃḃar 'n-a gcuirtear na créatúirí i gcompráid leis na puaċairí talṁan? Do ḃríġ ná faġḃann siad an t-uisge aċt ó na flaiṫis, agus naċ féidir leó a ċongḃáil a ḃfad. Ar an moḋ gcéadna, níl suḃail-

ciḋe ar biṫ ag na créatúirí ionnta féin, aċt is ó Dhia aṁáin atáid aca, an té ḋoirtear roinn éigin dá líonṁaireaċt orra, suḃailciḋe naċ féidir leó do ċongḃáil a ḃfad, do ḃríġ naċ mairfid féin aċt go gearr; suḃailciḋe do-ḃeir taiṫneaṁ éigin do ċroiḋe an duine, gé naċ líonann é. Cailleann é agus feóḋċann agus críonann leis an ndroċ-úsáid déantar ḋe; agus, tar a ċeann so (ó a neiṁ-ċirt uaṫḃásaiġ!) is ar an ndroiċ-ṗléasúr malluiġṫe ḋíoṁaoin aiṫġearr so, do-ḃeirid na créatúirí a ngean. Is leis ar mian leó a gcailleaṁaint: *Obstupescite cœli super hoc!* (Ier. ii. 12). Ní heaḋ aṁáin go mbeireann an peacṫaċ an créatúir do roġa ṫar ṁórḋaċt Dé; aċt fós, cuireann a ṗaisiún tar a ċuṁaċt, tar a ṁóir-eagna, tar a ṁaiṫeas, ins an méad 'n-a ḃfuil sé ar a ċumas! Cia ċreidfeaḋ é, muna mbéaḋ ugdarṫás an Sgriopṫúra agus na nAiṫreaċ Naoṁṫa leis?

An tan laḃraim ar an bpaisiún, ní ġlacaim annso é go simpliḋe mar ṁoṫuġaḋ na n-ainṁian ṫugas é féin ar an niḋ so-ṁoṫṫaċ, aċt ar ṁoṫuġaḋ na nádúire loitiġṫe do-ḃeir é féin go toilteanaċ ar an gcréatúir. Glacann an paisiún so ar uairiḃ an peacaḋ mar aṫair; uair eile mar leanḃ, nó mar a ṫoraḋ féin. Agus gaċ uair ṗeacuiġeas an duine, déanann a ḋíċeall ar é féin do ċur os cionn Dé, agus Dia malluiġṫe do ḋéanaṁ de! Ag so an ċúis do-ḃeir ar an Easbol, San. Séam. a ráḋ, naċ ḃfuil éan-duine saor ó ċaṫuiġṫiḃ na hainṁiana so: *cum conceperit, parit peccatum.*—'An tan do ġaḃas, beireann an peacaḋ.' (Séam. i. 15). An tan ḃuaiḋeas an ċolann ar an spioraid in san gcogaḋ ṡíorraiḋe ḃíos eatorra, an tan géilltear do ṁoṫuġaḋ na nádúire loitiġṫe ṫar ṁoṫuġaḋ ġrása Íosa Chríost in san ċaṫ dubrónaċ

so, dearmadtar Dia, gaḃtar do ċosaiḃ 'n-a ġrásaiḃ. Déantar neiṁní dá naoṁ-sprioraid, cuirtear na mí-ḃéasa 'n-a n-ionad, an ṁéad as féidir leó é! Cia adeir é? Naoṁ Aiḃistín ag a raiḃ a ḟios go maiṫ.

Aiṫriġiḋ, a ċáirde, agus tagaḋ luisne teintiġe asaiḃ, insan am ċéadna, i dtaoḃ ḃur ndroiċ-ḃéas, bíoḋ a ḟios agaiḃ go ḃfuil an urḋáil do ḋéiḃ fallsa dá n-adraḋ agaiḃ, agus atá do loċtaiḃ ag a ḃfuil siḃ taḃarṫa, ag a ḃfuil siḃ in ḃur sgláḃaiḋṫiḃ aca, ag taḃairt easonóra agus imḋearga do'n Dia ḟíre! An nglacann tú fearg? Is í an ḟearg so do Ḋia. Ar ġlacais grád mí-riaġalta do'n ṁnaoi so? An paisiún agus an créatúir so do Ḋia. Créad é an fáṫ?—Cibé rud as mian le héan-duine agus dá dtaḃrann sé grád, sin é a Ḋia. Ó, créad í an náire? Créad é an neiṁ-ċeart? Na mí-ġníoṁarṫa sgannlaċa do ċur os cionn Dé; na pléasúir ḃrúideaṁla, ġráineaṁla ṡalaċa do ġráḋċan os cionn an uile ġráiḋ.

Is iad so gníoṁarṫa an ṗeacaiḋ ġránda ṫruailliġṫe. Deir San Aiḃistín: 'Créad é an ní an duine feargaċ? Créatúir do ċuireas splangcaċa teintiġe as a ṡúiliḃ agus as pollaiḃ a ṡróin! Créad é an ní an formadaċ? Créatúir bíos ag faġḃáil ḃáis le tnúṫ! Créad é an ní an duine mór-ḋálaċ iomarcaċ? Deataċ óir! Cá gcuirid na peaċtaiġ Dia? I n-a súiliḃ? Níos ísle 'ná sin. 'N-a gcroiḋe? Níos ísle 'ná sin. I n-íoċtar na talṁan? Níos ísle fós 'ná sin. In san duḃagán? Níos ísle 'ná sin. Créad é an áit? Fá'n gcúḃar ṫuiteas as béal luċta na feirge; fá úsúireaċt luċta an úsúir, fá ṫnúṫ luċta an formaid; fá ḋeataċ luċta na mór-ḋála; fá ṡailċeaċt agus brocġail na striapaċ!'

Do léiġeas ins an Sgrioptúir nár ḃ'ḟéidir leis na flaiṫis ná leis an dtalaṁ Dia do ċongḃáil; do léiġeas go ḃfuil a ṁuiḋeaċán ins an ngréin, agus go ḃfuil an uile ḟoillse 'n-a ṫimċeall; aċt níor léiġeas riaṁ go raiḃ a Ḋiaḋaċt salaċ ó ḃrocġail, duḃ ó'n deataċ; go ndeaċaiḋ sí ar neiṁníḋ fá'n gcréatúir ṫruailliġṫe. Ó, a ṗeacaiḋ, a ṗeacaiḋ ġráineaṁail, taisbeánann tú ḋá níḋ naċ féidir do ṫuigsint—do stoċ an Diaḋaċt as a caṫaoir ċum a cur fá' ċosaiḃ mar stól. Deir Pól Easbal, ag laḃairt ar ṗeacaḋ ġráineaṁail na colna, briaṫra ró-iongantaċa, ar ċor, dá dtuigfiḋe iad mar ba ċóir, naċ measaim go dtuitfeaḋ an té is brúideaṁla ar doṁan go bráṫ in san ṗeacaḋ so. 'Naċ ḃfuil fios agaiḃ,' adeir sé, 'gur géag do ġéagaiḃ Íosa Chríost ḃur gcorp, agus má ḋruideann siḃ leis an méirdriġ go ndéanann siḃ corp na méirdriġe ḋe?' (1. Cor. vi. 15). Tá ḋá ḟírinne ṁóra i mbriaṫraiḃ an Easbail. An ċéad ḟírinne: gur géag do ġéagaiḃ Íosa Chríost siḃ. An dara ḟírinne: má ḋruideann siḃ leis an méirdriġ, agus dá ḃríġ sin nuair ṫuiteas tú ins an ṗeacaḋ so, go ndéanann tú corp na méirdriġe do ġéig Íosa Chríost! Dá dtuigfiḋe na briaṫra so mar ba ċuiḃe, do-ḃéarfainn slán fá'n ndroċ-ḋuine ar mó ar biṫ tuitim i bpeacaḋ marḃ.

Fiafruiġim díoḃ, dá mbéaḋ duine ċóṁ buileaṁail ċóṁ hainḃfiosaċ sin, agus fuil ṫruailliġṫe neaṁ-ġlan do ṁeasgaḋ tré fuil Íosa Chríost ins an ċailís naoṁṫa, créad é an t-uaṫḃás do ċuirfeaḋ oraiḃ? Ní laḃraim níosa ṁó, aċt táid na briaṫra so riaċtanaċ ċum focail an Easbail do ṫuigsint. Créad é an áit as ísle 'ná sin ar ḃ'ḟéidir an Diaḋaċt do ċur? Ní ḃíonn an peacṫaċ sásta leis an gcréatúir do ċur os

cionn Dé, agus Dia do ċur fá n-a ṗaisiún, aċt fós, do-ḃeir sé an diaḃal do roġa ṫar Mhac Dé, agus moṫuġaḋ an deaṁain tar ṁoṫuġaḋ grása Íosa Chríost. Ní cás an ḟírinne do ċur i dtuigsin; do ḃríġ an té ṫugas do roġa an créatúir agus a ṗaisiún tar Dhia, do-ḃeir tosaċ an uilc agus úġdar an ṗeacaiḋ do roġa ṫairis. Céad loċt an ṗeacaiḋ (adeir Tertullianus), tarcuisne do ṫabairt do Dhia: *Deum despicit!* An dara loċt, go dtugann easmuilt do ṫabartas agus do ġrásaiḃ Dé: *dono Dei contumeliam facit.* An treas loċt: go ndiúltuiġeann do Dhia agus go dtré-igeann é: *Deum deserit, eum demum relinquit.* An ceaṫraṁaḋ loċt: go dtugann do roġa an diaḃal ṫar Dhia: *etiam diabolum Deo praeponit.* Ó, dá mbéaḋ fios na fírinne so agam, ar feaḋ na haimsire sin i n-ar ċuireas Dia fá ċosaiḃ an diaḃail, ar feaḋ an oiriḋ sin do ḃliaḋnaiḃ do ċríonas insan bpeacaḋ, ar ḃ'ḟéidir dom aontaḋ do ṫabairt do'n ṗeacaḋ? Ba ḋeónaċ leis an Spiorad Naoṁ sompla dobrónaċ d'ḟág-ḃáil againn ar an níḋ céadna i bpearsain an céad ṗeacṫaiġ, Áḋaṁ, ar ar ċoirmisg Dia baint le toraḋ an ċrainn. I n-éan-ṗeacaḋ aṁáin do-rigne trí peacaiḋe uaṫḃásaċa! D'ḟéaċ ar an uḃall agus ar aiṫne Dé, agus do ṁeas gaċ cuid díoḃ; giḋeaḋ, fá ḋeireaḋ d'iṫ an t-uḃall agus do ḃris an aiṫne! Féaċ an créatúir aige dá ċur os cionn Dé! Do ġlac dúil agus ainṁian é ċum an uḃaill d'iṫe. Ag so an paisiún aige dá ċur ós cionn aiṫne Dé, ar ṡon ná raiḃ an paisiún mí-riaġalta ann an tan sin, aċt gríosaċt an diaḃail agus breáġṫaċt an uḃaill do ċonnaic sé. An treas ní: do ċuir an diaḃal caṫuġaḋ air, agus do claoiḋeaḋ leis é. D'éist sé le Dia agus ṫug tarcuisne ḋó, agus ṫug sé do roġa an diaḃal! Trí roġa do-rigne: an

créatúir, an pairiún, agus an diaḃal; ag so trí soġa easmuilteaċa do ḃeirear an créatúir Áḋaṁ ṫar ṁórḋaċt agus uile-ċuṁaċta Dé i n-éan-ṗeacaḋ. Go mbaḋ toil leis an Tiġearna trócaireaċ, a ċairde ġráḋaċa, siḃ do ṫaḃairt aire ḟírinneaċ, ḟoċraċ do na ḃriaṫraiḃ seo! Gaċ uair ṫuiteann siḃ i bpeacaḋ, ná tugann siḃ an tarcuisne ċéadna do Dhia? Dá dtugaḋ duine easonóir do ḋuine ċáileaṁail, do ḃéaḋ náire air; do raċaḋ ag gaḃáil a leiṫsgéil. Dá dtaḃarṫá easmuilt do'n duine do b'ísle, níor ṁaiṫ leat go ḃfeicfeaḋ tú, agus ba ṁian leat ócáid d'ḟaġḃáil ar ḟeirḃís do ḋéanaṁ ḋó, ċum ná cuiṁneóċaḋ ar an easmuilt ċéadna níos mó. Aċt id' ṫaoḃ-sa, a Thiġearna Dia, id' ṫaoḃ-sa, dá ndliġṫear an uile onóir, an uile ḟómós; id' ṫaoḃ-sa le n-a muiniġmíd féin agus an uile, do líonais sinn led' ṁaiṫeas, ar ḃ'ḟéidir linn a ċur i n-uṁail dúinn féin cia méad easmuilte ṫugamar ḋuit, ad' ċur fá ċosaiḃ an diaḃail, an ċréatúir agus ár bpairiún, gan ár gcroiḋe do réaḃaḋ le caṫuġaḋ, le haiṫreaċas agus le deóra niṁe; gan sinn féin do ṫeilgean fád' ċosaiḃ dá aṫċur ort an sásaṁ as mian leat do ḃaint dínn?—*Quis dabit capiti meo aquam . . . et plorabo* (Ier. ix. 1). Cia ḃéarfas deóra dam mo ḋóṫain, cia ḃéarfas sroṫa searḃa dom' ḟúiliḃ ċum aiṫriġe do ḋéanaṁ in mo ṗeacaiḋiḃ? Dá ḃfeicfeá an urḋáil cneaḋa ar mo ċorp agus atá do ṗeacaiḋiḃ ar m'anam, do ḃéaḋ truaġ agat dom. Dá mbéaḋ a ḟios agat méad truimideaċta an ṗeacaiḋ, ḃéaḋ do ċroiḋe briste le doilġeas. Giḋeaḋ, ní féidir a ṫuigsint. Níl aċt Dia aṁáin ag a ḃfuil fios créad é an tarcuisne agus an ṁiosgais do-ġeiḃ ó'n bpeacaḋ, mar naċ ḃfuil aċt Dia aṁáin ag a ḃfuil fios méad na gráine atá aige air! Déanfam ár ndíċeall ar a

ċur i dtuigsin daoiḃ insan dara roinn dom' ċomráḋ.

Do'n uile níḋ dá raiḃ riaṁ, dá ḃfuil anois agus dá mbéiḋ ċoiḋċe agus go bráṫ, is deiṁin naċ ḃfuil éin-ní aca, agus naċ féidir a ḃeiṫ, i n'áḋḃar fuaṫa agus gráine ag Dia aċt an peacaḋ, do ḃríġ gurab í mór-ċuṁaċta Dé do ċruṫuiġ an uile ní; gurab í a ṁaiṫeas do ċuṁduiġeas iad; gurab í a eagna stiúruiġeas iad; agus gurab í a ċeart ċongḃuiġeas i n-órduġaḋ agus i ngéilleaṁ iad. Ní fuaṫ leis éin-ní aca: *Nihil odisti eorum quae fecisti* (Eagna xi. 25). An dóiġ liḃ go ḃfuil ifrionn féin, cé gurab é ionad an uilc é, i n'áḋḃar fuaṫa ag Dia, mar adeir San Aiḃistín. Ar son gurab é an peacaḋ cúis a ḋéanta, is é Dia do-rigne é mar ionad díoġaltais, agus is í a ġaoṫ fearg an Tiġearna aṁail sruiṫ briomstóin nó ruiḃe do lasas a ṫeinte: *flatus Domini sicut torrens sulphuris succendens eam* (Isaias xxx. 33).

Tar éis an ṗeacaiḋ ḃeiṫ ag cur i n-aġaiḋ a ġrása ar feaḋ móráin aimsire, bíonn sólásaċ do ṫaoḃ pionóis na mallaiġṫeóirí, mar ḃíonn i dtaoḃ sóláis na naoṁ i ḃflaiṫeas Dé. Níl éin-ní, adeir San Crisostom, idir na neiṫe ċruṫuiġṫe fuaṫṁar ag Dia. Níl éin-ní ná feiceann agus naċ ionṁain leis. Níl foirnéis na Baḃlóine fuaṫṁar aige. Téiḋ 'n-a lasraċ leis an dtriúr leanḃ ṁolas é. Níl puaċais na leóṁan fuaṫṁar aige. Téiḋ ann le Daniel fáiḋ. Níl bolg an ṁíl ṁóir, óir sáḃálann Iónas uaiḋ. Níl tobar Ierúsalem, óir sáḃálann Ieremias as. Níl an carn aoiliġ, óir fanann ann i ḃfoċair Iób ṁolas é. Fá ḋeóiḋ, níl éin-ní fuaṫṁar ag Dia aċt tusa, a aṫaiġ ifreannaṁail, a niṁ ḋiablaiḋe, a ṗeacaiḋ ṁairiḃ! Níl aċt tusa ná gráḋann agus ná haiṫniġeann sé, do ḃríġ

naċ ḃfuil aċt tusa ná dearna sé, agus naċ ḃfuil aċt tusa naċ ḃfuil gráḋ aige ḋuit leis an réasún céadna fá ngráḋann sé é féin.

Is uime sin adeirid na Diaḋairí, gurab é miosúr an ġráḋa atá ag Dia air féin as miosúr do'n ḟuaṫ atá aige ar an bpeacaḋ; agus mar is í an ċosaṁlaċt as fundaimint do'n ġráḋ, an ċontrárḋaċt as fundaimint do'n ḟuaṫ; óir níl éin-ní, mar aduḃairt ceana, ċuireas i n-aġaiḋ Dé aċt an peacaḋ, agus, dá ḃríġ sin, ní ḟuil éin-ní as luġa air 'ná é. Craoḃsgaoilfeam an níḋ céadna.

An céad ċáiliḋeaċt do ġráḋ Dé; do ḃeiṫ riaċtanaċ: gráḋann Dia é féin go riaċtanaċ, agus ní féidir leis gan a ġráḋċan; agus is é as réasún leis sin, gurab ionann a nádúir ḋiaḋa is a ġráḋ diaḋa. Ar an moḋ gcéadna mar atá a nádúir ḋiaḋa riaċtanaċ, tá a ġráḋ diaḋa riaċtanaċ; óir is as sin leanas an riaċtanas céadna le n-a ḃfuil Dia ann, is leis sin fuaṫuiġeann an peacaḋ. Agus do ḃríġ naċ féidir leis gan a ḃeiṫ ann, ní féidir leis gan fuaṫ do ḃeiṫ aige ar an bpeacaḋ. *Odit et amat.* Bíonn fuaṫ agus gráḋ aige 'san am gcéadna. *Odit et amat te.* Tá fuaṫ agus gráḋ aige ḋuit, a ṗeacaiġ. Cionnus sin? *Odit quae fecisti et amat quod fecit.* Is mian leis an ngráḋ agus leis an ḃfuaṫ go contrárḋa, agus réiḋtiġeann an ceart iad. Is le hobair Dé ḃaineas an gráḋ, agus le hobair an ṗeacaiġ ḃaineas an fuaṫ.

An dara ċáiliḋeaċt do ġráḋ Dé: a ḃeiṫ síorraiḋe. Ní túisge Dia 'ná a ġráḋ, agus do ḃríġ go ḃfuil ann ó'n uile ṡíorraiḋeaċt, gráḋann é féin ó'n uile ṡíorraiḋeaċt. An dara ċáiliḋeaċt d'ḟuaṫ Dé i n-aġaiḋ an ṗeacaiḋ: a ḃeiṫ síorraiḋe mar an gcéadna. Ní

ṫáinig nóimeant riaṁ saor ó ḋíbfeirg Dé i n-aġaiḋ an ṗeacaiḋ. Ní raiḃ a ḟios agat, a ḋuine ṫruailliġṫe neaṁ-ġlain, an ġráin atá ag Dia ar do ṗeacaiḋiḃ salċa ó'n uile ṡíorraiḋeaċt. Ní raiḃ a ḟios agat, a ḋuine ḟanntaiġ, an ġráin atá ag Dia ar t'úsúireaċt. Ní raiḃ a ḟios agat, a ġiolla an díoġaltais, gaċ uair do ṫairrngis fearg Dé ort mar ġeall ar do ḃuile agus ar do ḋíoġaltas. Is é a réasún sin, gaċ ní atá déanta 'san aimsir go ḃfuil a Dhia go síorraiḋe ann: óir is airteagal do'n ċreideaṁ, ar son naċ ḃfuil an peacaḋ go síorraiḋe ann, go ḃfuil 'n-a áḋḃar fuaṫa ag Dia 'san aimsir, agus, dá ḃríġ sin, go ḃfuil gráin aige air ó'n uile ṡíorraiḋeaċt.

An treas ċáiliḋeaċt do ġráḋ Dé: a ḃeiṫ doi-ċríoċnuiġṫe. Gráḋann Dia é féin ċoṁ mór agus atá sé ro-ġráḋaċ; agus do ḃríġ go ḃfuil sé doi-ċríoċnuiġṫe ro-ġráḋaċ, gráḋann é féin ar an moḋ gcéadna, óir do ḃríġ go ḃfuil sé ro-ġráḋaċ gan áireaṁ, atá ceart, atá naoṁṫa gan áireaṁ. As sin leanas go ḃfuil fuaṫ gan áireaṁ aige ar an bpeacaḋ, do ḃríġ go ḃfuil doi-ċríoċnuiġṫe, contrárḋa dá naoṁṫaċt. As so an ní ṫaisbeánas an creideaṁ dam: an uile ḟuaṫ dá raiḃ, dá ḃfuil agus dá mbéiḋ go bráṫ ins na daoiniḃ, nár ḃ'éin-ní é i gcomparáid d'ḟuaṫ Dé ar an bpeacaḋ. Adeirim ní sa ṁó. Dá mbéaḋ a ḃfuil d'ḟuaṫ ag na diaḃlaiḃ i n-aġaiḋ Íosa Chríost, i n-aġaiḋ a Eaglaise agus i n-aġaiḋ na ndaoine uile, cruinniġṫe i n-éan-ċroiḋe aṁáin, ní héin-ní é i gcomparáid d'ḟuaṫ Dé ar an bpeacaḋ. Creud é an fáṫ? Do ḃríġ go ḃfuil fuaṫ na ndiaḃal soi-ċríoċnuiġṫe agus fuaṫ Dé doi-ċríoċnuiġṫe.

Innsim duit, a ḟir nó a ḃean, má tá tú ar staid an ṗeacaiḋ ṁarḃṫaiġ, gurab mó an fuaṫ atá ag Dia ḋuit

'ná dá mbeiḋṫeá id' áḋḃar fuaṫa ag a bfuil do ḋiaḃlaiḃ i n-ifrionn, id' áḋḃar miosgaise, eascáirdeasa agus ollġráineaċ ag an uile ċréatúir.

An ceaṫramaḋ cáiliḋeaċt do ġráḋ Dé: a ḃeiṫ substainteaṁail. Gráḋann Dia é féin le líonṁaireaċt a ṡubstainte. Dá ḃríġ sin, tá a ḟuaṫ substainteaṁail. Ó naċ bfuil éin-ní aca sgarṫa i nDia, tá a ḟuaṫ 'n-a ṡubstaint. Ní mar sin d'ḟuaṫ na ndaoine. Ní ḃaineann sí aċt le 'n-a dtoil aṁáin, aċt ní mar sin di i nDia. Ní le n-a ṫoil aṁáin do ḃaineann sí, mar aduḃramar, aċt le n-a ċuṁaċta. Eagna, naoṁṫaċt, trócaire, agus an uile ṗerfecsion nó iomláine dá bfuil ann, ar mbeiṫ ḋóiḃ 'n-a substaint aige, fuaṫuiġeann an peacaḋ leó. Mar adeir San Crisostom, cuireann an peacaḋ Dia i staid fórsa nó buaḋċana.

Créad í an staid í seo? Tá, neiṫe do ḋéanaṁ i n-aġaiḋ claona. Agus naċ mór go gcuireann Dia 'san staid seo? Do ḃríġ trócaire Dé iarras a sgaipeaḋ ar na daoiniḃ go dtoirmeasgann an peacaḋ í, ní iarrann an trócaire so aċt grása do ṫaḃairt dúinn. Giḋeaḋ, cuireann an peacaḋ d'ualaċ uirre díoġaltas do ḋéanaṁ. A ṗeacṫaiġ, ataoi damanta. Do ċaillis do ríoġaċt. Do ċaillis t'anam. Do ċaillis flaiṫeas Dé. Is tusa do ċuir d'ualaċ orm a ḋéanaṁ: *Coegisti me* (II. Cor. xii. 11). Ag so an staid i ndéanann an peacṫaċ fórsa ar an dtrócaire.

Créad adeir siḃ anois leis an ḃfírinne seo, a ċriostaiḋṫe? An gcreideann siḃ na neiṫe so, nó naċ gcreideann? Muna gcreideann siḃ anois iad, do-ċífiḋ siḃ go soiléir lá ḃur mbáis iad. Ó, toirisgmid iad do ċreideaṁaint agus d'aiṫint! Créad é an fáṫ naċ raiḃ a ḃfios agam óm' aois óig? Créad é an fáṫ

nár hinnseadh dom iad i n-aois mo dheich mbliadhan? A athair fhailligigh, cá bhfuil tú? Créad é an fáth nár innsis dam go mbéinn im' ádhbhar fuatha agus díbhfeirge ag Dia mar gheall ar éin-pheacadh amháin; fuath riachtanach, fuath síorraidhe, fuath do-chríochnuighthe, substainteamhail! A fhainnt, a fhearg, a dhrúis agus a dhíoghaltais, créad é an fáth nár thaisbeánabhar sibh féin dom' fhúilibh ins an staid uathbhásaigh seo? Créad é an fáth ar lean cúis a fheirge agus a uathbháis sibh chum mé do mharbhadh? Do b'fhéidir go mbéinn deighbheathach agus go bhfaghainn bás i neamh-urchóid. Níor b'fhéidir liom a thuigsin cionnas tá an peacadh i n'ádhbhar díbhfeirge agus gráineach ag Dia chomh mór so. Acht anois airighim é. Anois tuigim é, agus cráidheann mo chroidhe ar son gur ró-dhéidheanach é.

A aithreacha agus a mháithreacha, tá ró-chúramach chum saidhbhris d'fhaghbháil dá bhur gcloinn, agus chum foghlama do thabhairt dóibh, is maith do-ghní sibh é; acht ná dearmadaidh léigheann agus foghlaim na naomh do thabhairt dóibh. Innsidh dóibh an ghráin atá ag Dia ar an bpeacadh, agus gur cóir gráin do bheith air. Cuimhnighidh nach bhfuil do chreideamh ag an gcríostaidhe acht ins an méad a bhfuil fuath aige do'n pheacadh, agus gurab é an fuath so, do réir na n-Aithreach Naomhtha, as fundaimint ag an gcríostamhlacht. *Ea summa ratio religionis, peccati odium.* Is é Cassianus adeir é. An tan bhíos cathughadh ort, smuainigh ar an modh so: Táim do láthair Dé do-chíonn cionnas mar pheacuighim 'n-a fhiadhnaise. Peacuighim 'n-a aghaidh atá ag amharc orm ag déanamh oibre an diabhail. Is uathbhásach an malluightheóir mé. Is diablaidhe mo choir agus fuath mo Thighearna agus a dhíbhfearg do thuilleamhain! Osglaidh bhur súile, a dhearbhráithreacha, agus tugaidh fá ndeara

na briaṫra do ċualaḃair 'san tṡeanmóir seo. Meaḋaiḋ na réasúin; agus ar mbeiṫ daoiḃ lán do ḋoilġeas agus do ḋuḃrón do ṫaoḃ ḃur bpeacaiḋe, cuiriḋ roṁaiḃ ró-ḋíċeallaċ ḃur mbeaṫa do leasuġaḋ. Aḃraiḋ le Dia, le spiorad cráḃaiḋ aiṫriġeaċ—Ó a Ḋia ġráḋṁair, a ṗréaṁ an uile ċarṫannaċta agus an uile ṁaiṫeasa, a líonṁaireaċt na ngrás agus na glóire, an féidir go raḃas ċoṁ mí-ḃéasaċ, ċoṁ droċ-ṁúinte, ċoṁ mí-náireaċ agus peacaḋ do ḋéanaṁ id' aġaiḋ? Uċ! créad do-rignis orm mar go dtiuḃrainn fuaṫ ḋuit, agus créad é an ní ná deárna ċum do ḋíḃfeirge do ṫuilleaṁ agus t'ḟuaṫ do ṫarrang orm? An mar ġeall gur ġráḋais mé; mar ṫugais ċum báis t'Éan-Ṁac ar mo ṡon; mar ba ḋeónaċ leat mo ċoiṁéad agus mo ṡáḃáil ar an uile ḋainnséar; mar d'ḟuasglais ó sgláḃaiḋeaċt an diaḃail mé: mar ṫugais do ġrása ḋom; mar tugais saoġal agus sláinte ḋom tar éis gaċ éasgcruais i n-a raḃas i rioċt báis? An i dtaoḃ na maiṫeasa so ṫugas tarcuisne ḋuit, agus rugas na créatúirí do roġa; ṫugas m'ainṁian truailliġṫe agus ṫugas fós an diaḃal do roġa? An n-iad do ġrása agus t'ḟaḃar fá ndeara ḋom ḃeiṫ ċoṁ buile-aṁail, ċoṁ hainḃfiosaċ i n-aġaiḋ do ḋaonnaċta ró-naoṁṫa? Ó, a Ḋia ṁóir, iarraim párdún ort. Taḃair i ndearmad agus i mí-ċuiṁne mo ṗeacaiḋe. Déan tró-caire orm. Taḃair grása ḋam le n-a ngráḋfad ins an uile ṡíorraiḋeaċt tú—an ní ġuiḋim-se ḋaoiḃ-se agus daṁ-sa, I n-Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Finit an cúigṁeaḋ lá déag do September 'san mbliaḋain d'Aois ár dTiġearna Íosa Ċríost.—1740.

Joannes O'Brien, D.D., composuit.
1739.

Seanmóir a Dó-ḋéag.[1]

AR AN ḂFAOISDIN.

In his jacebat multitudo magna languentium, caecorum, claudorum, aridorum, expectantium aquae motum.

Do ḃí timċeall an tobair seo uiṁir ṁór do ḋaoiniḃ tinne, do ḋallaiḃ, do ḃacaiġiḃ, agus do ḋaoiniḃ boċta ag a raiḃ a mball uile seargṫa, tirim le pairilis, ag súil le corraiġe an uisge.
—(Briaṫra léiġtear ag Eóin v. 3.)

IS míorḃaileaċ an tobar é seo ḃí le taoḃ caṫair Ierúsalem. Is mór an buaiḋ agus an ḃríġ so do ḃí i n-a ċuid uisge. Thigeaḋ aingeal as na flaiṫeasaiḃ i n-am áiriṫe do'n ló, ⁊ do ċorruiġeaḋ an tobar so, ⁊ cibé duine as luaiṫe do tumṫaoi ins an tobar tar éis a ċorraiġe, do leiġeastaoi é gan ṁoill ó'n uile ṡórt galair ⁊ easláinte: *sanus fiebat a quacunque detinebatur infirmitate* (Eóin v. 4).

Ní neaṁ-ċosṁail, a ċáirde, an tobar so le Sacramaint naoṁṫa na Faoisdine, ar an áḋḃar, do réir mar naċ raiḃ maiṫ i n-uisge an tobair úd aċt muna dtigeaḋ aingeal dá ċorraiġe, mar an gcéadna, níl maiṫ 'san ḃfaoisdin aċt muna dtigiḋ aingeal Dé, 's é sin, grása neaṁḋa do ċorraiġe ⁊ do spreagaḋ coinsiasa an ṗeacṫaiġ; ⁊ do réir mar do leiġeasaḋ uisge an tobair úd gaċ easláinte do ḃíoḋ ar an gcolainn, leiġeasann tobar na faoisdine an t-anam ó gaċ luḃra, ó gaċ lot ⁊ ó gaċ easláinte ṁarḃṫaiġ ḃíos air: *confitemini erga alterutrum peccata vestra . . . ut salvemini* (Séam. v. 16).

[1] Murphy MSS., vol. 89, pp. 31-46; vol. 101, pp. 547-561.

I measg an iomaid daoine tinne do ḃí ar ḃruaċ an tobair úd Ierúsalem, ní ḟeicim Críost ag leiġeas éan-duine aca, aċt éan-duine aṁáin do ḃí i bpairilis ṁarḃṫaiġ ar feaḋ oċt mbliaḋan déag ar ḟiċid, ⁊ ċím an ní céadna ag tuitim amaċ ag tobar glóirṁar na faoisdine. Chím na mílte duine ag teaċt go laeṫeaṁail ċum na Sacramainte seo, ag súil le leiġeas d'ḟaġḃáil ar easláinte a n-anma; aċt do-ċím iad ag filleaḋ ar a n-ais ⁊ a gcneaḋa níos dainnséaraiġe 'ná mar do ḃí siad roiṁe: *et fiunt novissima hominis illius pejora prioribus* (Maṫa xii. 45). Goidé ar ciall do so, a ċáirde? An é sin le ráḋ naċ ḃfuil oiread luaiġeaċta nó buaḋa ag an ḃfaoisdin anois is do ḃí innti i dtúis na hEaglaise—nó gur ċaill sí a bríġ anois nuair as mó a riaċtanas? Ar ḃ'ḟéidir faoisdin nó aiṫriġe do ḃeiṫ riaṁ níos riaċtanaiġe 'ná ar an uair seo? Ar ḃ'ḟéidir luḃra an ṗeacaiḋ do ḃeiṫ riaṁ níos leiṫeadaiġe 'ná ar an uair seo? An raḃadar i n-am ar biṫ na bréaga níos iomadaṁla, na mionnaí móra níos minice, drúis agus aḋaltranas níos madraṁla, craos agus meisge níos mó ar ġnáṫaṁ nó i ḃfaisiún, gaduiḋeaċt ⁊ éagcóir ⁊ leaṫtrom na gcoṁursan níos coitċinne idir an uile ṡórt drong daoine 'ná ar an uair seo?

Ó, ní raiḃ gan aṁras, a ċáirde! Aċt i measg an aois galair úd do ḃí ar ḃruaċ tobair Ierúsalem, ċím cuid díoḃ bacaċ, cuid dall, ⁊ cuid eile agá raiḃ a mbaill críon tirim ó'n easláinte; ⁊ is é ṁeasaim, gur fíoġair nó sompla iad ar an muinntir ṫig go laeṫeaṁail ċum faoisdine mar ḋaill, 's é sin, naċ léir dóiḃ a bpeacaiḋe, do ḃríġ naċ gcuairdiġid ⁊ naċ sgrúdaid a gcoinsias—*caecorum;* mar ḃacaiġ, do ḃríġ go ndéinid faoisdin ċam, ḃacaċ, ag folaċ is ag ceilt

cneaḋ a n-anma—*claudorum*. Agus do-ċím iad ag teaċt gan dólás, gan tuirse, le croiḋe tirim, seargṫa, mar an ṁuinntir úd na pairilise—*aridorum*. So an t-áḋḃar, a ċáirde, ḟágḃas faoisdin an iomaid gan toraḋ, gan tairḃe. So an ní do-ḃeir ar ṫobar ṁíorḃailteaċ na haiṫriġe gan cneaḋa ár n-anma do leiġeas; ⁊ ag so an ní ar ar mian liom-sa tráċt indiu, tar éis mo ċoṁráḋ do roinn i dtrí ṗoinntiḃ. Bíonn an ḟaoisdin gan tairḃe nuair do-ġníṫear í gan sgrúdaḋ coinsiasa: ag sin an céad ṗoinnte. Bíonn sí gan tairḃe nuair ná haiṫrisṫear na peacaiḋe go hiomḟlán: sin an dara poinnte. Bíonn sí gan tairḃe nuair naċ ndéantar í le dólás, le caṫuġaḋ ⁊ le tuirse croiḋe: sin an treas poinnte. *Ave Maria, etc.*

I. Aṁail as atáid na mílte gné aicíde ag braiṫ ar an gcolainn ṫairngeas í ċum na huaiġe, tá, mar an gcéadna, míle gné ṗeacaiḋ ag braiṫ ar an anam ṫairngeas í go hifreann: *multiplicatae sunt infirmitates eorum*. 'Táid a ndeacraċa ar n-a méaduġaḋ' (Sailm xv. 4). Aċt tá so do ḋeifir idir aicídeaċa an ċuirp ⁊ an anma, naċ lia aicíd ċorporḋa ann 'ná leiġeas fá leiṫ orra; aċt i n-aġaiḋ gaċ luit ⁊ gaċ aicíde dá dtig ar an anam, d'órduiġ Críost Sacramaint na Faoisdine, nó na hAiṫriġe, aṁáin mar leiġeas agus mar íoc-ḟláinte: *confitemini erga alterutrum peccata vestra, . . . ut salvemini.*—'Adṁaiḋ ḃur bpeacaiḋe dá ċéile, . . . ionnas go mbaḋ slán siḃ dá éis' (Séam. v. 16). Íoc-ḟláinte í seo, adeirim, ar naċ sáruiġeann easláinte ar biṫ dá ḋainnséaraiġe, ⁊ ó ná téid gan leiġeas. Marḃ, goid, robáil, loisg mainistreaċa ⁊ teampuill, déan gaċ gníoṁ dá olcas, ⁊ déan an ḟaoisdin, aċt déan mar as cóir í, agus ġeóḃaiḋ tú párdún ⁊ maiṫ-

eaṁnas ó Dhia ionnta. Ná glac m'ḟocal-sa air seo, a ċríostaiḋe, aċt glac focal Chríost ag Eóin ins an ḃfiċeaḋ caibidil, mar a ngeallann do'n Eaglais i bpearsain na nEasbol, naċ ḃfuil peacaḋ ar biṫ ṁaiṫeann siad-san ar ṫalaṁ, naċ maiṫeann seisean ins na Flaiṫeasaiḃ: *quorum remiseritis peccata, remittuntur eis.*—'Cibé ar biṫ dá maiṫfiḋ siḃ a bpeacaiḋe, atáid maiṫte ḋóiḃ' (Eóin xx. 23).

Maiseaḋ, do réir mar as leiġeas éifeaċtaċ an ḟaoisdin i n-aġaiḋ niṁe an ṗeacaiḋ, is leiġeas í atá ċoṁ riaċtanaċ sin ag an anam, ar ṁoḋ, dá roinnfeaḋ an peactaċ a ṡubstaint uile ar na boċtaiḃ, dá silfeaḋ sé deóra fola le haiṫreaċas, dá dtroisgfeaḋ sé ar feaḋ a ṡaoġail, dá mbéaḋ sé ag urnaiġṫe nó go gcaiṫfeaḋ a ṫeanga,—so agus a ṁíle oiread dá ndéanfaḋ sé, ní ḟuil maiṫ ná tairḃe ḋó ann gan an ḟaoisdin, má's féidir í d'ḟaġḃáil, nó má tá i n-a ċuṁaċta a ḋéanaṁ. Muna gcreidfiḋ tú mise annso, creid an Doċtúir naoṁṫa, San Aiḃistín, ag dearḃaḋ naċ ḃfuil gar ná maiṫ i ndólás an ċroiḋe muna raiḃ adṁáil an ḃéil i n-aice: ***nihil tibi proderit contritio cordis nisi sequatur confessio oris, si possis.***

Dá mbéimís saor uile ó'n bpeacaḋ, ní ḃéaḋ Sacramaint na hAiṫriġe riaċtanaċ againn; aċt mar naċ lia duine ar an saoġal so 'ná peactaċ, ní ṫig le héan-duine a ráḋ go ḃfuil sé saor ó oiblioġáid ⁊ ó ualaċ na haiṫriġe. Is deiṁin go dtéid an iomad ċum faoisdine; aċt, fóiríor, is beag aca do-ġeiḃ a toraḋ. Bíd mar na daill úd an tSoisgéil, ag súil le leiġeas ar ḃruaċ an tobair, aċt ní léir ḋóiḃ an tobar: *caecorum.* Téid ċum faoisdin do ḋéanaṁ; aċt ní ḋéanaid í aċt go hanḃfann, lag, fuar, easbaiḋeaċ. Ní ḃíonn aca aċt taiḋḃse agus sgáile na

faoisdine. Ó, ná meallṫar ṫú, a ṗeacṫaiġ! Ní sgriosann faoisdin mar so an peacaḋ, acṫ a ṁéaduġaḋ. Ní ṫairngeann grádh Dé orainn, acṫ a ḟuaṫ. Ní ḋéanann ár síoṫċáin leis, acṫ a ḟearg do ṁéaduġaḋ; ar an áḋḃar, do réir mar naċ nglacann fear na ḃfiaċ airgead fallsa nó droċ-airgead uainn mar ḋíolaiḋeaċt, mar an gcéadna, ní ġlacann Dia faoisdin ḟuar, ḟallsa, ḃréagaċ uainn mar éiric i n-ár bpeacaiḋiḃ: *maledictus qui facit opus Domini fraudulenter.*—'Is malluiġṫe an té do-ġní oibreaċa an Tiġearna go mainneaċtnaċ' (Ier. xlviii. 10).

Maiseaḋ, naċ faoisdin ḃréige do-ġní an té atá tugṫa d'ól agus do ṁeisge, do ḃréagaiḃ agus do ṁionnaiḃ móra; do-ġní míle smuaineaṁ ndrúiseaṁail salaċ ⁊ naċ stopann ó n-a gcur i ngníoṁ; naċ stopann a láṁ ó ġlacaireaċt ṫruailliġṫe, ná a ḃéal ó ṗógaiḃ mailíseaċa ná ó ḃriaṫraiḃ malluiġṫe baoṫa barbarḋa; naċ dtig smuaineaṁ i n'intinn acṫ ar an saoġal; atá díorrairg,[1] feargaċ, díoġaltaċ. Tar éis beaṫaḋ mí-riaġalta do'n tsórt so, tar éis a ḃeiṫ bliaḋain, b'ḟéidir, agus a ṫuilleaḋ gan faoisdin, an féidir leis an ḃfear so i nóimeant nó ḋó, sgrúdaḋ coinsiais [do ḋéanaṁ],[2] na mór-ṗeacaiḋe seo do ċuimsiuġaḋ ná a gcur i n-órduġaḋ, ionnas go mb'ḟéidir leis a gcur síos dá oide faoisdine? Ó, ní féidir; acṫ muna nglacfaiḋ sé aimsir áiriṫe ċum a ċoinsias do ċuardaċ, ní ḋéanann se faoisdin acṫ faoisdin loċtaċ ḃíos gan ḃríġ, gan toraḋ, gan tairḃe: *maledictus qui facit, etc.*

---

[1] díoṫċoirsgṫe 'sa MS., vol. 101.

[2] Ní ḟuilid an dá focal 'do ḋéanaṁ' 'sna MSS., acṫ is dóċa go ḃfuilid a leiṫéide do ḋíṫ annso.

An té do-ġní faoisdin ṁinic, ċoingḃuiġeas gárda ar a ċéadfadaiḃ, sgrúdas a ċoinsias gaċ oiḋċe ionnas go ndéanfaḋ aiṫriġe i ngaċ olc do-riġne an lá sin, bíonn, 'n-a ḋiaiḋ seo ⁊ uile, crit cos ⁊ láṁ air, ag dul ar a ċoinsias ar eagla naċ nglanfaiḋe é i gceart.

Maise, goiḋé éireoċas do'n té leigeas srian le n-a ainṁianta, naċ stopann ó gaċ olc, naċ gcuiṁniġeann ar a ṗeacaiḋiḃ nó go dtig an nóimeant úd 'n-a dtéiḋ sé ċum faoisdine? Ó! tá, go gcuireann sé síos go minic ar níḋ naċ ndéanann sé, agus naċ gcuiṁniġeann ar leaṫ a ndéanann sé. Ní léir ḋó na móir-ṡléiḃte úd atá ar a ċoinsias. Bíonn sé mar na daill an tSoisgéil ag súil le caḃair le linn corraiġe an uisge, aċt is é ġeiḃ sé go minic i dtobar na ngrás, a ḋamnuġaḋ go síorraiḋe: *jacebat multitudo . . . caecorum . . . expectantium aquae motum.*—'Bhí timċeall an tobair seo uiṁir . . . do ḋallaiḃ . . . ag súil le corraiġe an uisge' (Eóin v. 3).

Cuir coisce 'n-a ṡuiḋe ar do ċoinsias, adeir an Doċtúir naoṁṫa, San Aiḃirtín; ná fág clúid ná coirnéal de gan ċuartuġaḋ, ní go fuar ná go fallsa, ní go spadánta ná go neaṁ-ṡuimeaṁail: *ascende tribunal mentis tuae* (San Aiḃirtín). Dearc ar gaċ droċ-smuaineaṁ do-riġne do ċroiḋe, ar gaċ droċ-ḟocal aduḃairt do ṫeanga, ar gaċ droiċ-ġníoṁ do-riġne tú i n-aġaiḋ Dé nó do ċoṁursan. Tar éis a n-áireaṁ ⁊ á gcur i n-órduġaḋ, sgéiṫ iad ag bara na faoisdine; ná ceil éin-ṗeacaḋ aca tré náire ná tré ṁailís, nó, ma ġnír, ní ḃéiḋ bríġ id' ḟaoisdin, aċt is eaḋ ṁéadóċas tú do ṗeacaiḋ do réir mar ṫairgseas mé 'san dara puinnte.

II. Is eaḋ as faoisdin ann, a ċríostaiḋe, casaoid

do-ġní an peacṫaċ air féin le Dia, i bpearsain an tsagairt, agá mbíonn cuṁaċta absolóid nó párdún do ṫaḃairt dó i n-a ċoirṫiḃ. Maiseaḋ, má's casaoid í as cóir do ḋéanaṁ le sagart agá mbéiḋ cuṁaċta faoisdin d'éisteaċt, goidé do-ḃeir sinn dá déanaṁ go minic le ruagaire reaṫa, le sean-ḃuaċaillí ⁊ le deóraiḋṫe nó strainnséirí? Dá mbéaḋ lot nó tinneas marḃṫaċ ar do ċolainn, ní hé an liaiġ as measa do ṫoiġfeá ċum do leiġeas; ⁊ toġann tú an liaiġ as táire ⁊ as measa ċum cneaḋa díoġḃálaċa t'anma do leiġeas, ⁊ naċ móide go mbíonn uġdarṫás ná cuṁaċta ó'n Eaglais aige absolóid do ṫaḃairt duit. Do-ḃeir tú le tuigsin leis seo, gurab annsa leat do ċolann 'ná an péarla uasal, t'anam, ⁊ go ḃfuil tú neaṁ-ḟuimeaṁail i do ḟlánuġaḋ.

Má's gearán an ḟaoisdin do-ġnímid orainn féin, goidé do-ḃeir sinn, i n-áit casaoide, ag gaḃáil ar leiṫsgéil? Goidé do-ḃeir sinn ag cur clóca ⁊ aṫarraċ data ar ár bpeacaiḋiḃ? Cad as naċ noċtamuid créaċta ár gcroiḋe do liaiġ ár n-anma, má tá súil againn leiġeas d'ḟaġḃáil uaiḋ? Chífiḋ tú an iomad bíos mí-riaġalta loċtaċ, naċ mbíonn le haḋṁáil aca nuair ṫig siad ċum faoisdine aċt neiṫe éadtroma suaraċa; ⁊ má ċreideann tú a sgéal féin, ní hiad as cionntaċ 'san olc do-rigneaḋ, aċt fágḃaid go forṁór a ṫrom ar ḋuine éigin eile. Má ḃeir siad mionna móra, ní raiḃ ann aċt le linn lasáin nó feirge, ⁊ is iad an ċlann nó an ċoṁursa do ḃain asta iad. Má ḃíonn siad a ḃfad i dtiġ an óil, ní mar ġeall ar an diġ, aċt i ngeall ar an gcuideaċtain d'éiriġ sin dóiḃ. Má ċuir siad bréag ar an gcoṁursain i n-a ċlú nó i n-a ṁaoin, ní raiḃ sé aċt éadtrom. An ní céadna d'éiriġ do na bacaiġiḃ úd

do ḃí ag súil le leiġeas le taoḃ tobair Ierúsalem ⁊ nać ḃfuair é, éireóćaiḋ do'n droing seo ṫig le faoisdin ḃacaiġ go bara na Tríonóide, ṫig ćum faoisdine gan ullṁuġaḋ gan sgrúdaḋ do ḋéanaṁ orra féin. Má ṫig leó, leis na leiṫsgéala cama so, clóca do ćur ar ṡúiliḃ an tsagairt, ní ḟéadfaid a ćur ar ḟúiliḃ an Áird-Ḃreiṫiṁ, do-ćí, ní hé aṁáin an droić-ġníoṁ, aćt fós an smuaineaṁ as uaigniġe ⁊ as seicréidiġe bíos 'n-a gcroiḋṫiḃ : *jacebat multitudo magna . . . claudorum . . . expectantium aquae motum.*—'Do ḃí anns uiṁir ṁór . . . do ḃacaiġiḃ . . . ag súil le corruġaḋ an uisge' (Eóin v. 3).

Is gnáṫ leis an mac-tíre nuair ṫéid sé fá'n tréad, breiṫ ar sgornaiġ ar an gcaoiriġ ⁊ an teanga do ġearraḋ aisti gan ṁoill, ar eagla go ndéanfaḋ sí méileać nó tormán do ṁúisgeólaḋ an tréadaiḋe, do-ḃéarfaḋ caḃair ḋi. Mar an gcéadna, do-ġní an mac-tíre gan trócaire .i. an diaḃal, leis an iomad, ⁊ go speisialta le daoine óga claon-náireaća, ag dul dóiḃ ćum faoisdine. Ar eagla go múisgeólaḋ siad tréadaiḋe an anma, Críost, le n-a ndeóra nó le n-a n-osnaiḋe, do-ḃeir sé ar sgórnaiġ orra. Cuireann glas ar a dteangṫaiḃ, ar ṁoḋ nać noćtaid a gcroiḋṫe. Ceilid loćt a n-anma. Do-ġníd bréag le Dia, ⁊ ní le duine; má tá nać ndéanann Dia sompla follas díoḃ ar an mball, ag faġḃáil ḃáis obainn mar fuair Ananias ⁊ Saphira do ċionn gur ċeil siad cuid do luać an ḟearainn do ḃronn siad ar na hEasbolaiḃ, do-ġeiḃ siad, ar a ṡon sin, bás as measa míle uair, mar atá a ndamnuġaḋ go síorraiḋe. Dia linn, a ġráḋ!

Ní héan-ḃuntáiste aṁáin ġlacas an mac-tíre malluiġṫe seo ar an duine, aćt an iomad. An náire baḋ

ċóir ḋó do ḃeiṫ air, fá ġníoṁ ġlonnṁar, ġráineaṁail, ḟalaċ mar an peacaḋ do ḋéanaṁ, goideann sé uaiḋ í. Aċt ċoṁ luaṫ is do-ġní sé an peacaḋ ⁊ gur mian leis a innsin do'n tsagart, do-ḃeir sé ar ais an náire ḋó go dúbalta; ar ṁoḋ, an peaċtaċ so do-rigne an droiċ-ġníoṁ gan náire, gan caṫuġaḋ, nuair as éigean a aḋṁáil ní leigeann an náire ḋó a innsin do'n liaiġ, ⁊ gan an leiġeas i ndán dó gan a innsin: *quod ignorat medicina, non sanat.*—'An ní naċ feas do'n liaiġ, ní leiġeasann é' (San Ierom).

Ó! a ṗeaċtaiġ boiċt, forsgail do ṡúile ⁊ seaċain líonta an spioraid ṁalluiġṫe seo. Sgéiṫ niṁ an ṗeacaiḋ as do ċroiḋe gan ṁoill, nó ḃéarfaiḋ sé bás dod' anam. Noċt go forsgailte, gan fuiġeall, gan leiṫsgéal, cneaḋa t'anma; aċt noċt iad le croiḋe-ḃruġaḋ ⁊ tuirse, nó béid gan leiġeas, do réir mar ṫairgfeas mé 'san treas ṗoinnte.

III. An té lér ṁian íoḋbairt do ḋéanaṁ do'n Tiġearna 'san tSean-reaċt, do réir mar léiġmid i Leaḃar Leuiticus, do ḃaineaḋ an croiceann do ṁart nó do ḃulán, do niġeaḋ an ḟeóil go glan le h-uisge, ⁊ tar éis a gearraḋ 'n-a mion-ṡpólaiḃ, do ċuireaḋ ar altóir í, do ċuireaḋ an sagart a láṁa os a cionn, do ċuireaḋ teine fúiṫe ⁊ do loisgfiḋe í. Do-ġníoḋ íoḋbairt do'n tsórt so síoṫċáin an ṗobuil le Dia, do ró-ṁaolaḋ a ḟearg ⁊ do ṫionntuiġeaḋ gaċ sgiúrsa uaṫa: *ponetque manum super caput hostiae, et acceptabilis erit, atque in expiationem ejus proficiens* (Leu. i. 4).

Mar an gcéadna, gaċ peaċtaċ lér mian a ṡíoṫċáin do ḋéanaṁ le Dia, déanaḋ sé íoḋbairt dá anam ar altóir na faoisdine; aċt sgriosaḋ sé ḋi ar dtúis an sgamal salaċ, ⁊ sean-ċroiceann seargṫa an ṗeacaiḋ.

Niġeaḋ sé í go glan le trom-ḋeóra na haiṫriġe. Déanaḋ sé mion-spólaí ḋí le croiḋe-ḃruġaḋ ⁊ dólás intinne fá ḟeirg do ċur ar Dhia, ⁊ ag éirġe nó ag tógḃáil a láiṁe do'n tsagart os a ċionn, ag ráḋ na mbriaṫar so: *Ego te absolvo, etc.*—'Maiṫim ḋuit,' ⁊c.,—déanfaiḋ an tAṫair síorraiḋe síoṫċáin leis, saorfaiḋ é ó'n mór-ḋíoġaltas do ḃí 'n-a ċionn, múċfaiḋ na boirb-ṫeinte úd ifrinn do ḃí ar lasaḋ fá n-a ċoṁair, aḋanfaiḋ teine na ngrás i n-a ċroiḋe, déanfaiḋ sé a anam do ḃí ċoṁ salaċ duḃ glonnṁar leis an diaḃal, ċoṁ lonnraċ, ċoṁ deallraċ ⁊ ċoṁ geal le haingeal: *acceptabilis erit, atque in expiationem ejus proficiens* (Leu. i. 4.)

Is féidir leis an dólás so atá riaċtanaċ ag an bḟaoisdin, do ḃeiṫ ag an duine ar ḋá ṁoḋ. An céad ṁoḋ ḋíoḃ: nuair ṫaisbeánas a ṫuirse ⁊ a ḋubrón ar an dtaoḃ amuiġ le n-a ḋeóra agus le n'osnaiḋe. An dara moḋ: nuair ġoilleas air ó ċroiḋe an peacaḋ do ḋéanaṁ, ar son naċ dtaisbeánann é ar an dtaoḃ amuiġ.

Tá an céad dólás díoḃ so ion-ṁolta ⁊ ró-ṫairḃeaċ, aċt níl sé riaċtanaċ, do ḃríġ naċ é gaċ n-aon le n-a dtig a ḋeóir do ṡileaḋ nuair baḋ ṁian leis; aċt tá an dara moḋ, 's é sin, dólás an ċroiḋe, ċoṁ riaċtanaċ sin i Sacramaint na Faoisdine, ar moḋ, muna raiḃ dólás ⁊ tuirse an ċroiḋe 'n-a haice, naċ faoisdin í aċt faoisdin ṁagaiḋ, faoisdin gan ḃríġ, gan toraḋ: *doleat et ingemiscat peccator, necesse est* (*Tertull. De Penit*)

Uċ! a ċáirde, goiḋé a laiġead agaiḃ ṫig ar an uair seo ċum na faoisdine le dólás ceart? Goiḋé ṁéad agaiḃ do-ġní aiṫris ar luċt ṗairilise an tobair úd Iarúsalem, ⁊ ṫig ar ḃur gcunntas le croiḋe críon ró-ṫirim—*aridorum*? Goiḋé ṁéad agaiḃ ṫéid ċum

faoistine gan aṫṁaoltas, gan faitċeas, gan crioṫnuġaḋ, aċt mar do ḃéaḋ siḃ ag dul i gceann ḃur ngnóṫaiḋe saoġalta? Measann siḃ gur leór ḋaoiḃ ḃur ḃpeacaiḋe do ċur síos ar sġáṫ dóláis nó tuirse croiḋe. Ní ḃíonn a leiṫéid do ċúis ann, ní as furas 'aiṫint ar olcas do-ġní siḃ ḃur mbeaṫa do leasuġaḋ tar éis faoistine, ⁊ ar éasġaiḋeaċt is ṫuiteas siḃ ins na coirṫe céadna i n-a raiḃ cionntaċ roiṁe.

Naċ ḃfeicimid go laeṫeaṁail luċt na mionna mór ċoṁ tugṫa ċum an ṗeacaiḋ seo, ⁊ do ġnáṫ tar éis faoistine, is do ḃíodar riaṁ roiṁe sin? Naċ ḃfeicimid luċt na drúise ċoṁ claon ċum an ṗeacaiḋ seo i ndiaiḋ faoistine is do ḃíodar riaṁ roiṁe sin? Naċ ḃfeicimid luċt na meallṫóireaċta ⁊ na gadaiḋeaċta ċoṁ leigṫe ċum cuid na coṁursan tar éis faoistine is ḃí siad riaṁ roiṁe? Goidé as ciall dó so, a ċáirde? Ó! tá easbaiḋ dóláis do ḃeiṫ orra ó ċroiḋe. Dá mbéaḋ fuaṫ díreaċ aca ar an ḃpeacaḋ do réir mar órduiġeas an aiṫriġe ḟírinneaċ, níor ḃaoġal dóiḃ tuitim ann ċoṁ luaṫ so.

Aċt goidé éireóċas do'n ṁuinntir seo do-ḃeir easonóir do'n ḟaoisdin, ag dul ar ḟeilḃ a déanta gan ullṁuġaḋ, gan tuirse croiḋe, gan dólás? Nó goidé éireóċas do'n ṁuinntir seo ġeallas go minic do Dhia le linn faoistine, cúl do ṫaḃairt do'n ṗeacaḋ agus a mbeaṫa do leasuġaḋ? Ó! tá, an tSacramaint seo d'órduiġ Críost ċum ḃeiṫ 'n-a hioc-ṡláinte ag an anam, go n-iompuiġeann sí ċum ḃeiṫ 'n-a niṁ ṁarḃṫaiġ aici. Do-ġní Dia foiġde leó, mar adeir an Fáiḋ Ríoġaṁail, ar feaḋ tamaill, aċt do-ḃeir sé iad ċum cunntais fá ḋeireaḋ: *inimici Domini mentiti sunt ei, et erit tempus eorum in saecula* (Sailm lxxx. 16). Aṁail is mar adéaraḋ sé: 'An

ṁuinntear so do-ġní bréaga liom-sa anois, ⁊ ġeallas a mbeaṫa do leasuġaḋ ⁊ naċ ndéanann é, éistfiḋ mise leó ar feaḋ tamaill; leigfiḋ mé ar a n-aġaiḋ iad ins an olc; aċt tiocfaiḋ an t-am i n-a gcuirfiḋ mé iad i n-a bpríosún duaiḃseaċ ḋorca ḋoiṁin mar naċ mbéiḋ do ċuideaċtain aca aċt diaḃail ⁊ deaṁain; naċ gcluinfiḋ a gcluasa aċt mallaċta ⁊ dia-ṁaslaḋ; naċ mbéiḋ do ḃiaḋ aca aċt teine, ruiḃ ⁊ naṫraċa niṁe; naċ mbéiḋ do ḋiġ aca aċt domblas, gafann ⁊ gaċ ní dá ṡeirḃe; mar a mbéiḋ teinte dá losgaḋ, teanaċra dá stracaḋ, diaḃail dá súistriuġaḋ, naṫraċa niṁe dá n-iṫe, ⁊ sin uile gan fóiriṫin, gan furtaċt ċoṁ fada is ḃéas Dia ag caiṫeaṁ na glóire: *in ignem aeternum* (Maṫa xxv. 41).

Ó! a ċríostaiḋe, ar a raiḃ do ṁío-ḟortún tuitim i luḃra an ṗeacaiḋ, ná codail ar ċneaḋaiḃ t'anma. Imṫiġ gan ṁoill go tobar na ngrás .i. an ḟaoisdin, mar a ḃfaiġiḋ tú íoc-ṡláinte i n-aġaiḋ gaċ luḃra ⁊ gaċ luit do-rigne an peacaḋ ar t'anam. Ná habair mar an duine mboċt úd an tSoisgéil, naċ ḃfuil duine agat do ċuirfeaḋ ins an tobar tú: *hominem non habeo* (Eóin v. 7). So Íosa Críost i gcrann na Croise, ⁊ a láṁa sínte amaċ fád' ċoṁair ċum do ġlacaḋ ċoṁ luaṫ is ṫionntóċas air: *sumat crucem.* So aingeal Dé, .i. an Eaglais, réiḋ ċum an uisge do ċorruġaḋ fád' ċoṁair. Tar, mar sin, le dóċas ⁊ le misneaċ, aċt tar le dólás ⁊ le tuirse croiḋe. Adṁuiġ do ṗeacaiḋe gan leiṫsgéal, gan fuiġeall, ⁊ ġeóḃaiḋ tú ó Dhia leiġeas na ngrás ins an tṡaoġal so ⁊ an ġlóire ṡíorraiḋe ins an tṡaoġal eile. Amen.

A.D. 1814.

Seanmóir a Trí-déag.

AR AN gCEAṪRAṀAḊ hAIṪNE.[1]

Honora patrem tuum et matrem tuam, ut sis longaevus super terram.

Taḃair dod' aṫair ⁊ dod' ṁáṫair onóir, ionnas go mbaḋ fad-ṡaoġalaċ tú ar talaṁ.—(Ecsod. xx. 12.)

A aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa—Ná bíoḋ iongnaḋ oraiḃ má laḃraim liḃ go dian ins an ċoṁráḋ so, do ḃríġ go dtig sonas nó donas dúiṫċí go léir ar an taḃairt suas maiṫ, nó ar an droċ-oileaṁain, le n-a riaruiġeann siḃ ⁊ le n-a gceapann siḃ ḃur gclann i dtúis a n-óige. Fá mar órduiġ Dia do'n ċloinn gráḋ ⁊ géilleaḋ, urraim ⁊ onóir, caḃair ⁊ congnaṁ do ṫaḃairt dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ, agus a réir do ḋéanaṁ ins gaċ níḋ baineas le réasún ⁊ le dliġeaḋ Dé; mar an gcéadna, d'órduiġ do na haiṫreaċaiḃ ⁊ do na máiṫreaċaiḃ cion ⁊ gráḋ do ṫaḃairt dá gcloinn, ⁊ iad do ṫaḃairt suas do réir a n-acfuinne ins an uile níḋ ar riaċtanaċ i dtaoḃ sláinte cuirp ⁊ anma; ⁊ is iad an dá oibliogáid réaṁ-ráiḋte sin, do ḋéanfaiḋ dá roinn do'n ċoṁráḋ so.

I. Léiġmíd 'san oċtṁaḋ caib. déag do Ġhenesis (rr. 17-19) na bréiṫre adeir Dia le hÁbram: *Num celare potero Abraham quae gesturus sum: cum futurus sit in gentem magnam ac robustissimam, et benedicendae sint in illo omnes nationes terrae. Scio enim quod praecepturus*

---

[1] Murphy MSS., vol. 101, pp. 122-136.

sil filiis suis, et domui suae post se, ut costodiant viam Domini, et faciant judicium et justitiam. Féaċaiḋ, a ċríostaiḋṫe, gur mór an luaċ saoṫair do ġeallas Dia d' Ábram ar son a ċur d'ḟiaċaiḃ ar a ċloinn ⁊ ar a ṁuinntir, aiṫeanta ⁊ dliġeaḋ Dé do ċoiṁéad. Geallann dó go mbéiḋ a ṡlioċt tar 'éis go líonṁar cumasaċ, ⁊ go mbéiḋ raṫ orra ar fuaid náisiún an doṁain. Cuirfiḋ Dia, mar an gcéadna, raṫ oraiḃ-se ⁊ ar ḃur slioċt, má's áil liḃ ḃur gclann do ṫaḃairt suas i ngráḋ ⁊ i n-eagla Dé, mar do-rigne Ábram.

Léiġtear 'san leaḃar soin Ecclesiasticus, pasáiste breaġ ar an níḋ gcéadna: *Filii tibi sunt? erudi illos, et curva illos a pueritia illorum.*—'Má tá clann agaiḃ, teagaisgiḋ iad ⁊ cromaiḋ a gceann i dtúis a n-óige' (Eccli. vii. 25). *Et vos, patres, nolite ad iracundiam provocare filios vestros, sed educate illos in disciplina et correptione Domini.*—'Siḃ-se, a aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa, tugaiḋ deiġ-eólas dá ḃur gcloinn, ⁊ smaċtuiġiḋ iad' (Ephes. vi. 4): is é a ċiall sin, tugaiḋ suas ḃur gclann i n-eólas, i ngráḋ, i n-eagla ⁊ i seirḃís Dé. Tá pasáiste breaġ eile 'san seiseaḋ caib. déag d'Ecclesiasticus (rr. 3, 4): *Melior est enim unus timens Deum quam mille filii impii, et utile est mori sine filiis quam relinquere filios impios.*—'Is fearr éan-ṁac aṁáin ar a mbéaḋ eagla Dé 'ná míle droċ-ṁac; ⁊ is fearr do neaċ bás d'ḟaġḃáil gan cloinn 'ná droċ-ċlann d'ḟaġḃáil tar 'éis.' *Qui diligit filium suum, assiduat illi flagella . . . Qui docet filium suum, laudabitur in illo, et in medio domesticorum in illo gloriabitur.*—'An té ġráḋuiġeas a ṁac, smaċtuiġeann sé go fríoċnaṁail é . . . An té ṫeagaisgeas a ṁac, molfar é, ⁊ béiḋ mórḋáil air i measg a ṁuinntire' (Eccli. xxx. 1, 2). Ar an áḋḃar sin, is é cúram ar prionnsapálta ar

cóir do na haiṫreaċaiḃ ⁊ do na máiṫreaċaiḃ do ḃeiṫ orra, suḃailcí ⁊ soi-ġníoṁarṫa ⁊ soi-ḃéasa do ṁúnaḋ dá gcloinn.

Deir Tobias le n-a ṁac 'san gceaṫraṁaḋ caib. (r. 23): *Multa bona habebimus si timuerimus Deum et recesserimus ab omni peccato et fecerimus bene.*—'Béiḋ ár ndóṫain maoin saoġalta againn, má ḃíonn eagla Dé orainn, ⁊ má ġnímíd na peacaiḋe do ṡeaċnaḋ ⁊ na deaġ-oibreaċa do ċoiṁlíonaḋ.' Ní fuláir dá réir sin, adeir San Basilus, na leinḃ do ċearaḋ ⁊ do ċeartuġaḋ i dtúis a n-óige. An feaḋ ḃíos an ċéir bog, is féidir clóḋ duine nó aingil nó diaḃail do ċur uirri. An crann óg, is féidir é ċúbaḋ, é do ċromaḋ ⁊ d'iompoḋ cibé taoḃ 'n-ar ṁaiṫ leat; giḋeaḋ, má ḟanann tú go mbéiḋ an crann mór, láidir, ní féidir feacaḋ ar biṫ do ḃaint as: *adolescens juxta viam suam; etiam cum senuerit non recedet ab ea* (Seanráiḋte xxii. 6); nó, mar adeir an sean-ḟocal 'san ḃFrainncis: *ce qu'on apprend au ber, on le retient jusqu' au ver*, .i. an ní tóigṫear 'san óige, fanann go heisléine.

Mo ṫruaġ sin! is cruaiḋ an cunntas ḃainfiḋ Dia do na haiṫreaċaiḃ ⁊ do na máiṫreaċaiḃ do ṁúineas dá gcloinn easgaine ⁊ anġuiḋe ⁊ cainnt an diaḃail. Do b'ḟearr dóiḃ na teangṫa do ġearraḋ as a mbéalaiḃ amaċ, ⁊ ḃeiṫ balḃ, ná dul go hifrionn dá ndeasgaiḃ. Níl éan-náisiún 'sa ċríostaiḋeaċt as mó atá tugṫa do ċainntiḃ ġránda ḋiablaiḋe 'ná an t-oileán boċt so na hÉireann. Go n-oibriġiḋ Dia i n-a gcroiḋṫiḃ iad do ḟeaċaint ⁊ do ṫréigean as so suas!

A aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa, oraiḃ-se d'aiġeóraiḋ Dia go cruaiḋ gaċ éin-ṗeacaḋ ḋéanfas ḃur gclann an feaḋ ḃéid fá n-ḃur smaċt. Is cruaiḋ an cunntas do ḃainfear díḃ, muna gcuirfiḋ siḃ grάḋ ⁊ eagla Dé i

n-a gcroiḋṫiḃ. Tá d'ualaċ oraiḃ-se Paidir ⁊ Cré, Aiṫeanta Dé ⁊ na hEaglaise, puinnc ⁊ airteagail a gcreidiṁ do ṁúnaḋ nó do ċur dá múnaḋ ḋóiḃ, ⁊ a ċur fá deara orra a gcoiṁlíonaḋ, ar an áḋḃar ná fuil sáḃáil 'n-a gcionn 'n-a n-éagmais siúd. Ar an áḋḃar sin, tá sé ceangailte oraiḃ ḃur gclann do ċur ar sgoil ċum aiṫeanta Dé ⁊ riaġlaċa a gcreidiṁ do ṁúnaḋ ⁊ do ṫeagasg dóiḃ.

Naċ mór an ḃarḃarḋaċt do'n aṫair ná do'n óglaċ ḃíos ag gearán i dtaoḃ sé pingne 'san mí do ḋíol a sgolaiḋeaċt a ṁic, ⁊ ná déanfaḋ an fear céadna suim ná dócaṁal ar biṫ, tuistiún do ṫaḃairt ar ṗota boirinne nó leiṫ-réal ar ċeaṫraṁain manglaim 'san tsreaċtṁain, ċum sásuiġṫe na colna ainṁianaiġe?

Tar éis sgríoḃaḋ ⁊ léiġeaṁ dóiḃ, cuiriḋ le céird éigin a mbeaṫaḋ iad. Ní náireaċ do ḋuine dá ḟeaḃas é, beiṫ 'n-a ṫáilliúir, i n'úcaire, nó i n'ḟiġeadóir, nó céird éigin eile do ḃeiṫ aige; giḋeaḋ, is náireaċ ḋó beiṫ 'n-a ċladaire, 'n-a ḋéirceóir, nó 'n-a ḃiṫeaṁnaċ. Ní ḟuil ní 'sa doṁan ar mó ḃoiċtniġeas na hÉireannaiġ ⁊ do-ġní déirceaċáin díoḃ 'ná easbaiḋ céirde a mbeaṫaḋ. I náiriúnaiḃ eile, dá mb'ḟiú míle púnt an páirtiḋe 'san mbliaḋain, ní sgorn ná náire leó céird a mbeaṫaḋ, mar atá fiġeadóireaċt nó gréasaiḋeaċt nó gaiḃneaċt, do ṁúnaḋ dá gcloinn, ar an áḋḃar atá a ḟios aca, dá ċruaḋaċt do cuirfear ċuige iad, go mbainfid beaṫa as a sláinte mar ġeall ar an gcéird; giḋeaḋ, eadrainne, na hÉireannaiġ, roiṁ an aimsir seo, do ḃí an oiread sin do ṫubairt, d'anuaḃar ⁊ d'uireasbaiḋ céille orainn, gur ṁór an náire le mac sgolóige nó díolṁanaiġ, ní airṁim fear stáit nó tiġearnais, a gclann do ċur le ceannaiḋeaċt nó le céird éigin eile ar biṫ do na céardaiḃ réaṁ-ráiḋte. Créad

d'imṫiġeas orra 'n-a ḋiaiḋ sin, nuair ṫéid siad ċum boċtaineaċta? Imṫiġid 'n-a mbiṫeaṁnaċaiḃ ⁊ 'n-a mbuaċaillíḃ díoṁaoine, ⁊ tigid 'n-a ḋiaiḋ sin ċum na croiċe. Bíoḋ siḃ-se níos garda 'ná ḃur sinnsir. Múiniḋ céird a mbeaṫaḋ dá ḃur gcloinn. Bainiḋ an díoṁaoineas as a gcnáṁaiḃ. Ceapaiḋ ⁊ ceartuiġiḋ iad, i ḃfíor-ṫosaċ a n-óige, ċum duaiḋ ⁊ saoṫair, ⁊ ċum beaṫa do ṫarrang go macánta mar ġeall ar a sláinte. Ná tugaiḋ droiċ-ċleaċtaḋ ná droċ-ṡompla ḋóiḃ, óir gaċ ní ċífid agaiḃ-se dá ḋéanaṁ, ⁊ ċluinfid agaiḃ dá laḃairt, foġlamuid na neiṫe céadna ⁊ do-ġníd aiṫris orra.

Smaċtuiġiḋ iad, mar an gcéadna. Ní ḃíonn an raṫ aċt mar a mbíonn an smaċt. *Qui parcit virgam, natum non diligit ille,* mar adeir an file Laidne: 'an té spárálas an sgiúirse, ní hionṁain leis an leanḃ.' Deir San Criosostom, na haiṫreaċa ⁊ na máiṫreaċa ná smaċtuiġeann a gclann mar as cóir, gur measa iad 'ná murduiréirí .i. fionġalaiġ, do ḃríġ, na fionġalaiġ ná déanaid aċt an t-anam do sgaraṁain leis an gcorp, gé go dtig, do ḋeasgaiḃ failliġe na n-aiṫreaċ ⁊ na máiṫreaċ, go gcaillid a gclann a gcorp ⁊ a n-anam, ⁊ go ndóiġtear i dteintiḃ síorraiḋe Ifrinn iad.

Créad an leiġeas atá air seo? Éist leis an Eagnaiḋeaċ 'san Sgrioptúir mar a n-abair: *Tu virga percuties eum; et animam ejus de inferno liberabis,* .i. 'gaiḃ-se do sgiúirsiḃ air, ⁊ saorfaiḋ tú a anam ar ifrionn ⁊ ó ḋamaint ṡíorraiḋe' (Seanráiḋte xxiii. 14). Tá stair uaṫḃásaċ 'san Sgrioptúir 'san treas caibidil ⁊ 'san gceaṫraṁaḋ caib, do'n ċéad leaḃar do Leaḃraiḃ na Riġte ar Heli, an t-áird-ċléireaċ, ar son go raiḃ sé féin 'n-a ḋuine naoṁṫa, do ḃíodar a ċlann

tugṫa do ċraos ⁊ do ḋrúis, ⁊ dar leat ṫug seisean faillíġe ionnta. Créad d'imṫiġ air? Do dallaḋ an duine maiṫ. Do ċaill sé a raḋarc. Do marḃaḋ deiċ míle fiċead dá ṁuinntir i n-éan-ló amáin air. Do ġaḃadar a náimde é. Ophni ⁊ Phinis do b'ainm dá ḋís ṁac. Do marḃaḋ i n-ean-ló iad. Nuair ċualaiḋ sé féin na sgéalta sin, do ṫuit ṫairis siar, ⁊ do briseaḋ a ṁuinéal. Bean a ṁic, rug sí clann ṁarḃ, ⁊ fuair sí bás mar an gcéadna.

Ó! a Ḋia uile-ċuṁaċtaiġ, créad an treilis ṁío-ḟoirtiúin seo ṫig a holc ⁊ a hearráid na cloinne, ⁊ as an ḃfaillíġe ṫug a n-aṫair iad do smaċtuġaḋ!

Cuireann San Béarnárd síos a leiṫéid eile d'eaċtra ar droċ-ṁac do ḃí ag dul dá ċroċaḋ. Do ġlaoḋuiġ sé a aṫair ċuige, ⁊ aduḃairt go raiḃ sgéal prioṁáideaċ aige le n-innsint dó; ⁊ iar ndruidim a ḃéil le n-a ċluais dó, do ġearr an ċluas amaċ ó'n gceann le n-a ḟiaclaiḃ de. 'Bíoḋ sin agat, a ṁalluiġṫeóir,' ar sé; 'dá smaċtuiġṫeá mise an tan ḃíos óg, ní ṫiocfainn ċum na críċe seo indiu.'

Ó! a aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa, bíoḋ cuiṁne agaiḃ ar na sompláiḃ seo, ⁊ innsiḋ dá ḃur gcloinn iad.

II. Ins an dara roinn do'n ċoṁráḋ so, laḃarfamuid ar an úsáid ⁊ ar an iomċur as cóir do'n ċloinn do ṫaḃairt dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ. *Honora patrem tuum et matrem tuam, ut sis longaevus super terram,* .i. 'onóruiġ t'aṫair ⁊ do ṁáṫair ċum go mbéaḋ saoġal fada agat.' Cuireann an aiṫne trí oibliogáidí ar an gcloinn. An ċéad oibliogáid .i. gráḋ, onóir ⁊ urraim oo ṫaḃairt dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ. An dara oibliogáid, a dtoil ⁊ a réir do ḋéanaṁ 'san uile níḋ ḃaineas le réasún ⁊ le dliġeaḋ Dé. An treas oibliogáid, caḃair ⁊ congnaṁ

do ṫaḃairt dóiḃ i n-a riaċtanas. Táid na hoibliogáidí seo coṁ ceangailte sin ar an gcloinn, go dtugann Dia a ṁallaċt dóiḃ, má ġníd bun-os-cionn nó contrárḋa leó.

Éistiḋ leis na briaṫraiḃ atá 'san Sgrioptúir ar an ngnó sin, inis an aonṁaḋ caib. fiċead do Dheutoronomi (rr. 18, 19): *Si genuerit homo filium contumacem et protervum, qui non audiat patris aut matris imperium . . . ; apprehendent eum et ducent ad seniores civitatis illius et ad portam judicii, etc.* Is é a ċiall sin, má tá do ċlann cinn-tréan neaṁ-urraṁaṁail, ionnas naċ áil leó do réir ná do ṫoil do ḋéanaṁ, ceangail iad, ⁊ beir iad do láṫair ceann-urraid an ḃaile, ċum dorais cúirte an ḃreiṫeaṁnais, ⁊ innis dóiḃ go ḃfuil an té sin dod' ċloinn easurramaṁail mío-náireaċ, ⁊ ná déanfaḋ do ċoṁairle, ⁊ go ḃfuil sé tugṫa d'olc ⁊ d'earráid. Annsin gaiḃdís muinntear an ḃaile go huile rúsgaḋ do ċloċaiḃ air nó go mbainid an t-anam as.

A ċríostaiḋṫe croiḋe, féaċaiḋ créad é géire an smaċta ⁊ uaṫḃásaiġe an ṗionóis d'órduiġ Dia féin do ṫaḃairt do'n droċ-ċloinn. Adeir an Sgrioptúir i n-áit eile: *qui percusserit patrem suum aut matrem, morte moriatur*, .i. 'an té ḃuaileas a aṫair ná a ṁáṫair, cuiriḋ ċum báis é' (Ecsod. xxi. 15); ⁊ 'san áit ċéadna: *qui maledixerit patri suo vel matri, morte moriatur*, .i. 'an té laḃras go holc le n-a aṫair nó le n-a ṁáṫair, cuirṫear ċum báis é' (Ecsod. xxi. 17). Adeir Solaṁ mac Dáiḃí: *oculum, qui subsannat patrem, et qui despicit partum matris suae, effodiant eum corvi de torrentibus, et comedant eum filii aquilae*, .i. 'an té do-ḃeir táir nó tarcaisne dá aṫair nó dá ṁáṫair, go mbainid na fionnóga a ṡúile amaċ, go n-itid fiolair

⁊ fiaċa duḃa an aeir a ċonaḃlaċ' (Seanráiḋte xxx. 17). Naċ uaṫḃásaċ na bréiṫre ⁊ na breiṫeaṁnais iad so go léir ag gluaiseaċt a béal Dé uile-ċuṁaċtaiġ!

Ag so síos na cáis i n-ar gnáṫaċ leis an gcloinn peacaḋ marḃṫaċ do ḋéanaṁ. An té ḃuaileas a aṫair nó a ṁáṫair, do-ġní bagairt orra, do ṫugann easurraim ḋóiḃ, do ċuireann fearg orra, d'órduiġeann a mbás, muna mbeaṫuiġiḋ iad an tan bíos boċt, nó má ṫéid ag cur orra do láṫair an ḃreiṫiṁ, nó má ṫugann tarcaisne ḋóiḃ,—i n-éan-ċás díoḃ so, do-ġní an ċlann peacaḋ mór damanta marḃṫaċ. Agus is é réasún atá leis seo, gur mór an díomḃuiḋeaċas ⁊ an neaṁ-ṁoṫuġaḋ, gan coiṁéad, gan cuiṁne do ḃeiṫ ar an muinntir fá ḃun Dé ṫug ar an saoġal ṫú, ⁊ fuair mórán dod' ċúram dod' ċoṫuġaḋ ⁊ dod' ḃeaṫuġaḋ nuair ḃís óg. Dá réir sin, bí siúrálta gur mór an sonas ⁊ an séan saoġalta ḋuit maireaċtain ċum ċúmais do ḃeiṫ [agat[1]] comaoine ⁊ cúiteaċ (dá ṁéad ḟéadfair) do ṫaḃairt dod' aṫair ⁊ dod' ṁáṫair, ⁊ gur ḋóiċíde raṫ Dé ⁊ an tsaoġail do ḃeiṫ ort; ⁊ má ṫuilleann tú a mallaċt, ná béiḋ sos ná sóġnaṁ ort go bráṫ.

Bíoḋ a ḟinnéiḋ sin ar Cham mac Naoi, do ṁalluiġ a aṫair i dtaoḃ ḃeiṫ ag magaḋ faoi. Bíoḋ a ḟinnéiḋ, mar an gcéadna, ar Absalom, dár croċaḋ a crann é le n-a ġruaig féin, ⁊ 'gár cuireaḋ trí saiġde do ġai tré n-a ċroiḋe i dtaoḃ éirġe i reibilliontaċt nó i méirleaċas i n-aġaiḋ a aṫar féin, Dáiṫ Rí, fá mar léiġtear 'san dara leaḃar do Leaḃraiḃ na Ríġṫe (xviii. 6-14).

---

[1] Ní ḟuil an focal so 'sa MS., aċt samluiġṫear go ḃfuil focal éigin mar é do ḃíṫ annso.

Cuireann Valerius Maximus ⁊ Plinius somplaí breaġṫa síos ar ḋís óg-ḃan dár daoraḋ a n-aṫair ⁊ a máṫair ċum báis d'ḟaġḃáil do ġorta i bpriosún. Do ṫéiḋidís an ḋís óg-ḃan gaċ éan-lá do'n ṗriosún ; ⁊ ó ná leigfiḋe éan-tsórt bíḋ ná diġe isteaċ leó, is é seift do-ġnídís, a mbainne cíċe do ṫaḃairt dá n-aṫair ⁊ dá máṫair a gan-ḟios. Do ḃíodar mar sin dá mbeaṫuġaḋ a ḃfad d'aimsir, gur fríṫ amaċ fá ḋeireaḋ é, ⁊, dá ḋruim sin, go rugaḋ do láṫair an uaċtaráin iad. Agus is é breiṫeaṁnas rugaḋ orra, an lánaṁa ċríonna do ṡaoraḋ ⁊ a n-anam do ṫaḃairt dóiḃ, ⁊ suim áiriṫe airgid do ġearraḋ ar an mbaile i n-aġaiḋ na bliaḋna mar luaċ saoṫair do'n ḋís óg-ḃan i dtaoḃ a gcinil ⁊ a gcarṫannaċta dá n-aṫair ⁊ dá máṫair. Féaċaiḋ, a ċáirde ġráḋaċa, an soirtiún saoġalta sin féin do-ḃeir Dia do'n deaġ-ċloinn !

Tráċtann Stair na Seapáine ins an 25aḋ leaḃar, caibidil a hoċt, go raḃadar triúr dearḃráṫar ann, 'sa mbliaḋain 1604, do ḃí lán do ċinéal ⁊ do ċarṫannaċt dá máṫair. Thángadar ċum ḃeiṫ boċt uireasbaċ, ar ṁoḋ naċ raiḃ ar a gcumas dóiḃ congnaṁ ar biṫ do ṫaḃairt dá máṫair. Um an am sin, do ċuir rí na dúiṫċe sin fógra amaċ, go dtiuḃraḋ suim ṁór airgid do'n té ḃéarfaḋ fear gearrṫa sparán ċuige, ar an áḋḃar ba ċúis ḃáis ins an dúṫaiġ sin é. Imṫiġeann an fear do b'óige do'n triúr dearḃráṫar, ⁊ do leig sé air go mb'ḟear gearrṫa sparán é féin, ⁊ ṫug sé cead do'n ḋís eile breiṫ air ⁊ é do ḃreiṫ ceangailte leó do láṫair an uaċtaráin, ⁊ cur air. Tar éis sin do ḋéanaṁ dóiḃ, fuaradar suim áiriṫe airgid ar son a saoṫair ; giḋeaḋ, ar n-imṫeaċt dóiḃ níor ḃ'ḟéidir leó gan ḃeiṫ ag gol. Nuair ċonnairc an breiṫeaṁ sin, aduḃairt sé le n-a ḟeirḃíseaċaiḃ iad do leanṁain go

príoṁáideaċ, ⁊ aire do ṫaḃairt créad adéarfaidís. Do leanaḋ aṁlaiḋ sin iad gur an áit a raiḃ a máṫair. Nuair ċualaiḋ an ḃean ċríonna turas an ṁic do ḃ'óige, do ḃuail sí ar ċaoi ⁊ ar ġol go truaiġṁéileaċ, dá ráḋ gur ḃ'usa léi féin bás d'ḟáġḃáil 'ná a mac do ċur 'san gcás sin ċum beaṫa d'ḟáġḃáil di féin. Ráinig an sgéal sin ċum an ḃreiṫiṁ, ba rí ar an tír sin. Thug sé cúig céad déag coróin d'ór do'n óganaċ do ċuaiḋ i gcontaḃairt ar son a ṁáṫar, ⁊ ṫug céad coróin do'n dís eile.

Fiafruiġim díḃ, a ċríostaiḋṫe, nár ḃ'é an mac úd corp an ċiníl? Ar ḃ'féidir ḋó díogras ba ṁó do ṫaisbeánaḋ dá ṁáṫair 'ná é féin do ṫaḃairt suas ċum báis ar a son? Féaċaiḋ, mar an gcéadna, cionnas mar do ċúitiġ Dia leis a ḋeiġ-ġníoṁarṫa!

Ní ḟuil éinneaċ annso do láṫair, ná ar fuaid an doṁain, ná fuil, do réir dliġiḋ Dé, d'ḟiaċaiḃ air gaċ éan-tsórt urrama ⁊ onóra, caḃraċ ⁊ congnanta, ceana ⁊ ciníl, do ṫaḃairt dá aṫair agus dá ṁáṫair. Má táid d'éis báis féin, ní lúġaide atá sé d'ḟiaċaiḃ ar gaċ éan-ċríostaiḋe maiṫ ⁊ maoin do ḋéanaṁ ḋóiḃ. Cionnas? Le trosgaḋ, le déirc, le hurnaiġṫe, ⁊ le hAifrinn do ċur dá ráḋ ar a n-anamnaiḃ.

Má ḟiafruiġeann fear earráide nó magaiḋ, créad é an maiṫeas as féidir le hAifreann ná le hÓrd Mairḃ do ḋéanaṁ do na daoiniḃ atá tar éis báis le cian do ḃliaḋnaiḃ, m'ḟreagraḋ air, gurab é creideaṁ na gCatoiliceaċ Rómánaċ ar fuaid an doṁain le tuilleaḋ ⁊ seaċt gcéad déag bliaḋan, gaċ deaġ-obair ⁊ gaċ deiġ-ġníoṁ do-ġní an críostaiḋe ar an saoġal so ar son na marḃ, go dtéid ċum soċair ⁊ ċum so-ṁaoine do na hanmannaiḃ fíréanda ins an tsaoġal eile. Dá ḃríġ sin, cuiriḋ Uird ⁊ Aifrinn dá ráḋ ar

anamnaiḃ bur marḃ, ⁊ go speisialta ar anamnaiḃ bur n-aiṫreaċ ⁊ bur máiṫreaċ. Bídís an ċlann lán d'urraim, d'onóir ⁊ d'uṁlaċt, do ċion ⁊ do ġráḋ dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ. Tugaidís na haiṫreaċa ⁊ na máiṫreaċa a gclann suas i ngráḋ ⁊ i n-eagla, ċum grása ⁊ greann Dé d'ḟagḃáil ar an saoġal so, ⁊ an beaṫa ṡíorraiḋe ar an saoġal eile—an ní iarraim-se ḋaoiḃ-se go léir ⁊ dam féin—I nAinm an Aṫar ⁊ an Mhic ⁊ an Spiorad Naoiṁ. Amen.

Cors. Mac Curtin, Parochus de Glanmire, composuit. Anno Dom. 1724. *R.I.P.*

Miċeál Ua Longáin, fear an aiṫ-sgríoḃṫa, 1814.

Seanmóir a Ceaṫair-déag.

Beaṫa, Páis ⁊ Bás ár Slánuiġṫeóra Íosa Chríost.[1]

Ar n-a ḟeicsin do'n Tríonóid ró-naoṁṫa, éan-Dia uile-ċuṁaċtaċ, go dtuitfeaḋ an cineaḋ daonda ó'n staid ró-ċonáiġ i n-ar cruṫuiġeaḋ iad, i dtruaġántaċt neiṁ-ċríoċnuiġṫe i n-ar ċailleadar dearlaicṫe Dé tré ḃriseaḋ na haiṫne, ⁊, do'n leaṫ eile, teangḃáil i bpeacaḋ, i mbás ⁊ i ndamnuġaḋ síorraiḋe, ⁊ nár ḃ'ḟéidir aisiog na céad-staide do ṫaḃairt do'n ċineaḋ daonda tré ġníoṁ ná tré ḟuḃailce duine 'san mbioṫ, nó aingil, nó glain-ċréatúra eile, do ḃreiṫniġ an tAṫair uile-ċuṁaċtaċ, dá ṁaiṫ diaḋa féin, Mac Dé, an Dara Pearsa do'n Tríonóid ró-naoṁṫa, do ġaḃáil nádúir daonda uime, ionnas, iar mbeiṫ 'n-a ḋuine ḋó, go ndíolfaḋ fuasglaḋ an duine le n-a ḃás 'san gCrois, ⁊ mar sin, ní heaḋ aṁáin do ḋío-ċur an ṗeacaiḋ as an doṁan, aċt, mar an gcéadna, do ḃreiṫ na ḃfíréan gus an mbeaṫaiḋ ṁarṫannaiġ gus ar cruṫuiġeaḋ iad ar dtús, gaċ n-aon díoḃ le n-a dtáiṫtear go cneasta an leiġeas luaċṁar soin a ṗáise.

Do ċuir an t-Aṫair uile-ċuṁaċtaċ an t-aingeal Gábriel gus an maiġdin ró-ġlain, Muire, do ḃeannuġaḋ ḋi, ag ráḋ: 'Dia do ḃeaṫa, a Mhuire, atá lán do ġrásaiḃ; atá an Tiġearna maille leat, ataoi beannuiġṫe idir ṁnáiḃ' (Lúcas i. 28). Do meiḋreaḋ an óg

[1] Murphy MSS., vol. 39, pp. 1-13.

ró-uṁal trés an aiṫeasg soin, agá ṁeas aici féin créad do b’ḟáṫ do’n ḃeannaċaḋ so, óir ní lúġa le n-a raiḃ a súil, ’ná í féin do ċlos iar n-a molaḋ ċoṁ mór sin. ‘Ní heagal duit, a Ṁuire’ ars’ an t-aingeal, ‘óir fuair tú grása do ṫaoiḃ Dé. Féaċ, geinfir ⁊ béarfaiḋ tú mac, ⁊ do-ḃéarfaiḋ tú Íosa d’ainm air’ (Lúcás i. 30, 31). D’ḟiafruiġ sise, cionnas, nó créad an moḋ i n-a ndéanfaiḋe sin, ‘óir ní ḟuil fios fir agam,’ iar dtaḃairt móide ḋi roiṁe sin a hóġaċt ḟíorraiḋe ’ċoiṁéad. D’ḟreagair an t-aingeal, ag ráḋ: ‘Tiocfaiḋ an Spiorad Naoṁ. Díonfaiḋ cuṁaċta an tí as ró-airde ṫú. Dá ḃríġ sin, an tí geinfear go ró-naoṁṫa, buḋ Ṁac Dé ḃéas d’ainm air. Féaċ Elisabet, do ḟiúr, do ġaḃ sí, mar an gcéadna, mac i n-a haois ársaiḋ, ⁊ is é seo an seiseaḋ ṁí torṫaċ aici-si dá ngoirṫear aimrid, óir ní ḃíonn éin-ní doi-ḋéanta ag Dia.’ D’ḟreagair an óġ ċoisreagṫa, ag ráḋ: ‘Feaċ inilt an Tiġearna. Déantar ḋíom-sa do réir do ḃréiṫir-se’ (Lúcás i. 35-38). Agus do-rigneaḋ colann do’n Ḃriaṫar, ⁊ d’áitiġ mar aon linn-ne, Dia ⁊ duine i n-éin-Ṗearsain Diaḋa.

Téid an Ṁaiġdean ró-naoṁṫa d’ḟios a sean-ṁná gaoil .i. Elisabet, go caṫair dá ngoirṫear Hebron, ⁊ téid go tiġ Sacarias. Beannuiġeas dá siúir Elisabet, ag coṁ-ġáirdiuġaḋ léi tré ṁac do ġaḃáil i n-a broinn tré ċaradas speisialta Dé. An tan do ċualaiḋ Elisabet beannaċaḋ na Maiġdine Coisreagṫa ḋi, do ling an naoiḋean do ḃí i n-a broinn le luṫġáir, ⁊ fós do naoṁaḋ i mbroinn a ṁáṫar é. Iar mbeiṫ fós do Elisabet coiṁlíonta do’n Spiorad Naoṁ, do-rigne éiġṁe go hárd, ag ráḋ: ‘Is beannuiġṫe ṫú idir ṁnáiḃ, ⁊ is beannuiġṫe toraḋ do ḃroinne’ (Lúcás i. 42).

Iar ndéanaṁ tuilliḋ measta ḋi ar ṁórḋaċt na hóiġe, a huṁla ⁊ a dearóile féin, aduḃairt, ag déanaṁ iongantais, 'Créad as a dtárla ḋaṁ-sa máṫair mo Thiġearna do ṫeaċt im' ḋáil?' (Lúcás i. 43). Do-rinne an Mhaiġdean fáistine, ⁊ do ṁol Dia tré laoiḋ, agá ráḋ: 'Tá m'anam ag móraḋ an Tiġearna, ⁊ tá mo sprioraid ag gáirdiuġaḋ i nDia, mo Shlánuiġṫeóir' (Lúcás i. 46, 47).

Tar éis mar d'ḟill an Óġ Bheannuiġṫe go Nasaret ó ḟiosruġaḋ a seaṫraċ, an tan do ṁoṫuiġ a fear pósta Iósep a ḃeiṫ torṫaċ do ġaḃ buaiḋreaṁ meanman é, ⁊ do ḃí i gcontaḃairt créad do b'indéanta ḋó, óir do ḃí eagla an dliġiḋ do ṫaoiḃ air, dá gceilfeaḋ naċ uaiḋ do ḃí an Mhaiġdean torṫaċ; ⁊, do'n leiṫ eile, do ḃí a ḟios aige a ḃeiṫ diaḋa geanmnaiḋe, gan smál ar a beaṫaiḋ, ⁊ uime sin nár ḋána é ar ċasaoid do ḋéanaṁ uirri, ná droċ-ḃaraṁail dá leiṫéid do ḃaint airti, ⁊ ise fós ró-uṁal, ró-ċaoin-ḃearṫaċ macánta; ⁊ níor noċt sí dá fear pósta féin a ċoṁ mór sin do ḋiaṁarún do ḋealḃuġaḋ innti do ċuṁaċtaiḃ Dé.

Ar mbeiṫ do Iósep fíréanda, naoṁṫa, do ḟeaċnaḋ buaiḋearṫa do ṁeas a tréigean go foiliġṫeaċ. Aċt ċeana, féaċ aingeal dá ṫaisbeánaḋ féin ḋó tré n-a ḟuan, ag ráḋ: 'A Iósep, a ṁic Dáiḃí, nárab eagal leat fuireaċ i ḃfoċair do ṁná Muire, óir an ġein do ġaḃ sí, is ó'n Spiorad Naoṁ atá; ⁊ béarfaiḋ sí mac, ⁊ do-ḃéarfaiḋ tú Íosa d'ainm air, óir fóirfiḋ sé a ṗobal féin ó n-a bpeacaiḋiḃ' (Mata i. 20, 21).

Tré ḟógraḋ Saesar Agustus, do b'éigean gaċ n-aon do ċur i leaḃar, ⁊ gaċ n-aon i n-a ionad nó i n-a aṫarḋa féin. Téid Iósep ⁊ a ḃean gus an mBeiṫil, caṫair Dháiḃi, do ḃríġ gurab dá ṫreiḃ iad. Ar

mbeiṫ annsoin dóiḃ, tré n-a mboċtaċt féin ⁊ tré iomad coṁdála pobail ann, ní ḟuaradar ionad i n-éin-tiġ ósda, aċt do ġaḃadar ionad mar ar ḟéadadar i stábla. 'San áit seo rugaḋ ár dTiġearna agus ár Slánuiġṫeóir, Rí na n-uile ríoġ, Mac Dé. Is ann do ceanglaḋ é, ⁊ do luiġ i gcró láiṁ le daṁ ⁊ le hasal, ⁊ do gorṫaoi dá n-análaiḃ é, do láṫair iar n-a ḃreiṫ.

Do ṫaisbeán an t-aingeal é féin do haoḋairiḃ, ag ráḋ leó: 'Rugaḋ ḋaoiḃ Slánuiġṫeóir, Críost ár dTiġearna, i gcaṫair Dháiḃí, ⁊ do-ġeaḃṫaoi ceangailte i n-éadaiġiḃ ⁊ i n-a ionar i mainséar é. Tárla go hobann sluaġ neaṁḋa mar aon leis an aingeal sin, ag guiḋe Dé ⁊ ag cantain ceóil: 'Glóire do Dhia is na hionadaiḃ ró-árda ⁊ síoṫ i dtalṁain do ḋaoiniḃ deaġ-ṫoile' (Lúcás ii. 11-14). Annsin aduḃradar na haoḋairí: 'Triallam gus an mBeiṫil ⁊ féaċam an níḋ seo do-rigne Dia ⁊ do ṫaisbeán dúinn' (Lúcás ii. 15). Agus iar n-imṫeaċt go ndeifir ḋóiḃ, fuaradar an leanḃ i n-a luiġe i mainséar, ⁊ leis sin, ṫugadar onóir do Dhia. I gcionn an t-oċtṁaḋ lá do-rigneaḋ timċill-ṫeasgaḋ ar an leanḃ, ⁊ tugaḋ Íosa d'ainm air: ionann soin agus Slánuiġṫeóir, do réir mar do ċuir an t-aingeal i gcéill roiṁe sin do'n Mháṫair ṁaiġdeanda ⁊ do Iósep naoṁṫa.

Ar n-a ḟios do'n Triúr Ríoġ, le n-ar taisbeánaḋ réaltanna glórṁara ḋóiḃ, an tairngireaċt le n-a raiḃ a súil, ṫángadar ó'n Árd Thoir go Ierusalem uile iar gclos na nuaiḋ-sgéal so. Do lorgadar na Trí Riġṫe sin ar na hArd-ṡagartaiḃ, ⁊ fuaradar a ḟios uaṫa gurab 'san mBeiṫil do geinfiḋe Críost. Agus le triall do na Riġṫiḃ do'n Bheiṫil, do ṫreóruiġ an réaltan iad gus an teaċ i n-a ḃfuaradar an leanḃ, ⁊

d'aḋradar é, gaċ n-aon díoḃ ag offráil dó .i. miorr, túis ⁊ ór. Do ḃí an rí, Ioruaiḋ, ag feiċeaṁ le filleaḋ na ndruaḋ tar a n-ais do réir mar d'ḟuráil sé féin orra a iarraiḋ go fríoċnaṁaċ, ⁊ an tan do-ġeaḃaidís é, teaċt le deiṁin ċuige féin, go raċaḋ d'aḋraḋ an Ríoġ nua sin, óir is é sin do leig sé air féin do ḋéanaṁ. Giḋeaḋ, is é ba rún dó dá ríriḃ, Críost do ṫulṫnáiṫ 'san ċliaḃán. Giḋeaḋ, ṫug Dia rabaḋ maille leis an aingeal do na ríġṫiḃ i n-a suan gan filleaḋ go hIoruaiḋ, ⁊ mar sin d'ḟilleadar dá ndúṫaiġ féin i sliġiḋ eile.

Triallas an Mháṫair ṁaiġdeanda, tar éis a coisrigṫe do réir an dliġiḋ, go Ierusalem, ⁊ Iósep, a fear, do ḃí ar sgáiṫ ḃeiṫ i n-a aṫair ag Íosa, i n-a cuideaċtain, ag congnaṁ léi. Do ḋearlaic an Óġ Choisreagṫa a mac do Dhia 'san teampall, i gcionn dá-ḟiċid lá iar n-a ḃreiṫ; ⁊ tar éis mar do ċoiṁlíonadar gaċ éin-ní do réir an dliġiḋ, d'ḟilleadar dá n-árus féin. Agus níor leig Dia do Ioruaiḋ baraṁail do ḃuain, gurab é an leanḃ soin an tí do ḃí sé féin a d'iarraiḋ le marḃaḋ, ⁊ ba heagal leis féin. Ar n-a ṫuigsin do'n ríġ, Ioruaiḋ, cionnas mar do meallaḋ leis na ríġṫiḃ é, do ġaḃ fearg é; ⁊ do ċuir iomad marcsluaġ ⁊ díolṁaineaċ do ṁarḃ a raiḃ do naoiḋeanaiḃ fear 'san mBeiṫil uile ⁊ i n-a ċoṁfogas, do leiṫ ḋí, ó aois éan-oiḋċe go haois dá ḃliaḋain déag, ⁊ is é líon leanḃ do marḃaḋ .i. ceiṫre míle déag. Agus fuaradar tré ṗriṁléid speisialta coróin ṁartra gaċ n-aon díoḃ. Aċt ċeana, fuair Iósep do rabaḋ an leanḃ do ḃreiṫ leis, ⁊ imṫeaċt as an gcaṫair an oiḋċe sin, ⁊ teiċeaḋ in san Éigipt, ⁊ is mar sin do coiṁlíonaḋ fáistine Isaias, mar a ndubairt: 'Raċaiḋ an Tiġearna suas ar néal éadtrom, ⁊ raċaiḋ isteaċ do'n

éigipt, ⁊ toirnfear i n-a láṫair láiṁ-ḋéiṫe, nó bréig-ḋealḃa na hÉigipte.' *Ecce Dominus ascendet super nubem levem, et ingredietur Egyptum, et commovebuntur simulacra Egypti a facie ejus* (Isaias xix. 1.)

Ar mbeiṫ do Chríost timċeall sé ḃliaḋna déag innti, tar éis ḃáis Ioruaiḋ d'ḟilleadar go talaṁ Israel, ⁊ do ċuadar as sain go críoċaiḃ na Galilee, ⁊ do-rigneadar coṁnaiḋe i Nasaret, ⁊ is de sin do goirṫear Íosa ó Nasaret dár dTiġearna. Iar ngaḃáil foirme moġaḋ nó sgláḃa do Mhac Dé, do ḃí ar n-a ṁeas go coitċeann i n-a ḟaor nó i n-a ṁac saoir ⁊ tríd neaṁ-ḟoġlamṫa, 'san deaċṁaḋ bliaḋain fiċead dá aois, iar sgeileaḃraḋ dá Mháṫair gan a ḃara faoi ḃeiṫ i n-a caiḋreaṁ ní ba ṁó, do ċuaiḋ i ndáil Eóin Ḃaistiḋ, ⁊ do ġaḃ baisteaḋ uaiḋ i sruṫ Iordan, ⁊ do ṫriall do láṫair, gan ḃiaḋ, gan diġ ar ċor ar biṫ, dá-ḟiċid lá ⁊ dá-ḟiċid oiḋċe. Agus dá éis sin, do ġaḃ an diaḃal dá ḃuaiḋreaḋ, ⁊ do ċlaoiḋiġ seisean é; ⁊ i n-a ḋiaiḋ sin d'ḟoillsiġ sé é féin do'n doṁan, ⁊ do ṡean-móir an aiṫriġe.

Do ṫoġairm deisciobail, ⁊ tré ġlaine a ḃeaṫaḋ ⁊ tré neaṁḋaċt a ḟoirceadail ⁊ a ṁíorḃail, do ṫarraing ċuige iliomad do luċt leanaṁna. D'órduiġ Sacraimint an Ḃhaistiḋ le maiṫeaṁ na bpeacaiḋe. Do ṫeagaisg iomḟláine na fíréantaċta, go háiriṫe an déarc, na hurnaiġṫe ⁊ an trosgaḋ. Ḃhí na hárd-ṡagairt, na dliġṫeóirí, na Fairisínig, ⁊ an ċuid eile do na millteaċaiḃ ⁊ iomad do ṫriaiṫiḃ tríd sin, ag inġreim air. Giḋeaḋ, ṫairis sin, do ḃuain-ṫseasaiṁ ag déanaṁ maiṫeasa gaċ n-aoin, ag clóḋ a seaċráin, ag dío-ṁolaḋ a bpeacaiḋe, ag fuasglaḋ a gceast meaḃlaċ, ag noċtaḋ a dtuaiṫleasa, agus fós ag smuaineaḋ go hinṁeaḋónaċ ⁊ ag seaċnaḋ na rún

ndroċ-ċroiḋeaċ ndéisteanaċ do ḃíoḋ aca, ag iarraiḋ a ḋúnṁarḃṫa. D'éaluiġeaḋ go minic uaṫa, ⁊ ar uairiḃ go míorḃaileaċ. Gá dtáim ris?[1] Iar mbeiṫ 'san rioċt soin dó ar an saoġal trí bliaḋna ar ḟiċid ⁊ beagán níos mó, fá ḋeireaḋ do ċuaiḋ isteaċ go caṫair Ierusalem ar ṁuin bromaiġ asail, a ḋeisciobail ⁊ an pobal ag leaṫaḋ a mbrat ⁊ ag stracaḋ géag pailme ⁊ crann eile 'san sliġiḋ. Do ġaḃadar leis mar ríġ maille le coṁ-ġáir gáirdeaċais; na leinḃ, mar an gcéadna, ag éiġeaṁ 'san teampall, ag ráḋ: 'Hósanna do Mhac Dáiḃí; is beannuiġṫe an tí ṫig i nAinm an Tiġearna. Hósanna is na háitiḃ ró-árda, a Rí Israel' (Mata xxi. 9; Eóin, xii. 13).

Ar n-iṫe an Uain Cásga dár dTiġearna ⁊ dár Slánuiġṫeóir, do ġlac tuḃáille le hionnlaḋ a gcos uile, ⁊ i n-a ḋiaiḋ sin do ġaḃ agá dteagasg le n-a mbeiṫ uṁal glan. D'órduiġ ⁊ d'ḟreastail Sacraimint ró-ḃeannuiġṫe ⁊ Íoḋbairt a Chuirp ⁊ a Fhola féin i ḃfoirm aráin ⁊ fíona; ⁊, mar an gcéadna, d'órduiġ Sacraimint naoṁṫa na nGráḋ nEaglaise. D'fógair dá Easbalaiḃ (⁊ dá gcoṁarbaiḃ) an ní céadna do ḋéanaṁ, mar atá Coisreagaḋ ⁊ Íoḋbairt a Chuirp ⁊ a Fhola i n-a hÍoḋbairt an Nuaiḋ-reaċta do réir Úird Mheilchiseideic go teaċt dó féin arís do ḋéanaṁ breiṫeaṁnais ar an doṁan.

Téid Iúdás Iscarióteas an tráṫ sin amaċ, ⁊ d'ḟan an Tiġearna ag teagasg cáċ, ⁊ do ġeall dóiḃ an Spiorad Naoṁ, ⁊ do ġuiḋ an tAṫair uile-ċuṁaċtaċ ar

---

[1] Is coitċeann na focail seo is na sean-leaḃraiḃ. Is ionann ciall dóiḃ ⁊ do 'ní gáḃaḋ ḋam a ṫuilleaḋ do ráḋ 'n-a ṫaoḃ so,' nó 'cad ċuige go ḃfuilim ag dul coṁ fada leis an sgéal so?' nó 'cad tá agam dá ráḋ?'

son an uile ḟíréin. Agus, leis sin, do ṫriall mar aon leis an Éan-Easbol Déag go garḋa Gethsemani, áit do b'aiṫnid do Iúdás, óir do gnáṫuiġeaḋ an Tiġearna go minic dul annsoin mar aon le n-a ḋeisciobIaiḃ.

Iar ndul do'n Tiġearna isteaċ do'n ġarḋa le n-a ḋeisciobIaiḃ, aduḃairt leó: 'Suiḋtear liḃ annsúd, go ndeaċad-sa do ġuiḋe' (Maṫa xxvi. 36). Aduḃairt Íosa beagán dá éis sin, ⁊ é tuirseaċ doilġeasaċ: 'Atá m'anam dólásaċ le huċt an ḃáis' (Maṫa xxvi. 38); agus: 'Déiniḋ faire im' ḟoċair.' Do-rinne guiḋe annsoin arís, ag ráḋ: ''Aṫair ionṁain, má's féidir é, téiḋeaḋ an corn so ṫarm; giḋeaḋ ṫairis sin, nárab í mo ṫoil—se aċt do ṫoil-se go raiḃ déanta' (Maṫa xxvi. 39).

Tig Íosa i ndáil a ḋeisciobal, ⁊ iar n-a ḃfaġḃáil i n-a gcodlaḋ, aduḃairt le Peadar: 'An aṁlaiḋ atá, a Shíomain? An codlaḋ ḋuit? An n-eaḋ ná féadfá faire éan-uaire do ḋéanaṁ mar aon liom-sa? Déanaiḋ faire ⁊ urnaiġṫe ionnas naċ lingfeaḋ siḃ i mbuaiḋreaṁ' (Maṫa xxvi. 40, 41). Téid uaṫa arís, ⁊ guiḋeas aṁail do-rinne an ċéad uair. Fuair iad-san arís n-a gcodlaḋ, ⁊ do ḃíodar a súile ró-ṫrom. Téid an treas feaċt ag guiḋe, ⁊ do taiḋḃriġeaḋ ḋó aingeal ó Neaṁ dá neartuġaḋ ó uṁlaċt aonaránaċ: Tiġearna na n-uile dá ċoṁḟurtaċt le n-a óglaoċ féin, ⁊ an Cruṫuiġṫeóir leis an gcréatúir! Agus iar mbeiṫ a ḃfad ag guiḋe ḋó i ḃfulang, ṫáinig a allas aṁail braona fola, ag sniġe síos uaiḋ ar an talṁain. Ar dteaċt an treas feaċt, aduḃairt le n-a ḋeisciobIaiḃ: 'Codlaiḋ anois, ⁊ glacaiḋ suaiṁneas' (Maṫa xxvi. 45). Go grod dá éis sin, aduḃairt: 'Ṫáinig an uair; féaċ, feallfar ar Mhac an Duine, dá ṫiodlacaḋ i láṁaiḃ na bpeacṫaċ; éirġiḋ, bíom ag imṫeaċt; féaċ

an tí le n-a mbraṫsar mise; atá sé do láṫair' (Maṫa xxvi. 45, 46).

An tan do labair ár dTiġearna ⁊ ár Slánuiġṫeóir, féaċ an méirleaċ Iúdás, duine do'n dá ḟear déag, ag teaċt, ⁊ drong ṁór mar aon leis, le lóċrannaiḃ ⁊ le tárraċaiḃ, le claiḋṁtiḃ ⁊ le harmaiḃ eile, ⁊ le glór Íosa dá ráḋ, 'Is mise é' (Eóin xviii. 5), do ṫuiteadar ar a gcúlaiḃ go talṁain. Giḋeaḋ, d'ḟulaing sé dóiḃ éirġe arís, agus ar mbeannuġaḋ dá Ṁaiġistir do Iúdás le póig, ba ċoṁarṫa do ċáċ le heisean d'aiṫneaḋ tar na hEasbolaiḃ, do ċuireadar a láṁa i nÍosa. Do noċt Peadar a ċlaiḋeaṁ, ⁊ do ġearr an ċluas ḋeas do Ṁalcus .i. ógláċ do ṁuinntir an Árd-ṡagairt. Do ṫáiṫ ⁊ do leiġis an Slánuiġṫeóir do láṫair í, ⁊ adubairt le Peadar a ċlaiḋeaṁ do ċur n-a ṫruaill taisgiḋ, do ḃríġ gurab í toil a Aṫar é féin d'ḟulang báis ar son an ċiniḋ daonda, ⁊, muna mbéaḋ soin, go ḃfaġbaḋ iomad léigiún aingeal dá ċosnaṁ, dá mbaḋ aṁlaiḋ do b'oireaṁnaiġe do ṁaiṫ Dé ⁊ do ṡlánuġaḋ na ndaoine é. An tan sin, iar dtréigean a Ṁaiġistir do na deiscioblaiḃ, do riṫeadar uile rómpa, ⁊ is mar sin do coiṁlíonaḋ an ṫairrngire seo: 'Buailfear an t-aoḋaire, ⁊ déanfar na caoiriġ do sgannraḋ' (Sacharias. xiii. 7; Maṫa xxvi. 31; Marcus xiv. 27).

Ar mbeiṫ d'Íosa ceangailte, rugaḋ go hAnnanias ⁊ as sain go Caiphas é. Do ḃaineadar—san ḟorṫann de do ṫaoiḃ a ḋeisciobal ⁊ do leiṫ a ḟoirceadail. Do-rigneadar casaoid ḃréige air, ⁊ do buaileaḋ ar a ḋeilḃ le dóirniḃ é. Do ċuir Caiphas do ġeasaiḃ air a innsin dó ar ḃ'é Críost, Mac Dé, é. An tan d'ḟreagair, agá ráḋ gurab é, do ṁalluiġ na dia-ṁasluiġṫeóirí é, dá ráḋ gur ċionntaċ le bás d'ḟulang

é, dá ġreamuġaḋ go ró-ṫarcaisneaċ ⁊ go cruaḋálaċ. Do ġaḃadar daoine ró-úir-ísle do ċrain-tṡeilíḃ i ndeilḃ Chríost. Do ḃuaileadar do ḋóirnniḃ é; ⁊ iar ḃfolaċ a ṡúl dóiḃ, do ġaḃadar air, dá ḟiafraiġe ḋe, cia do ḃuail é. Annsin do ṡéan Peadar fá ṫrí an Tiġearna. Giḋeaḋ, le filleaḋ do Íosa air, do ċuaiḋ amaċ as an bpálás, ⁊ do ġuil go searḃ.

Ar gcoṁḋáil coṁairle do na hUiḋliḃ,[1] do damnaḋ Íosa leó mar ċionntaċ le básuġaḋ go moċ ar n-a ḃáireaċ. Thugadar Íosa i n-a ḃraiġid go Píoláit, fear ionaid Saesair annsin. Nuair do-ċonnairc Iúdás Íosa damanta le n-a ḃásuġaḋ, do ċroċ é féin tré éadóċas. An tan d'ḟiafruiġ Píoláit díoḃ, créad é an gearán do ḃí aca le cur i n'aġaiḋ, d'ḟreagradar-san: 'muna mbéaḋ sé 'n-a ḋroiċ-ḃeartaċ, ní ḋáilfimís duit-se é (Eóin xviii. 30). An tan do reic Píoláit a neiṁ-ċionnta, níor ġaḃadar-san gan a ċroċaḋ. Do ġaḃadar ag casaoid air, an tráṫ sin, tré ḃeiṫ agá ṫoirmeasg orra cíos-ċáin d'íoc le Saesar, ⁊ tré ríġ do ġairm de féin. Ar n-a leigean dó freagra do ṫaḃairt ar an gcéad níḋ, iar mbeiṫ fuar-ċúiseaċ ḋó, d'aḋmuiġ sé ḃeiṫ 'n-a ríġ, gé naċ do'n tṡaoġal so a ḟlaiṫeas.

An tan do ṫuig Píoláit gurab ó'n nGalilee Críost, cuireas go hIoruaiḋ é, mar a ḃfuair iomad do ċeastaiḃ géar-ċúiseaċa do ċur air; magaḋ do ḋéanaṁ faoi mar amadán, ⁊ a ċur tar a ais go Píoláit. D'ḟuráil Píoláit ar an bpobal a ṫoġaḋ, cia aca do ḋís aṁáin, Barrabas nó Íosa, do ḋáilfiḋe saor ḋóiḃ. Rugadar-san do roġa Barrabas. Thug Píoláit fá deara ár Slánuiġṫeóir do sgiúirseaḋ coṁ cruaḋálaċ sin, ionnas gur réabaḋ ó ḃaṫas go bonn a ċorp go

[1] Do na hIoḃlaiḃ 'sa MS. .i. do na hIúdaiḋeaċaiḃ.

huile. Iar nglacaḋ, aṁail adeirtear do ḃeiṫ ar n-a ṫaisbeánaḋ do Bhríġid naoṁṫa, 5490 do ċréaċtaiḃ i n-éan-ló aṁáin, rugadar leó é iar sin go Píoláit. Do ġaḃadar ag foċṁaiḋeaḋ faoi. Do stuiseadar[1] a éadaċ ḋe, ⁊ do ċuireadar ar a ċorp, do ḃí foir-líonta d'ḟuil, ionar purpair, ⁊ do ċuir siad coróin do ḋeilgniḃ láidre géara fá n-a ċeann. Do ċuireadar búdán i n-a láiṁ ḋeis. Iar n-a ċur i n-ionad árd, maille le feacaḋ a nglún tré ḟonaṁaid, do ḃeannuiġ siad dó, agá ráḋ: 'Dia do ḃeaṫa, a Rí na nGiúdaiḋeaċ' (Maṫa xxvii. 29); ⁊ fós do salċaḋ leó, tré iomad tarcaisne le crain-tseilí déisteanaċa, a ġnúis ró-ċoisreagṫa. Do ḃaineadar as a láṁaiḃ ⁊ do ḃuaileadar um a ċeann an ċoróin deilgneaċ, do ċoiṁ-éigniuġaḋ a Ḟhola le lingeaḋ amaċ, ⁊ tré ḟniġe feaḋ a Ċhuirp go huile.

Iar n-a ṁeas do Ṗhíoláit, le feicsin an raḋairc sin go ngeaḃaḋ an oireaḋ soin truaġa na hUiḋil dó, go n-ainicfidís a ḃeaṫa, rugaḋ amaċ ár Slánuiġṫeóir gus an áitreaḃ imeallaċ ar an órduġaḋ sin; ⁊ iar n-a ṫaisbeánaḋ mar sin i n-a earraḋ purpair le n-a ċoróin deilgniġ um a ċeann, le n-a ḃúdán i n-a láiṁ, a ċorp uile go locarḋa, leaḋbaċ, foir-líonta d'ḟuil, aduḃairt leis na hUiḋliḃ, 'Féaċ an duine!' (Eóin xix. 5). Do ġáireadar na hárd-ṡagairt ⁊ an pobal uile, ag ráḋ: 'Croċ, croċ é!' (Eóin xix. 6). Iar ngaḃáil feirge do Ṗhíoláit trés an gcruaḋáil sin, aduḃairt: 'Beiriḋ liḃ é ⁊ croċaiḋ é, óir ní ḟaġḃaim éin-ní le n-a ḋéanaṁ air' (Eóin xix. 6). D'ḟreagair siad gur ḃ'éigean a ḃásuġaḋ, mar do ċonnarcadar na hUiḋil tar ċeann a leadráin naċ raiḃ mian ar

[1] Do stracadar nó do stoiċeadar (?).

Ṗíoláit Críost do ċroċaḋ. Do ḃagair siad air, aindíslеaċt do ḃeiṫ ann do Shaesar, ag ráḋ: 'Má sgaoileann tú do'n ḟear so, ní cara do Shaesar tú' (Eóin xix. 12).

Ar n-a ċlos sin do Ṗíoláit, rug Íosa amaċ leis, agus suiġeas arís i n-a ċaṫaoir ḃreiṫeaṁnais; óir do b'ḟearr leis cinneaḋ ar Críost do ḃásuġaḋ, bíoḋ gur b'ḟeasaċ ḋó a ḃeiṫ neiṁ-ċionntaċ, 'ná a ioċt do ċur i nguais do ṫaoiḃ Saesair. Giḋeaḋ, éin-ḟeaċt aṁáin do ṫaisbeán sé Críost do na hIúḋaiḃ, agá n-iomċáineaḋ, ⁊ adubairt: 'Féaċaiḋ ḃur rí féin annso!' (Eóin xix. 14). Do ġáireadar, ag ráḋ: 'Beir uainn é ⁊ croċ é; ní ḟuil éin-rí againn aċt Saesar' (Eóin xix. 15). Nuair do ċonnairc Píoláit nár b'ḟearrde éin-ní ḋíoḃ so, d'ionnail sé a láṁa, agá adṁáil do láṫair an ṗobail: 'Atáim neiṁ-ċionntaċ,' ar sé, 'tré ḟuil an ḟíréin seo: taḃraiḋ-se ḃur n-aire ḋaoiḃ féin (Maṫa xxvii. 24): Do ġáir an pobal, agá ráḋ: 'Bíoḋ a ḟuil orainn-ne ⁊ ar ár gcloinn 'n-ár ndiaiḋ' (Maṫa xxvii. 25):

Ar mbeiṫ do Ṗíoláit ar n-a ṡáruġaḋ le héiġeaṁ an ṗobail ⁊ le heagla Saesair, rug breaṫ go gcuirfiḋe Íosa a Nasaret, Rí na nIúdaiḋeaċ, ar ċrois go ḟaġḃáil ḃáis ḋó. Rugadar na ceiṫeirne ár Slánuiġṫeóir leó, iar mbeiṫ damanta le n-a ḃásuġaḋ, ó ḟuiḋeaċán an ḃreiṫeaṁnais go cúirt an ṗáláis, áit i n-ar ṫoġairm siad i gceann a ċéile an tsluaġ-ḃuiḋean uile; ⁊ iar mbuain a ionair ḋe, do ḃí ag leanṁain go doċt i n-a ċréaċtaiḃ, do ṫarraing siad amaċ tuile fola ⁊ feóla, ⁊ do ċuireadar a éadaċ féin air. Giḋeaḋ, d'ḟágḃadar an ċoróin deilgneaċ ar a ċeann do ṁéaduġaḋ a ṗéine; ⁊ iar n-ullṁuġaḋ croise uaṫḃásaiġe, do ċuireadar ar a ġualainn í le n-a hiomċur

go Cnoc Calḃaire. Sul do cuireaḋ na tairngí ann uirre, ar ndul amaċ d' Íosa as an gcaṫraiġ ⁊ é fá'n gcrois, d'ḟág 'san tsliġiḋ ar mbeiṫ ag triall dó, slioċt lorg a Ḟola, ionnas, gibé do ḃéaḋ i n-a lean-ṁain, go ḃféadfaḋ gan dul i múġa do lorg a ċéime-ann. Tárla an Ṁáṫair ró-ċoisreagṫa ḋó, ⁊ do ṁéaduiġ a feicsin ⁊ a teaċt i n-a láṫair, an doilġeas ⁊ an ṗian do ḃí roiṁe sin air.

Ar mbeiṫ dár dTiġearna annsin anḃfann i n-a Chorp, ⁊ corṫa tar éis a ċoṁ mór sin do ṫriall uile ⁊ tréigṫe a Ḟola, tuiteas i dtáiṁ-néal ar an tal-ṁain. Do ṫuit go faon fá n-a Chrois. Buailid na céastúnaiġ ċruaḋálaċa ár Slánuiġṫeóir milis, ⁊ sro-raid le n-a gcosaiḃ é. Giḋeaḋ, d'eagla go ḃfaġḃaḋ bás 'san tsliġiḋ, ⁊ mar sin go raċaḋ ó ḃás d'ḟaġḃáil ar an gCrois, d'éignig siad Síomon Curanaeus le hiomċur Croise Chríost an ċuid eile do'n tsliġiḋ. Do leanadar drong ṁór do'n ṗobal Íosa, ⁊ tárla dóiḃ drong d'áiriṫe do ṁnáiḃ ċráiḃṫeaċa ⁊ iad agá ċaoineaḋ, feasaċ ar a éigcirte do cuireaḋ dá ċéasaḋ eisean. Ar ḃfilleaḋ do Chríost orra, aduḃairt: 'A inġeana Ierusalem, ná guiltear liḃ ar mo ṡon-sa, aċt caointear siḃ féin liḃ, ⁊ ḃur gclann; óir tioc-faiḋ an lá an tan ḃéas Ierusalem uile ní ḃus trua-ġánta 'ná mar síltear liḃ mise do ḃeiṫ' (Lúcás xxiii. 28). Soiċeas bean ċráiḃṫeaċ d'áiriṫe dár ḃ'ainm Veronica a láiṁ-ġiobal do ṫiormuġaḋ a ḋeilḃe leis; ⁊ ar mbeiṫ lán d'allas ⁊ d'ḟuil ⁊ do ċrain-tseilíḃ déisteanaċa ó na céastúnaċaiḃ, do-ḃeir an Tiġearna ḋi a láiṁ-éadaċ gan é salaċ aṁail do sílfiḋe a ḃeiṫ, aċt é maiseaċ uile, ⁊ íoṁáiġ ró-ṡoċma a ġnúise geanaṁla féin ann.

Tig ár Slánuiġṫeóir go Cnoc Calḃaire .i. ionad

neaṁ-ṡona lán d'ablaċaiḃ ⁊ do ṫairiḃ marḃa; áit is nár ġnáṫ éan-duine 'ċroċaḋ aċt feill-ḃeartaiḋe fógarṫa; ⁊ iomad fíona so-ḃlasta ba ġnáṫ do ṫaḃairt do ċur meisniġ ⁊ nirt i gcroiḋṫiḃ na droinge do ḃíoḋ le bás d'ḟulang. Do-ḃeirid sáṁċaoin lán d'ḟínéigre ar n-a ċumasg tré ḋomblas ae; ⁊ ar n-a ḟroṁaḋ ḋó, níor ḃ'áil leis a ól. Agus do cuireaḋ ar an gCrois é maille le sreang-ṫarraing a láṁa ⁊ a ċos tré ḟóiréigean ṁór, dá gcoiṁ-ṡíneaḋ i n-oireaṁain d'ḟaid na Croise. Maille le hórdluiġe iomad órd do ḋaingnid le tairngiḃ é ar an gCrois, ag tollaḋ a ċuisleann agus a ċos le tairngiḃ ġarḃa; ⁊ mar ṁéaduġaḋ masla, do b'éigean dár Slánuiġṫeóir suiḋe idir ḋá ḃiṫeaṁnaċ, mar ba hé féin do ba ṁeasa ḋíoḃ. Agus do ċuireadar tiodal garma os a ċionn i n-a raiḃ a ainm, a ḋúṫaiġ, ⁊ áḋḃar a ḃáis sgríoḃṫa i nEaḃra, i nGréigis, ⁊ i Laidin .i. IOSA NASARḊA RÍ NA nIÚDAIḊEAĊ. Agus, leis sin, do ṫógḃadar suas an Chros, ⁊ do leigeadar ar a bonn í i bpoll do-rigneaḋ d'éan-ṫoisg.

Breiṫniġ anois, Ó a ṁ'anam féin, ⁊ meas leat féin cionnas mar atá a Chorp uile ar ċriṫ go truaġánta, na tonna dá ḟhuil luaċṁar atá ag snáiṁ-riṫ amaċ tar na ceiṫre lám-ċréaċtaiḃ úd! Créad é a ṁéid do ḋoilġeas do'n tSlánuiġṫeóir, na sagairt, na sean-móirióṫe ⁊ na dliġṫeóirí agá ḋía-ṁasluġaḋ, iar mbeiṫ anois ar ċroċaḋ ar an gCrois ar ár son-na, ⁊ ar son an ċiniḋ daonda? Smuain, mar an gcéadna, ar a ġráḋ ró-iomlán, mar naċ eaḋ aṁáin gur ġuiḋ sé ar son an doṁain, aċt fós, ar son na droinge do ḃí agá ċroċaḋ an tan sin, ⁊ agá ḋía-ṁasluġaḋ, ag ráḋ: ''Aṫair, maiṫ ḋóiḃ seo, óir ní feas dóiḃ créad do-ġníd' (Lúcás xxiii: 34). Breiṫniġ, mar an gcéadna, ⁊ cuir i

n-iongantas doiṁneas a ġráḋa ⁊ a ṫrócaire do ṫaoiḃ na n-aiṫriġeaċ, mar gur ṫoirḃir ċoṁ grásaṁail sin do'n ġadaiḋe aiṫriġeaċ níos mó 'ná d'iarr air, agá ráḋ: 'Béiḋ tú indiu mar aon liom-sa i bPárrṫas' (Lúcás xxiii. 43). Is mó as ionċurṫa ḋuit i n-iongantas doiṁne a ġráḋa do'n uile ḟíréan, ⁊ go háiriṫe dá Mháṫair ionṁain ⁊ dá Dheisciobal ḋíl, agár aiṫin sé féin dá ċéile iad, agá ráḋ léi-se, 'Féaċ do ṁac,' ⁊ leisean 'Féaċ do ṁáṫair' (Eóin xix. 26, 27).

Ar marṫainn dorċadais feaḋ trí n-uaire as a ċéile, do ġaḃ maċtnaṁ mór iad uile. D'osgáil Críost é féin d'íoḋbairt do Dhia, ⁊ sin go ró-éagcuimseaċ, níḋ d'ḟoillsiġ sé féin fá ḋeireaḋ, ag ráḋ: 'Ó mo Dhia, mo Dhia, créad fár ṫréigis mé' (Maṫa xxvii. 46). Ar mbeiṫ do'n Tiġearna imsníoṁaċ le tiormaċt cuirp ⁊ le fríoċnaṁ slánuiġṫe an ċiniḋ daonda, aduḃairt, 'atá tart orm' (Eóin xix. 28). Ar mbeiṫ dá ċolainn dá ríriḃ fonnṁar le hionnḟuaraḋ d'ḟaġḃáil le diġ, ⁊ dá Spioraid, aiṫ-ṁisneaċ d'ḟaġḃáil tré ḟlánuġaḋ na n-anmann, do tomaḋ leó spoinse lán d'ḟínéigre go n-iosóip, ⁊ do ḟoiċ i n-a ḃéal é. Iar n-a ġlacaḋ go ceannsa do'n Tiġearna ṁilis, aduḃairt: 'Atá sé críoċnuiġṫe!' (Eóin xix. 30). Mar sin, ag cuimling leis an mbás, bíoḋ go ḃféadfaḋ marṫainn ní baḋ ḟia, le claonaḋ a ċinn do ṫoirḃir a Spioraid (Eóin xix. 30).

An tráṫ fuair Mac Dé bás ar an gCrois d'ḟuasglaḋ an ċiniḋ daonda, ba ṫoil leis an gCuṁaċt nDiaḋa, mar ḟiaḋnaise ⁊ mar ḋearḃaḋ ar a ċoṁ iongantaċ sin do ḋiaṁarún, míorḃaile éagsaṁla ⁊ dearḃuiġṫe iongantaċa do ṫaisbeánaḋ; agus b'ḟollas do'n doṁan uile ar dtúis, iar mbeiṫ do Chruṫuiġṫeóir neiṁe ⁊ talṁan le hainḋliġeaḋ a ċréatúirí féin ar

n-a ċroċaḋ ar an gCrois. Do ḋorċuiġ an talaṁ i meaḋón lae feaḋ trí n-uaire, tré ur-ḋuḃaḋ na gréine, ⁊ sin 'san éarga lán. Dá éis sin, ar mbeiṫ d'Úġdar na beaṫaḋ réir an nádúir iar n-a coiṁ-éigniuġaḋ, do ṫioḋlaic uaiḋ a Spiorad dá aontaḋ féin, ní ná féadann créatúir eile ar biṫ do ḋéanaṁ.

Do sgoilteaḋ brat an teampuill 'n-a ḋá roinn ó ḃuaic go lár. Do ċritniġ an talaṁ. Do réabaḋ na cairrge i n-a mblóḋaiḃ. Do hosglaḋ na huaiġe, tar éis eiséirġe an Tiġearna, ⁊ d'éirġeadar iomad do ċorpaiḃ na naoṁ do ḃí i n-a gcodlaḋ, ⁊ do taiḋḃriġeaḋ do ṁórán iad. An captaon ⁊ na saiġdiúirí agá raḃadar a gcroiḋe iar n-a gcruaḋuġaḋ le mailís, roiṁ imṫeaċt dóib d'adṁuiġ siad go hosgailte gurab é sin dá ríriḃ Mac an Duine; ⁊ mórán do luċt ba haindiúide do na hUiḋliḃ, d'imṫiġeadar go haiṫriġeaċ, ⁊ iad ag bualaḋ a mbas.

Ar dtollaḋ taoib Chríost le gai do ḋíolṁanaċ, tig go hobann fuil ⁊ uisge as. Téid Iósep ó Aramataea, nár láṁ roiṁe sin é féin do ḃeiṫ 'n-a ḋeisciobal ag Críost,—téid anois go dána go Píoláit, ⁊ aṫċuingiġeas an corp, ⁊ beireas leis ó'n gCrois é. 'San obair naoṁṫa sin do ḃí duine prionnsapálta do na hUiḋliḃ dár ḃ'ainm Nicodemus, le n-ar ġnáṫ dul d'ḟios Chríost 'san oiḋċe, ní naċ láṁaḋ ar ló do ḋéanaṁ. Do ṫáiṫ é féin leis. Thug leis cumasg miorr agus aloe, tuairim céad púnt. Do ṫóg an Mháṫair ṁaiġdeanda 'n-a huċt corp a céad-áineasa ⁊ a beaṫaḋ. Do ṫoirḃir uaiṫi arís é. Do-riġne feiṫeaṁ ar a aḋlacaḋ; ⁊ iar sin, ar mbeiṫ do'n Chorp ṁórluaiġ iar n-a ċóruġaḋ le spíosairí ⁊ ar n-a ċeangal le héadaċ líoṫ-ḟnasta lín, do haḋlaiceaḋ i dtuamba nua do-rigneaḋ i gcarraig é, mar nár cuireaḋ éan-

duine roiṁe; ⁊ do hiompuiġeaḋ liag mór leis an doras do ċead Phíoláit, ⁊ 'n-ar ċuireadar na hUiḋil séala. Agus do ċuireadar luċt faire do ċoiṁéad an tuamba, d'eagla a ḋeisciobail dá ġoid leó, ⁊ dá ráḋ gur éiriġ ó ḃás.

CRIOĊ 2aḋ la do mhí Iúil, 1817.

Seaġan Ua hÚġbair d'aiṫsgrioḃ.

Bhrúin agus Nualláin, Aṫ-Cliaṫ.